



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Feabhra 2022
(OR. en)

6188/22

EMPL 49
SOC 78
EDUC 47
ECOFIN 112

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle
Ábhar:	An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2022 - Glacadh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022, mar a chuir an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta bailchríoch uirthi an 7 Feabhra 2022.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta 2022 a chur ar aghaidh chuig an gComhairle EPSCO lena glacadh.

Clár Ábhar

TEACHTAIREACHTAÍ RÍTHÁBHACHTACHA	2
ACHOIMRE AR AN MARGADH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA SAN AONTAS EORPACH.....	33
1.1 Treochtaí an mhargaidh saothair	33
1.2 Treochtaí sóisialta.....	40
1.3 An Scórchlár Sóisialta Athbheithnithe: achoimre ar na dúshláin a bhaineann le prionsabail an Cholúin	44
1.4 Príomhspríocanna an Aontais faoi 2030.....	54
FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA mBALLSTÁT	61
2.1. Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar.....	61
2.1.1 Príomhtháscairí	61
2.1.2 Freagairt bheartais.....	84
2.2 Treoirlíne 6: An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí.....	97
2.2.1 Príomhtháscairí	98
2.2.2 Freagairt bheartais.....	146
2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta.....	166
2.3.1 Príomhtháscairí	167
2.3.2 Freagairt bheartais.....	208
2.4 Treoirlíne 8: Comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac	219
2.4.1 Príomhtháscairí	219
2.4.2 Freagairt bheartais.....	255
IARSCRÍBHINNÍ	270g

TEACHTAIREACHTAÍ RÍTHÁBHACHTACHA

Sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (TCF) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus na Comhairle, déantar faireachán, ar bhonn bliantúil, agus i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE, ar an staid fostaíochta san Aontas agus ar chur chun feidhme na dTreoirilínte Fostaíochta. Soláthraítear forbhreathnú bliantúil sa Tuarascáil ar phríomhfhorbairtí fostaíochta agus sóisialta san Aontas Eorpach, agus ar bhearta beartais na mBallstát le déanaí, i gcomhréir leis na Treoirilínte do Bheartais Fostaíochta na mBallstát¹. Sainaithnítear réimsí tosaíochta gaolmhara i gcomhair gníomhaíochta beartais sa tuarascáil freisin. Is cuid de phacáiste Sheimeastar Eorpach an Fhómhair é togra an Choimisiúin i gcomhair na tuarascála; tar éis malairtí idir an Coimisiún agus a chomhlachtaí ullmhúcháin glacfaidh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) leis an téacs críochnaitheach.

Dírítear níos láidre in eagrán 2022 den Tuarascáil ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta mhí an Mhárta 2021 agus na gealltanais a thug Ceannairí an Aontais i nDearbhú Porto an 8 Bealtaine. Ach é a chur chun feidhme neartófar iarracht an Aontais i dtreo aistriú glas, digiteach agus cóir agus rannchuideoidh sé chun cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch in airde a bhaint amach, lena dtabharfar aghaidh ar na dúshlán déimeagrafacha. Rannchuideoidh sé freisin leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Atreisiútear sa tuarascáil seo an faireachán ar an gColún Sóisialta, go háirithe boscaí téamacha lena gcumhdaítear príomh-dhúshlán sna trí réimse, is iad sin comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí córa oibre agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Comhtháthaítear freisin sa tuarascáil na trí phríomhspríoc nua de chuid an Aontais le haghaidh 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta de Phlean Gníomhaíochta an Cholúin, rudaí ar chuir ceannairí an Aontais fáilte rompu ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto agus ag cruinniú mhí an Mheithimh den Chomhairle Eorpach. Thug an tAontas Eorpach tiomantas maidir leis na príomhspríocanna a leanas a bhaint amach faoi 2030:

- gur cheart do 78 % ar a laghad den daonra idir 20-64 bliana d’aois a bheith fostaíthe;
- gur cheart do 60 % ar a laghad de dhaoine idir 25-64 bliana d’aois a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama gach bliain; agus
- gur cheart laghdú 15 mhilliún ar a laghad a chur ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcomparáid le 2019.

¹ Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh leis an nuashonrú deireanach ar na Treoirilínte Fostaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2021 (IO L 379, 26.10.2021, lgh. 1–5).


In éineacht leis na cistí comhtháthaithe, fágfaidh cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a leagtar síos i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTAanna) na mBallstát, go gcuirfear téarnamh cóir, cuimsitheach agus inbhuanaithe chun cinn. Cuirfidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais chun cinn trí athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainn choigeartaithe agus acmhainneacht fáis na mBallstát a fheabhsú. Ar an mbealach sin, rannchuidíonn an tSaoráid freisin le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus aird ar leith ar aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a aithnítear sna moltaí tírshonracha.² Tá ceithre cinn de na sé cholún lena sainmhínítear raon feidhme na Saoráide ábhartha chuige sin, eadhon: (i) fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach; (ii) comhtháthú sóisialta agus críochach; (iii) sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, sóisialta agus institiúide, agus (iv) beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige. Mar chuid den anailís ar an bhfreagairt bheartais, áirítear leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht freisin rogha beart a bhfuil tacaíocht acu ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó fhoinsí cistiúcháin eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste um Aistriú Cóir.

Tá an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe mar bhonn taca faoin anailís sa Chiste um Aistriú Cóir 2022, agus é ag cumhdach na bprionsabal sa Cholún ar bhealach níos cuimsithí. Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Cholúin Shóisialta ó mhí an Mhárta 2021, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar an Scórchlár Sóisialta, ionas go mbeifí in ann faireachán níos fearr a dhéanamh ar an gColún le tacar athbhreithnithe táscairí nuálaíochta, a d'fhorhnuigh EPSCO i mí an Mheithimh 2021. Déantar measúnú dá bhrí sin i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 ar fheidhmíocht na mBallstát maidir leis an tacar athbhreithnithe de tháscairí nuálaíochta³. Áirítear leo sin anois táscairí lena mbítear in ann gnéithe tábhachtacha a ghabháil amhail foghlaim aosach, comhtháthú daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair, riosca na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta do leanaí, agus ró-ualach an chostais tithe. Leis an bhfianaise ón Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe, in éineacht le hanailís tírshonrach ar chomhthéacs na fianaise agus an bheartais, bítear in ann príomhdhúshlán fostaíochta, scileanna agus sóisialta a shainaithint ar bhealach níos cruinne san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit (féach Fíor 1). Leis sin, bheifí in ann faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar éagsúlachtaí sóisialta.

² Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

³ Moladh i bPlean Gníomhaíochta an Cholúin Shóisialta freisin táscairí tánaisteacha ón Scórchlár Sóisialta freisin, agus tá an plé ag leanúint go fóill maidir leo sin.

Fíor 1: Fostaíocht, scileanna agus dúshlán shóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais de réir príomhtháscairí sa Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe



Nótaí: 1) níl sonraí le haghaidh an táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ar fáil go fóill; 2) tagraíonn an táscaire maidir le scileanna digiteacha do shonraí 2019; 3) Tá sonraí ar iarraidh le haghaidh roinnt tíortha i roinnt táscairí: cuirtear na heochracha le haghaidh gach táscaire i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuarascáil.

Bhí cosaint ag an tionchar a bhí ag COVID-19 ar an margadh saothair ó ghníomh beartais thapa agus chinntitheach ar leibhéal Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais. Tá téarnamh an mhargaidh saothair ag teacht i dtreis, ach ní hionann an leibhéal fostaíochta agus líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh agus iad sin a bhí ann roimh an ngéarchéim go fóill.⁴ Tar éis pointe íseal 71.5 % a shroicheadh in R2-2020, tháinig téarnamh ar an ráta fostaíochta go 73.5 % dóibh siúd idir 20-64 bliana d'aois in R2-2021, rud beag os cionn na buaice 73.3 % a sroicheadh in R4-2019. Cé go gcothófar cruthú post leis an téarnamh eacnamaíoch, meastar go leanfar le téarnamh an mhargaidh saothair i rith 2022. Mar a léirítear le príomhspríoc an Aontais maidir leis an ráta fostaíochta, is príomhthosaíocht le haghaidh 2030 é ardleibhéal fostaíochta chun a áirithiú go mbeidh gach duine in ann a bheith rannpháirteach go hiomlán sa gheilleagar agus sa tsochaí, agus chun an líon daoine atá i mbaoil bochtaineachta a laghdú. D'fhan an méadú sa dífhostaíocht tríd is tríd, faoin méid a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis de bharr mhéid thionchar COVID-19 ar an ngeilleagar. Tá sé sin amhlaidh i ngeall ar na bearta beartais a thug na Ballstáit isteach, agus le tacaíocht freisin ó chistiú ón Aontas (go háirithe an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála, SURE⁵, agus an Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa, REACT-EU⁶), agus ar bhealach níos lú ná sin toisc go raibh roinnt daoine neamhghníomhach nuair a d'éirigh sé níos deacra dul ar lorg oibre.

⁴ Léiríonn sé seo go bhfuil ról tábhachtach i gcónaí ag obair ghearr-ama agus ag scéimeanna leagan as sealadach foirne le haghaidh go leor oibrithe, in éineacht le srianta dífhostaithe arna bhforchur ag roinnt Ballstát chun cuidiú le fostaíocht a chaomhnú.

⁵ Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020.

⁶ Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020.

Tá téarnamh an mhargaidh saothair ag teacht i dtreis

73.5 %

an ráta fostaíochta in R3-2021 (1.3 ccc níos airde ná aon bhliain amháin roimhe)

6.4 %

an ráta dífhostaíochta i mí na Nollag 2021 (1.1 ccc níos ísle ná aon bhliain amháin roimhe)


15.9 %

ráta dífhostaíochta an aosa óig in R3-2021 (2.5 ccc níos ísle ná in R3-2020)


+12.3 %

uaireanta an chloig oibrithe in aghaidh an oibrí i R3-2021 i gcomparáid le R2-2020 (ach, 1 % níos ísle ná in R4-2019)

Rátaí gníomhaíochta, dífhostaíochta agus an sciar daoine óga nach bhfuil fostaíthe ná in oideachas ná faoi oiliúint in AE-27, %



Líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh in aghaidh an oibrí agus neamhláithreachtaí ón obair, AE-27



Nóta: Briseadh sa tsraith i rátaí dífhostaíochta ráithiúla in R1-2021. Foinse: Bunachar sonraí Eurostat [une_rt_q], [une_ltu_q] agus Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [lfsi_argan], [lfsi_argan_q], [lfsi_neet_q]. Coigeartaithe de réir na féilire.

Chuir géarchéim COVID-19 stop leis an treocht dhearfach a chonacthas sa ráta

gníomhaíochta le blianta beaga anuas. Tháinig laghdú de bheagán ar an ráta gníomhaíochta in AE-27 don aoisghrúpa 20-64 bliana d'aois de thoradh na paidéime, ach tá téarnamh déanta aige cheana féin go dtí an luach a bhí aige roimh an ngéarchéim, i dtéarmaí ráithiúla. Tharla sé sin den chuid is mó mar gheall ar rannpháirtíocht ban agus an aoisghrúpa 55-64 bliana d'aois sa mhargadh saothair. I dtéarmaí absalóideacha, tá daonra in aois oibre an Aontais ag laghdú d'ainneoin sin le deacáid anuas, rud nach bhfuil ag cuidiú in aon chor le ganntanais saothair atá ag dul i méid. Sa chomhthéacs seo, tá tábhacht le beartais lena dtugtar níos mó daoine isteach sa mhargadh saothair, agus a fhágann go mbítear in ann saol oibre níos faide agus níos folláine a chaitheamh agus bítear in ann leis sin feabhas a chur ar tháirgiúlacht go meántéarmach agus go fadtéarmach. Ach dálaí oibre a fheabhsú agus iad a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais oibrithe a bhíonn ag athrú ar feadh a saoil oibre, d'fhágfadh sé sin go mbeadh tionchar dearfach aige ar an soláthar saothair agus go bhféadfadh sé tacú dá bhrí sin le rátaí fostaíochta níos airde.

Bhí tionchar difriúil ag COVID-19 thar earnálacha agus cineálacha oibrithe

Na rátaí fáis

fostaíochta is airde ó R2-2020 i ngníomhaíochtaí foirgníochta, gairmiúla, eolaíochta, teicniúla agus TFC


Na rátaí fáis

fostaíochta is ísle ó R2-2020 sa tionsclaíocht (cé is moite d'fhoirgníocht) agus talmhaíocht

1.4 milliún

níos lú fostaithe (20-64) **ar chonarthaí sealadacha** i R3-2021 i gcomparáid le R2-2019

Iomlán an n-athruithe fostaíochta de réir na ngníomhaíochta eacnamaíche (coincheap intíre, athruithe ó ráithe amháin go ráithe eile, sonraí arna gcoigeartú de réir an tséasúir agus de réir na féilire), AE-27



Foinse: Bunachar sonraí Eurostat [tec00109]. Nóta: *Gníomhaíochtaí NACE Rev. 2.

De réir mar a théarnaíonn an geilleagar ó shuaitheadh COVID-19, ní dóigh go bhfaighidh gach duine a bpoist ar ais, agus tá sé thar a bheith tábhachtach tacú le daoine chun aistriú gairmiúil a dhéanamh. Ó R2 2020, tá na rátaí fáis fostaíochta is airde i ngníomhaíochtaí foirgníochta, gairmiúla, eolaíocha, teicniúla agus TFC, agus tá na rátaí fáis is ísle sa tionsclaíocht (cé is moite d'fhoirgníocht) agus talmhaíocht. I gcás roinnt de na cuideachtaí dá ndearnadh difear, ní bheidh i gceist leis an bpaindéim ach suaitheadh sealadach. I gcás daoine eile, d'fhéadfadh athruithe troma a bheith dá toradh, athruithe ar shamhlacha gnó, á spreagadh i bpáirt ag aistriú i sainroghanna tomhaltóirí (úsáid níos leithne as ríomhthrachtáil, mar shampla) agus eagrú agus cleachtais oibre gnólachtaí (lena n-áirítear an digitiú agus an brú i dtreo modhanna táirgeachta níos inbhuanaithe). Chuige sin, d'fhéadfadh sé nach mbeidh roinnt cúraimí ag teastáil níos mó, rud lena n-éilítear athstruchtúrú a dhéanamh i dtéarmaí modhanna oibre agus ionchuir saothair, agus d'fhéadfadh gá níos mó a bheith ann do lucht déanta beartas agus do ghnóthaí tacaíocht a thabhairt d'aistrithe gairmiúla, leithéid an Mholta ón gCoimisiún maidir le Tacaíocht Éifeachtach Ghníomhach don Fhostaíocht (EASE). Faightear deis freisin leis an téarnamh bogadh i dtreo córas socheacnamaíoch níos inbhuanaithe ina mbeadh samhlacha nua gnó agus impleachtaí fairsinge do na cineálacha post a thairgtear agus na scileanna a bheidh de dhíth. Le beartais éifeachtacha ghníomhacha don mhargadh saothair lena ngabhann bearta uas-scilithe agus athscilithe, féadfar tacú le hath-leithdháileadh mear an tsaothair, rud atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair, chun cuidiú le borradh a chur faoi tháirgiúlacht, pá agus comhtháthú sóisialta, agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a éascú. I ndáil leis sin, le scéimeanna oibre gearr-ama a bhféadfadh bearta forbartha scileanna a bheith mar chuid díobh agus nach gcuirfeadh moill ar choigeartaithe struchtúrach, d'fhéadfaí próisis athstruchtúrúcháin a éascú agus tacú leo agus ba cheart, i gcás inarb ábhartha, dóibh a bheith mar chuid den bhosca uirlisí beartais tar éis na géarchéime.

Cuir an ghéarchéim i dtábhacht staid an mhargaidh saothair atá níos corraí i measc na ndaoine óga

13.7 %

NEET óg (15-29 mbliana d'aois) in 2020


+1.8 ccc ráta

dífhostaíochta an aosa óig idir 2019 agus 2020 (15-24 bhliain d'aois)

Dhá oiread níos mó daoine óga i bhfostaíocht shealadach ainneonach

i gcomparáid le daoine atá 25-64 bliana d'aois

Daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna (% 15-29 mbliana d'aois, 2020)



Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallai. Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [edat_1fse_35]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Bhí tionchar níos láidre ag géarchéim COVID-19 ar na daoine óga, go háirithe daoine óga a bhí ag tosú i bpost, rud lena n-éilítear gníomhaíocht bheartais thapa agus chinntitheach.

Thaispeáin ráta dífhostaíochta an aosa óig (15-24 bliana d'aois) san Aontas Eorpach go raibh comharthaí ann go raibh an téarnamh ag tosú faoi lár 2021 ach go raibh sé fós ag 15.9 % in R3-2021, níos mó ná dhá oiread níos airde ná ráta dífhostaíochta an daonra idir 25-74 bliana d'aois. Nuair a tháinig paindéim COVID-19 gan choinne, aisiompaíodh treocht na 6 bliana roimhe maidir le laghdú a bheith ag teacht ar líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET), agus é sin de bharr an drochbhail a bhí ar staid mhargadh saothair na ndaoine óga. Éilíonn sé seo gníomhaíocht bheartais chinntitheach ionas nach mbeidh éifeachtaí diúltacha fadtéarmacha aige seo ar fholláine na ndaoine óga ná ar a n-ionchais ghairme. Go deimhin, an líon daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna a laghdú, tá sé sin ar cheann de na huaillmhianta comhlántacha de chuid an Aontais arna gcur síos ag an gCoimisiún Eorpach i bPlean Gníomhaíochta an Cholúin Shóisialta. Neartaíonn an Ráthaíocht treisithe don Aos Óg an ghníomhaíocht maidir le tairiscint ardchaighdeán ar fhostaíocht, oideachas leanúnach, printíseacht nó cúrsa oiliúna a sholáthar laistigh de thréimhse 4 mhí ó chailleann duine a phost nó ó fhágann sé oideachas foirmiúil⁷. Cuideoidh an tionscnamh ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh)⁸ le daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste agus nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna taithí ghairmiúil a fháil thar lear, lena n-áirítear an tacaíocht shóisialta is gá freisin, agus é mar chuspóir iad a chomhtháthú in oideachas, i ngairmoiliúint nó i bhfostaíocht ar ardchaighdeán.

Ag glacadh leis an tionchar míchothrom a bhí ag an ngéarchéim ar ghrúpaí difriúla oibrithe, tá beartais saincheaptha ghníomhacha tábhachtach chun téarnamh cuimsitheach inbhuanaithe a áirithiú.

Bhí na hoibrithe a bhí ag gabháil d'fhostaíocht neamhchaighdeánach siar go mór leis, go háirithe iad sin a bhí ar chonarthaí ar théarma seasta i mBallstáit ina bhfuil sciar níos mó d'fhostaíocht shealadach⁹. D'fhulaing daoine nár rugadh san Aontas níos mó ón dífhostaíocht i gcomparáid leis an daonra dúchasach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an fhostaíocht i measc daoine faoi mhíchumas a mhéadú go suntasach: bhí an bhearna idir ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas agus daoine eile ag 24.5 ccc san Aontas in 2020.

⁷ [Moladh ón gComhairle](#) an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Bridge to Jobs - Reinforcing the Youth Guarantee and replacing the Council Recommendation of 22 April 2013 on establishing a Youth Guarantee* [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a thagann in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú] 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.

⁸ Tá breis faisnéise ar fáil ag: [ALMA \(Aim, Learn, Master, Achieve\) - Employment, Social Affairs & Inclusion - European Commission \(europa.eu\)](#) [ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)]


⁹ Is minic nach mbíonn ag na fostaithe sin ach sochair shuaracha chun a n-ioncam a ionadú, cé go raibh sé mar aidhm ag go leor rialtais na bearnaí sin a laghdú nó a dhúnadh le bearta éigeandála. Tá sé mar aidhm ag [Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle an 8 Samhain 2019](#) maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe chun a seasamh a neartú, IO C 387, 15.11.2019, lch. 1.

Chuir an phaindéim i dtábhacht in éineacht leis sin na dúshláin atá ann le fada a bhaineann le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Cé nach dtaispeánann an fhianaise tionchar diúltach níos láidre ar fhostaíocht i measc na mban i gcomparáid leis na fir, thit uaireanta oibre na mban i bhfad níos tréine ná uaireanta oibre na bhfear le linn na dtréimhsí gaibhniúcháin, agus ualach cúraim méadaithe orthu freisin. Laistiar de na forbairtí sin tá difríochtaí in ionadaíocht na mban agus na bhfear in earnálacha agus i ngairmeacha a bhí thíos leis an ngéarchéim, difríochtaí idir na hinscní maidir le húsáid teilea-oibre, agus toisc gur ghlac na mná an sciar is mó d'fhreagrachtaí cúraim orthu féin. Thairis sin, bhí caillteanas fostaíochta níos mó i measc ban singil a raibh leanaí acu ná mar a bhí ina measc siúd nach raibh aon leanbh acu le linn na géarchéime. Cuirtear i dtábhacht leis sin an tábhacht atá le hoideachas agus cúram luath-óige agus le seirbhísí cúraim fadtéarmacha chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú. Chuige sin freisin, sa Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil¹⁰, nach mór do na Ballstáit a thrasuíomh faoin 2 Lúnasa 2022, tá sé mar aidhm rochtain chothrom agus úsáid chothromaithe a sholáthar maidir le socruithe saoire fear agus ban. Tabharfaidh sé deis do thuismitheoirí a bhfuil leanaí acu nó d'oibrithe a bhfuil gaolta cleithiúnacha acu cothromaíocht níos fearr a fháil idir freagrachtaí cúraim agus gairmiúla. An tráth céanna, fágann leagan amach na gcóras cánach nach mbíonn fonn ar an dara duine sa teaghlach dul amach ag obair (na mná go minic) agus a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair i roinnt Ballstát.

¹⁰ [Treoir \(AE\) 2019/1158](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle.

Tá difríochtaí leathana fós idir na hinscní sa mhargadh saothair

Difríochtaí sa ráta fostaíochta idir daoine a bhfuil leanaí acu agus nach bhfuil leanaí acu faoi 6 bliana d'aois in 2020 (in ccc, de réir inscne, idir 25-49 mbliana d'aois)



Tá an ráta fostaíochta i measc ban a bhfuil leanaí óga acu san Aontas **11.8 ccc** níos ísle ná an ráta i measc ban nach bhfuil leanaí acu

Thit na huaireanta an chloig a oibríodh níos mó i measc na mban go minic de thoradh oibleagáidí cúraim (6.1 phointe do mhná vs 4.3 do na fir)

Difríochtaí móra i **rannpháirtíocht i seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige** i measc na mBallstát

Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [líst_hheredeh].

Cé go bhféadfaí fostaíocht a mhéadú i measc grúpaí áirithe, cuireann ganntanais saothair atá ag dul i méid i mórán Ballstát an bhéim ar an tábhacht mhór a bhaineann leis an ngá atá le huas-sciliú agus le hathsciliú i gcoitinne. D'fhág an laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch de bharr COVID gur tháinig laghdú dá bharr sin ar ghanntanais saothair i mbeagnach gach Ballstát. In 2021, tar éis na bearta dianghlasála a mhaolú agus tar éis an téarnaimh eacnamaíoch de réir a chéile, thosaigh méadú ag teacht ar fholúntais arís i bhformhór na mBallstát. Thuairiscigh earnálacha amhail an fhoirgníocht, an tsláinte, agus an cúram fadtéarmach, chomh maith le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, na ganntanais saothair ba mhó, á ngríosú, ag ganntanais scileanna seanbhunaithe, gan trácht ar chúiseanna eile. Mar thoradh ar na haistrithe glasa agus digiteacha freisin, féadfar a bheith ag súil le héileamh méadaithe ar shaothar in earnálacha a bhaineann leis an bhfuinneamh inathnuaite, le foirgníocht, leis an talmhaíocht agus leis an bhforaoiseacht, agus beidh na héilimh sin sa ghrúpa meánscoilleana den chuid is mó.

Tá ganntanais saothair ag dul i méid leis an téarnamh eacnamaíoch

2.4 %

bhí **an ráta**

folúntais in

R3-2021,

0.7 ccc níos

airde ná mar

a bhí sé in

R3-2020 agus

díreach 0.2 ccc

faoi bhun

R3-2019

Spreagann

ganntanais

scileanna de

chineál

seanbhunaithe

an treocht in

earnálacha na

foirgníochta, na


sláinte, an

chúraim

fhadtéarmaigh

agus TFC

An ráta folúntais poist agus an ráta dífhostaíochta (15-74 bliana d'aois) in AE-27



Nóta: Gníomhaíochtaí NACE Rev. 2 B-S. An ráta dífhostaíochta, sonraí ráithiúla, sonraí arna gcoigeartú de réir an tséasúir. Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [jvs_q_nace2] agus [une_rt_q]

Ní hionann post agus ioncam maireachtála cóir i gcónaí. Tháinig méadú ar bhochtaineacht an lucht oibre ó 8.5 % in 2010 go 9 % in 2019 in AE-27. I gcoitinne, bíonn baol i bhfad níos airde maidir le bochtaineacht lucht oibre roimh oibrithe atá ar chonarthaí sealadacha, i gcomparáid leo sin ar chonarthaí buana (16.2 % vs 5.9 %), rud is amhlaidh freisin i gcás oibrithe nach bhfuil mórán scileanna acu i gcomparáid le hoibrithe ardoilte (19 % vs 4.9 %). Ina theannta sin, is mó go mór an seans go mbainfidh bochtaineacht lucht oibre d'oibrithe nár rugadh san Aontas ná d'oibrithe a rugadh san Aontas. D'ainneoin méaduithe le déanaí ar an bpá íosta i mórán Ballstát, is minic a bhíonn an pá íosta reachtúil íseal fós i gcomparáid le pá eile sa gheilleagar. Tá ról lárnach ag an gcómhargáil maidir le cosaint pá íosta leordhóthanach a bhaint amach ar fud an Aontais.

Tá fostaíocht ar théarma seasta ag dul i laghad ó thús na paidéime, ag léiriú cailteanais níos airde post ar théarma seasta i gcomparáid leis na cailteanais i measc fostaithe buana, cé go bhfuil fostaíocht den chineál sin fós suntasach i roinnt Ballstát. Tá conarthaí sealadacha forleathan fós go háirithe i measc na mban, an aosa óig agus i measc fostaithe nár rugadh san Aontas. Tá conarthaí sealadacha a fhónann mar ‘chéimeanna beaga’ i dtreo poist níos buaine, tá siad lárnach ó thaobh cáilíocht fhoriomlán post a fheabhsú. I roinnt Ballstát, is é an deacracht post buan a aimsiú an chéad chúis fós go bhfuil conradh ar théarma seasta ag oibríthe. Tuairiscíonn oibríthe ar chonarthaí sealadacha ainneonacha leibhéil sástachta poist níos ísle go minic, rud lenar féidir dochar a dhéanamh dá bhfeidhmíocht agus dá bhfáil scileanna. Tháinig laghdú ar an sciar fostaíochta páirtaimseartha san Aontas in 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe, ach baineann obair pháirtaimseartha ainneonach do chéatadán fostaithe nach beag fós.

Léirigh an méadú tobann suntasach ar an teilea-obair na buntáistí agus na dúshláin araon atá bainteach leis an teilea-oibriú. I rith na héigeandála sláinte, bhí an teilea-obair tábhachtach do go leor gnólachtaí chun leanúnachas gnó a áirithiú agus chun sláinte a bhfostaithe a áirithiú. De ghnáth, tugann sé deis freisin laghdú a dhéanamh ar an achar comaitéireachta, cruthaítear solúbthacht níos mó leis agus soláthraítear deiseanna cothromaíochta oibre is saoil d'fhostaithe, agus éifeachtúlacht agus táirgiúlacht fheabhsaithe do ghnólachtaí. Mar sin féin, uaireanta is féidir leis an teilea-obair doiléire a chruthú sna línte atá cheana féin idir an obair agus an saol príobháideach, rud lena dtugtar tréine oibre níos airde le fios agus deacrachtaí maidir le hionadaíocht choiteann agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht agus in oiliúint san ionad oibre a áirithiú i gcásanna áirithe. Fágann teicneolaíochtaí digiteacha go bhfuiltear in ann cur leis an teilea-obair agus go dtacaítear leis an éileamh agus an soláthar saothair chun teacht le chéile níos fearr, cé go gcruthaíonn sé dúshlán do ghrúpaí áirithe, go háirithe daoine ar bheagán scileanna nó daoine aosta, chun a bheith rannpháirteach go hiomlán sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. D'fhéadfadh sé sin dá thoradh sin na rioscaí a bhaineann le bearnaí digiteacha agus leis an margadh saothair agus leis an eisiamh sóisialta a mhéadú, agus dá bhrí sin an tábhacht a bhaineann leis na scileanna digiteacha is gá a thabhairt do gach duine chun tairbhiú den aistriú digiteach.

Chuir an phaindéim dlús faoi threochtaí leanúnacha i ndigitiú, lena n-áirítear trí bhorradh a chur faoi obair trí ardáin, ina n-éilítear gníomhaíocht beartais chun claochluithe gaolmhara a bhainistiú - go háirithe maidir le dálaí oibre agus rochtain ar chosaint shóisialta. Cruthaíonn teicneolaíochtaí digiteacha bealaí nua i gcomhair na foghlama agus na hoibre, chomh maith le deiseanna nua do ghnóthaí agus do thomhaltóirí. Sa mhargadh saothair, cruthaítear deiseanna fostaíochta leo agus tá siad in ann rannchuidiú le meaitseáil níos fearr a dhéanamh idir fostóirí agus fostaithe. D’fhéadfadh baol a bheith i gceist leis na teicneolaíochtaí sin freisin áfach do phoist atá ann cheana agus do cháilíocht na fostaíochta, go háirithe dóibh siúd atá i mbun gníomhaíochtaí lena ndéantar na rudaí céanna arís is arís eile go fíormhinic agus dóibh siúd ar bheagán oiliúna. I gcomhthreo leis an leithdháileadh saothair i dtreo gairmeacha beatha ina n-éilítear scileanna digiteacha, d’fhéadfadh athleithdháileadh a bheith i gceist leo siúd atá nasctha le geilleagar an ardáin saothair dhigitigh. Tháinig fás tobann ar an éileamh ar shaothar ar líne le linn na paindéime (agus méadú faoi chúig ar ioncaim le 5 bliana anuas), rud a thugann chun cinn níos mó an tábhacht atá leis an stádas dlíthiúil a shoiléiriú agus dálaí a fheabhsú d’oibrithe ardáin.

Tá comhpháirt ainneonach thábhachtach ag baint leis an úsáid a bhaintear as cineálacha páirtaimseartha agus neamhchaighdeánacha fostaíochta i roinnt Ballstát

13.3 %

fostaithe ar chonarthaí sealadacha san Aontas in 2020

(1.5 ccc níos ísle ná in 2019; 15-64 bliana d'aois)

A raibh, ina measc

6.8 %

i bhfostaíocht shealadach ainneonach

agus líon mór den aos óg


17.2 %

de dhaoine fostaithe ag obair go páirtaimseartha san Aontas in 2020
(1.2 ccc níos ísle ná in 2019)


25 %

i bhfostaíocht pháirtaimseartha ainneonach san Aontas in 2020

Conarthaí sealadacha mar chéatadán d'fhostaíocht iomlán (15-64 bliana d'aois) in 2020. Fostaíocht shealadach ainneonach (15-64 bliana d'aois) in 2020, AE-27



Conarthaí fostaíochta páirtaimseartha mar chéatadán d'fhostaíocht iomlán (15-64 bliana d'aois) in 2020. Fostaíocht pháirtaimseartha ainneonach (15-64 bliana d'aois) in 2020, AE-27



Foinse: Bunachar sonraí Eurostat [tesem190] agus suirbhé ar an bhfórsa saothair [lfsi_pt_a], [lfsa_eppga] agus [lfsa_etpgan].

Léiríonn an t-aistriú chuig an ngeilleagar glas agus an tiomantas chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 deis uathúil chun geilleagar an Aontais a athsheoladh ar bhealach inbhuanaithe, cuimsitheach agus athléimneach. Ach na beartais chearta a ghabhann leis sin a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta suas le aon mhilliún post breise a chruthú faoi 2030, cé go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchair éagsúla i gceist leis na tionchar idir gairmeacha, earnálacha agus réigiúin. Sa ghrúpa meánleibhéal scileanna is mó a chruthófar poist agus féadfaidh sé dá bhrí sin cuidiú chun treochtaí polarúcháin sa mhargadh saothair a mhaolú. Ní dhéanfaidh an t-aistriú glas difear do gach Eorpach go cothrom áfach agus beidh tionchar diúltach aige ar roinnt daoine, rud lena dtugtar le tuiscint go gcaillfear poist agus go ndéanfar athstruchtúrú in earnálacha áirithe (go háirithe earnálacha acmhainní eastóscacha agus earnálacha atá dian ó thaobh fuinnimh de), chomh maith leis na brúnna ar ioncaim teaghlaigh a mhéadú. Chomh maith leis sin, caithfear scileanna comhlántacha a fhoghlaim i bpoist atá ann cheana i gcuid mhaith earnálacha, chun tacú leis an aistriú glas. Is féidir leis na hathruithe sin a bheith dúshlánach, go háirithe do na daoine is leochailí, agus i gcás roinnt réigiún, go háirithe iad sin a raibh tionchar ag an aistriú tionsclaíoch nó ag athruithe i bpatrúin tomhaltais orthu, agus na réigiúin mianadóireachta guail. An tráth céanna, tá go leor gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a bheidh in ann rannchuidiú go suntasach leis an ngeilleagar sóisialta agus le cruthú post go háitiúil. Beidh uas-sciliú, athsciliú agus tacaíocht d'aistrithe gairmiúla fíor-riachtanach chun na dúshláin sin a sháru. Is féidir leo na scileanna cearta a sholáthar do dhaoine agus ath-leithdháileadh mear an tsaothair a chothú a rannchuidíonn le breis éifeachtúlachta, le táirgiúlacht agus le pá. Mar a fógraíodh sa Chlár Oibre Scileanna don Eoraip, déanfar an faireachán ar ghlasú gairmeacha agus ar shainaithint an chineáil oiriúnaithe scileanna is gá i ngairmeacha agus in earnálacha sonracha a neartú.

Cineál bochtaineachta í an bhochtaineacht fuinnimh atá ag dul i méid, rud lena n-éilítear

bearta spriocdhírthe. Bíonn tionchar ag an mbochtaineacht fuinnimh ar suas le 34 milliún duine san Aontas gach lá, agus thart ar duine as gach cúigear a bhfuil ioncam faoi bhun na tairisí bochtaineachta acu ag tuairisciú nach bhfuil sé ar a gcumas a dteach a choimeád sách te.


I mí Dheireadh Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal *Tackling rising energy prices* [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde]¹¹, rud a chuir córais chánach agus sochair, bearta tacaíochta ioncaim spriocdhírthe agus beartais athchóirithe chuimsitheacha i dtábhacht mar phríomhghnéithe de shraith straitéisí chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar láithreach a bhí ag na méaduithe le déanaí ar phraghsanna. Le haistriú glas a bheidh cóir ar bhonn sóisialta teastóidh bearta fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta a bheith ag gabháil leis a thugann aghaidh ar an dúshlán. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Moladh ón gComhairle a mholadh maidir le haghaidh a thabhairt ar na gnéithe sóisialta agus saothair a bhaineann leis an aistriú aeráide i mí na Nollag 2021.

Is réamhriachtanas do dhea-fheidhmiú gheilleagar mhargadh sóisialta na hEorpa é an t-idirphlé sóisialta ardcháilíochta agus éifeachtach, chun torthaí beartais níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí a áirithiú. Rinne eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta níos mó ná leath de na bearta uile i bhfearainn na mbeartas gníomhach agus na cosanta ioncaim arna nglacadh ó tharla ráig na paindéime a chomhaontú nó rinneadh iad a chaibidil leis na heagraíochtaí sin. Leis na Treoirline Fostaíochta iarrtar ar na Ballstáit rannpháirtíocht thráthúil agus bhríomhar na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i ndearadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe agus na mbeartas fostaíochta, sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, na n-athchóirithe agus na mbeartas eacnamaíoch, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt dá n-acmhainneacht mhéadaithe. I gcomhréir le cleachtais náisiúnta agus le creataí institiúideacha, is é is aidhm leis an rannpháirtíocht le comhpháirtithe sóisialta ar gach leibhéal feabhas a chur ar an dearadh agus úinéireacht na n-athchóirithe a áirithiú. Ar an iomlán, tá cáilíocht rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sna beartais náisiúnta fostaíochta agus sóisialta tar éis fanacht seasmhach nó tá siad ábhairín feabhsaithe le blianta beaga anuas, ach tá difear suntasach i gceist ag an am céanna ar fud na mBallstát. Tá rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta tábhachtach freisin agus rithábhachtach maidir leis sin. Tá sé sin tábhachtach go háirithe tráth a dteastaíonn comhthoil láidir chun téarnamh láidir a áirithiú agus chun tacaíocht a áirithiú do na haistrithe glasa agus digiteacha. Amach anseo, bainfidh tábhacht le rannpháirtíocht leormhaith na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta chun a áirithiú go mbeifear in ann na bearta atá beartaithe a bhaint amach.

¹¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support* [Dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde: sraith straitéisí i gcomhair gníomhaíochta agus tacaíochta], [COM \(2021\) 660 final](#)

Bhí ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta sa straitéis téarnaimh as géarchéim COVID-19

An cineál rannpháirtíochta a bhí ag na comhpháirtithe sóisialta i ndearadh na mbeart beartais arna nglacadh in 2021



Rinne na comhpháirtithe sóisialta níos mó ná leath de na bearta uile i réimsí a bhaineann le leanúnachas gnó, cosaint agus coinneáil na fostaíochta, oiriúnú áiteanna oibre agus cosaint ioncaim arna nglacadh in 2021 a chomhaontú nó rinneadh iad a chaibidliú leis na comhpháirtithe sin

Tá difríochtaí suntasacha i gcáilíocht na rannpháirtíochta ar fud na mBallstát

Nótaí: Taispeántar san fhíor 184 chás de reachtaíocht nó de mholtaí agus comhaontuithe trí pháirtí idir an 1 Eanáir 2021 agus 13 Meán Fómhair 2021. Foinse: Eurofound (2021), bunachar sonraí *COVID-19 EU PolicyWatch* [Súil ar Bheartais COVID-19 an Aontais].

Tá comhghaol láidir fós idir torthaí oideachais agus an cúlra socheacnamaíoch. Chuir COVID-19 brú mór ar chórais oideachais agus oiliúna na mBallstát. Lean an sciar luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ag laghdú le linn na paindéime, cé go raibh an laghdú níos moille, agus tá difríochtaí suntasacha fós idir na tíortha. Tugtar le fios ó na chéad staidéir agus suirbhéanna go raibh caillteanas substaintiúil foghlama i roinnt Ballstát le linn na paindéime, agus ba iad na scoláirí ó chúlra socheacnamaíoch níos ísle nó scoláirí ag a raibh cúlra imirceach nach as an Aontas dóibh na daoine is mó dá ndearnadh difear. Seachas rochtain mhíchothrom ar oideachas digiteach ar líne, d'fhág timpeallacht foghlama sa bhaile nach raibh an oiread sin tacaíochta le fáil ann, mar shampla, gur cuireadh bac ar a gcuid foghlama. Rud nach mbaineann leis an bpaindéim, ach tá cúlra socheacnamaíoch nó imirceach na scoláirí fós ina réamhtháscaire láidir maidir lena leibhéal scileanna digiteacha. I dtéarmaí bunscileanna, tar éis roinnt dul chun cinn a dhéanamh roimhe seo, tá an sciar de dhaltaí 15 bliana déag nach bhfuil ag gnóthachtáil san oideachas ag dul i méid arís. Cuireann sé sin i dtábhacht an tábhacht atá le hoideachas ar ardchaighdeán a sholáthar ó na luathbhlianta. D'ainneoin an mhéadaithe ar an ráta gnóthachtála san oideachas treasach, i dtromlach na mBallstát is minic le difríochtaí sóisialta maidir leis an rannpháirtíocht in oideachas treasach leanúint ar aghaidh ar feadh na nglúnta. Cuirtear i dtábhacht freisin leis na mímhéaitseálacha scileanna atá ann cheana an gá atá le hábharthacht an oideachais don mhargadh saothair a neartú agus rannpháirtíocht a mhéadú a thuilleadh san oideachas treasach, go háirithe in earnálacha ina bhfuil an t-éileamh ag méadú, amhail teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC), agus eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM). Is rud lárnach é neamhionannais i dtorthaí oideachais atá nasctha le cúlra socheacnamaíoch nó imirceach a chosc agus a laghdú chun comhdheiseanna a chur ar fáil do chách, agus d'fhéadfadh éifeachtaí tairbheacha a bheith i gceist ar leibhéil scileanna daoine aonair agus ar phoitéinseal fáis an gheilleagair.

Bíonn tionchar ag neamhionannas oideachais ar na róil tosaigh éagsúla a bhíonn ag an duine sa mhargadh saothair agus ar ionchais ghairme freisin

26.6 cc de bhearna


i **scileanna léitheoireachta**

idir daltaí sa cheathrú ag bun agus sa cheathrú ar barr innéacs an stádaís eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir

Réamhtháscaire láidir maidir lena **leibhéal scileanna digiteacha é cúlra socheacnamaíoch nó imirceach na ndaltaí**

Tá beagnach trí huaire níos mó seans ann go bhfágfaidh daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach an scoil sula gcríochnóidh siad í

Luathfhágáil oideachais agus oiliúna (18-24 bliana d'aois, 2020)



Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarachán ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallai. Foinse: Eurostat LFS EDAT_LFSE_02. © EuroGeographics do na línte teorann riarachán.

Ní hé an gnáthchleachtas ar chor ar bith é, san Aontas trí chéile, forbairt na scileanna atá ag daoine fásta, baineann difríochtaí móra leis ó thír go tír agus bhí tionchar tromchúiseach ag an bpaindéim air; le príomhspríoc an Aontais faoi 2030, tacófar le hiarrachtaí breise atá ag teastáil i leith an diminsin sin. Dúshlán mór fós is ea a áirithiú go mbeidh na scileanna ag an lucht saothair le haghaidh mhargaí saothair na todhchaí. Díríonn réamhaisnéisí scileanna ar aistriú i bpróifílí scileanna an mhargaidh saothair i bhfianaise athrú teicneolaíochta gasta, lena n-áirítear i ngeall ar na haistrithe glasa agus digiteacha, agus meath eile ar na gairmeacha ar bheagán scileanna. Cruthaítear leis sin riachtanas práinneach maidir le huas-sciliú agus athsciliú. Ina fhianaise sin, leagadh príomhspríoc an Aontais maidir le foghlaim aosach amach (le linn na bliana roimhe) ag 60 %, i gcomparáid le ráta 2016 ag 37.4 %. Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach i measc daoine gan mórán cáilíochtaí agus imirceach fós cuid mhaith faoi bhun an mheánleibhéil. Cheanglófaí cur chuige lánpháirtithe dá bhrí sin, lena dtéitear i ngleic leis na bacainní éagsúla ar bhealach comhleánúnach, lena n-áirítear trí fhaisnéis scileanna agus réamhaisnéisiú i gcomhpháirtíochtaí le geallsealbhóirí ábhartha chun an rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a mhéadú. Tuigtear as sin go gcomhcheanglófaí tacaíocht airgeadais le haghaidh costais dhíreacha, amhail teidlíochtaí ar oiliúint aonair, agus saoire oiliúna íoctha in éineacht le seirbhísí gairmthreorach, chomh maith le forbheathnú ar dheiseanna oiliúna a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe agus faisnéis ar bhailíochtú agus ar dheimhniú scileanna.

Tá uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair ríthábhachtach chun aistrithe gairmiúla a éascú agus chun tacú leis an gclaochlú glas agus digiteach


9.2 %

de dhaoine fásta rannpháirteach i bhfoghlaim (le linn na 4 seachtaine roimhe sin) san Aontas Eorpach in 2020

Nach raibh ach **3.4 % de dhaoine fásta ar bheagán cáilíochtaí** ina measc

aontaíonn 89 % de dhaoine fásta san Aontas go spreagfadh **dálaí airgeadais níos fearr** rannpháirtíocht in oiliúint

Ráta rannpháirtíochta i bhfoghlaim aosach den daonra iomlán agus i measc daoine dífhostaithe in 2020 (in % , 25-64 bliana d'aois, le 4 seachtaine anuas)



Foinse: Eurostat LFS [trng_lfse_02]

Tá dul chun cinn teoranta taifeadta ag Ballstáit an Aontais maidir le bunscileanna digiteacha a chur ar fáil do dhaoine fásta, agus is gá iarrachtaí breise suntasacha maidir le hardscileanna digiteacha. Tá an t-éileamh ar scileanna digiteacha ar gach leibhéal méadaithe go suntasach leis an bpaindéim mar cheanglas idirdhisciplíneach ar fud go leor gairmeacha agus earnálacha. Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil le haghaidh phríomh-tháscaire an Scórchláir Shóisialta, ó 2019, nach raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 56 % de dhaoine fásta. Tugtar le fios freisin leis an táscaire go bhfuil easpa cóineasaithe ann ar fud na mBallstát, agus gur mall ar fad é an dul chun cinn a tharla ó 2014 i leith. Tá scileanna digiteacha (ar an leibhéal iomchuí) de dhíth i mbreis agus 90 % de phoist atá ann faoi láthair agus i mbeagnach gach earnáil den gheilleagar. Tá dul chun cinn sa réimse sin fíor-riachtanach más rud é go bhfreastalóidh an tAontas ar an ngá méadaithe atá le scileanna digiteacha le haghaidh rannpháirtíocht laethúil sa tsochaí, chomh maith le riachtanas sonrach an gheilleagair ar speisialtóirí TFC.


In ainneoin ghéarchéim COVID-19, bhí ioncaim chomhiomlán teaghlaigh fós cuibheasach cobhsaí ar an meán ar fud Bhallstáit an Aontais in 2020, a bhuí leis an bhfreagairt bheartais thapa eisceachtúil ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais. De réir mar a bhuaill an phaindéim, tháinig titim ghéar ar ioncam teaghlaigh sa dara ráithe de 2020, ach théarnaigh sé faoi dheireadh na bliana agus d'fhan cobhsaí tríd is tríd idir 2019 agus 2020. Bhí an titim ba mhó ar chúitimh fostaithe, agus daoine féinhostaithe agus tháinig titim mhór freisin ar ghlanioncam maoine. Le linn 2020, chuir sochair shóisialta glan ó cháin go mór leis an ioncam foriomlán, agus bhí ról tábhachtach acu maidir leis an laghdú foriomlán ar ioncaim teaghlaigh a mhaolú sa dara ráithe, arna dtacú leo go pointe áirithe le coigeartuithe ar chánacha ar ioncam agus ar mhaoin. I bhfianaise laghdú 6 % ar an bhfíor-OTI in aghaidh na bliana, léirítear leis an gcobhsaíocht seo in ioncaim chomhiomlána teaghlaigh in 2020 éifeachtacht na mbeartas lánroghnach eisceachtúil a cuireadh i bhfeidhm chun tionchar sóisialta na géarchéime agus tionchar cobhsaitheach uathoibríoch na cosanta sóisialta agus na gcóras cánach a mhaolú. In R2-2021, tháinig fás tobann ar an bhfíor-OTI agus ar chúiteamh fostaithe araon, ag thart ar an ráta céanna ar chrap siad bliain roimhe sin. Ar an iomlán, tháinig fás níos mó ar fíor-ollioncaim indiúscartha teaghlaigh sa ráithe seo ná mar a chrap siad bliain roimhe sin, agus a bhuí freisin le glansochair shóisialta a bhí ag laghdú ar luas níos moille ná foinsí eile ioncaim.

In ainneoin ghéarchéim COVID-19, bhí ioncaim chomhiomlána teaghlaigh fós cuibheasach cobhsaí ar an meán i mBallstáit an Aontais in 2020

Tháinig laghdú beag ar neamhionannas ioncaim (S80/S20) nó d'fhan sé cobhsaí i dtromlach na mBallstát

Bhí sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROE) cobhsaí ag thart ar duine amháin as gach cúigear in 2020 san Aontas

Fás OTI, fás ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh agus ar na príomh-chomhpháirteanna a bhaineann leis (AE-27)



Foinse: Eurostat, Cuntais Náisiúnta [nasq_10_nf_tr] agus [namq_10_gdp]. Nótaí: féach corp na Tuarascála.

Chuidigh na córais cosanta sóisialta chun an ghéarchéim COVID-19 a sheasamh gan méaduithe substaintiúla a chur ar rioscaí bochtaineachta nó ar neamhionannas ioncaim. Bhí an ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) agus gach ceann dá chomhpháirteanna chomh maith leis an neamhionannas ioncaim foriomlán cobhsaí a bheag nó a mhór idir 2019 agus 2020 i bhformhór na mBallstát¹². Léiríonn sé sin tionchar na gcóras cánach agus sochar, chomh maith leis an tacaíocht mhór ón bpobal, lena n-áirítear trí scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta eile coinneála poist, a tugadh isteach nó a leathnaíodh le linn ghéarchéim COVID-19, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Léiríonn luath-mheastacháin ar chaiteachais cosanta sóisialta in 2020 le haghaidh 20 mBallstát¹³ leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh agus méaduithe móra, i gcomparáid le 2019. D’ainneoin roinnt bearta sealadacha chun rochtain ar chosaint shóisialta (leordhóthanach) a fheabhsú, tá bearnaí ann fós i gcuid mhaith tíortha, go háirithe d’oibrithe neamhchaighdeánacha agus do dhaoine féinfhostaithe. Fógraítear roinnt athchóirithe struchtúracha sna pleananna náisiúnta arna gcur isteach ag na Ballstáit chun Moladh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a chur chun feidhme¹⁴.

¹² Ag léiriú freisin meastacháin shealadacha Eurostat le haghaidh 2020 maidir le treochtaí i rátaí i mbaol bochtaineachta agus i neamhionannas ioncaim.

¹³ Eurostat, [Luath-mheastacháin - Cosaint shóisialta - Eurostat. \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat/tgm/table.do?tab=table&init=1&language=en&code=sdg_8_10_12_13_14_15_16_17_18_19_20_21_22_23_24_25_26_27_28_29_30_31_32_33_34_35_36_37_38_39_40_41_42_43_44_45_46_47_48_49_50_51_52_53_54_55_56_57_58_59_60_61_62_63_64_65_66_67_68_69_70_71_72_73_74_75_76_77_78_79_80_81_82_83_84_85_86_87_88_89_90_91_92_93_94_95_96_97_98_99_100) ag cumhdach BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, IE, FR, HR, IT, LV, LT, HU, MT, AT, PL, PT, SI agus SE

¹⁴ [Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle an 8 Samhain 2019.](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019/C_387/01&from=do)

Tá na rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta fós ard mar sin féin le haghaidh grúpaí daonra áirithe, agus go mór mór teaghlaigh a bhfuil leanaí acu (go háirithe tuismitheoirí aonair), daoine faoi mhíchumas, daoine nár rugadh san Aontas Eorpach agus Romaigh.

Tháinig méadú ar bhochtaineacht i measc teaghlaigh a bhfuil déine oibre an-íseal acu le deacáid anuas. Bíonn leanaí níos neamhchosanta ar bhochtaineacht (lena n-áirítear bochtaineacht sheasta) ná an daonra daoine fásta i bhformhór na mBallstát. Is lú seans go n-éireoidh go maith le leanaí, a fhásann aníos leis an mbochtaineacht nó eisiaimh shóisialta, ar scoil, go mbeidh sláinte mhaith acu agus go mbainfidh siad lán a gcumais amach níos deireanaí sa saol. Sa Phlean Gníomhaíochta ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta cuireadh uailmhian chomhlántach chun tosaigh maidir le príomhspríoc an Aontais 2030 maidir le laghdú na bochtaineachta, rud lena laghdófar faoi 5 mhilliún ar a laghad an líon leanaí a bheidh i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta faoi 2030. Tá an ráta AROPE do leanaí, arna dtógáil ag tuismitheoir aonair nó i dteaghlaigh ina bhfuil breis agus 3 leanbh nó teaghlach ag a bhfuil cúlra imirceach nó Romach, suas le trí oiread níos airde ná an ráta do leanaí eile. Leis an Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 bunaíodh Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí go díreach chun eisiaimh shóisialta leanaí a chosc agus a chomhrac trí rochtain ar thacar príomhsheirbhísí a ráthú. Ina theannta sin is mó an baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta do dhaoine nár rugadh san Aontas. Maireann tromlach mór de na Romaigh faoin tairseach náisiúnta bochtaineachta. Lean an meath ar an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta ar fud an Aontais roimh an ngéarchéim, ach tá an cás fós criticiúil maidir le daoine atá faoi bhun thairseach na bochtaineachta. In 2020, bhí thart ar aon deichiú de dhaoine an Aontais ina gcónaí i dteaghlaigh a chaith 40 % nó níos mó dá n-ioncam indiúscartha (coibhéisithe) ar thithíocht. Laistigh den daonra a bhí i mbaol na bochtaineachta, bhí an ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta i bhfad ní b'airde, agus bhí go leor difríochtaí idir na Ballstáit.

Bhí tionchar na n-aistrithe shóisialta ar laghdú bochtaineachta cobhsaí in AE-27 ó bhí 2015 ann ach bhí éagsúlacht le feiceáil díreach roimh an ngéarchéim. Laghdaigh aistrithe shóisialta (gan pinsin san áireamh) ar an meán san Aontas an ráta i mbaol bochtaineachta faoi thart ar aon trian. Tá éagsúlachtaí suntasacha ar fud na mBallstát, áfach, idir thart ar 16 % go dtí níos mó ná 50 %. Leathnaigh na héagsúlachtaí idir na Ballstát idir 2019 agus 2020. Tá éagsúlacht nach beag i dtéarmaí chumhdach na cosanta shóisialta, i measc oibrithe neamhchaighdeánacha agus daoine féinhostaithe go háirithe, tráth ar thit sochair ioncaim íosta don daonra in aois oibre mar chéatadán den tairseach bochtaineachta i mbeagnach gach Ballstát in 2019. Tá na leibhéil ioncaim íosta go mór faoi bhun 60 % den líne bhochtaineachta le haghaidh 12 Bhallstát. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Moladh ón gComhairle a mholadh in 2022 maidir le hioncam íosta chun tacú go héifeachtach le beartais na mBallstát agus iad a chomhlánú.

Tá difear i leordhóthanacht na mbeart sábháilteachta sóisialta ar fud na mBallstát

Laghdaigh na sochair ioncaim íosta mar chéatadán den tairseach

bochtaineachta in 16 Bhallstát idir 2018 agus 2019

Sochair ioncaim íosta ag níos lú ná leath den tairseach bochtaineachta in aon trian de na Ballstáit in 2019

Tá éagsúlacht i dtionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta idir 16 % agus 52 % ar fud na mBallstát

Glanioncam faighteoirí ioncaim íosta mar chéatadán den tairseach i mbaol na bochtaineachta (leata thar 3 bliana) agus d'ioncam fostaí ar phá íseal (bliain ioncaim 2019)



Foinse: Ríomh Ard-Stiúrtóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna ó mhicreashonraí EU-SILC. Nóta: Maidir le sonraí IE, léirítear an bhliain ioncaim 2020 le haghaidh sochair MI. Maidir le IE, IT, LU agus LV, níl tairseach AROP SILC 2020 ar fáil go fóill. Bainneann an chart le daoine singile nach bhfuil leanai acu. D'fhéadfaí cineálacha eile sochar (e.g. sochair tithíochta) seachas ioncam íosta a áireamh le glanioncam faighteoira ioncaim íosta freisin. Saothraíonn an fostaí ar phá íseal 50 % den mhéánphá agus ní baineann sé ná íonaimeachta

D'ainneoin na paindéime, tugtar le fios leis an bhfianaise tosaigh go raibh an gá le cúram leighis nár sásaíodh, arna fhéintuairisciú, fós cobhsaí, a bheag nó a mhór, i bhformhór na mBallstát in 2020, ach tá cúrsaí an-éagsúil eatarthu. Is mó seans go mbeidh roinnt grúpaí, amhail daoine a mhaireann i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó daoine a bhfuil cúlra imirceach acu, leochaileach i ngeall ar riachtanais leighis nár sásaíodh, cé go bhfuil difríochtaí thar Bhallstáit i méid na mbearnaí leis an daonra foriomlán. D'fhéadfadh dúshlán a bheith ag baint fós le gnáthaimh mhíochaine a chur ar athlá agus cur isteach suntasach ar ghnáthchúram othar, rud atá nasctha freisin le riachtanais leighis nár sásaíodh a bhí níos tréine ag tús ghéarchéim COVID-19. Tarraingíodh aird leis an bpaindéim ar an ngá a bhí le hathléimneacht, cáilíocht agus inrochtaineacht an chúraim sláinte.

Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú mór ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim fadtéarmacha mar gheall ar an daonra atá ag dul in aois. Ar an meán, bhí cúram fadtéarmach de dhíth ar 26.6 % de dhaoine a bhí 65 bliana d'aois nó os a choinn a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh phríobháideacha in 2019 san Aontas Eorpach. Tá sé tábhachtach rochtain ar chúram fadtéarmach a neartú chun cothroime sóisialta agus comhionannas inscne a áirithiú, agus soláthraíonn sé deis freisin chun poist a chruthú. Tá cúram baile ar ardchaighdeán agus seirbhísí cúraim fadtéarmacha pobalbhunaithe tábhachtach chun rogha mhalartach inrochtana a sholáthar ar chúram cónaitheach do chách. Is minc nach mbíonn ach rochtain theoranta ag teaghlaigh a mbíonn cúram fadtéarmach de dhíth orthu ar sheirbhísí foirmiúla cúraim baile toisc nach bhfuil siad inacmhainne dóibh nó díreach nach bhfuil fáil orthu. In 2019, thuairiscigh 46.5 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu i gcúram pearsanta nó gníomhaíochtaí tí san Aontas go raibh riachtanas ar chuidiú acu nár sásaíodh i ngníomhaíochtaí den sórt sin. Bhí an easpa cuidithe sin i bhfad níos suntasaí dóibh sin sa chúigil ioncaim is ísle. Is féidir leis an easpa rochtana ar chúram foirmiúil riachtanais chúraim gan shásamh nó ualach a chur ar chúramóirí neamhfhoirmiúla (mná den chuid is mó), na daoine a sholáthraíonn an sciar is mó cúraim. Go ginearálta, tá éagsúlacht mhór i leordhóthanacht na cosanta sóisialta maidir le riachtanais chúraim fadtéarmacha ar fud na mBallstát, agus is féidir le híocaíochtaí neamh-in-aisíoctha an-ard a bheith roimh dhaoine i ngátar ar chúram foirmiúil fadtéarmach, fiú tar éis dóibh sochair shóisialta a fháil.

Leanann athrú déimeagrafach ag cruthú dúshláin fhadtéarmacha do chórais phinsin. Bhí leorgacht pinsin fós cobhsaí go ginearálta in 2020. Tá bearna mhór inscne i bpinsin fós, d'ainneoin laghdú de réir a chéile le 10 mbliana anuas. Éilítear réimse leathan bearta beartais, lena gcuimsítear beartais maidir le pinsin, leis an margadh saothair agus le sláinte chun dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair córais pinsean agus chun leordhóthanacht a neartú. Ba cheart d'athchóirithe díriú ar chórais phinsin chuimsitheacha a thógáil, rochtain leordhóthanach a sholáthar d'fhir agus do mhná araon agus do dhaoine i gcineálacha éagsúla conarthaí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus ioncam seanaoise leordhóthanach a áirithiú, agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a chaomhnú an tráth céanna.

Ba cheart do na Ballstáit beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta a sainaitheodh sa Tuarascáil Chomhpháirteach seo ar Fhostaíocht. Cuireann an anailís a chuirtear i láthair sa tuarascáil roinnt réimsí tosaíochta i dtábhacht maidir le gníomhaíochtaí beartais. Ba cheart dóibh sin díriú ar théarnamh cuimsitheach a chur chun cinn trí chruthú post a chothú, aistrithe ón dífhostaíocht go dtí an fhostaíocht agus thar earnálacha a éascú, ag cur feabhas ar athléimneacht eacnamaíoch agus sóisialta agus a áirithiú go mbeidh na haistrithe glasa agus digiteacha cóir, agus iad ag déanamh dul chun cinn i dtreo phríomhspríocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta.

I gcomhréir leis na Treoirí Fostaíochta, tugtar cuireadh do na Ballstáit:

- Aistriú ó bhearta éigeandála go bearta téarnaimh i margaí saothair de réir a chéile, agus bearta a ghlacadh chun rannpháirtíocht níos airde sa mhargadh saothair agus athfheidhmiú oibrithe a ndearnadh an méid is mó dochair dóibh de bharr na paindéime a chur chun cinn;
- Pacáistí beartais comhleanúnacha maidir le dreasachtaí fostaíochta agus aistrithe, bearta uas-scilithe agus athscilithe agus tacaíocht níos fearr ó sheirbhísí fostaíochta le haghaidh aistrithe poist a fhorbairt, i gcomhréir le Moladh EASE;
- Na nithe a leanas a neartú: éifeachtúlacht agus éifeachtacht beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair agus na seirbhísí fostaíochta poiblí, lena n-áirítear trí hinfheistiú i mbonneagar agus seirbhísí digiteacha (agus inrochtaineacht a áirithiú san am céanna); réamhaisnéisiú scileanna agus faisnéise (a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach freisin); córais próifílithe; agus oiliúint leordhóthanach foirne amach anseo;
- Féidearthachtaí daoine óga sa mhargadh saothair a fheabhsú trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus oideachas treasach cuimsitheach agus ardchaighdeán a chur chun cinn; tacaíocht maidir le seirbhísí fostaíochta spriocdhírithe a sholáthar (lena n-áirítear meantóireacht, treoraíocht agus comhairleoireacht), féinfhostaíocht a chur chun cinn, agus tacú le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna ardchaighdeán (go háirithe in FBManna), i gcomhréir le Ráthaíocht don Aos Óg treisithe;

- Comhionannas inscne a áirithiú agus rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a neartú, lena n-áirítear trí bheartais a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil, rochtain ar chúram fadtéarmach agus seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige inacmhainne agus ardchaighdeán a áirithiú; agus a áirithiú go mbíonn rochtain ag tuismitheoirí agus daoine eile a mbíonn freagrachtaí cúraim orthu ar shaoire teaghlaigh agus socruithe solúbtha oibre, agus úsáid chothrom na dteidlíochtaí sin idir mná agus fir a chur chun cinn;
- Feabhas a chur ar thorthaí foghlama agus neamh-chomhionannais san oideachas agus san oiliúint a laghdú; rochtain ar an oideachas treasach a mhéadú (go háirithe le haghaidh grúpaí faoi mhíbhuntáiste); luathfhágáil na scoile a chosc; rannpháirtíocht san oideachas treasach agus ábharthacht an oideachais threasaigh sa mhargadh saothair a mhéadú a thuilleadh, agus aird ar leith a dhíriú ar earnálacha amhail TFC agus ETIM;
- Infheistiú in athsciliú agus uas-sciliú daoine fásta, go háirithe sna scileanna is gá don aistriú glas agus don aistriú digiteach, trí na forálacha maidir le teidlíochtaí oiliúna aonair a neartú, rud a sholáthraítear go háirithe, i gcás inarb iomchuí, trí chuntais foghlama aonair, agus saoire oideachais agus oiliúna íoctha, tacú le comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí mórscála poiblí agus príobháideacha faoin gComhaontú um Scileanna agus faoin gComhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post, dreasachtaí níos fearr a sholáthar do ghnóthaí agus oibrithe chun uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh, infheistiú i mbonneagar agus trealamh, lena n-áirítear bonneagar agus trealamh digiteach;
- Inniúlachtaí digiteacha daltaí agus daoine fásta a neartú agus an linn tallainne digití sa mhargadh saothair a mhéadú trí éiceachórais oideachais agus oiliúna digití arna dtacú leo le príomhchumasóirí amhail nascacht ardluais le haghaidh scoileanna, trealamh, agus oiliúint múinteoirí; tacú le hinstiúidí a bhfuil fios gnó acu maidir le digitiú agus aird ar leith a dhíriú ar chuimsiú agus ar an mbearna dhigiteach a laghdú;
- Rialacháin a bhaineann leis an margadh saothair agus córais cánach agus sochair a leasú, chun a áirithiú go laghdaítear deighilt an mhargaidh saothair agus go gcothaítear cruthú post ardchaighdeán; a áirithiú go mbíonn rochtain ag oibrithe i gcineálacha oibre neamhchaighdeánacha agus ag daoine féinhostaithe ar chosaint shóisialta leordhóthanach i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta;

- A áirithiú go mbíonn timpeallachtaí oibre sábháilte folláine agus dea-oiriúnaithe do na ceanglais iarphaindéime, agus go mbíonn socruithe solúbtha oibre ar fáil;
- Próiseas aistrithe atá cothrom ar bhonn sóisialta a áirithiú;
- Cómhargáil, idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta;
- Rochtain shaor in aisce agus éifeachtach ar chúram sláinte, oideachas agus cúram luathóige, gníomhaíochtaí oideachais agus scoil-bhunaithe, rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus tithíocht leordhóthanach a sholáthar do gach leanbh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, i gcomhréir leis an Moladh lena leagtar síos Ráthaíocht do Leanaí;
- Infheistiú i gcórais cosanta sóisialta leordhóthanacha agus inbhuanaithe do gach duine, lena n-áirítear scéimeanna íosioncaim, tacú le leasuithe chun leibhéal cosanta a choinneáil ar bun agus a neartú, agus feabhas a chur ar chosaint na ndaoine sin nach gcumhdaítear iad nó nach gcumhdaítear go leordhóthanach iad; feabhas a chur ar leordhóthanacht sochar, inaistritheacht cearta, rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeán agus tacaíocht chun na daoine sin a bhfuil cumas oibre iontu a lánpháirtiú sa mhargadh saothair; soláthar seirbhísí cúram fadtéarmach ardchaighdeán, inacmhainne agus inbhuanaithe a neartú; measúnú a dhéanamh ar na tionchair dháileacháin ar bheartais;
- Córais phinsin chuimsitheacha agus inbhuanaithe a áirithiú, rochtain leordhóthanach a sholáthar d'fhir agus do mhná araon agus do dhaoine i gcineálacha éagsúla conarthaí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus ioncam seanaoise leordhóthanach a áirithiú.
- Aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine mar an gcineál bochtaineachta is tromchúisí; an infheistíocht in athchóiriú tithíocht chónaithe agus shóisialta a chur chun cinn; chomh maith le seirbhísí sóisialta comhtháite; rochtain ar thithíocht ardchaighdeán agus inacmhainne, tithíocht shóisialta nó cúnamh tithíochta a éascú, i gcás inarb iomchuí;
- Infheistiú in acmhainneacht an chórais cúraim sláinte lena n-áirítear cúram príomhúil, comhordú cúraim, foireann cúram sláinte agus ríomhshláinte. Íocaíochtaí neamh-in-aisíochta a laghdú, feabhas a chur ar chumhdach cúram sláinte agus uas-sciliú agus athsciliú oibríthe sláinte a chur chun cinn.

Le cistiú ón Aontas, lena n-áirítear trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tacaítear leis na Ballstáit gníomhaíocht beartais sna réimsí sin a mhéadú.

Tá cur chun feidhme foriomlán agus uailmhianach na leasuithe agus na n-infheistíochtaí sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta ríthábhachtach maidir le tacaíocht éifeachtach don téarnamh agus don aistriú glas cothrom agus don aistriú digiteach cothrom a áirithiú. Cuirfidh sé le fostaíocht, scileanna agus dúshlán beartais shóisialta a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ar bhealach tábhachtach. Is ionann bearta atá nasctha leis na réimsí beartais seo, sna pleananna náisiúnta arna bhformheas ag an gComhairle cheana, agus thart ar EUR 135 billiún, thart ar 30 % de leithdháiltí airgeadais foriomlána na bpleananna formheasta sin, lena rannchuideofar go mór le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

ACHOIMRE AR AN MARGADH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA SAN AONTAS EORPACH

1.1 Treochtaí an mhargaidh saothair

Tá téarnamh an mhargaidh saothair ag teacht i dtreis, agus an leibhéal fostaíochta ráithiúil ar ais ag na leibhéil fostaíochta a bhí ann roimh an ngéarchéim. Sa tríú ráithe de 2021, b'ionann líon foriomlán na ndaoine a bhí fostaithe san Aontas agus 209.9 milliún¹⁵. Is ionann an líon sin agus 4.3 milliún níos mó ná an líon in R3-2020, ach 0.1 mhilliún níos lú ná buaic R4-2019 fós. Tar éis pointe íseal 71.5 % a bhaint amach in R2-2020, tháinig téarnamh páirteach ar an ráta fostaíochta (20-64 bliana d'aois), go 73.5 % in R3-2021, méid atá rud beag os cionn buaic 73.4 % in R4-2019. Ar bhonn bliantúil, b'ionann an ráta fostaíochta agus 72.4 % in 2020 san Aontas, 0.8 ccc níos lú ná luach 2019 (73.2 %). I roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha tá na leibhéil fostaíochta fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí siad roimh an ngéarchéim. Go háirithe, tá 1.2 milliún níos lú duine fostaithe sa trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, san iompar, i ngníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia fós in R3-2021 i gcomparáid le R4-2019 (laghdú 2.4 %), agus tá 0.8 níos lú milliún duine fostaithe i monaraíocht (laghdú 2.6 %). Ina ainneoin sin, tá na leibhéil fostaíochta roimh an bpaindéim in earnálacha amhail an fhoirgníocht agus an fhaisnéis agus an chumarsáid téarnaithe cheana¹⁶. Ar an iomlán, táthar ag réamh-mheas go dtiocfaidh méadú 0.8 % ar an bhfostaíocht in 2021 agus 1 % in 2022, sula dtiocfaidh maolú beag uirthi go 0.6 % in 2023¹⁷. Léirítear le sprioc an Aontais 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030 tiomantas comhpháirteach do théarnamh cuimsitheach agus ina mbeidh poist ar fáil go flúirseach (féach roinn 1.4).

¹⁵ Is ó na Cuntais Náisiúnta (coincheap intíre) agus cód ar líne Eurostat [namq_10_pe] a thagann na figiúirí fostaíochta foriomlána; figiúirí eile ó shonraí an tSuirbhé ar an bhFórsa Saothair. Úsáidtear figiúirí ráithiúla a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu sa tuarascáil seo.

¹⁶ Féach An Coimisiún Eorpach (2021), *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2021* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2021] (Uimhir Chatalóige. KE-BN-21-001-EN-N).

¹⁷ An Coimisiún Eorpach (2021), *European Economic Forecast, Autumn 2021* [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2021], Páipéar Institiúideach 160.

An tráth céanna, tar éis laghdú a theacht air ar dtús i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, tá méadú tagtha ar an ráta folúntais poist faoin tráth seo, beagnach go leibhéil nach bhfacthas go dtí seo¹⁸. Roimh an ngéarchéim, in R4-2019, ba é 2.1 % an ráta folúntais i dtionsclaíocht, i bhfoirgníocht agus i seirbhísí in AE-27. Ba iad bearta imshrianta chun dul i ngleic leis an bpaindéim agus an stop nó an moilliú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann ba chúis le laghdú ar an ráta folúntais poist. Tháinig laghdú ar an ráta go 1.6 % in AE-27 in R2-2020, arb é an ráta is ísle é ó R1-2016. Ó shin i leith, tá an ráta ag ardú, agus bhí sé ag 2.4 % in R3-2021. Cé gurb iondúil go bhfreagraíonn folúntais d'athruithe timthriallacha ar bhonn níos tapa ná an dífhostaíocht, léirítear san fhaisnéis ó na treochtaí agus ón suirbhé (i.e. Eurofound) gur gá faireachán cúramach a dhéanamh ar ghanntanais saothair fhéideartha (féach Roinn 2.1).

Chuidigh an fhreagairt bheartais thapa le srian a choinneáil ar an tionchar ar an margadh saothair i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19.¹⁹ Tharla géarchéim sláinte poiblí de bharr na paindéime agus bhí tionchair fhorleathana aici ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar mhargáí saothair agus ar an tsochaí. Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta (15-74 bliana d'aois) ó 6.6 % in R4-2019 (an leibhéal ab ísle riamh a taifeadadh in AE-27) suas go 7.7 % in R3-2020. Sa limistéar euro, bhí an ráta dífhostaíochta beagán ní b'airde ag 8.6 % in R3-2020 (1.1 ccc os cionn a luacha in Q4-2019). Le déanaí anuas, chuidigh maolú na mbeart imshrianta agus fheidhmiú céimneach na bhfeachtas vacsaínithe le bonn a chur faoi gheilleagair an Aontais arís agus chuir sé leis an ráta dífhostaíochta a laghdú go 6.9 % in R3-2021 (7.6 % sa limistéar euro). Ar an iomlán, d'fhan an méadú sa dífhostaíocht faoin méid a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis de bharr mhéid an tionchair a bhí ag COVID-19 ar an ngeilleagar. Tá sé sin a bhuí leis na bearta beartais a thug na Ballstáit isteach, lena n-áirítear le tacaíocht ó chistiú ón Aontas (go háirithe Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE), REACT-EU agus Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII) agus CRII Plus), agus an toradh ar dhaoine ag fágáil an mhargaidh saothair agus ag éirí neamhghníomhach freisin de réir mar a d'éirigh sé ní ba dheacra obair a fháil. Léirítear le sonraí míosúla le déanaí gur tháinig laghdú breise ar an ráta dífhostaíochta, síos go 6.5 % san Aontas in mí na Samhna 2021 (7.2 % sa limistéar euro), rud a fhágann go bhfuil sé ag éirí níos gaire do na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim. Tá ilchineálacht shuntasach ar fud na mBallstát, áfach (féach Roinn 2.1). Chomh maith leis sin, bhain an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí 2.8 % den daonra gníomhach amach in R3-2021 san Aontas, lena léirítear méadú measartha ach seasta i gcomparáid leis an ráta ab ísle a taifeadadh riamh in R2-2020 (2 %).

¹⁸ Tugtar an ráta folúntais poist leis na poist fhoriomlána atá folamh ina gcéatadán de na poist atá líonta agus folamh. Cód ar líne Eurostat: [ei_lmjbv_q_r2]

¹⁹ Chun mionsonraí a fháil, féach *Employment and Social Developments in Europe, Annual Review 2021* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2021] (atá le fáil ag: <https://op.europa.eu/s/tYkn>) agus *Labour Market and Wage Developments in Europe, Annual Review 2021* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2021] (Uimhir Chatalóige. KE-BN-21-001-EN-N).

Tháinig téarnamh páirteach ar an líon foriomlán uair an chloig a oibríodh tar éis laghdú gear a theacht orthu tar éis gur thosaigh an phaindéim, ach tá siad fós níos ísle ná na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim. In R3-2021, b'ionann an líon sin agus 84.2 billiún. Is ionann é sin agus 11.4 billiún uair an chloig níos mó ná an líon uaireanta an chloig ab ísle riamh a taifeadadh in R2-2020 (72.8 billiún), a bhuí go mór le dálaí feabhsaithe an mhargaidh saothair, níos mó deiseanna chun tabhairt faoin gcianobair agus an laghdú ar na neamhláithreachtaí ráithiúla ón obair (ó 19.3 % den fhostaíocht fhoriomlán in R2-2020 go 10 % in R3-2021). Is ionann é sin fós agus beagnach 1.1 billiún uair an chloig níos lú ná an bhuaic a baineadh amach in R1-2019, áfach, rud a chuireann i dtábhacht an ról a bhíonn ag scéimeanna oibre gearr-ama agus scéimeanna leagan sealadach as foirne fós le haghaidh go leor oibrithe, in éineacht le srianta dífhostaithe arna bhforchur ag roinnt Ballstát chun cur le fostaíocht a chaomhnú (féach Roinn 2.1). Bhí laghdú mall ach seasta ag teacht ar líon na n-uaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh an duine fhostaithe le 10 mbliana anuas san Aontas, agus leathnú na hoibre páirtaimseartha agus socruithe solúbtha oibre eile (i.e. conarthaí gan íosmhéid uaireanta nó obair ar éileamh i gcomhthéacs na hoibre ardáin) ina bpríomhchinntithigh.

Chuir tús phaindéim COVID-19 deireadh leis an treocht dhearfach sa ráta gníomhaíochta a bhí ann le blianta beaga anuas. B'ionann ráta gníomhaíochta an Aontais maidir leo siúd atá idir 20 agus 64 bliana d'aois agus 77.8 % in 2020, 0.5 ccc ní b'íslé ná mar a bhí an ráta sin in 2019. Mar sin féin, tháinig téarnamh air in R3-2021 go 78.8 %, i gcomhréir leis na luachanna a bhí ann roimh an ngéarchéim. Taobh thiar den chomhiomlán, tá méadú ann i gcás ban (go 73.3 %, 0.8 ccc níos mó ná mar a bhí sé in R4-2019) agus taifeadtar an luach céanna i gcás fear agus a taifeadadh in R4-2019 (84.3 %). Leis an aoischohórt idir 55 agus 64 bliana d'aois, léiríodh an fheidhmíocht ba dhearfaí agus gan ach laghdú beag a bheith ag buaic na géarchéime agus figiúirí R3-2021 os cionn na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.


Cé gur tháinig laghdú ar ráta fostaíochta na mban, faoi thionchar ghéarchéim COVID-19, beagán níos lú ná ráta fostaíochta na bhfear, tá difríochtaí inscne suntasacha fós ann. In 2020, tháinig laghdú ar ráta fostaíochta na mban (20-64 bliana d'aois) go 66.9 %, 0.6 ccc níos ísle ná mar a bhí sé in 2019, agus maidir leis na fir, tháinig laghdú air go 77.9 %, 1 ccc níos ísle ná an luach a bhí ann sa bhliain roimhe sin. I dtéarmaí ráithiúla, tháinig laghdú ar ráta fostaíochta na mban ó 67.6 % in R4-2019 go 66.0 % in R2-2020, ach tháinig téarnamh air go 68.1 % faoi R3-2021. B'ionann an ráta fostaíochta maidir le fir agus 78.9 % in R3-2021, 0.2 ccc níos ísle ná R4-2019. B'ionann na forbairtí sin agus laghdú beag sa bhearna fostaíochta idir na hinscní, ag 10.8 ccc in R3-2021 i gcomparáid le 11.7 ccc in R4-2019 (i dtéarmaí bliantúla, 11 ccc agus 11.4 ccc in 2020 agus in 2019 faoi seach). In ainneoin na bhfigiúirí sin, d'fhéadfadh gur chuir géarchéim COVID-19 leis na deighiltí inscne a bhí ann cheana, agus mná ag glacadh an sciar is mó d'fhreagrachtaí cúraim orthu féin agus a uaireanta oibre ag titim i bhfad níos tréine ná uaireanta oibre na bhfear le linn na dtréimhsí gaibhniúcháin.

Leis an ngéarchéim, rinneadh dochar mór do thorthaí margaidh saothair daoine óga, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar a staid ó dheireadh 2020. Bhain ráta fostaíochta an aosa óig (15-24) 17.1 % amach in 2020 san Aontas, 1.8 ccc níos airde ná mar a bhí sé in 2019. In R3-2021, b'ionann ráta dífhostaíochta an aosa óig agus 15.9 %, i.e. 1.1 ccc níos airde ná mar a bhí sé in R4-2019, ach 2.5 cc níos ísle ná an bhuaic a baineadh amach sa tríú ráithe de 2020. Ar an iomlán, bhí thart ar 3 milliún duine óga (15-24) dífhostaithe san Aontas in R3-2021, agus 4.7 milliún nuair a chuirtear na daoine sin uile nach bhfuil fostaithe, ná san oideachas ná faoi oiliúint (NEET) san áireamh, agus 9 milliún i gcás an aoisghrúpa níos mó de dhaoine idir 15 agus 29 bliana d'aois. B'ionann ráta NEET ráithiúil an aoisghrúpa sin agus 12.7 % san Aontas in R3-2021 (0.2 ccc níos airde ná mar a bhí sé in R4-2019, ach 1.9 ccc níos ísle ná buaic R2-2020).

Is iad na hoibrithe scothaosta is mó a tháinig slán ó thionchar margaidh saothair ghéarchéim COVID-19 i gcomparáid le grúpaí eile. Tá ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta (55-64) fós cuibheasach cobhsaí ó thosaigh COVID-19. Bhain sé 61 % amach in R3-2021, 1.1 ccc os cionn an leibhéil a bhí ann in R4-2019 agus tá an treocht a bhaineann leis ag dul i méid go seasta le 10 mbliana anuas. B'ionann ráta fostaíochta na ndaoine fásta idir 25 agus 54 bliana d'aois agus 80.8 % in R3-2021, agus é ag an leibhéal céanna a bhí ann in R4-2019. Tháinig méadú measartha ar ráta dífhostaíochta na ndaoine sin idir 55 agus 74 bliana d'aois san Aontas, ó 5 % in R4-2019 go 5.4 % in R3-2021.

Fíor 1: Ba dhifriúil tionchar fostaíochta na géarchéime ar fud na n-aoisghrúpaí

Rátaí fostaíochta de réir inscne agus aoisghrúpa in AE-27, sonraí arna gcoigeartú go séasúrach, seachas arna gcoigeartú de réir an fhéilire (in %)




Nóta: Briseadh san amshraith in R1-2021.

Foinse: Eurostat, an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [lfsi_emp_q].

Rinneadh dochar d’oibrithe i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha agus do dhaoine féinfhostaithe go háirithe de bharr na géarchéime. Ar fud líon foriomlán na bhfostaithe (20-64 bliana d'aois) san Aontas in 2020 (161.6 milliún), bhí conradh fostaíochta sealadach ag thart ar 19.9 milliún acu (12.4 %) (1.3 ccc níos ísle ná an figiúr a bhí ann in 2019). Bhí conarthaí sealadacha ag thart ar 21.3 milliún oibrithe (20-64 bliana d’aois, a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu) in R3-2021, fós 0.8 milliún níos lú daoine i gcomparáid le R4-2019. Tá an sciar i bhfad níos airde i measc na n-óg (15-24) ná mar atá maidir leis an gcuid eile den daonra, agus tá sé níos airde, go suntasach, maidir le daoine ar bheagán oiliúna i gcomparáid leis na daoine meánoilte agus ardoilte. Bhí sciar na fostaíochta ainneonaí sealadaí fós ag dul i laghad (faoi 1.1 ccc) i gcomparáid le 2019, agus 6.8 % á bhaint amach aige in 2020. Tháinig méadú ar sciar na gconarthaí sealadacha san fhostaíocht fhoriomlán (20-64 bliana d'aois) ón bpointe ab ísle in R2-2020 (10.1 %), suas go 11.2 % in R3-2021. Tháinig méadú seasta ar líon na ndaoine a bhí ag obair go páirtaimseartha le linn 2020. Mar thoradh air sin, bhain sciar na n-oibrithe páirtaimseartha (20-64 bliana d’aois) a bhí i bhfostaíocht fhoriomlán 17.2 % in R3-2021 (0.6 ccc níos ísle ná luach R4-2019). Laghdaíodh sciar na n-oibrithe ainneonacha sealadacha síos go 25 % in 2020 (1.5 ccc níos ísle i gcomparáid le 2019). Ó thosaigh an phaindéim in R1-2020, tháinig laghdú 0.3 milliún duine ar líon na ndaoine féinfhostaithe (20-64 bliana d'aois) (ó thart ar 25.7 milliún go 25.4 milliún in R3-2021).

Fíor 2: Tá ráta difriúil a bhaineann le conarthaí sealadacha de réir aoisghrúpa agus leibhéal cáilíochta

Sciar na bhfostaithe a bhfuil conarthaí sealadacha de réir aoise agus leibhéal oideachais acu in AE-27 (2020)



Foinse: Eurostat, an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [lfsa_etgar], [lfsa_etpgan] agus [lfst_r_e2tgaedcu].


Leis an ngéarchéim, rinneadh dochar mór do thorthaí margaidh saothair daoine nár rugadh san Aontas. In 2020, b'ionann ráta fostaíochta (20-64 bliana d'aois) na ndaoine a rugadh lasmuigh den Aontas agus 65.3 %, 2.4 ccc níos lú ná luach 2019, agus 8.2 ccc níos lú ná ráta fostaíochta dhaoine dúchasacha an Aontais. B'ionann ráta dífhostaíochta (15-74 bliana d'aois) na ndaoine nár rugadh san Aontas agus 12.3 % in 2020, suas ó 10.8 % sa bhliain roimhe sin. Léirítear le figiúirí dífhostaíochta laghdú ó 14.8 % in R2-2020 go 11.7 % in R3-2021.

1.2 Treochtaí sóisialta

D’ainneoin ghéarchéim COVID-19, bhí ioncaim teaghlaigh fós cuibheasach cobhsaí ar an meán ar fud Bhallstáit an Aontais in 2020, a bhuí leis an bhfreagairt bheartais thapa. Mar a tharla an phaindéim, tháinig laghdú géar ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI), faoi 3.3 % (in aghaidh na bliana) in R2-2020, ach tháinig téarnamh air faoi dheireadh na bliana agus bhí sé fós cobhsaí idir 2019 agus 2020 ar an iomlán (agus laghdú 0.25 % ann). Ba mhó an laghdú ar chúitimh fostaithe (-5.5 %), ach tháinig laghduithe móra ar chúiteamh na ndaoine féinhostaithe (-1.4 %) agus ar ioncam maoin glan ó cháin (-3.3 %) freisin – féach Fíor 3. Le linn 2020, chuir sochair shóisialta glan ó cháin go mór leis an ioncam foriomlán, agus bhí ról tábhachtach acu maidir leis an laghdú foriomlán ar ioncaim teaghlaigh a mhaolú sa dara ráithe, arna dtacú leo go pointe áirithe le coigeartuithe ar chánacha ar ioncam agus ar mhaoin. Leanadh leis an treocht sin in R2 agus R3-2020 agus in R1-2021, agus na laghduithe ar chúiteamh daoine fostaithe agus daoine féinhostaithe (tá laghdú mór tagtha orthu i gcomparáid leis an laghdú sa dara ráithe) agus an laghdú ar ioncam glan ó cháin ó mhaoin á bhfritháireamh, agus níos mó ná sin fiú, le fás ar ioncam ó shochair shóisialta. I bhfianaise laghdú 6 % ar ioncam margaidh agus ar an bhfíor-OTI in aghaidh na bliana, léirítear leis an gcobhsaíocht seo in ioncaim teaghlaigh chomhiomlána an tacaíocht a soláthraíodh leis na beartais lánroghnacha eisceachtúla a cuireadh i bhfeidhm chun tionchar sóisialta na géarchéime agus tionchair chobhsaitheacha na cosanta sóisialta agus na gcóras cánach a mhaolú. Ba chor cinniúnach na hathruithe in R2-2021: tháinig méadú tapa ar an bhfíor-OTI agus ar chúiteamh fostaithe, thart ar an ráta céanna a crapadh iad an bhliain roimhe sin, in R2-2020. Ar an iomlán, méadaíodh an fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh níos mó ná mar a crapadh é an bhliain roimhe sin, a bhuí le sochair shóisialta glan ó cháin ag dul i laghad ar luas níos moille ná foinsí ioncaim eile.

Fíor 3: Bhí cobhsaíocht leathan in ioncam teaghlach comhiomlán ar an meán san Aontas i gcomhthéacs COVID-19 mar thoradh ar an bhfreagairt bheartais gan fasach

Fás OTI, fás ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh agus ar na príomh-chomhpháirteanna a bhaineann leis (AE-27)



Nótaí: Ríomhanna DG EMPL. Rinneadh díbhóilsciú ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh ainmniúil trí úsáid a bhaint as innéacs praghsanna an chaiteachais teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach. Déantar an fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh le haghaidh an Aontais a mheas mar mheán ualaithe luachanna na mBallstát le haghaidh na mBallstát sin a bhfuil sonraí ráithiúla bunaithe ar ESA2010 ar fáil acu (95 % d'Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh an Aontais ar an iomlán).

Foinse: Eurostat, Cuntais Náisiúnta [[nasq_10_nf_tr](#)] agus [[namq_10_gdp](#)]. Ní dhéantar coigeartú de réir séasúir ar na sonraí sin.

Ar an iomlán, bhí neamhionannas ioncaim fós cobhsaí, a bheag nó a mhór, i bhformhór na mBallstát. De réir mheastacháin shealadacha Eurostat²⁰, bhí an meánchóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) san Aontas fós cobhsaí nó cláraíodh laghdú beag ina leith in 2020. Ba í an tacaíocht phoiblí mhór a cuireadh i bhfeidhm agus an chobhsaíocht uathoibríoch láidir lena maolaíodh iarmhairtí na géarchéime, go háirithe le haghaidh grúpaí leochaileacha, a chuir leis sin arís. Cé go meastar gur tháinig laghdú 10 % ar ioncaim fostaíochta maidir leis na chéad chuaintilí ioncaim agus laghdú 2 % maidir leis an gcúigiú cuaintilí ioncaim, bhí an tionchar foriomlán ar ioncaim dhiúscairtha imshrianta den chuid is mó ar fud an dáilte ioncaim fhoriomláin, a bhuí le tionchar réitithe na gcóras cánach agus sochair, agus le feidhmiú scéimeanna oibre gearr-ama agus scéimeanna coinneála post eile.

Bhí sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta fós cuibheasach cobhsaí sa chéad bhliain de phaindéim COVID-19. In 2020, bhí thart ar dhuine amháin as cúigear i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta²¹ (AROPE) san Aontas (21.9 %). Bhí na trí chomhpháirt uile den táscaire AROPE cobhsaí nó measadh iad a bheith cobhsaí maidir le formhór na mBallstát in aghaidh na bliana. De réir mheastacháin shealadacha Eurostat, níor tháinig athrú ar an ráta riosca bochtaineachta (AROP) i leathchuid na mBallstát ar a laghad i gcomparáid le 2019. Léirítear leis na meastacháin sin gur maolaíodh tionchar ghéarchéim COVID-19, gur cobhsaíodh ioncaim, agus gur cuireadh go mór le méadú ar na rioscaí bochtaineachta a chosc leis na bearta beartais a tugadh isteach le déanaí, i gcomhar leis na córais cánach agus sochair. Leis sin, cuireadh le cobhsaíocht leathan sa ráta díothachta ábhartha agus sóisialta (6.8 %, níl ann ach méadú 0.2 ccc). Bhí sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh nach bhfuil nach mór aon duine fostaithe iontu fós cobhsaí freisin (ag 8.2 %, níl ann ach méadú 0.1 ccc), rud a léirigh an tionchar imshrianta ó thaobh caillteanais post, a chuir bearta oibre gearr-ama agus bearta coinneála post eile leis freisin. Is cineál bochtaineachta atá ag dul i dtábhacht í an bhochtaineacht fuinnimh. An 13 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal *Tackling rising energy prices* [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde]²², rud a chuir córais cánach agus sochair, bearta tacaíochta ioncaim spriocdhírthe agus beartais athchóirithe cuimsitheacha i dtábhacht mar phríomhghnéithe bosca uirlisí chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus chun dul i ngleic le tionchar láithreach na méaduithe ar phraghsanna.

²⁰ Arna bhfoilsíú i mí Iúil 2021, ar fáil ar [shuíomh gréasáin Eurostat](#). Beidh na sonraí foriomlána le haghaidh 2020 ar fáil in 2022.

²¹ Féach Caibidil 1.3 chun mionsonraí a fháil faoi na comhpháirteanna agus na blianta tagartha faoi seach.

²² Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support* [Dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde: sraith straitéisí i gcomhair gníomhaíochta agus tacaíochta], [COM \(2021\) 660 final](#)

Bhí an ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta (AROPE) i gcás leanaí cobhsaí freisin ach ba mhó na difríochtaí idir tíortha agus bhí méadú ar an mbochtaineacht airgeadaíochta ann. Bhí níos mó éagsúlachta sa ráta AROPE maidir le leanaí ar fud na mBallstát: chláraigh ceithre Bhallstát luachanna os cionn 30 %, agus chláraigh ceithre Bhallstát eile luachanna faoi 15 %. Ina theannta sin, ba lú an srian leis an mbochtaineacht airgeadaíochta, toisc gur tháinig méadú substaintiúil uirthi in aon trian de na Ballstáit in 2020. Bhí tuismitheoirí aonair agus teaghlaigh mhóra i bhfad níos mó i mbail bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ná teaghlaigh a bhfuil 1-2 leanbh iontu (42.1 % agus 29.6 % ar an meán san Aontas, faoi seach).

Is dúshlán é an bhochtaineacht i measc daoine fostaithe fós. Tháinig méadú 0.5 ccc ar bhochtaineacht an lucht oibre in AE-27 (ó 8.5 % go 9 %) idir 2010 agus 2019 (níl na sonraí le haghaidh an mheáin Eorpaigh in 2020 ar fáil go fóill). I gcoitinne, bíonn oibrithe leochaileacha i gcúinsí níos deacra: bíonn baol níos airde maidir le bochtaineacht an lucht oibre ann dóibh siúd atá ar chonarthaí sealadacha, seachas dóibh siúd atá ar chonarthaí buana (16.2 % vs 5.9 %), rud is amhlaidh freisin i gcás oibrithe ar bheagán oiliúna i gcomparáid le hoibrithe ardoilte (19 % vs 4.9 %), agus i gcás daoine nár rugadh san Aontas i gcomparáid le daoine a rugadh san Aontas (20.1 % vs 8.1 %).

D’ainneoin athléimneacht shóisialta ar an leibhéal comhiomlán, rinneadh dochar níos mó do ghrúpaí leochaileacha de bharr ghéarchéim COVID-19. Bhí tionchar díréireach ag bearta gaibhniúcháin ar dhaoine faoi mhíchumas²³, mar shampla, go háirithe ó thaobh rochtain ar chúram sláinte, ar an oideachas agus ar sheirbhísí tacaíochta eile ar líne, rud a chuir le srianta a bhí ann roimhe sin maidir le rochtain ar an bhfostaíocht. Maidir le daoine a bhfuil cúlra imirceach acu, baineann rátaí AROPE leo arb ionann iad agus rátaí a bhíonn a dhá oiread níos airde uaireanta ná na rátaí a bhaineann leis na daoine dúchasacha.²⁴ De bharr dhianghlásálacha na paidéime, ní raibh go leor Romach a chónaíonn i lonnaíochtaí leithscartha aon fhoinsé ioncaim ná gníomhaíocht eacnamaíoch (foirmiúil nó neamhfoirmiúil) a fháil, rud a chuir leis na rátaí bochtaineachta a bhaineann leo a bheith ag dul in olc níos mó.²⁵

²³ An Coimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe 2021, June 2021* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2021, mí an Mheithimh 2021]

²⁴ Mar a léirítear leis na táscairí Eurostat [[ilc_peps06](#)] AROPE le haghaidh daoine a rugadh ar an gcoigríoch agus daoine a rugadh san Aontas.

²⁵ De réir suirbhéanna arna ndéanamh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) in 2016 (tíortha AE 9) agus in 2019 (tíortha AE 5). Féach SWD(2020) 530 final.

1.3 An Scórchlár Sóisialta Athbhreithnithe: achoimre ar na dúshláin a bhaineann le prionsabail an Cholúin

Bíonn an anailís sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 ag brath ar shraith athbhreithnithe príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta arna bhformhuiniú ag an gComhairle²⁶. Le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, arna fhoilsiú i mí an Mhárta 2021, cuireadh togra le haghaidh an Scórchláir Shóisialta athbhreithnithe i láthair agus ina dhiaidh sin, rinne an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) plé air agus d'fhorghuinigh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) é an 14 Meitheamh 2021. Is é is aidhm don athbhreithniú Prionsabail an Cholúin a chumhdach ar bhealach níos cuimsithí, rud a neartaíonn ról an Scórchláir Shóisialta mar an bpríomh-uirlis chainníochtúil chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo an Cholúin a chur chun feidhme i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Leis an Scórchlár athbhreithnithe, cuirfear leis na huirlisí faireacháin atá ann cheana freisin, go háirithe an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta²⁷.

²⁶ Tharla pléití leis na Ballstáit i nGrúpa Táscaire an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus i bhFoghrúpa Táscaire an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC). D'fhorghuinigh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí tuairim an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta á tuairisciú ar chomhaontú ar thángthas maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta an 14 Meitheamh.

²⁷ Is tuarascálacha bliantúla iad an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (EPM) agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (SPPM) arna n-ullmhú faoi seach ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta. Sainaitnítear leo treochtaí ar cheart breathnú orthu, príomhdhúshláin fostaíochta agus shóisialta sna Ballstáit, agus déantar faireachán leo ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna fostaíochta agus sóisialta ábhartha ar fud an Aontais a bhaint amach.

Leis na príomhtháscairí sa Scórchlár Sóisialta, tacaítear le faireachán a dhéanamh ar 18 as na 20 prionsabal Colúin²⁸ (ceithre phrionsabal Colúin níos mó ná faoin leagan roimhe seo), rud a chuireann le measúnú a dhéanamh ar phríomhdhúshláin fostaíochta agus shóisialta sna Ballstáit. Rinneadh athbhreithniú ar na príomhtháscairí de réir phrionsabail na barainne, na hinfhaighteachta, na hinchomparáideachta, agus na stóinseachta staidrimh. Is mar a leanas atá na táscairí, nasctha le gach ceann de na trí chaibidil Colúin (léirítear táscairí nua le **, agus léirítear táscairí athbhreithnithe le *)²⁹:

- *Comhdheiseanna*

- Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas (25-64 bliana d’aois)**
- Sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (18-24 bliana d’aois)
- Sciar an daonra a bhfuil bun-scileanna digiteacha ar an iomlán nó scileanna digiteacha níos airde ná bunscileanna digiteacha acu (16-74 bliana d’aois)
- Daoine óga nach bhfuil fostaithe ná san oideachas ná faoi oiliúint (ráta NEET), (15-29 bliana d’aois)
- Bearna inscne sa ráta fostaíochta (20-64 bliana d’aois)
- Neamhionannas ioncaim arna thomhas mar chóimheas idir cúigilí (S80/S20)

²⁸ Is iad prionsabail 7 agus 8, ‘Faisnéis faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostaithe’ agus ‘Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe’ faoi seach an dá phrionsabal nach gcumhdaítear go fóill. Baineann ceanglais cháilíochta dhochta le príomhtháscairí, ar gá brí shoiléir, normatach a bheith leo freisin. Go dtí seo, níorbh fhéidir táscaire den sórt sin a aimsiú le haghaidh na bprionsabal sin, ach déanfaidh an Coimisiún tuilleadh oibre air sin.

²⁹ Mar chuid den athbhreithniú, scriosadh an príomhtháscaire ‘Tuilleamh glan ó cháin oibrí lánaimseartha aonair a thuilleann an meánphá’.

- *Dálaí córa oibre*
 - Ráta fostaíochta (20-64 bliana d'aois)³⁰
 - Ráta dífhostaíochta (15-74 bliana d'aois)
 - Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (15-74 bliana d'aois)
 - An fíor-ollioncam indiúscartha teaghlach, per capita³¹
- *Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta*
 - An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta (0+ bliana d'aois) (AROE 0+)³²

³⁰ Ó 2021 i leith, i gcomhréir leis na Rialacháin ábhartha, bailíonn Eurostat, trí Institiúidí Staidrimh Náisiúnta na mBallstát agus de réir modheolaíocht athbhreithnithe, sonraí le haghaidh Shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair. Is é is aidhm don athrú seo feabhas a chur ar shonraí an mhargaidh saothair, ach ní mór cloí leis agus brí a bhaint as na hathruithe sna táscairí gar do thráth an athraithe, an 1 Eanáir 2021. Ina theannta sin, bíonn tionchar aige seo ar ráta NEET na n-óg, ar an ráta dífhostaíochta, ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí, ar an mbearna idir na hinscní sa ráta fostaíochta, ar na príomhtháscairí AROPE le haghaidh leanaí.

³¹ De réir mar a d'éiligh an Coiste um Chosaint Shóisialta é, déantar an táscaire sin a thomhas trí úsáid a bhaint as 'ioncam neamhchoigeartaithe' (i.e. gan aistrithe sóisialta comhchineáil a áireamh) agus trí thagairt d'úsáid aonaid caighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) a fhágáil ar lár ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na táscairí bunaithe ar EU-SILC.

³² In éineacht leis na trí chomhpháirt a bhaineann leis: I mbaol bochtaineachta, an daonra iomlán (AROP 0+), géardhíothacht ábhartha agus shóisialta, an daonra iomlán (SMSD 0+), agus sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine na hoibre an-íseal (teaghlaigh nach bhfuil nach mór aon duine fostaíthe iontu), 0-64 bliana d'aois (VLWI 0-64 bliana d'aois). Leasaíodh an táscaire AROPE in 2021 i bhfianaise sprioc nua 2030 an Aontais maidir leis an mbochtaineacht agus leis an eisiaimh sóisialta. Sa chomhthéacs sin, rinneadh athbhreithniú ar dhá chomhpháirt a bhaineann leis an táscaire (an díothacht agus teaghlaigh nach bhfuil nach mór aon duine fostaíthe iontu). Tagann comhpháirt na géardhíothachta ábhartha agus sóisialta in ionad chomhpháirt na géardhíothachta ábhartha. I gcás na dtáscairí uile a bhraiteann ar ioncam in EU-SILC, sainmhínítear an tréimhse thagartha ioncaim mar thréimhse 12 mí, ar nós bliain féilire nó cánach roimhe sin. Dá bhrí sin, tagraíonn na hathróa ioncaim a bhaineann le ríomh na dtáscairí AROP agus VLWI don bhliain féilire roimh an mbliain a ndearnadh an suirbhé cé is moite d'Éirinn (12 mí roimh an suirbhé). Níl aon athróg ioncaim sa ríomh a dhéantar i ndáil le táscaire na géardhíothachta ábhartha agus sóisialta; dá bhrí sin, tagraíonn na hathróa EU-SILC uile a úsáidtear chun an táscaire sin a ríomh don bhliain suirbhé iarbhrí.

- An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta (0-17 mbliana d'aois) (AROE 0-17)**³³
- Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta³⁴
- An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (20-64 bliana d'aois)**³⁵
- An ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta**³⁶

- ³³ In éineacht leis na trí fhotháscaire a bhaineann leis: I mbaol bochtaineachta, leanaí (AROE 0-17 mbliana d'aois), Géardhióthacht ábhartha agus shóisialta, leanaí (SMSD 0-17 mbliana d'aois), agus Sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine na hoibre an-íseal (teaghlaigh nach bhfuil nach mór aon duine fostaíthe iontu), leanaí (QJ 0-17 mbliana). Is leagan modhnaithe de SMSD maidir leis an daonra foriomlán é SMSD maidir le leanaí, ina dtugtar ualach níos ísle d'earraí daoine fásta, chun nach mbeidh táscaire na leanaí ró-íogair maidir le díothachtaí daoine fásta. Is ionann na blianta tagartha agus blianta tagartha na dtáscairí le haghaidh an daonra iomláin.
- ³⁴ Déantar é sin a thomhas mar an laghdú céatadán, i measc an daonra fhoriomláin, de sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta (ioncaim) roimh agus tar éis aistrithe sóisialta.
- ³⁵ Ríomhtar táscaire na bearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas le Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála faoi láthair agus tá sé bunaithe ar an stádas míchumais mar a thugtar leis an Innéacs ar Shrian le Gníomhaíocht Iomlán (GALI). Freagróidh freagróirí an tsuirbhé na ceisteanna a leanas: 1) 'An bhfuil tú teoranta mar gheall ar fhadhb sláinte i ngníomhaíochtaí a dhéanann daoine de ghnáth? An ndéarfá go bhfuil tú ... thar a bheith teoranta; teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta; nó gan a bheith teoranta ar chor ar bith?' Más é 'thar a bheith teoranta' nó 'teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta' freagra cheist 1), freagróidh freagróirí an tsuirbhé ceist 2) 'An bhfuil tú teoranta le 6 mhí anuas ar a laghad? Tá nó Níl?'. Meastar go bhfuil duine faoi mhíchumas más é 'Tá' freagra na dara ceiste. Mar a ríomhtar le Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála, feictear comhghaol idir leitheadúlacht an mhíchumais bunaithe ar choincheap an Innéacs ar Shrian le Gníomhaíocht Iomlán agus ar an mbeartas fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas atá bunaithe air in 2020 ar fud Bhallstáit AE27 (comhéifeacht chomhghaolúcháin Pearson = -0.6).
- ³⁶ Leis an táscaire, déantar sciar an daonra a chónaíonn i dteaghlaigh inarb ionann na costais tithíochta fhoriomlána agus níos mó ná 40 % d'ioncam diúscartha (iad araon glan ó lamháltais tithíochta). De réir na tuairisce a thugtar in [Methodological Guidelines and Description of EU-SILC variables](#) [Treoirilínte agus Tuairisc Mhodheolaíoch ar athróa Staidreamh an Aontais Eorpaigh maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála] (leagan mhí Aibreáin 2020) áirítear sochair cíosa agus sochair a fhaigheann úinéirí lonnaitheacha, ach seachas sochair cánach agus aistrithe caipitil, le lamháltais (ní áirítear ach lamháltais a mbaineann tástáil acmhainne leo). Leis an doiciméad, sainmhínítear costais tithíochta mar chostais mhíosúla agus costais arna n-íoc iarbhair, a bhaineann le ceart an teaghlaigh a bheith ina chónaí sa chóiríocht. Tá árachas struchtúrach (le haghaidh tionóntaí: má íoctar é), seirbhísí agus muirir (baint camrais, baint bruscair, etc. san áireamh iontu; sainordaitheach le haghaidh úinéirí, le haghaidh tionóntaí: má íoctar iad), cothabháil agus deisiúcháin thráthrialta, cánacha (le haghaidh an tionónta: ar an teaghais, más infheidhme) agus costas na bhfóntas (uisce, leictreachas, gás agus téamh). Le haghaidh úinéirí a bhfuil morgáiste á íoc acu, tá íocaíochtaí úis gaolmhara (aon fhaoiseamh cánach a asbhaintear, seachas sochair tithíochta nach n-asbhaintear) san áireamh. Le haghaidh tionóntaí ar phraghas an mhargaidh nó ar phraghas laghdaithe, tá íocaíocht cíosa san áireamh. Le haghaidh tionóntaí atá saor ó chíos, níor cheart sochair tithíochta a asbhaint ón gcostas tithíochta foriomlán.

- Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil
- Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (16+ bliana d'aois)³⁷.

Leis an príomhtháscaire ‘An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas’, baintear úsáid as Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála mar an bhfoinse staidrimh ar bhonn sealadach, ach athróidh sé go Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair chun cruinneas feabhsaithe a bhaint amach amhail ó 2022, agus chun sonraí a sholáthar in 2023.

Leanfaidh seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear Eurostat, d'fhaireachán a dhéanamh ar a cháilíocht agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an táscaire sa mheántearma, tráth a bheidh sonraí atá bunaithe ar an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair ar fáil (2023), agus tacóidh sé le tuilleadh céimeanna chun feabhas a chur ar an inchomparáideacht trastíre agus chun forbairt táscairí breise sa réimse sin a fhiosrú. Leis an príomhtháscaire ‘Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas’, baintear úsáid as Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair ó 2022 i leith freisin.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an táscaire i gcomhar le Eurostat agus déanfaidh sé anailís chuimsitheach ar na sonraí ón dá fhoinse suirbhé nuair a bheidh siad ar fáil (2023) chun cáilíocht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú. Chun an faireachán ar Threoirlínte Fostaíochta 6 agus 7 a áirithiú, lena n-áirítear maidir le beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair, baintear úsáid eisceachtúil as an táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 4 seachtaine anuas (25-64 bliana d'aois) sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022.

³⁷ Baineann an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú leis an measúnú suibíachtúil a dhéanann duine ar an gceist an raibh scrúdú nó cóireáil de dhíth air i leith cineál sonrach cúraim sláinte ach nach ndearnadh sin nó nár lorg sé sin ar cheann de na trí chúis a leanas: ‘Cúiseanna airgeadais’, ‘Liosta Feithimh’ agus ‘Achar rófhada le taisteal’. Is éard is cúram leighis ann na seirbhísí sláinte aonair (scrúdú nó cóireáil leighis seachas cúram fíacla) a sholáthraíonn dochtúirí leighis nó gairmithe atá coibhéiseach leo de réir na gcóras sláinte náisiúnta nó a dhéantar faoi mhaoirseacht na ndaoine sin (sainmhíniú Eurostat). Maidir leis na fadhbanna a thuairiscíonn daoine maidir cúram a fháil nuair atá siad tinn, is féidir gur léiriú iad ar bhacainní ar chúram.

Déantar faireachán ar príomhtháscairí trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht choiteann arna comhaontú ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta (féach Iarscríbhinn 4 chun tuilleadh mionsonraí a fháil). Leis an modheolaíocht sin, déantar meastóireacht ar an staid agus ar na forbairtí sna Ballstáit trí dhíriú ar leibhéil agus ar athruithe i ndáil leis an mbliain a tháinig roimh³⁸ gach ceann de na príomhtháscairí a áirítear sa Scórchlár Sóisialta. Aicmítear leibhéil agus athruithe de réir a bhfaid ó mheánrátaí neamhualaithe an Aontais faoi seach. Cuirtear feidhmíocht na mBallstát ar leibhéil agus ar athruithe le chéile ansin trí úsáid a bhaint as riail chomhaontaithe ionas go sanntar gach Ballstát do chatagóir amháin as seacht gcatagóir ('na gníomhaithe is fearr', 'níos fearr ná an meán', 'ar an meán/neodrach', 'go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu', 'lag ach ag feabhsú', 'le breathnú orthu' agus 'cásanna criticiúla'). Ar an mbonn sin, soláthraítear i dTábla 1 achoimre ar léamha an scórchláir de réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil le haghaidh gach táscaire.

Léirítear le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta príomhdhúshláin i mBallstáit an Aontais sna trí réimse, is iad sin comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí córa oibre agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Ó thaobh 'cásanna criticiúla' (dearg i bhFíor 4), bíonn dúshláin shuntasacha roimh líon cuibheasach mór Ballstát fós i ndáil le staid mhargadh saothair na mban agus rannpháirtíocht leanaí atá i gcúram leanaí foirmiúil (lena mbaineann cúig fholáireamh maidir leis an dá tháscaire araon). Tagann ábhair inní chun cinn i líon cuibheasach mór Ballstát de bharr torthaí margaidh saothair grúpaí eile, agus an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas agus ráta NEETanna na hóige ina bhfoláirimh maidir le sé thír agus ceithre thír faoi seach. Tá luathfhágáilithe ón oideachas agus ón oiliúint fós criticiúil maidir le ceithre Bhallstát. Ar deireadh thiar thall, i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta, tá tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta rithábhachtach i líon ard Ballstát (6), agus bíonn dúshláin chriticiúla i ndáil le rioscaí bochtaineachta go ginearálta agus bochtaineacht leanaí go háirithe roimh suas le ceithre Bhallstát. Tá cóimheasa idir cúigilí ioncaim 'criticiúil' freisin i gceithre Bhallstát. Agus an raon feidhme á leathnú chun na cásanna ar cheart 'le breathnú' a chumhdach freisin, anuas ar na cásanna 'criticiúla', leis na trí tháscaire a bhaineann le NEETanna na hóige, tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta, agus leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil, cuirtear na cásanna is casta i dtábhacht le deich dtír maidir leis an gcéad dá tháscaire agus le haon tír déag maidir leis an táscaire deireanach. Cuirtear anailís mhionsonraithe ar na sé tháscaire dhéag, lena n-áirítear treocheaí atá níos fadtéarmaí, agus táscairí breise i gcás inarb ábhartha, i láthair i gCaibidil 2.

³⁸ Cé is moite d'Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh, a dhéantar a thomhas mar innéacsuimhir (2008=100, rud a léiríonn athrú i gcomparáid leis an ráta a bhí ann roimh an ngéarchéim), i gcomhréir leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta.

Tacaíocht airgeadais agus theicniúil d'fhostaíocht, scileanna agus bearta beartais shóisialta

Soláthraítear cistiú suntasach ón Aontas trí uirlisí airgeadais éagsúla chun tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Le thart ar EUR 500 billiún (lena n-áirítear cómhaoiniú náisiúnta) le haghaidh na tréimhse 2021-2027, is é is aidhm do chistí beartais comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh (go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, CSE+, agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, (CFRE)) éagothromaíochtaí socheacnamaíocha a laghdú, tacú le cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta in airde agus athrú struchtúrach a chothú. I mí na Bealtaine 2020 mhol an Coimisiún NextGenerationEU (EUR 807 billiún i bpraghsanna reatha, leabaithe i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh 2021-2027) chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na géarchéime a mhaolú, athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú agus geilleagair agus sochaithe an Aontais a ullmhú ar bhealach níos fearr le haghaidh dhúshláin agus dheiseanna na n-aistrithe glasa agus digiteacha, lena n-áirítear i ndáil le diminsean an chothroim. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) nua i gcroílár NextGenerationEU (tuilleadh mionsonraí thíos). Treisítear tionchar cistithe ón Aontas a thuilleadh trí chúnamh teicniúil a mhaoinítear tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Is é is aidhm don Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil – nuair a éilítear é – tacú le húdaráis náisiúnta maidir le comhairle beartais cheannródaíoch agus forbairt acmhainne shaincheaptha i réimsí tosaíochta maidir le hathchóiriú, lena n-áirítear i réimsí an mhargaidh saothair, na scileanna agus an bheartais shóisialta. Féadfar tacaíocht theicniúil a thairiscint ar bhonn déthaobhach nó iltire.


Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (a bhfuil luach EUR 723.8 billiún i bpraghsanna reatha uirthi), soláthraítear tacaíocht airgeadais ar mhórsála d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí sna Ballstáit a chuireann le fás agus cruthú post inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus aird ar leith a dhíriú ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí sin lena dtéitear i ngleic leis na dúshláin a shainaithnítear sna Moltaí Tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Tá suas le ceithre cholún as na sé cholún lena sainmhínítear sainchúram na Saoráide ábhartha maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta: fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach; comhtháthú sóisialta agus críochach; an tsláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, agus beartais le haghaidh na chéad ghlúine eile, na leanaí agus na hóige. Mar thoradh air sin, tabharfar aird chuí ar fhostaíocht, ar scileanna agus ar réimsí an bheartais shóisialta atá sna pleananna athshlánaithe agus athléimneachta arna gcur síos ag na Ballstáit, arna bhformhuiniú ag an gCoimisiún agus arna bhformheas ag an gComhairle.

Le buiséad de bheagnach EUR 99.3 billiún le haghaidh na tréimhse 2021-27, maidir le beartais na mBallstát i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus an bheartais shóisialta, tacóidh CSE+ leo, comhlánóidh sé iad agus cuirfidh sé luach leo. Leis an gCiste, maoineofar bearta lena n-áiríteofar comhdheiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre córa agus ardchaighdeán, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, agus aird ar leith a dhíriú ar oideachas agus oiliúint ardchaighdeán agus cuimsitheach, foghlaim ar feadh an tsaoil, infheistíocht i leanaí agus i ndaoine óga agus rochtain ar bhunseirbhísí. Ag tús ghéarchéim COVID-19, le cistí comhtháthaithe soláthraíodh freagairt thapa faoin Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas agus faoin Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus (CRII agus CRII+), rud a chuir le méadú glan ó cháin os cionn EUR 11 billiún le haghaidh bearta fostaíochta agus bearta cúraim sláinte faoi mhí na Samhna 2021. Le Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) a bhfuil luach EUR 50.6 billiún breise air, cuireadh leis na hinniúlachtaí chun leigheas dhíobháil na géarchéime a neartú sna Ballstáit. Ar deireadh thiar thall, soláthraíodh EUR 100 billiún in iasachtaí tríd an Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta i gcás Éigeandála (SURE) a mhaolú de rogha ar scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta coinneála post, go háirithe le haghaidh daoine féinfhostaithe.

Mar chuid de Phlean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, bunaíodh an Sásra um Aistriú Cóir (JMT) chun tacú le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta. Is é an Ciste um Aistriú Cóir (JTF)³⁹ an chéad cholún, a leagtar síos i gcreat an bheartais chomhtháthaithe, lena soláthraítear EUR 19.3 billiún chun tionchair dhochracha phróiseas an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach a mhaolú trí thacú leis na críocha is mó a ndéantar dochar dóibh.

³⁹ Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir; [EUR-Lex - 32021R1056 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](https://eur-lex.europa.eu/lexuris/ui/1/1056)

Fíor 4: Fostaíocht, scileanna agus dúshlán shóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais de réir príomhtháscaire sa Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe



Nótaí: 1) níl sonraí le haghaidh an táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ar fáil go fóill; 2) tagraíonn an táscaire maidir le scileanna digiteacha do shonraí 2019; 3) Tá sonraí ar iarraidh le haghaidh roinnt tíortha i roinnt táscairí: cuirtear na heochracha le haghaidh gach táscaire i láthair san Iarscríbhinn.

Tábla 1. Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta: achoimre ar dhúshláin ar fud na mBallstát

		Bliain	Na gníomhaíthe is fearr	Níos fearr ná an meán	Go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu	Ar an meán / neodrach	Lag ach ag feabhsú	Le breathnú orthu	Cásanna criticiúla
Comhdheiseanna	Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)	2020	EL, HR, IE, SI	EE, LV, PL, PT	LT	AT, BE, DE, DK, FR, NL, SK	ES, MT	CY, CZ, FI, LU, SE	BG, HU, IT, RO
	Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair	2019	DE, DK, FI, NL, SE	AT, CZ, EE, EL, HR, IE	LU	BE, ES, FR, LT, MT, PT, SI, SK		CY, HU, PL	BG, LV, RO
	Ráta NEET an aosa óig (% den daonra idir 15-29 mbliana d'aois)	2020	DE, LU, NL, SE	AT, BE, DK, FI, HR, MT, SI		CZ, EE, FR, LV, PL	RO	CY, HU, IE, LT, PT, SK	BG, EL, ES, IT
	An bhearna fostaíochta idir na hinscíní	2020	FI, LT, LV	DE, DK, EE, FR, LU, PT, SE, SI		AT, BE, BG, CY, ES, HU, IE, NL	EL, MT	HR, SK	CZ, IT, PL, RO
	Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)	2020	CZ, SI, SK	AT, BE, DK, FI, IE, NL, PL, SE		CY, EE, EL, FR, HR, HU, LU, PT	RO	ES, MT	BG, DE, LT, LV
Dátaí córa oibre	Ráta fostaíochta (% den daonra idir 20-64 bliana d'aois)	2020	CZ, DE, NL, SE	DK, EE, FI, HU, LT, LV, MT, PL		CY, FR, LU, PT, SI, SK	HR	AT, BE, BG, IE, RO	EL, ES, IT
	Ráta difhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)	2020	CZ, PL	BG, DE, FR, HU, MT, NL, RO, SI		AT, BE, CY, DK, FI, HR, IE, LU, PT, SE, SK	EL, IT	EE, LT, LV	ES
	Ráta difhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)	2020		CZ, DE, DK, FI, HU, MT, NL, PL, PT, SE	EE	BE, BG, CY, FR, HR, IE, LV, RO, SI	EL, IT	AT, LT, LU, SK	ES
	Fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita (2008=100)	2020	HU, LT, PL	CZ, IE, LU, LV, MT, SI, SK		DE, DK, FI, FR, HR, NL, PT, SE		AT, BE	CY, EL, ES, IT
Cosaint shóisialta agus cuimsiú shóisialta	An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta	2020	CZ, SK	AT, CY, DK, NL, PL, PT, SE	FI, SI	EE, FR, HR, HU, LU, MT	EL, LV	BE, DE, IE, LT	BG, ES, RO
	An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta maidir le leanaí (0-17)	2020	CZ, DK, FI, SI	EE, HR, HU, LT, NL, PL, SE, SK		BE, CY, FR, IE, LU, LV, MT, PT		AT, DE	BG, EL, ES, RO
	Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta	2020	DK, FI, FR, IE	BE, DE, HU, LU, SE, SI	AT	CY, CZ, EE, NL, PL, SK		EL, LT, PT	BG, ES, HR, LV, MT, RO
	An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas	2020	DK, FI, LV, PT	AT, EE, ES, LT, LU	FR, SI	CY, CZ, EL, NL, SK	IE	HU, MT, PL, RO, SE	BE, BG, DE, HR
	Ró-ualach costais tithíochta	2020		CY, FI, HR, IE, LT, MT, PT, SI, SK		AT, BE, CZ, ES, HU, LU, LV, NL, PL, RO, SE	EL	BG, DK, EE	DE
	Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil	2020	BE, DK, FR, LU, NL, PT, SE	SI	ES	EE, FI, LV, MT	HR	AT, BG, CY, DE, EL, IE, LT	CZ, HU, PL, RO, SK
	Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú	2020		AT, CY, CZ, DE, ES, HU, LU, MT, NL		BE, BG, DK, FR, HR, IE, LT, PT, SE, SI, SK	EE, EL	FI, LV, RO	PL

Nóta: nuashonrú an 13 Eanáir 2021. An cóimheas idir cúigilí ioncaim, An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta, An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta, maidir le leanaí, Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta, An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, An ró-ualach maidir le costas tithíochta, Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil agus An gá le cúram leighis nach soláthraítear in Eirinn ná san Iodáil nár riaradh arna fhéintuairisciú. Níl fás an Ollioncaim Indiúscartha Teaghlaigh ar fáil maidir leis an mBulgáir, an Eastóin agus an Rómáin. Tuairiscítear bristeacha i sraitheanna agus i bhfoláirimh in Iarscríbhinní 1 agus 2.

1.4 Príomhspríocanna an Aontais faoi 2030

Leag an tAontas trí phríomhspríoc le haghaidh 2030 amach maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, mar a chuirtear i láthair i bPlean Gníomhaíochta

Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Maidir leis na príomhspríocanna, ba dhíol sásaimh iad do cheannairí an Aontais i nDearbhú Porto an 8 Bealtaine agus do Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh agus formhuiníodh iad ag Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí mhí an Mheithimh.⁴⁰ In éineacht leis na spríocanna comhlántacha a chuirtear i láthair thíos, léirítear na trí chaibidil den Cholún leo, i.e. comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí córa oibre agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta⁴¹. Leis na trí spríoc, cuideofar le gníomhaíocht a stiúradh i dtreo samhail téarnaimh agus fáis ina mbeidh poist ar fáil go flúirseach, ina dtacóidh foghlaim ar feadh an tsaoil le hoibrithe leas a bhaint as athruithe ó bhonn ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí, agus lena rachfar i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiaimh sóisialta san Aontas agus lena gcuirfear leis na Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Leagtar amach ar leibhéil uailmhianacha ach réadúla iad, agus an comhthéacs socheacnamaíoch, treochtaí níos leithne agus na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí pleanáilte á gcur san áireamh, lena n-áirítear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Bunaithe ar spríocanna comhaontaithe, faoi 2030 san Aontas:

- Ba cheart 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe.⁴²
- Ba cheart 60 % ar a laghad de dhaoine fásta (25-64) a bheith ag tabhairt faoi chúrsa oiliúna gach bliain.
- Ba cheart laghdú 15 mhilliún ar a laghad a chur ar an líon daoine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.

⁴⁰ [Dearbhú Porto](#) agus na [Conclúidí](#) ó chruinniú na Comhairle Eorpaí (an 24 agus an 25 Meitheamh 2021) .

⁴¹ Comhlánaítear leo sin creatacha amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, an Clár Oibre Eorpach do Scileanna, an Limistéar Eorpach Oideachais, Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, agus an Deacáid Dhigiteach.


⁴² Leagadh an spríoc maidir leis an ráta fostaíochta amach i bhfianaise cásanna arna n-ionsamhlú ar bhonn rátaí fáis OTI féideartha agus réamh-mheastacháin daonra Eurostat go dtí 2030 agus ar bhonn na fostaíochta – an caidreamh OTI le linn théarnamh 2013-2019.

Tá na Ballstáit i mbun a spriocanna náisiúnta féin a leagan amach anois i gcomhréir leis na huaillmhianta a leabaítear i bpríomhspríocanna an Aontais. Le Gealltanas Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021 (arna síniú ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, ag Príomh-Aire na Portaingéile, ag comhpháirtithe sóisialta an Aontais agus ag an Ardán Sóisialta), iarradh ar na Ballstáit spriocanna náisiúnta uailmhianacha a leagan amach, arb ionann iad, agus aird chuí a thabhairt ar phointe tosaigh gach tíre, agus rannchuidiú leordhóthanach do bhaint amach na spriocanna Eorpacha. I mí Iúil 2021, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a dtograí tosaigh maidir le spriocanna náisiúnta 2030 a sheoladh. Déanfar faireachán ar phríomhspríocanna an Aontais agus ar spriocanna náisiúnta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

Mar a léirítear leis an bpríomhspríoc maidir leis an ráta fostaíochta, is príomhthosaíocht le haghaidh 2030 é ardleibhéal fostaíochta chun a áirithiú go bhféadfaidh gach duine ról foriomlán a ghlacadh sa gheilleagar agus sa tsochaí. Tá rannpháirtíocht sa mhargadh saothair tábhachtach chun tacú le hacmhainn fáis inbhuanaithe agus cuimsitheach, chun rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí a chothú agus chun cur le leordhóthanacht agus le hinbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta, i bhfianaise aosú an daonra freisin. Beidh dul chun cinn in aistrithe glasa agus in aistrithe an mhargaidh saothair dhigitigh tábhachtach maidir leis an sprioc sin a bhaint amach. Bhí ráta fostaíochta 72.4 % ar fud an Aontais in 2020, 5.6 ccc níos lú ná an uailmhian de 78 % a bhaint amach faoi 2030 a leabaítear sa phríomhspríoc (féach Fíor 5).

Leagadh spriocanna comhlántacha amach le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun rannpháirtíocht ban agus daoine óga sa mhargadh saothair a mhéadú, rud a thacódh leis an sprioc foriomlán maidir leis an ráta fostaíochta dá réir sin. Is é is aidhm do na spriocanna comhlántacha an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath, rud a mhéadódh soláthar oideachas foirmiúil agus cúram foirmiúil na luath-óige (ECEC), agus a laghdódh sciar na ndaoine óga (15-29) nach bhfuil fostaíochta ná san oideachas ná faoi oiliúint (NEETanna) go 9 %. Tá sé tábhachtach rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú chun acmhainn fáis fhéideartha a mhéadú, agus chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le haosú an daonra agus le lucht saothair atá ag dul i laghad. Le tacaíocht ó oideachas foirmiúil agus cúram foirmiúil na luath-óige, féadfaidh rannpháirtíocht níos láidre na mban sa mhargadh saothair cur le laghdú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear i measc leanaí, tríd an tionchar dearfach ar ioncaim teaghlach. Ar an gcaoi chéanna, chun an ráta NEET a laghdú, tá sé ríthábhachtach acmhainneacht neamhshaothraithe daoine óga a ghníomhachtú chun a rannpháirtíocht fhoriomlán sa tsochaí a áirithiú.

Fíor 5. Ráta fostaíochta na ndaoine idir 20 agus 64 bliana d'aois in 2020




Foinse: Eurostat, táscaire [\[tesem010\]](#)

Le príomhtháscaire 2030 maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím, léirítear an gá chun oiriúnú agus cumas a áirithiú chun leas a bhaint as tairbhí i gcomhthéacs riachtanais an mhargaidh saothair atá ag athrú go tapa, tar éis phaindéim gan choinne COVID-19 agus i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Le tionchar na paindéime ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí agus le hathruithe struchtúracha amach anseo, cuirtear an gá le hathcháiliú ar feadh na gairme agus le forbairt scileanna ar feadh an tsaoil i dtábhacht. Tá sé sin níos tábhachtaí ná riamh, ós rud é go bhfuiltear ag súil go n-athrófar ceanglais go leor post ó bhonn agus go gcruthófar poist nua leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Ina fhianaise sin, leagadh an príomhspríoc maidir le foghlaím daoine fásta amach ag 60 %, i gcomparáid le ráta 2016 ag 37.4 %⁴³ (féach Fíor 6). Leagadh sprioc 2030 amach ar leibhéal uailmhianach dá réir sin, agus spreagadh iarrachtaí treisithe an Aontais agus na mBallstát leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna, agus soláthraíodh cistiú suntasach breise ón Aontas le haghaidh oiliúna, lena n-áirítear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (féach Caibidil 2.2).

Ní féidir an sprioc maidir le foghlaím daoine fásta a bhaint amach ach le bunús maith i gcórais oideachais agus oiliúna, agus ní mór go freastalófar ar riachtanais an mhargaidh saothair amach anseo trí fháil scileanna. Is príomhghné an ghnóthachtáil oideachais maidir le hionchais fostaíochta daoine óga a chinneadh, agus lena leagtar amach bunús don fhoghlaím ar feadh an tsaoil freisin. D’ainneoin sin, níor ghnóthaigh suas le 15.7 % de dhaoine óga idir 20-24 bliana d’aois san Aontas ar a laghad oideachas meánscoile uachtaraí in 2020. Ar an gcúis sin, le Plean Gníomhaíochta an Cholúin, leagadh spriocanna comhlántacha amach maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú a thuilleadh agus rannpháirtíocht san oideachas meánscoile uachtaraí a mhéadú. Thairis sin, leis an sprioc comhlántach maidir le bunscileanna digiteacha ar a laghad a bheith ag 80 % ar a laghad de na daoine sin idir 16 agus 74 bliana d’aois, aithnítear go bhfuil príomhról ag na scileanna digiteacha sin maidir le rannpháirtíocht fhoriomlán sna margaí saothair agus sna sochaithe amach anseo a áirithiú. Tá gníomhaíocht sa réimse seo go háirithe práinneach de bharr an dul chun cinn mhall a ndearnadh ar fud an Aontais ó 2015 i leith (ó 54 % in 2015 go 56 % in 2019).

⁴³ Mar a chuirtear i láthair in 1.2, is ó 2016 atá na sonraí is déanaí le fáil. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an táscaire i gcomhar le Eurostat agus déanfaidh sé anailís chuimsitheach ar na sonraí ón dá fhoinsé suirbhé nuair a bheidh siad ar fáil (2023) chun cáilíocht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú.

Fíor 6. Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas (% , 2016)




Foinse: sliocht speisialta, ar fáil [ar líne ó Eurostat](#).

Tá sé fíor-riachtanach laghdú uailmhianach ar an mbochtaineacht agus ar an eisiaimh sóisialta a bhaint amach chun fás cuimsitheach agus cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch in airde a áirithiú san Aontas. Le sprioc 2030, leagtar amach go mbeidh laghdú 15 milliún níos lú duine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROE) faoi 2030.⁴⁴ In 2020, bhí ráta AROE ar fud an Aontais cothrom le 21.9 % (féach Fíor 7). Chun an uailmhian a leabaítear i sprioc an Aontais maidir le laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, is gá go ndéanfaidh na Ballstáit beart maidir le trí dhiminsean, is iad sin tacaíocht ioncaim, rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus lánpháirtiú sa mhargadh saothair.

Le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, leagadh sprioc comhlántach amach maidir le líon na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú. Tá sé ríthábhachtach díriú ar leanaí chun timthriall idirghlúine na bochtaineachta a bhriseadh agus chun cur le comhdheiseanna san Aontas. Chun a bheith tiomanta don uailmhian sin, beartaítear le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta líon na leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta a laghdú faoi 5 mhilliún ar a laghad faoi 2030.

⁴⁴ Agus cás déimeagrafach lárnach Eurostat le haghaidh dheacáid 2020 á chur san áireamh.

Fíor 7: An ráta AROPE le haghaidh an daonra fhoriomláin in 2020 (%)



Foinse: Táscaire Eurostat [[tepsr_lm410](#)]. B'ionann sprioc 2030 maidir le laghdú 15 mhilliún duine faoi 2030 agus ráta AROPE 17.6 % de réir an bhunluacha in 2019 agus chás déimeagrafach lárnach Eurostat le haghaidh dheacáid 2020.

Creatacha tagarmharcála lena dtacaítear le hanailísiú agus ceapadh beartas

Le Teachtairacht 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a leagan amach, beartaíodh an tagarmharcáil mar uirlis chun tacú le hathchóirithe struchtúracha agus chun cóineasú in airde sna réimsí fostaíochta agus sóisialta a chothú. Mar bheart iltaobhach, le creatacha tagarmharcála, tugtar le chéile táscairí cainníochtúla (maidir le feidhmíocht agus torthaí) agus an anailís cháilíochtúil ar ghnéithe a bhaineann le dearadh beartais agus seifteanna beartais a dhéanann dochar don dea-cheapadh beartas. Chomh maith le tacú le ceapadh beartas, leis na creatacha tagarmharcála, in éineacht le táscairí an Scórchláir Shóisialta, cuidítear le heolas a chur ar fáil don anailís sa Seimeastar Eorpach agus sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

Ó 2017 i leith, d'fhorbair an Coimisiún creatacha tagarmharcála agus rinneadh plé orthu leis na Ballstáit i roinnt réimsí, i gcomhréir le cur chuige comhionann arna chomhaontú ag an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC). Leis na creatacha, tugadh aghaidh ar na réimsí a leanas: 1) sochair dhífhostaíochta agus beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair, 2) scileanna agus foghlaim daoine fásta, agus 3) íosioncam. Tuairiscíodh príomhthorthaí na mbeart seo i dTuarascálacha Comhpháirteacha ar Fhostaíocht roimhe seo. Thosaigh an Coimisiún ag obair ar chreatacha breise a d'fhéadfaí a úsáid i dtimthriallacha Seimeastair amach anseo, go háirithe i gcomhar leis an gCoiste Fostaíochta maidir leis an bpá fosta a thagarmharcáil agus maidir leis an gcómhargáil a mhapáil, agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le leordhóthanacht pinsin agus maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí.

Chomhaontaigh an Coiste um Chosaint Shóisialta an creat maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí i mí Dheireadh Fómhair 2021. Sainithnítear táscairí torthaí (maidir le freastal ar oideachas na luathóige agus ar chúram na luathóige, an bhochtaineacht leanaí agus díothú a bhaineann le leanaí go sonrach) agus táscairí feidhmíochta (an bhearna sa fhreastal ar chúram leanaí maidir le leanaí ar fud na gcúigilí ioncaim, tionchar na n-aistrithe sóisialta ar an mbochtaineacht leanaí, bearnaí sa ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta agus sa ráta díothachta tithíochta maidir le leanaí, tionchar na tuismitheoireachta ar an bhfostaíocht san aoisghrúpa 25-49 agus sciar an daonra, idir 25 agus 49 bliana d'aois, atá neamhghníomhach nó atá ag obair go páirtaimseartha de bharr freagrachtaí cúraim, de réir inscne) ann. Chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na tacaíochta ioncaim, comhaontaíodh dhá tháscaire a bhaineann le hioncam lánúine nach bhfuil ag obair a bhfuil beirt leanaí acu agus a bhaineann le hioncam lánúine ina bhfuil saothraí aonair ar phá íseal a bhfuil beirt leanaí acu, agus an dá tháscaire ina sciar den tairseach bochtaineachta. Soláthraítear raon faisnéis chomhthéacsúil chun cásanna na mBallstát maidir le treochtaí faireacháin a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Cuirtear roinnt réimsí i dtábhacht maidir le tuilleadh oibre a dhéanamh orthu, go háirithe maidir le seifteanna beartais.

Tríd an gcomhthuisceant ar na táscairí ábhartha agus ar na seifteanna beartais ábhartha i réimse beartais a neartú, rannchuidítear go láidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta le creatacha tagarmharcála. Tar éis Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a ghlacadh, cuirfear an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe san áireamh sna creataí tagarmharcála amach anseo. Tuairiscítear príomhthorthaí na mbeart seo sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA mBALLSTÁT

2.1. Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar

Leis an roinn seo, táthar ag breathnú ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 5 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a chruthú chun an t-éileamh saothair agus cruthú post a chur chun cinn, i gcomhréir le prionsabail 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) agus 6 (pá) den Chólún. Le foroinn 2.1.1, díreann ar phríomhfhorbairtí sa mhargadh saothair, lena léirítear tionchar ghéarchéim COVID-19 freisin. Le foroinn 2.1.2, tuairiscítear ar na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme sna réimsí sin, agus aird ar leith a thabhairt ar na réimsí sin lena gcothaíodh fostaíocht le linn ghéarchéim COVID-19 agus lena dtacaítear le cruthú post.

2.1.1 Príomhtháscairí

Tar éis gur tosaíodh géarchéim COVID-19 gan choinne, cobhsaíodh torthaí an mhargaidh saothair in 2021. D'ainneoin laghdú 6 % in aghaidh na bliana ar OTI an Aontais in 2020, níor tháinig méadú ach 0.4 ccc ar an ráta dífhostaíochta, ó 6.7 % ar an meán go 7.1 % le linn na tréimhse céanna (agus méadú 1.4 ccc ar fhigiúirí míosúla ón bpointe íseal de 6.3 % roimh an ngéarchéim i mí an Mhárta 2020 go dtí an bhuaic de 7.7 % i mí Mheán Fómhair 2020). Le bearta tacaíochta i bhfoirm oibre gearr-ama agus le scéimeanna coinneála poist eile, cuireadh leis an méadú cuibheasach teoranta ar an dífhostaíocht. Le rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair, go príomha de bharr inní maidir le tógáil agus deiseanna laghdaithe maidir le post a fháil mar gheall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch maolaithe, maolaíodh an méadú sa ráta dífhostaíochta freisin. Cé go gcothófar cruthú post leis an téarnamh eacnamaíoch, níltear ag súil go sroichfear na leibhéil fostaíochta a bhí ann roimh an ngéarchéim roimh 2022. Is mar sin atá an scéal d'ainneoin go bhfuil an ráta dífhostaíochta ag teannadh leis an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim (6.7 %) i mí Mheán Fómhair 2021.

Bhí líon na n-oibrithe a bhí ag tairbhiú de scéimeanna oibre gearr-ama agus scéimeanna coinneála poist comhchineáil fós ard go dtí lár-2021. Thug gach Ballstát den Aontas scéimeanna oibre gearr-ama agus/nó scéimeanna coinneála poist comhchineáil isteach nó rinne siad iad a neartú linn ghéarchéim COVID-19. Le linn an chéad bhabhta den phaindéim (mí Aibreáin-mí na Bealtaine 2020), baineadh leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh amach maidir le húsáid scéimeanna den sórt sin (suas le 40 % de na fostaithe foriomlána i suas le 60 % de na cuideachtaí uile sna Ballstáit amhail an Fhrainc agus an Iodáil, féach Fíor 2.1.1). Baineadh úsáid shuntasach as na scéimeanna sin sa dara leath de 2020 agus sa chéad leath de 2021 freisin, bíodh is gur baineadh úsáid astu ar leibhéil níos ísle. Chuir na bearta tacaíochta sin go mór le srian a chur le tionchar na paindéime ar an margadh saothair, go háirithe ó thaobh rátaí fostaíochta agus go mór mór le haghaidh oibrithe ar ioncaim níos ísle (Eurostat, 2021⁴⁵). Cuireadh deireadh leis na scéimeanna i roinnt Ballstát (e.g. an Eastóin agus an Laitvia) agus tugadh isteach arís iad dá éis sin chun dul i ngleic le borradh na paindéime. Mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an bpaindéim, fuair 19 mBallstát, is é sin thart ar 31 milliún duine agus thart ar 2.5 milliún gnólacht ar an iomlán, tacaíocht ón Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta i gcás Éigeandála (SURE) in 2020⁴⁶. Beidh sé tábhachtach a áirithiú go n-éascófar próisis athstruchtúraithe tacaíochta le scéimeanna oibre gearr-ama agus nach gcuirfear moill ar choigeartaithe struchtúracha mar gheall orthu. Chuige seo, ba cheart bearta éigeandála eisceachtúla a chéimniú amach nuair is mithid é sin a dhéanamh.


⁴⁶ An dara tuarascáil maidir leis an Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) a chur chun feidhme (COM/2021/596).

Chuaigh an dífhostaíocht i bhformhór na mBallstát in olcas in 2020 i gcomparáid le 2019.

In 2020 tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta i ngach Ballstát seachas ceithre Bhallstát i gcomparáid le 2019 (féach Fíor 2.1.2), agus baineadh buaic an Aontais (7.7 %) amach i mí Mheán Fómhair 2020. Tá staid an Scórchláir Shóisialta fós ‘criticiúil’ sa Spáinn, inar taifeadadh méadú in 2020 ar an ráta dífhostaíochta a bhí ard cheana, agus tá an Ghréig agus an Iodáil ‘lag ach ag feabhsú’. Chuaigh staid na dífhostaíochta sna Stáit Bhaltacha go mór in olcas le linn 2020, cé go léirítear le sonraí le déanaí gur tharla téarnamh in 2021. Sa chéad 9 mí de 2021, taifeadadh na laghduithe ba láidre sa ráta dífhostaíochta sa Ghréig (-2.9 ccc), sa Liotuáin (-2.2 ccc) agus san Eastóin agus sa Chipir (-1.6 ccc). Taifeadadh feabhsuithe níos lú, ach níos airde ná 1 cc fós, sa Spáinn agus sa Phortaingéil le linn na tréimhse céanna.

Fíor 2.1.2: Tháinig méadú ar an dífhostaíocht i bhformhór na mBallstát in 2020

An ráta dífhostaíochta (idir 15 agus 74 bliana d’aois) agus an t-athrú bliantúil idir 2019 agus 2020 (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.

Foinse: Eurostat, [[une_rt_a](#)] LFS.

De réir tháscaire an Scórchláir Shóisialta, tháinig laghdú ar an bhfostaíocht i mbeagnach gach tír san Aontas in 2020 i gcomparáid le 2019. Mar a léirítear i bhFíor 2.1.3, tá an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn fós i ‘gcásanna criticiúla’ de réir mhodheolaíocht an Scórchláir Shóisialta, de bharr laghdú breise san fhostaíocht, rud a d’fhág go raibh rátaí thart ar nó níos ísle ná 65 %. Ar an taobh eile, is iad an tSualainn, an Ghearmáin, an tSeicia agus an Ísiltír na ‘gníomhaithe is fearr’ (le rátaí a bhí gar do nó os cionn 80 % in 2020). Ar an iomlán, tháinig laghdú ar ráta fostaíochta an Aontais (aoisghrúpa 20-64 bliana d’aois) go 72.4 in 2020 (-0.7 ccc i gcomparáid le 2019). Thosaigh na rátaí fostaíochta á dtéarnamh in R3-2020 agus shroich siad an leibhéal céanna a bhí ann sa ráithe dheireanach de 2019 in R3-2021. Ní dhearnadh difear don bhearna i ráta fostaíochta an Aontais idir cathracha agus ceantair tuaithe le géarchéim COVID-19 agus b’ionann í agus 0.9 ccc in 2020 maidir leis an daonra idir 20 agus 64 bliana d’aois (laghdú 0.1 ccc ó 2019 i leith). Le sonraí na gcuntas náisiúnta, léirítear gur dhearfach an fás fostaíochta i ngach Ballstát ó R1 go R2-2021. I naoi gcinn déaga de na Ballstáit, sháraigh an ráta fostaíochta in R3-2021 na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim (R4-2019).

Fíor 2.1.3: Tháinig laghdú ar an ráta fostaíochta i mbeagnach gach Ballstát in 2020

An ráta fostaíochta (idir 20 agus 64 bliana d’aois) agus a athrú bliantuil idir 2019 agus 2020 (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.


Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], LFS.

Bhí laghdú ar na huaireanta a oibríodh in aghaidh an duine i ngach mBallstát seachas dhá Bhallstát ó thosaigh géarchéim COVID-19. Mar thoradh ar na bearta chun srian a choinneáil ar thionchar láithreach na géarchéime ar an bhfostaíocht, leis an laghdú ar an líon foriomlán uair an chloig a oibríodh, léirítear laghdú níos géire ná mar a d'fhéadfaí a bheith curtha in iúl le hathruithe ar rátaí fostaíochta comhiomlána (Fíor 2.1.4). Bhí an méid a d'fhéadfaí caillteanais fostaíochta a sheachaint ag brath ar thréithe gairme freisin, lena n-áirítear cineál criticiúil na ngairmeacha agus a mhéid agus is féidir teilea-obair a dhéanamh sna gairmeacha sin agus ar an gcaidreamh sóisialta is gá. Tar éis gur tháinig méadú tobann ar an líon oibríthe a bhí as láthair ón obair in R2-2020, tháinig laghdú ar an líon sin go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim i bhformhór na mBallstát. Ó thosaigh an téarnamh, tá na huaireanta an chloig a oibríodh fós níos ísle ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim i ngach tír seachas an Pholainn, an Ísiltír, an Chróit agus an Eastóin. Le leibhéil ísle uaireanta an chloig a oibríodh, féadfar úsáid obair ghearr-ama a léiriú i bhfianaise na gníomhaíochta atá fós laghdaithe; ach, tá sé míshoiléir freisin cathain a bheidh uaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh an fhostaí cothrom leis na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim arís⁴⁸. Cuirtear miondealú de réir inscne ar na forbairtí maidir le huaireanta an chloig a oibríodh i láthair i roinn 2.2.

⁴⁸ An Coimisiún Eorpach (2021), *Labour Market and Wage Developments in Europe, Annual review 2021* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú bliantúil 2021]. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (Uimhir Chatalóige KE-BN-21-001-EN-N).

Fíor 2.1.4: Taifeadadh laghdú suntasach san fhostaíocht agus sa líon foriomlán uair an chloig a oibríodh i bhformhór na mBallstát

Athrú ar an bhfostaíocht fhoriomlán agus ar an líon foriomlán uair an chloig a oibríodh idir R4-2019 agus R3-2021 (in %)



Nóta: sonraí arna gcoigeartú go séasúrach agus de réir an fhéilire, seachas arna gcoigeartú go séasúrach amháin maidir le CZ, EL, FR, MT, PL, PT, SK (fostaíocht) agus MT, SK (uaireanta an chloig a oibríodh). Níl sonraí maidir leis na huaireanta an chloig a oibríodh le haghaidh BE ar fáil. Baineann na sonraí maidir le DK le R2-2021.

Foinse: Eurostat [namq_10_a10_e] Cuntais náisiúnta

Is mó an laghdú a tháinig ar an bhfostaíocht in earnálacha a ndéantar dochar níos mó dóibh de bharr na ndianghlasálacha agus de bharr na mbeart imshrianta ba ghá a tugadh isteach chun dul i ngleic leis an bpaindéim. Cláraíodh na laghduithe ba mhó ar an bhfostaíocht sna hearnálacha a ndéantar an dochar is mó dóibh de bharr na ndianghlasálacha, amhail cóiríocht, bia, gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí taistil, cultúr agus seirbhísí teaghlaigh⁴⁹. I gcodarsnacht leis sin, tá monaraíocht buntáirgí cógaisíochta, árachas, ríomhchlárúchán agus teileachumarsáid i measc na ngníomhaíochtaí ar tháinig na méaduithe fostaíochta ba mhó orthu in 2020 (i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin).⁵⁰ Bhí an chuid is mó de na hearnálacha a ndearnadh dochar dóibh i measc na bpríomhthairbhíthe de shocruithe oibre gearr-ama.

⁴⁹ Eurofound (2021), COVID-19: *Implications for employment and working life, COVID-19 series* [Impleachtaí a bhaineann leis an saol fostaíochta agus leis an saol oibre, sraith COVID-19], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

⁵⁰ An Coimisiún Eorpach (2021) *Employment and Social Developments in Europe 2021* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2021].

Tháinig laghdú níos mó ar an bhféinfhostaíocht ná mar a tháinig ar an bhfostaíocht fhoriomlán, agus bhí roinnt éagsúlachtaí ar fud na mBallstát. In 2020, tháinig laghdú 1.5 % ar líon na ndaoine féinfhostaithe san Aontas, rud arb ionann agus sciar 14 %; ba shuntasáí an laghdú sin i measc na ndaoine féinfhostaithe a bhfuil fostaithe acu (-4.7 %). Rinneadh dochar do dhaoine féinfhostaithe sa Ghearmáin agus san Iodáil go háirithe. Taifeadadh fás ar líon na ndaoine féinfhostaithe in aon Bhallstát déag, áfach, go háirithe sa Pholainn, sa Fhrainc, san Ísiltír agus san Ungáir. Sa dara ráithe de 2021, tháinig laghdú 2.6 % ar líon na ndaoine féinfhostaithe san Aontas i gcomparáid le ráithe chéanna na bliana roimhe, agus tháinig laghdú 5 % ar líon na ndaoine féinfhostaithe aonair agus ardú 3 % ar líon na bhfostóirí. Taifeadadh na laghduithe is mó in 2021 sa Rómáin, san Iodáil, san Iodáil agus sa Phortaingéil. Idir R1-2021 agus R2-2021, cé go bhfuil téarnamh ag teacht ar an bhfostaíocht fhoriomlán san Aontas, níl téarnamh ag teacht ar an bhféinfhostaíocht⁵¹.

⁵¹ Figiúirí a bhaineann leis na Cuntais Náisiúnta, a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu.


Le géarchéim COVID-19, tháinig laghdú sealadach ar ardleibhéil ganntanas saothair go stairiúil a baineadh amach roimhe seo, ach tá méadú ag teacht orthu arís i bhformhór na mBallstát. Tarlaíonn ganntanais saothair nuair nach féidir le fostóirí na hoibrithe is gá dóibh a aimsiú chun na folúntais oscailte a líonadh. Roimh an ngéarchéim, in R2-2019, ba é 2.4 % an ráta folúntais in AE-27. Tháinig laghdú ar an ráta folúntais poist go 1.6 % in R2-2020, agus tá sé ag dul i méad ó shin i leith go mbainfidh sé 2.3 % amach in R2-2021, agus tionchar phaindéim COVID-19 gan choinne á athmhaolú nach mór ina iomláine aige. De réir na Suirbhéanna Gnó agus Tomhaltóra Eorpacha (EU-BCS), bhain ganntanais saothair a mbuaic amach go stairiúil i 16 Bhallstát roimh an bpaindéim (an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic – féach Fíor 2.1.5)⁵². D’fhág an laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch de bharr COVID-19 gur tháinig laghdú dá bharr sin ar ghanntanais saothair i mbeagnach gach Ballstát⁵³. In 2021, tar éis na mbeart dianghlása a mhaolú agus tar éis an téarnaimh eacnamaíoch de réir a chéile, tá méadú ag teacht ar ghanntanais saothair arís i bhformhór na mBallstát. In earnálacha amhail an fhoirgníocht, an tsláinte agus an cúram fadtéarmach, agus an teicneolaíochta faisnéis agus cumarsáide, spreagtar an próiseas seo le ganntanais fhadmharthanacha scileanna. Bhí ganntanais níos gaire do na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim sa dara ráithe de 2021, agus níor tháinig ach laghdú beag ar an dífhostaíocht. Bhí méadú níos géire ar ghanntanais saothair i roinnt Ballstát ná mar a bhí i mBallstáit eile. B’airde sciarta na bhfostaithe a thuairiscigh gur phríomhghné ganntanais saothair maidir le srian a chur leis an táirgeacht sa chéad trí ráithe de 2021 (os cionn 20 %) sa Pholainn, sa Rómáin, sa Liotuáin, sa Chróit, sa Ghréig agus sa Ghearmáin.

⁵² Tá comhghaol leathan idir na torthaí sin agus na torthaí ó Shuirbhé Infheistíochta Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta 2019.

⁵³ Ba dhócha go raibh sé sin teoranta le tabhairt isteach bearta oibre gearr-ama agus bearta tacaíochta fostaíochta eile, áfach.

Fíor 2.1.5: Tháinig laghdú ar ghanntanais saothair tuairiscithe de bharr na paindéime i bhformhór na mBallstát, ach tá méadú ag teacht orthu arís agus an téarnamh ag teacht i dtreis

Innéacs an ghanntanais saothair - Sciar na bhfostóirí sa mhonaraíocht, sna seirbhísí agus san fhoirgníocht a thuairiscíonn gur príomhghné ganntanais saothair a chuireann teorainn lena dtáirgeacht (in %, 2013-2021).



Nótaí: Rangaítear tíortha de réir ord na nganntanas saothair anuas in 2021. Ríomhtar sonraí le haghaidh 2021 mar mheán na chéad trí ráithe.

Foinse: EU-BCS.


Tháinig laghdú mór ar an ráta fáis ainmniúil ar phá de bharr ghéarchéim COVID-19, agus tharla téarnamh ina dhiaidh sin sa chéad leath de 2021. I gcomparáid le 2019, nuair a leathnaíodh pá⁵⁴ ar ráta 3.6 % maidir le AE-27, ba dhiúltach an fás pá in 2020, ar -1.8 %. Is féidir an laghdú a mhíniú go páirteach ar a laghad le tionchar na hoibre gearr-ama, agus éagsúlachtaí ag brath ar dhearadh bearta náisiúnta⁵⁵. Leis an gcomhiomlán diúltach, déantar ilchineálacht shubstaintiúil i measc tíortha eile a cheilt, áfach. In 2020, taifeadadh ardfhás ainmniúil ar phá ar 3 % nó os a chionn sa Liotuáin, sa Rómáin, sa Pholainn, san Ísiltír agus sa Bhulgáir. Tháinig luasmhoilliú ar phá i dtíortha Dheisceart na hEorpa, chomh maith leis an mBeilg, an Ostair agus an Fhionlainn. Taifeadadh na rátaí luasmhoillithe ba mhó san Iodáil (-6.9 %), sa Spáinn (-5.4 %), sa Fhrainc (-3.9 %) agus sa Chipir (-3.6 %) (Fíor 2.1.6). Tá sé sin de bharr an laghdaithe ar uaireanta an chloig a oibríodh atá bainteach le húsáid fhorleathan scéimeanna oibre gearr-ama. In R3-2021, i gcomparáid le haon bhliain amháin roimhe sin, bhí fás dearfach ar phá ainmniúil i ngach Ballstát seachas an Ghréig.

⁵⁴ Arna thomhas leis an gcúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí.

⁵⁵ I dtíortha ina n-íoctar sochair go díreach do na fostaithe agus ina dtaifeadtar mar aistrithe sóisialta iad, le scéimeanna oibre gearr-ama, cuireadh le laghdú breathnaithe ar chostais pá.

Fíor 2.1.6: Tháinig an fás ainmniúil ar phá chun a bheith diúltach le linn na géarchéime i roinnt Ballstát ach tháinig téarnamh air in 2021

Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, (% bliantúil d'athrú, 2019-2020 agus R3-2021)



Nótaí: (1) Déantar pá a thomhas leis an táscaire ‘Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí’, a ríomhtar mar chúiteamh foriomlán na bhfostaithe roinnte ar líon foriomlán na bhfostaithe. Sainmhínítear an cúiteamh foriomlán mar an luach saothair foriomlán, in airgead tirim nó in ábhar comhchineáil, atá le híoc ag fostóir le fostaí as obair a dhéanann an fostaí le linn na tréimhse cuntasaióchta agus tá dhá chomhpháirt i gceist leis: i) Féadfar pá agus tuarastail a íoc le hairgead tirim nó le hábhar comhchineáil; agus ii) Ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha ag fostóirí. (2) Is ionann sonraí na gcuntas náisiúnta agus gach sonra a úsáidtear. Tá na táscairí bunaithe ar luachanna airgeadra náisiúnta. (3) Rangaítear tíortha de réir ord an fhíorfháis ar phá aníos in 2020.


Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí AMECO.

Tháinig laghdú ar an bhfíorphá i roinnt Ballstát agus ar bhonn comhiomlán san Aontas in 2020, ach bhí sé ag dul i méad arís in 2021. Tháinig laghdú in aghaidh na bliana ar

an bhfíorfhás ar phá sa Bheilg, sa tSeicia, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Chipir, i Lucsamburg, san Ungáir, i Málta, san Ostair agus san Fhionlainn in 2020 (féach Fíor 2.1.7). Bhí na laghduithe ba mhó sa Fhrainc (-5.2 %) agus i Lucsamburg) (-3.0 %). I gcodarsnacht leis sin, tháinig an méadú ba mhó ar fhíorphá in 2020 sa Liotuáin, (7.0 %) sa Laitvia (5.3 %) agus sa Rómáin (3.4 %). Tar éis gur tháinig fás diúltach ar an bhfíor-mheánphá in 2020 (-0.9 %), tháinig méadú 1.1 % ar an bhfíorphá san Aontas sa chéad leath de 2021. Is sa Laitvia (6.2 %), Málta (4.7 %) agus san Iodáil (3.3 %) a taifeadadh an fíorfhás ab airde ar phá (comparáid ó bhliain go bliain) in R3-2021. As seo amach, féadfaidh neamhchinnteacht faoina bhféadfadh teacht ó thaobh cúrsaí boilsithe dul i bhfeidhm ar fhorbairtí maidir leis an bhfíorphá.⁵⁶

Fíor 2.1.7: In 2020 chuaigh an fíorphá i laghad ar an meán san Aontas ach bhí sé ag dul i méad arís sa chéad trí ráithe de 2021

Fíorchúiteamh in aghaidh an fhostaí, díbhóilsceoir OTI (% bliantúil d'athrú; 2018, 2019, 2020 agus R3-2021)



Foinse: AMECO


⁵⁶ Le réamhaisnéis samhraidh 2021 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú measartha ar an mboilsciú in 2021 agus in 2022, ach tugtar faoi deara leis an réamhaisnéis go bhféadfaidh sé tarlú go mbeidh an boilsciú níos airde ar deireadh ná mar a réamhaisnéisíodh más amhlaidh go mbeidh srianta ar chúrsaí soláthair níos marthanai agus go gcuirfear an brú praghsanna ar aghaidh chuig praghsanna do thomhaltóirí ar bhealach níos láidre. Féach Páipéar Institiúideach 156 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, mí Iúil 2021 (réamhaisnéis an tsamhraidh).

Chuaigh an pá san uair i méad go suntasach in 2020 i ngeall ar an gcoigeartú ollmhór síos ar líon na n-uaireanta a oibríodh, a bhain le hobair ghearr-ama agus le bearta comhchosúla chun poist a choinneáil. Tháinig ardú thart faoi 4.6 % agus 5.2 % ar an bpá san uair le haghaidh an Aontais agus sa limistéar euro faoi seach (na rátaí ab airde ó 2001), aníos ó 2.7 % agus ó 2.2 % in 2019. Ar bhonn ráithiúil, leis na hathruithe siméadracha a breathnaíodh ar an gcúiteamh san uair agus ar an gcúiteamh in aghaidh an fhostaí, tugtar le fios gur i ngeall ar an laghdú ar líon na n-uaireanta a oibríodh a tharla an laghdú ar an gcúiteamh in aghaidh an fhostaí go príomha, rud a bhain le hobair ghearr-ama go príomha. I roinnt Ballstát (an Ghréig, an Fhrainc, Málta, an Ostair, agus an tSlóivéin) bhí na méaduithe ar an gcúiteamh san uair breis agus a cheithre hoiread níos airde ná na méaduithe a breathnaíodh ar an gcúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí. Sa chéad ráithe de 2021, leathnaíodh an cúiteamh san uair san Aontas ar ráta a bhí beagán níos airde ná mar a bhí i gceist sa ráithe deiridh de 2020 (0.3 %).

Ní hionann post agus ioncam maireachtála cóir i gcónaí. Tháinig méadú ar bhochtaineacht an lucht oibre ó 8.5 % in 2010 go 9.0 % in 2019 in AE-27⁵⁷ (mar a léirítear i bhFíor 2.1.8). I gcoitinne, bíonn baol níos airde maidir le bochtaineacht lucht oibre roimh oibrithe atá ar chonarthaí sealadacha, seachas rompu siúd atá ar chonarthaí buana (16.2 % vs 5.9 %), rud is amhlaidh freisin i gcás oibrithe nach bhfuil mórán scileanna acu i gcomparáid le hoibrithe ardoilte (19 % vs 4.9 %). Ina theannta sin, is mó go mór an seans go mbainfidh bochtaineacht lucht oibre d'oibrithe nár rugadh san Aontas ná d'oibrithe a rugadh san Aontas (20.1 % i gcomparáid le 8.1 %). Léirítear le Fíor 2.1.8 go raibh breis is 10 % d'oibrithe in 2020 i mbaol bochtaineachta sa Rómáin, i Lucsamburg agus sa Ghearmáin. Laistigh den ghrúpa sin, tháinig méadú ar ráta bochtaineachta an luchta oibre in 2020 i gcomparáid le 2010 sa Spáinn, sa Ghearmáin agus i Lucsamburg.

⁵⁷ Ní raibh sonraí AE-27 ar fáil tráth spriocdháta an 13 Eanáir 2022. Is éard is bochtaineacht lucht oibre ann an sciar de na daoine atá ag obair agus ag a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun na tairisí 'i mbaol na bochtaineachta', atá socraithe ag 60 % den ioncam indiúscartha náisiúnta airmheánach (tar éis na n-aistrithe sóisialta). Le haghaidh 2007, ní thagraíonn na sonraí ach do shonraí inchomparáide comhiomlána an Aontais atá ar fáil le haghaidh na bliana sin, eadhon AE-27 lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe ach an Chróit as an áireamh. I gcás sonraí na 27 mBallstát reatha ar an meán (i.e. an Chróit san áireamh agus an Ríocht Aontaithe as an áireamh) tháinig méadú ar bhochtaineacht lucht oibre ó 8.5 % in 2010 (na sonraí is luaithe dá raibh ar fáil) go 9 % in 2019.

Fíor 2.1.8: Tá méadú tagtha ar bhochtaineacht lucht oibre san Aontas le 10 mbliana anuas.
Ráta na n-oibríthe atá i mbaol bochtaineachta, 2020, 2019 agus 2010 (in %)




Nóta: Sonraí 2019 i gcás IT agus AE 27, ós rud nach raibh sonraí le haghaidh IT ar fáil tráth a dúnadh an anailís.
Foinse: Eurostat [ilc_iw01]

D'ainneoin méaduithe le déanaí ar an bpá íosta i mórán Ballstát, tá an pá íosta reachtúil íseal fós i roinnt tíortha íseal i gcomparáid le pá airmheánach agus meánphá. I mbeagnach gach Ballstát, bhí an pá íosta reachtúil faoi bhun 60 % den phá airmheánach agus faoi bhun 50 % den mheánphá (féach Fíor 2.1.9). Thairis sin, sa bhliain chéanna, i dtíortha lena n-áirítear an Liotuáin, Éire, an Ísiltír, an Ungáir, an Eastóin, an Laitvia agus an tSeicia, bhí an pá íosta faoi bhun 50 % den phá airmheánach agus faoi bhun 40 % den mheánphá⁵⁸ (i dtíortha áirithe, d'fhéadfadh sé gur ndearna na harduithe a rinneadh le déanaí difear don chás).

⁵⁸ Bunaithe ar Shuirbhé ar Struchtúr Tuillimh (SES). Clúdaítear gnólachtaí ina bhfuil ar a laghad 10 fostaí sa SES, rud a d'fhéadfadh ardú ar mheastacháin tuillimh a spreagadh i mBallstáit inar cuid mhór den gheilleagar iad fiontair bheaga. Ba cheart é sin a chur san áireamh sna comparáidí idir gnólachtaí comhchosúla agus comparáidí idir gnólachtaí trastíre.

Fíor 2.1.9: I mbeagnach gach Ballstát, tá an pá íosta reachtúil faoi bhun 60 % den phá airmheánach agus faoi bhun 50 % den mheánphá.

Pá íosta reachtúil mar chéatadán den ollphá airmheánach agus de mheánphá na n-oibrithe lánaimseartha (in %, 2019)



Nóta: Ní áirítear na tíortha AT, CY, DK, FI, IT ná SE sa ghraif, ar tíortha iad nach bhfuil pá íosta reachtúil acu. Sna tíortha sin, soláthraítear cosaint pá íosta le comhaontuithe comhchoiteanna.

Foinse: Eurostat [earn_mw_cur], OECD

Tá ról lárnach ag an gcómhargáil maidir le cosaint pá íosta leordhóthanach a bhaint amach san Aontas. Le fiche bliain anuas, tá treocht ann lena bhfágtar go bhfuil laghdú ag teacht ar chumhdach na cómhargála i mórán Ballstát. Ba láidre an treocht íslitheach sin sa Ghréig, sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa tSlóvaic, sa Chipir agus sa tSlóivéin (féach Fíor 2.1.10). I roinnt Ballstát, d'fhéadfaí an laghdú ar chumhdach na cómhargála a mhíniú le laghdú ar an margáil ilfhostóirí ar an leibhéal earnálach nó náisiúnta de thoradh athruithe rialaitheacha, coigeartuithe ar na modúlachtaí a bhain le leathnú na cómhargála nó athruithe ar thosca eile amhail dlús eagrúcháin na bhfostóirí⁵⁹ agus ballraíocht i gceardchumann⁶⁰. Freisin, spreagadh an treocht leis na haistrithe struchtúracha sa gheilleagar i dtreo earnálacha ina mbíonn líon níos lú d'oibrithe i gceardchumann, go háirithe seirbhísí, agus leis an laghdú ar an mballraíocht i gceardchumann a bhaineann leis an méadú ar fhoirmeacha oibre neamhchaighdeánacha, amhail obair ardáin. I dtíortha mar a socraítear an pá íosta leis an gcómhargáil go heisiach, is os cionn 80 % a bhíonn an leibhéal cumhdaigh. Is é an Chipir an t-aon eisceacht amháin mar ar tháinig laghdú suntasach le fiche bliain anuas (ó 65 % go 43 %), agus aistriú fógartha i dtreo pá íosta reachtaigh faoi 2022. Sa Danmhairg, sa Spáinn, san Iodáil agus san Fhionlainn, tháinig méadú ar an gcumhdach ó 2000, agus san Ostair, d'fhan cumhdach na cómhargála ar an ardleibhéal céanna (agus 98 % de na fostaithe cumhdaithe). Is é is aidhm do thogra an Choimisiún le haghaidh treorach maidir le pá íosta leordhóthanach⁶¹ feabhas a chur ar leordhóthanacht an phá íosta sin agus tríd an gcómhargáil maidir le pá a chur chun cinn freisin. Tá tacaíocht á soláthar ag an gCoimisiún chun inniúlachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a láidriú, faoi na glaonna sainphribhléide le haghaidh idirphlé sóisialta, Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) agus CSE+.


⁵⁹ Sainmhínítear dlús eagrúcháin fostóirí mar bhallraíocht i dtéarmaí na bhfostaithe uile arna bhfostú ag gnólachtaí ar baill iad mar sciar d'iomlán na bhfostaithe i bhfearann eagrúcháin na n-eagraíochtaí

⁶⁰ An Coimisiún Eorpach (2021), *Employment and Social Developments in Europe, Annual Review* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil].

⁶¹ Togra le haghaidh treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach, COM (2020) 682

Fíor 2.1.10: Tá laghdú tagtha ar ráta cumhdaigh na cómhargála i measc na bhfostaithe i mbeagnach gach Ballstát le linn na tréimhse 2000-2019

Líon na bhfostaithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú comhchoiteann, arna roinnt ar líon iomlán na saothraithe pá agus tuarastail (in %, 2000 agus 2019).



Nóta: (1) Is ó na tíortha seo a leanas atá na sonraí is déanaí le fáil: 2019 (AT, BE, CZ, HU, IT, LT, NL, PL, PT), 2018 (BG, DE, DK, ES, FR, LU, LV, SE), 2017 (EL, FI, IE, SI, RO), 2016 (CY, MT), 2015 (SK) agus 2014 (HR). (2) Le haghaidh IT, tá athbhreithniú déanta ar an gcumhdach agus is é 100 % anois é, rud lena léirítear an fíoras go n-úsáideann na cúirteanna oibreachais an bunphá a shocraítear i gcomhaontuithe comhchoiteanna (*minimi tabellari*) mar thagairt chun prionsabal bunreachtúil an luach saothair chomhréirigh agus leordhóthanaigh a chur i bhfeidhm
Foinse: Bunachar sonraí ECFE/AIAS (2021)

Tá coinne leis go mbeidh tionchar suntasach ag an aistriú glas agus ag an aistriú digiteach ar fhorbairtí sa mhargadh saothair amach anseo. Tá an phaindéim tar éis dlús a chur le treochtaí leanúnacha maidir le digitiú gheilleagair agus shochaithe an Aontais. Leis na teicneolaíochtaí digiteacha tagann bealaí nua chun foghlaim, oibriú, uaillmhianta a chomhlíonadh, agus feabhas a chur ar an rochtain ar dheiseanna oideachais agus fostaíochta. Sa mhargadh saothair, cruthaítear deiseanna fostaíochta nua leo agus rannchuidíonn siad le meaitseáil níos fearr idir fostóirí agus oibrithe. Mar sin féin, tá baol i gceist leis na teicneolaíochtaí sin do phoist atá ann cheana freisin, go háirithe dóibh siúd atá i mbun gníomhaíochtaí lena ndéantar na rudaí céanna arís is arís eile go fíormhinic agus dóibh siúd nach bhfuil an oiread oideachais acu. Féadfaidh polarú níos mó eascairt as sin, lena bhfágfar go rachaidh fostaíocht i ngairmeacha ar mheánphá i laghad agus gairmeacha ar phá íseal agus ar ardphá ag dul i méad go comhuaineach⁶². An tráth céanna, agus na beartais chearta i bhfeidhm ag gabháil leis sin, d'fhéadfadh an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta suas le milliún post glas breise a chruthú faoi 2030 san Aontas, cé go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchair éagsúla i gceist arís idir gairmeacha, earnálacha agus réigiúin.⁶³ Rud atá ina ábhar inspéise is ea go meastar leis an anailís go gcruthófar poist in earnálacha a bhaineann leis an bhfuinneamh in-athnuaite, foirgníocht, talmhaíocht agus foraoiseacht agus i ngrúpa na ndaoine ar mheánleibhéal scileanna go príomha agus gur rud é sin lena féidir cuidiú dá bhrí sin leis an treocht réamhluaite, ó thaobh pholarú an mhargaidh saothair de, a mhaolú. Mar sin féin, sa chás sin freisin, tá oibrithe ann a chaillfidh poist (go háirithe sna hearnálacha eastósctha acmhainní agus in earnálacha atá dian ó thaobh fuinnimh de) agus, thairis sin, beidh oibrithe ann a mbeidh athruithe ar chúraimí agus ar riachtanais scileanna i ndán dóibh. Le haistrithe réidhe sa mhargadh saothair, féadfar rannchuidiú le gnóthachan ó thaobh éifeachtúlachta de, cuir le borradh faoin táirgiúlacht agus faoin bpá, go háirithe in earnálacha atá dírithe ar an todhchaí. Chun gur féidir aistrithe mar sin a dhéanamh, beidh sé tábhachtach réamh-mheas a dhéanamh ar riachtanais don athrú agus ar riachtanais scileanna, chomh maith le bearta chun uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh ar an lucht saothair.


⁶² An Coimisiún Eorpach (2019): *Annual Review 2019 Report, Directorate-General for Employment, Social Affairs and Inclusion* [Tuarascáil ar Athbhreithniú Bliantúil 2019, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú].

⁶³ Measúnú tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 14 Iúil 2021 dar teideal ‘*Fit for 55: delivering the EU’s 2030 Climate Target on the way to climate neutrality*’ [‘Oiriúnach do 55’: ag comhlíonadh Sprioc Aeráide 2030 an Aontais ar an tslí i dtreo na haeráidneodrachta’], [COM/2021/550 final](#).

Féadfaidh ard-ding chánach ar shaothar dochar a dhéanamh don éileamh ar shaothar agus don soláthar saothair araon. Leis an ding chánach ar shaothar, déantar an difríocht a thomhas idir costais saothair na bhfostóirí agus glanphá na bhfostaithe, arna sloinneadh mar chóimheas a bhaineann leis an gcostas saothair iomlán. Maidir leis an meánding chánach in AE-27 le haghaidh duine aonair ar mheánphá, tá sé tar éis dul i laghad de réir a chéile ó 2010 i leith, go 39.9 % in 2020. Ó 2010 i leith, taifeadadh laghduithe suntasacha (breis is 2 ccc) ar a nding chánach ar leibhéal an mheánphá i seacht mBallstát de chuid an Aontais, agus tháinig na laghduithe ba láidre sa Rómáin (-6.3 ccc), sa Bheilg (- 4.4 ccc) agus sa Liotuáin (- 3.7 ccc). Os a choinne sin, ó 2010 i leith, tharla méaduithe suntasacha i Málta (4.6 ccc), sa Phortaingéil (4.4 ccc) agus i Lucsamburg (4.2 ccc) (féach Fíor 2.1.11).

Fíor 2.1.11. Tá an ding chánach ar an meánphá tar éis dul i laghad i bhformhór na mBallstát de chuid an Aontais le 10 mbliana anuas

An ding chánach le haghaidh duine aonair a shaothraíonn meánphá, athruithe idir 2010 agus 2020 (in %)




Nótaí: Níl sonraí 2010 le fáil le haghaidh na Cróite ná na Cipire.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, Bunachar cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE

Bíonn an ding chánach le haghaidh saothraithe ar ioncam íseal níos ísle de ghnáth ná an ding chánach dóibh siúd ag a bhfuil ioncaim níos airde. Baineann impleachtaí tábhachtacha leis an gcáin a ghearrtar ar shaothraithe ar ioncam íseal le haghaidh an mhargaidh saothair (aistrithe chuig an obair, an scáthgheilleagar; féach roinn 2.3), agus maidir leis an gcuimsiú sóisialta (féach roinn 2.4). Tá an-chuid éagsúlachta i measc Bhallstáit an Aontais ina leith sin. In 2020 bhí an ding chánach le haghaidh daoine a shaothraíonn 50 % den mheánphá os cionn 40 % san Eastóin, sa Liotuáin, ach bhí an ding faoi bhun 20 % sa Chipir agus sa Danmhairg. Tá an ding chánach le haghaidh oibrithe ag bun dháileadh an ioncaim tar éis dul i laghad i mórán tíortha de chuid an Aontais le 10 mbliana anuas. Maidir leis an meánding Eorpach, breathnaíodh laghdú 2.3 ccc ar an ding chánach idir 2010 agus 2020 le haghaidh saothraithe ar 50 % den mheánphá. I sé thír (an Bheilg, an Eastóin, an Fhrainc, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin), bhí an laghdú os cionn 5 ccc (féach Fíor 2.1.12).

Fíor 02/01/2012. I dtromlach Bhallstáit an Aontais, tá cánacha le haghaidh na n-oibrithe ag bun dháileadh an ioncaim ag dul i laghad

Éabhlóid na dinge cánach le haghaidh saothraithe ar ioncam íseal (50 % agus 67 % den mheánphá), duine aonair (ccc, 2010-2020)



Nótaí: (*) sonraí le haghaidh na Cróite ó 2013 agus (**) sonraí le haghaidh na Cipire ó 2014.


Foinse: An Coimisiún Eorpach, Bunachar cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE.

Tá comhdhéanamh na dinge cánach ar shaothar iontach éagsúil ar fud na mBallstát.

Féadfaidh comhpháirteanna na dinge (i.e. cáin ioncaim phearsanta, ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostaithe agus fostóirí), agus go háirithe méid na dinge, tionchar difreálach a imirt ar an soláthar saothair nó ar an éileamh air, ar bhonn gearrthéarmach ar a laghad. Léirítear le Fíor 2.1.13 miondealuithe na dinge cánach le haghaidh oibrí aonair a bhí ag fáil an mheánphá in 2020. Is sa tSeicia, san Eastóin agus sa Fhrainc is airde na ranníocaíochtaí slándála sóisialta ó fhostóirí, arb iad na ranníocaíochtaí sin 25 % de chostais fostaíochta. Is san Ostair (35.9 %) agus sa Fhrainc, sa tSlóvaic agus sa tSeicia ina diaidh is mó na ranníocaíochtaí slándála sóisialta uile le chéile (ó fhostóirí agus ó fhostaithe), mar chion de chostais fostaíochta. Seachas an Danmhairg, ag nach bhfuil eilimintí ranníocaíochtaí slándála sóisialta sa ding chánach, is in Éirinn (13.6 %) agus i Málta (17.8 %) is ísle na ranníocaíochtaí slándála sóisialta go foriomlán mar chion de chostais saothair. Is sa Rómáin (29.2 %) agus sa Liotuáin (19.2 %) na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is airde a íocann na fostaithe. Is lú ná 5 % ranníocaíochtaí slándála sóisialta ó fhostóirí sa Liotuáin agus sa Rómáin.

Fíor 02/01/2013. Tá an-chuid difríochtaí i gcomhdhéanamh an ualaigh chánach ar an saothar ar fud na dtíortha

Comhdhéanamh na dinge cánach le haghaidh saothraí aonair ar an meánphá (in %, 2020)



Nóta: Rangaítear na Ballstáit in ord íslitheach de réir leibhéal na dinge cánach iomláine; Ní théann liúntais teaghlaigh i bhfeidhm ar na sonraí toisc gur le haghaidh saothraí aonair gan chéile gan leanaí atá na sonraí.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, Bunachar cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE.

Tá scóip ann i roinnt cásanna chun an cánachas a aistriú ón saothar, go háirithe tríd an ding chánach a laghdú do ghrúpaí oibrithe ar ioncam íseal agus ar mheánioncam, chuig boinn chánach is mó ar dócha go dtiocfaidh fás orthu, ach tionchair fhéideartha maidir le dáileadh a chur san áireamh go cuí mar aon le cosaint shóisialta shásúil a áirithiú. Maidir leis na tograí reachtaíochta a cuireadh i láthair sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’⁶⁴ an 14 Iúil 2021, lena n-áirítear an t-athbhreithniú a bheartaítear ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinneamh, tá siad deartha chun aistriú costéifeachtach cóir chuig an bhfuinneamh glan a chumasú trí thionscnaimh eacnamaíocha a ailíniú le spriocanna méadaithe an Aontais maidir leis an aeráid, ar spriocanna iad atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Léirítear le fianaise gurb ar na teaghlaigh ar an ioncam is ísle a chuirtear an t-ualach is troime le cánacha ar bhreoslaí agus ar tháirgí fuinnimh eile, mar chion den ioncam indiúscartha.⁶⁵ Tá gá dá bhrí sin le beartas a dhearadh go cúramach chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair maidir le dáileadh go háirithe le haghaidh na ngrúpaí ar an ioncam is ísle.⁶⁶ In 2019, ní raibh thart faoi 7 % de dhaonra AE-27, i.e. 31 milliún duine, in ann a n-áiteanna cónaithe a choinneáil te go leor, agus bhí difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit agus grúpaí ioncaim, agus bhain an cás sin do ghrúpaí ar íseal-mheánioncam go háirithe freisin^{67 68}.

⁶⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 14 Iúil 2021 dar teideal *Fit for 55: delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* [‘Oiriúnach do 55’: ag comhlíonadh Sprioc Aeráide 2030 an Aontais ar an tslí i dtreo na haeráidneodrachta’], [COM/2021/550 final](#).

⁶⁵ An Coimisiún Eorpach (2020). *Employment and Social Developments in Europe* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip]. Athbhreithniú Bliantúil 2020. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Ar fáil [ar líne](#).

⁶⁶ Fuarthas amach le staidéar a rinneadh le déanaí go bhféadfaí OTI an Aontais a ardú EUR 35 billiún (0.2 %) faoi 2030 le punann ionsamhlaithe de EUR 30 billiún de chánacha glasa a chur in ionad ioncam cánach, rud lena ndéanfaí ardú 140 000 FTE (0.1 %) ar an bhfostaíocht. Leis an ionsamhlú sa staidéar léiríodh tionchair dhearfacha nó nach raibh tionchair ar bith ar an ioncam i ngach cuid den dáileadh sna Ballstáit uile.

⁶⁷ In 2019, maidir le sciar na dteaghlach ar íseal-mheánioncam (idir 60 % den ioncam airmheánach agus an t-ioncam airmheánach féin) a bhí ag tuairisciú nach raibh siad in ann a n-áiteanna cónaithe a choinneáil te go leor, shroich an sciar sin leibhéal os cionn 20 % den ghrúpa ioncaim sin in 5 Bhallstát (BG, CY, LT, PT, EL).

⁶⁸ Mar sin féin, déanann guaiseacha sláinte comhshaoil níos mó dochair de ghnáth do ghrúpaí ag a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle, de thoradh na ngrúpaí sin a bheith nochta do na guaiseacha sin níos minice agus de thoradh leochaileacht níos airde na ngrúpaí sin: <https://www.eea.europa.eu/publications/unequal-exposure-and-unequal-impacts/>.

2.1.2 Freagairt bheartais

Bhí ról tábhachtach ag an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) chun ardú ar an dífhostaíocht a chosc in 2020 agus 2021. Le SURE soláthraíodh iasachtaí comhuaineacha ag a raibh imchlúdach EUR 100 billiún chun tacú leis na Ballstáit poist agus ioncaim oibrithe a chosaint i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Tá beagnach 95 % eisíochta ag an gCoimisiún go dtí seo cheana féin de chúnamh airgeadais iomlán SURE a dheonaigh an Chomhairle. Le linn an chéad rabharta den phaindéim in 2020, meastar gur thacaigh SURE le thart faoi 31 milliún duine agus le thart faoi 2.5 milliún gnólacht i 19 mBallstát. Léiríodh le haiseolas ó thairbhíthe go raibh ról tábhachtach ag tacaíocht SURE i gcruthú a scéimeanna oibre gearr-ama, agus le cumhdach agus le líon na scéimeanna sin a mhéadú.⁶⁹

⁶⁹ An dara tuarascáil maidir leis an Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) a chur chun feidhme (COM 2021/596)

Idir mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair 2020 agus sa tréimhse sin amháin, meastar gur caitheadh gar do EUR 100 billiún ar obair ghearr-ama agus ar scéimeanna coinneála post comhchosúla san Aontas. Bhí cineál sonrach, critéir incháilitheachta, leibhéal agus fad na tacaíochta mar aon le foinse an chistiúcháin agus áireamh na gceanglas oiliúna agus na cosanta ar dhífhostú éagsúil ó thír go tír. Bhí forálacha difriúla i gceist freisin le ceanglais maidir leis an laghdú íosta ar láimhdeachas. Shonraigh 14 Bhallstát laghdú íosta idir 10 % agus 50 % ar an láimhdeachas, rud a d'fhéadfadh sciar na ngnólachtaí agus na n-oibrithe incháilithe a theorannú go suntasach. Bhí difríochtaí substaintiúla idir na Ballstáit maidir le leibhéal an ioncaim a fuarthas le linn na n-uaireanta nár oibríodh. Bhí rátaí athsholáthar an ioncaim idir 60 % agus 100 % agus cuireadh uasteorainneacha i bhfeidhm i bhformhór na dtíortha.⁷⁰ Chuir gach Ballstát seachas sé Bhallstát cineál éigin de chosaint ar dhífhostú ar fáil le haghaidh oibrithe ar obair ghearr-ama. Chuir **an Ostair, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír agus an Phortaingéil** dífhostú lucht oibre iomlán de chuid gnó, a d'éiligh tacaíocht rialtais ar feadh tréimhse, as an áireamh⁷¹. D'áirigh ar a laghad cúig thír ceanglas chun oiliúint a chur ar fáil le linn aga neamhfhónaimh ina bhforálacha maidir le hobair ghearr-ama (**an Ostair, an Ungáir, an Ghearmáin, an Phortaingéil agus an Fhrainc**), agus chuir **an Ghearmáin, an Phortaingéil agus an Fhrainc** dreasachtaí airgeadais ar fáil freisin chun déanamh amhlaidh, agus san **Ungáir**, bhí sin éigeantach i gcás ina raibh laghdú áirithe san am oibre, agus sa chás sin amháin.⁷²

⁷⁰ D'fhág na huasteorainneacha sin gur ghnách gur mó tairbhe a bhain le hobair ghearr-ama agus le scéimeanna comhchosúla maidir le hioncam oibrithe ar ioncam níos ísle a chaomhnú.

⁷¹ Sa Ghréig, tá cuideachtaí a bhaineann úsáid as sásra na scéime oibre gearr-ama SYN-ERGASIA faoi oibleagáid gan conarthaí na bhfostaithe sin a áirítear sa sásra a fhoirceannadh.

⁷² Eurofound (2021), *COVID-19: Implications for employment and working life, COVID-19 series* [Impleachtaí a bhaineann leis an saol fostaíochta agus leis an saol oibre, sraith COVID-19], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Thug breis is trí cheathrú de na Ballstáit bearta sonracha tacaíochta ioncaim isteach le haghaidh daoine féinfhostaithe le linn na paindéime. Bhí na bearta sin iomlán nua agus teoranta ó thaobh ama de i ngach tír seachas trí Bhallstát. I dtéarmaí grúpaí incháilithe, dhírigh roinnt tíortha formhór na tacaíochta ar na hoibrithe féinfhostaithe sna hearnálacha ba mhó a bhí thíos leis an bpaindéim (e.g. **an Bheilg**⁷³, **an Fhrainc agus an Ungáir**), dhírigh tíortha eile an tacaíocht ar oibrithe féinfhostaithe aonair go príomha nó orthu siúd amháin (**an Ísiltír** agus **an Pholainn**) nó ar struchtúir shonracha dhlíthiúla go príomha nó orthu siúd amháin⁷⁴. Níor cheadaigh **an tSeicia**, **an Ghréig** ná **an Phortaingéil** tacaíocht ioncaim fhéinfhostaithe a chomhcheangal le tacaíocht eile ón rialtas. Bhí íostairseacha nó uastairseacha tuillimh ón bhféinfhostaíocht i bhfeidhm i roinnt tíortha freisin chun grúpaí incháilithe a theorannú. I dtéarmaí na n-íoschailiteanas láimhdeachais, chuir **an Rómáin** teorainn leis an rochtain ar a gcuid scéimeanna d'oibrithe féinfhostaithe a bhí thíos le dúnadh iomlán roinnt earnálacha, agus bhí tairseacha i roinnt tíortha eile idir 10 % agus 5 % den chailiteanas láimhdeachais. Go foriomlán, thit leibhéal na tacaíochta ioncaim a soláthraíodh do dhaoine féinfhostaithe faoi bhun na tacaíochta a cuireadh ar fáil d'fhostaithe faoi scéimeanna oibre gearr-ama agus faoi scéimeanna dífhostaíochta sealadacha.⁷⁵

I gcaitheamh 2021, thosaigh formhór na mBallstát ar a scéimeanna tacaíochta éigeandála a tharraingt nó a ghearradh siar. Sa tSeicia, san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Pholainn, rinneadh na scéimeanna sealadacha speisialta a tugadh isteach mar fhreagairt ar an ngéarchéim a chéimniú amach idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa 2021; agus **san Ísiltír**⁷⁶ agus **sa tSualainn** i mí Mheán Fómhair 2021; **sa Chipir**, i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus **san Ungáir** i mí na Samhna 2021. **Sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Chróit, i Málta, in Éirinn, sa tSlóvaic agus sa Rómáin** tá coinne leis go mbeidh na scéimeanna éigeandála faoi seach fós i bhfeidhm go dtí deireadh 2021 (ar a laghad)⁷⁷. Maidir leis na Ballstáit ag a raibh scéimeanna buana i bhfeidhm cheana féin roimh ghéarchéim COVID-19, thosaigh siad ar dheireadh a chur leis na nósanna imeachta éigeandála lenar éascaíodh rochtain ar thacaíocht d'obair ghearr-ama.

⁷³ Sa Bheilg, cuireadh síneadh le linn phaindéim COVID-19 le tacaíocht a bhí ann cheana féin.

⁷⁴ Tagraítear leis sin do bhealaí difriúla do dhaoine chun iad féin a bhunú mar oibrithe féinfhostaithe (chun críocha dleathacha agus cánach), e.g. trádálaí aonair, cuideachta teoranta, comhpháirtíocht, etc. Go háirithe i dtíortha cosúil leis an Iodáil, ag a bhfuil an iliomad struchtúr difriúil chun gnóthas féinfhostaithe a bhunú, ní raibh siad ar fad i dteideal sochair a éileamh faoin scéim.

⁷⁵ Eurofound (2021), *COVID-19: Implications for employment and working life, COVID-19 series* [Impleachtaí a bhaineann leis an saol fostaíochta agus leis an saol oibre, sraith COVID-19], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

⁷⁶ San Ísiltír, cuireadh deireadh leis an pacáiste tacaíochta an 1 Deireadh Fómhair 2021. Mar sin féin, tugadh cuid den phacáiste isteach ón 26 Samhain i leith, le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Samhain 2021.

⁷⁷ Thug an Bhulgáir critéir níos déine isteach lena gcuirtear tacaíocht ioncaim ar fáil i mí an Mheithimh 2021.

D'oiriúnaigh agus chomhlánaigh roinnt Ballstát a gcuid scéimeanna oibre gearr-ama chun freagairt níos fearr do dhúshlán sa mhargadh saothair le linn an téarnaimh, i gcomhréir le prionsabal Chólún 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht). Cuireann **an Ostair, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Phortaingéil, an Spáinn** agus **an tSualainn** dreasachtaí ar fáil chun oiliúint a chur ar oibrithe ar obair ghearr-ama. Sa **Phortaingéil**, comhlánaíodh tacaíocht ghearr-ama le scéim lenar tugadh dreasacht d'fhostóirí atosú ar ghníomhaíochtaí. I roinnt tíortha, mar shampla, **san Iodáil** agus **sa Fhrainc**, ní hamháin go n-úsáidtear scéimeanna oibre gearr-ama chun déileáil le tréimhsí lena gcuirtear isteach ar ghníomhaíocht go sealadach, ach úsáidtear iad chun aghaidh a thabhairt ar laghduithe buana ar ghníomhaíochtaí freisin i gcomhthéacs próiseas athstruchtúraithe gnó. San Iodáil áirítear leis an mbeart sin tacaíocht chun aistriú chuig post nua, agus sa Fhrainc tá scéim ar leithligh ann chun na críche sin (Transco). Tá roinnt Ballstát (amhail **an tSlóvaic, an tSeicia** agus **an Spáinn**) ag athchóiriú a gcuid scéimeanna oibre gearr-ama ar bhonn buan

Tá na Ballstáit tar éis roinnt beart a chur chun feidhme chun an fhostaíocht a chur chun cinn tar éis an tsuaite a bhain le COVID-19 (féach Fíor 2.1.14). Baineadh úsáid go forleathan as dreasachtaí fostaíochta, amhail fóirdheontais shealadacha nó aonuaire a chuireann an Rialtas ar fáil do ghnólachtaí a fhostaíonn fostaíthe ar choinníollacha áirithe (e.g. ar feadh tréimhse áirithe, ar chonradh ar leith, ag díriú ar chatagóirí áirithe) i bhformhór na mBallstát chun téarnamh a chur chun cinn ina mbeidh poist ar fáil go flúirseach. Bhí leathchuid na scéimeanna dreasachta fostaíochta sin curtha i bhfeidhm in 2020 cheana féin, agus tugadh scéimeanna eile isteach in 2021. Bhí dátaí deiridh éagsúla i gceist leis na bearta sin ar fud na mBallstát, bhí formhór na ndátaí deiridh in 2021 agus 2022.

Bhí spriocghrúpaí difriúla i gceist leis na bearta tacaíochta fostaíochta a glacadh, ach díreann formhór na mbeart ar dhaoine dífhostaithe, ar an óige, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine scothaosta. Mar a léirítear le Fíor 2.1.14, is iad daoine dífhostaithe an chatagóir daoine is mó ar ar tugadh aghaidh, agus i roinnt cásanna (**an Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Ungáir, an Ostair, an Phortaingéil agus an tSlóvaic**) áiríodh forálacha spriocdhírithe le haghaidh na ndaoine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach (LTU). Thacaigh bearta le daoine óga nó le lucht NEET go mion minic (i líon chomh mór le 16 Bhallstát). Bhain go leor scéimeanna dreasachta le cláir phrintíseachta nó intéirneachta, cosúil le cláir mar shampla, **san Ostair**, mar a n-íoctar bóinas suas le EUR 2 000 in aghaidh gach printíseach dá bhfostaítear (agus EUR 1 000 eile más cuideachta bheag a bhí i gceist). Sa Phortaingéil, tugtar bóinas suas le EUR 3 290 d'fhostóirí a fhostaíonn oiliúnaithe ar chonarthaí neamhiata taobh istigh de 20 lá oibre ó dheireadh an chúrsa oiliúna (go hidirthréimhseach suas le EUR 4 600 i gcomhthéacs ghéarchéim na paindéime). I measc na gcatagóirí eile ar ar tugadh aghaidh orthu bhí mná (**an Bhulgáir, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ostair**) agus daoine faoi mhíchumas (**an tSeicia, an Danmhairg, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Phortaingéil agus an tSlóvaic**). Chuir **an Bheilg** lacáistí slándála sóisialta sealadacha i bhfeidhm le haghaidh cuideachtaí sna hearnálacha imeachtaí, óstán agus taistil, mar aon le cuideachtaí a bhí ag fostú fostaíthe as an nua nó ag tabhairt fostaíthe ar ais tar éis dífhostaíocht shealadach. Chuir **an Eastóin** dreasachtaí sonracha ar fáil le haghaidh na hearnála talmhaíochta agus threisigh **an Iodáil** na bearta a glacadh le haghaidh an Deiscirt (*Decontribuzione Sud*), i measc Ballstát eile. Ar deireadh, thug **an Ghréig** agus **an tSlóivéin** fóirdheontais isteach le haghaidh gnólachtaí a chruthaigh 'poist ghlasa' nó a bhí ag oibriú in earnálacha astaíochtaí ísle. In éineacht le chéile, thug 23 Bhallstát fóirdheontais fostaíochta isteach i bhfabhar grúpaí sonracha.

Fíor 02/01/2014: Thug na Ballstáit uile seachas dhá Bhallstát cineálacha éigin de dhreasachtaí fostaíochta isteach mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19

Bearta dreasachtaí fostaíochta a ghlac na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim gan choinne COVID-19, de réir an spriocdhaonra (2020-2021) Daoine dífhostaithe

	Dífhostaithe	LTU	Daoine óga/NEET	Mná	Daoine scothaosta	Daoine faoi mhíchumas	Printiseacheacht aif / intéirneachtaí	Earnálacha áirithe	Réigiúin áirithe
BE	X	X	X				X	X	
BG	X			X	X	X		X	
CZ						X			
DK	X	X	X		X	X	X		
DE							X		
EE	X	X	X					X	X
IE	X		X				X		
EL	X	X	X	X	X	X		X	X
ES	X	X			X	X			
FR			X			X	X		
HR		X	X						
IT	X		X	X		X	X	X	X
CY	X		X				X		
LV	X								
LT	X								
LU	X			X	X	X	X		
HU	X	X	X	X	X				
MT	X		X		X	X			
NL									
AT	X	X	X	X	X	X	X		
PL									
PT	X	X	X			X	X		X
RO	X		X		X			X	
SI	X							X	
SK	X	X	X		X	X			
FI								X	
SE			X					X	

Nóta: Níor braithheadh aon bheart le haghaidh na hÍsiltíre ná na Polainne. Sa Spáinn, baineann an tábla le bearta de chuid roinnt réigiún, i dteannta na ndreasachtaí náisiúnta fostaíochta a bhí ann roimhe. Foinse: Anailís arna déanamh ag an gCoimisiún Eorpach féin; Eurofound COVID-19 EU PolicyWatch [Súil ar Bheartais COVID-19 an Aontais]; Tuarascálacha Práinneacha an Choimisiúin Eacnamaíoch don Eoraip maidir le Dlíthe an tSaothair agus PTAnna a ghlac na Ballstáit de chuid an Aontais.

Tá bearta fógartha ag roinnt Ballstát chun an fhiontraíocht agus an fhéinfhostaíocht a ghríosú. Tá sé d’aidhm ag **an Spáinn** líonra de lárionaid um threoshuíomh, fiontraíocht agus nuálaíocht a chruthú mar chuid de bhearta chun feabhas a chur ar chomhordú na seirbhísí fostaíochta poiblí (SPF) ar fud na réigiún, agus tá oiliúint le haghaidh fhoireann SPF á beartú ag an Spáinn. Faoi scáth chruthú na bpost mar thacaíocht leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, treoróidh **an Chróit** cistí agus acmhainní SPF chun tús áite a thabhairt d’athghníomhachtú agus d’(fhéin)fhostú daoine neamhghníomhacha, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus NEETanna. Ar an mbealach céanna, cuirfidh **an Liotuáin** treoirhionscadal ar bun chun tacú leis an bhfiontraíocht agus le cruthú na bpost le haghaidh an aistrithe déigh agus an gheilleagair chiorclaigh, in éineacht le huas-sciliú fhostaithe SPF chun na críche sin. Tá sé beartaithe ag an bPortaingéil dreasacht nua maidir leis an bhfiontraíocht a sheoladh, a bheidh bunaithe ar mheascán de dhreasachtaí airgeadais agus ar ghníomhaíochtaí forbartha acmhainní a bheidh le cur chun feidhme sa chomhpháirtíocht idir SPF agus Startup Portugal. Faigheann bearta na dtíortha sin tacaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus/nó faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus.

Tá bearta á ndéanamh ag cúpla Ballstát chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta. Go háirithe, forbróidh **an Spáinn** 30 tionscadal ar a laghad a bhaineann leis an ngeilleagar sóisialta lena ndíreofar ar fhiontraíocht daoine óga, agus ar ardáin dhigiteacha le haghaidh an daonra i gceantair thuaithe. Tá sé i gceist ag an **bPolainn** the Social Economy Act [an Gníomh um an nGeilleagar Sóisialta] a ghlacadh in 2022, lena dtabharfar sainmhínthe, *inter alia*, ar fhiontar sóisialta isteach i ndlíchóras na Polainne, lena leagfar síos rialacha maidir le feidhmiú earnáil an gheilleagair shóisialta agus lena soláthrófar creat maidir le comhar na Polainne le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha eile. Leis an nGníomh tacófar le fostú agus le lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol eisiaimh shóisialta, cruthófar poist nua i bhfiontar shóisialta agus éascófar le soláthar seirbhísí sóisialta don phobal áitiúil ag gníomhaithe sa gheilleagar sóisialta.


Bosca Cholún 1: Tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht (EASE)

Mar a leagadh amach sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht (EASE)⁷⁸, is gá pacáistí beartais comhleanúnacha chun tacú le haistrithe sa mhargadh saothair chun téarnamh a chur chun cinn ina mbeidh poist ar fáil go flúirseach i ndiaidh phaindéim gan choinne COVID-19, i gcomhréir le prionsabal 4 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht). Ba cheart fócas na mbeartas fostaíochta a aistriú de réir a chéile go dtí tacaíocht chun poist a chruthú agus go dtí aistrithe ó phost go post eile a dhéanamh níos éasca. Sa chiall sin, iarrtar le Moladh EASE ar na Ballstáit pacáistí beartais comhleanúnacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin don mhargadh saothair a spreagadh leis an bpaindéim, bearnaí na nganntanas scileanna atá á gcarnadh le linn an téarnaimh a dhúnadh, agus cuidiú le gach duine go n-éireoidh leo dul tríd an aistriú glas agus tríd an aistriú digiteach. Ba cheart na nithe seo a leanas a áireamh leis na pacáistí sin (i) dreasachtaí fostaíochta agus um aistriú chun cruthú post ardchaighdeán a chur chun cinn agus tacú le hinfhostaitheacht oibrithe, (ii) uas-sciliú agus athsciliú agus (iii) tacaíocht fheabhsaithe ó sheirbhísí fostaíochta. Baineann tábhacht ar leith leis na bearta sin chun tacú leis bpríomhspríoc go mbeidh 78 % ar a laghad den daonra ó 20 go 64 bliana d'aois fostaíthe san Aontas faoi 2030.

Is féidir le dreasachtaí fostaíochta cuidiú le borradh a chur faoin éileamh saothair sa chéim thosaigh den téarnamh. Le linn phaindéim COVID-19, bhí cnapaireacht saothair ar siúl ag gnólaigh, le cuidiú tacaíochta poiblí freisin. Is lú dóchúlachta go n-infheisteadh cuideachtaí ina lucht saothair agus é a leathnú agus cúrsaí fós neamhchinnte. Sa chomhthéacs sin, is féidir le dreasachtaí fostaíochta deiseanna fostaíochta a chruthú do dhaoine atá ag lorg poist agus atá ‘faoi mhíbhuntáiste’ (amhail daoine óga dífhostaithe ag nach bhfuil aon taithí oibre acu, nó taithí oibre ar bith). Ina theannta sin, is féidir leo tacú le hath-leithdháileadh na n-oibrithe atá á ndéanamh iomarcach, ag éascú leo aistriú i dtreo earnálacha nó gairmeacha nua. Mar a phléitear i roinn 2.1.2, tá fóirdheontais fostaíochta tugtha isteach ag formhór na mBallstát i bhfabhar grúpaí sonracha amhail daoine óga agus NEETanna (19 dtír, lena n-áirítear printíseachtaí agus intéirneachtaí), agus daoine dífhostaithe (20 tír, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach).

⁷⁸ Moladh ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19 (EASE), C(2021)1372 final.

Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím (4 seachtaine roimhe), daoine dífhostaithe idir 25-64 bliana d'aois




Nótaí: Níl sonraí ar fáil le haghaidh BG, RO ná SK, dá bhfuil na rátaí rannpháirtíochta faoi bhun 3 %. Briseadh san amshraith agus sonraí sealadacha le haghaidh DE in 2020. Níl na sonraí iontaoifa le haghaidh HU, HR, CY, MT, PL, SI in 2020 ná le haghaidh CY, HR, HU, LT, SI in 2019.

Foinse: Eurostat LFS [trng_lfse_02]

Chun samhail fáis a bheidh inbhuanaithe agus cuimsitheach a áirithiú, is gá infheistiú in uas-sciliú agus in athsciliú na ndaoine fásta. Tá oiliúint agus sealbhú scileanna ina nithe fíorthábhachtacha chun aistrithe poist a éascú. Tá uas-sciliú agus athsciliú tagtha chun bheith níos fíor-riachtanaí fós i bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Maidir le deiseanna oiliúna a sholáthar lena dtacófar le daoine aistriú chuig post nua agus lena (n-ath-)lánpháirtiú sa mhargadh saothair go héifeachtach, ceanglaítear córas oiriúnach gairmoiliúna do dhaoine fásta agus córas leanúnach den sórt sin, lena soláthrófar scileanna a bheidh ábhartha don mhargadh saothair. Tá difríochtaí suntasacha le feiceáil d'ainneoin sin ar fud na mBallstát maidir le rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach (féach roinn 2.2.), go háirithe le haghaidh daoine dífhostaithe (féach cairt). In 2020, bhí bearna 38.5 ccc ann idir an gníomhaí ab airde agus ab ísle i dtéarmaí na rannpháirtíochta san fhoghlaím i measc daoine fásta dífhostaithe, agus ní raibh an ráta rannpháirtíochta foriomlán le haghaidh na catagóire sin ach 1.3 ccc níos airde ná an ráta le haghaidh an daonra iomláin idir 25-64 bliana d'aois (10.5 % i gcomparáid le 9.2 %).

Rannpháirtíocht i mbearta maidir le luathghníomhachtú⁷⁹ na ndaoine dífhostaithe a cláraíodh le SPF (2019)



Nóta: Is éard is daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach ann daoine atá dífhostaithe ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Níl sonraí ar fáil le haghaidh EL, IT ná CY. Sonraí 2018 le haghaidh BE, BG, IE, FR, NL agus RO. Níl faisnéis ar fáil ar dhaoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach le haghaidh BE, DK, ES, FR, LT ná LU.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, Bunachar Sonraí Beartas maidir leis an Margadh Saothair.

Tá seirbhísí poiblí fostaíochta a fheidhmíonn go maith criticiúil le haghaidh

ath-lánpháirtiú/lánpháirtiú éifeachtach sa mhargadh saothair agus le haghaidh tacaíochta do dhaoine

chun aistriú idir poist. I gcomhar le beartais ghníomhacha eile maidir leis an margadh saothair, nuair atá tacaíocht spriocdhírithe ar fáil go luath ó sheirbhísí fostaíochta mar aon le comhairleoireacht ar bhonn aonair, is féidir an dóchúlacht, go n-athfhostófar cuardaitheoirí poist, a mhéadú agus dífhostaíocht fhadtéarmach a chosc, ag rannchuidiú le margai saothair níos dinimiciúla agus le leibhéal fostaíochta níos airde. Tá éagsúlacht mhór idir tíortha áfach, maidir leis an rannpháirtíocht i mbearta maidir le luathghníomhachtú (féach an chart). San Ungáir, tá beagnach 50 % de na daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach agus atá cláraithe le SPF tar éis páirt a ghlacadh i mbearta den sórt sin⁸⁰, ach sa tSeicia, is lú ná 6 % líon na ndaoine atá tar éis déanamh amhlaidh.

⁷⁹ Le luathghníomhachtú tagraítear do bhearta lena dtugtar aghaidh orthu siúd atá dífhostaithe ar feadh tréimhse is giorra ná bliain agus lena gcuimsítear, mar shampla, oiliúint, fostaíocht agus athshlánú le tacaíocht nó poist á gcruthú go díreach mar aon le comhairleoireacht ó na seirbhísí náisiúnta poiblí fostaíochta (SPF).

⁸⁰ Cé go bhfuil ráta gníomhachtaithe na gcuardaitheoirí poist cuibheasach ard san Ungáir, is iad oibreacha poiblí agus dreasachtaí fostaíochta eile atá á spreagadh sin go príomha, agus ní tugtar an tacaíocht chéanna d'athsciliú ná d'uas-sciliú na gcuardaitheoirí poist ar chor ar bith.

Tá an digitiú fíorluath agus an t-aistriú glas á fhágáil gur rud criticiúil é meaitseáil níos fearr a dhéanamh idir soláthar scileanna tíre agus riachtanais mhargaí saothair na todhchaí. Chun mímhaitseálacha agus ganntanais scileanna a mhaolú, ceanglaítear cur chuige lánpháirtithe i leith rialachas scileanna, lena n-áirítear faisnéis faoi scileanna agus réamhaisnéisiú scileanna trí chomhpháirtíochtaí idir páirtithe leasmhara ábhartha⁸¹. Úsáideann Ballstáit uile an Aontais modh amháin ar a laghad chun faisnéis faoi scileanna a fhorbairt chun go mbeidh a fhios acu céard a bheidh rompu ó thaobh scileanna de, agus úsáideann ceithre as gach cúig Bhallstát réamhaisnéisí scileanna, cé go bhfuil leibhéil na forbartha ina leith sin difriúil⁸². Tá iarrachtaí leanúnacha ar siúl ar bhonn níos leithne freisin chun seirbhísí poiblí fostaíochta a dhigitiú agus a gcumas a láidriú chun cianchúnamh agus cúnamh ar líne a sholáthar⁸³. Chun riachtanais scileanna a thuiscint níos fearr, agus chun faisnéis níos fearr faoi scileanna an mhargaidh saothair a fhorbairt, tá Cedefop tar éis tairseach Skills-OVATE a sheoladh faoi éileamh na bhfostóirí ar phoist agus ar scileanna, bunaithe ar fhógraí poist ar líne in 28 dtír Eorpacha⁸⁴.

Le pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna) áirítear bearta de chineál EASE maidir le dreasachtaí fostaíochta agus um aistriú agus tacaíocht fiontraíochta, uas-sciliú agus athsciliú, agus tacaíocht ó sheirbhísí fostaíochta. Maidir le dreasachtaí fostaíochta, mar shampla, d'áirigh **an Phortaingéil** straitéis chun feabhas a chur ar cháilíocht na bpost sa chomhpháirt um Cháilíochtaí agus Scileanna dá plean náisiúnta. Trí bhithin dreasachtaí fostaíochta difriúla, tá sé d'aidhm ag an bPortaingéil cruthú post buan cáilithe a chur chun cinn, an fhostaíocht óige a ardú agus an bhearna fostaíochta idir na hinseníní a dhúnadh ar fud na n-earnálacha difriúla. Ar an mbealach céanna, le Plean **na hÉireann** áirítear an Clár Socrúcháin Taithí Oibre, ar cuireadh tús leis go hoifigiúil i mí Iúil 2021. Faoin gclár deiridh sin, tá aon duine atá dífhostaithe ar feadh 6 mhí ar a laghad incháilithe d'oiliúint a bhaineann le hearnáil go sonrach (ar feadh 6 mhí ar a mhéad) agus é nó í ag obair le haghaidh cuideachtaí óstaí, atá díolmhaithe ó chostais shonracha phá le linn na tréimhse sin. D'áirigh **an Ghréig** fóirdheontais fostaíochta le haghaidh breis is 70 000 post nua lenar díriodh ar dhaoine óga, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus grúpaí a bhfuil bacainní sonracha rompu maidir lena lánpháirtí sa mhargadh saothair. Bheartaigh **an Fhrainc** sraith fóirdheontas fostaíochta, lena ndírítear go háirithe ar ghnólachtaí a fhostaíonn printísigh agus daoine níos óige. Tá faoin **gCipir** scéimeanna fostaíochta a Roinne Saothair a athchóiriú agus a dhigitiú, i dteannta fóirdheontais fostaíochta a sholáthar do ghnólachtaí a fhostaíonn NEETanna.

⁸¹ Tá na príomhthorthaí ó réamhaisnéisí agus ó staidéir fadbhreathnaitheachta atá ann cheana maidir le poist ghlasa agus scileanna ar fáil i líonra SPF (2021). [*Greening of the labour market – impacts for the Public Employment Services*](#) [Glasú an mhargaidh saothair – tionchair le haghaidh na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta].

⁸² [*Tairseach faisnéise scileanna Cedefop*](#).

⁸³ Líonra SPF (2020). [*The role of PES in modernising the labour market and managing structural change*](#) [Ról SPF maidir leis an margadh saothair a nuachóiriú agus le hathrú struchtúrtha a bhainistiú].

⁸⁴ [*Skills-OVATE: Skills Online Vacancy Analysis Tool for Europe | Cedefop \(europa.eu\)*](#) [Uirlis Anailíse Ar Líne le haghaidh na hEorpa maidir le Folúntais Scileanna].

Méadaíodh an pá íosta reachtúil i bhformhór na mBallstát in 2021 i gcomparáid lena raibh ann sa bhliain roimhe⁸⁵ i gcomhréir le Prionsabal 6 den Chólún (maidir le pá). Tharla an méadú ba mhó de réir céatadáin ar an bpá íosta **sa Laitvia** (16.3 %), cé gurb íseal é fós i gcomparáid leis an meánphá. Maidir le tíortha eile i Lár agus in Oirthear na hEorpa, ar tíortha iad ag a bhfuil pá íosta réasúnta íseal de ghnáth, rinne siad méadú cuibheasach suntasach orthu freisin (mar shampla, **an tSlóivéin** méadú 8.9 %, **an Pholainn** méadú 7.7 %, **an tSlóvaic** méadú 7.4 %, **an Liotuáin** méadú 5.8 %, **an Chróit** méadú 4.6 %). **Sa tSlóvaic**, socraíodh an pá íosta ag 57 % den mheánphá le haghaidh 2021.⁸⁶ I mBallstáit mar a mbunaítear an pá íosta a shocraítear ar fhoirmli (lena n-áirítear **an Fhrainc, Lucsamburg, Málta** agus **an Ísiltír**), bhí méadú sách measartha ann (**Lucsamburg** méadú 2.8 %, méadú faoi bhun 2 % ag na tíortha eile a liostaítear thíos) agus níor imíodh ón bhfoirmle ar bhealach mór ar bith eile a bhain le géarchéim. Níor chinn ach **an Eastóin** agus **an Ghréig** a rátaí pá íosta a reo le haghaidh 2021. Méadóidh **an Bheilg** a pá íosta reachtúil in 2022, 2024 agus 2026. I mí Mí Mheán Fómhair 2021, rinne **an Spáinn** méadú 1.6% ar a pá íosta, agus é de chuspóir ag an tír é a ardú go dtí gur 60 % den mheánphá a bheidh ann roimh dheireadh théarma an rialtais atá ann faoi láthair.

⁸⁵ Féach Eurofound (2021): *Minimum wages in 2021: Annual Report* [Pá íosta in 2021: Tuarascáil Bhliantúil].

⁸⁶ Gach bliain, mura dtiocfaidh na comhpháirtithe sóisialta ar aon chomhaontú, socrófar méid an phá íosta míosúil le haghaidh na bliana féilire dá éis sin ag 57 % de mheánphá ainmniúil ag fostaí i ngeilleagar na Slóvaice le haghaidh na bliana féilire atá ann 2 bhliain roimh an mbliain féilire sin.

Cuireadh roinnt beart i bhfeidhm chun an ding chánach ar shaothar a laghdú chun borradh a chur faoi ghlanioncaim oibrithe agus na dteaghlach atá ar ioncam níos ísle, agus i roinnt cásanna, chun soláthar saothair a spreagadh. Mar shampla, rinne **an Ghréig** athbhreithniú ar an mbonn chun dliteanais chánach ioncaim phearsanta a ríomh agus rinne sí laghdú 0.9 ccc ar na ranníocaíochtaí slándála sóisialta le haghaidh fostaithe lánaimseartha le héifeacht ó mhí an Mheithimh 2020 agus laghdú 3 ccc eile le héifeacht ó mhí Eanáir 2021. **Laghdaigh an Iodáil an ding chánach le haghaidh oibrithe spleácha:** le haghaidh ioncam chomh hard le EUR 28 000 in aghaidh na bliana, tugadh liúntas EUR 600 le haghaidh na 6 mhí dheiridh de 2020, a tháinig chun bheith ina ding bhliantúil EUR 1 200 ó 2021. Samhlaítear liúntais níos ísle le haghaidh ioncam níos airde, chomh hard le EUR 40 000. **Sa Bheilg** (réigiún Fhlóndras), ó 2021 déanfar méadú EUR 50 in aghaidh na míosa ar a mhéad le ‘bónas fostaíochta’ ar ghlantuarastail saothraithe ar phá íseal dóibh siúd ag a bhfuil (oll)phá míosúil lánaimseartha EUR 1 700 in aghaidh na míosa. Tá an bónas beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht agus ar ghaistí neamhghníomhaíochta agus rachaidh an bónas i laghad de réir a chéile chuig nialas le haghaidh daoine ag a bhfuil olltuarastal míosúil EUR 2 500 ar a laghad. Laghdaigh **an Fhrainc** an ráta cánach ioncaim phearsanta sa chéad réim chánach ó 14 % go 11 % agus choigeartaigh an sásra faoisimh chánach (*‘décote’*) chun cur i bhfeidhm na cánach ioncaim phearsanta a dhéanamh níos réidhe. Mhéadaigh **Ostair** aisíocaíocht uasta na ranníocaíochtaí slándála sóisialta le haghaidh saothraithe ar ioncam íseal ó EUR 400 go EUR 700 agus, ó mhí Eanáir 2020 amach, laghdaigh an Ostair rátaí ioncaim chánach sa chéad réim chánach ó 25 % go 20 %, agus áirítear ina PTA gealltanas bearta breise a dhéanamh chun rátaí ioncaim chánach a laghdú. Chuir **an Chróit** laghdú 100 % chun feidhme ar an dliteanas ioncaim chánach phearsanta le haghaidh daoine faoi bhun 25 bliana d’aois agus laghdú 50 % le haghaidh daoine idir 26 go 30 bliain d’aois le haghaidh tuarastail bhliantúla faoi bhun HRK 360 000 (thart faoi EUR 50 000). Ó 2022 amach, díolmhaíonn **an Ungáir** daoine óga faoi bhun 25 bliana d’aois ó cháin ioncaim phearsanta a íoc chomh hard le méid an oll-mhéanioncaim sa bhliain roimhe, agus é d’aidhm acu gníomhaíocht agus fostaíocht daoine óga a mhéadú. Thug **an Bhulgáir** faoiseamh cánach isteach le haghaidh daoine atá ag tógáil leanaí. D’fhoilsigh an Coimisiún Foireann Uirlisí le haghaidh geallsealbhoirí chun tacú leis an aistriú ó chánachas saothair chuig cánacha comhshaoil⁸⁷.

⁸⁷ https://ec.europa.eu/environment/news/environmental-pollution-new-study-finds-polluters-do-not-pay-damage-they-cause-2021-11-12_en

2.2 Treoirlíne 6: An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí

Leis an roinn seo, táthar ag breathnú ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 6 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a chruthú chun an soláthar saothair, scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabail Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta 1 (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 2 (comhionannas inscne), 3 (comhdheiseanna), 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), 9 (cothromaíocht oibre is saoil), 11 (cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) agus 17 (cuimsiú daoine faoi mhíchumas). Tuairiscítear i roinn 2.2.1 faoi phríomhfhorbairtí i réimse an oideachais agus scileanna, mar aon leis an gcás ó thaobh an mhargaidh saothair de go háirithe maidir le grúpaí leochaileacha agus tearcionadaithe. Tuairiscítear i roinn 2.2.2 faoi bhearta beartais atá déanta ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

2.2.1 Príomhthásairí

Leanadh den mhéadú ar an rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram luathóige (ECEC) le blianta beaga anuas, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha fós ann ar fud na mBallstát i dtéarmaí na hinrochtaineachta agus na cáilíochta de. Baineann impleachtaí tábhachtacha leis an gclárú in ECEC le haghaidh conairí oideachais leanaí ina dtodhchaí, agus le haghaidh a n-ionchas fostaíochta agus a rannpháirtíochta gníomhaí sa tsochaí mar aon le méadú rannpháirtíocht a dtuismitheoirí sa mhargadh saothair. In 2021, chomhaontaigh na Ballstáit sprioc ar leibhéal an Aontais, gur cheart, faoi 2030, do 96 % de leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois a dtosaithe ar an oideachas bunscoile éigeantach, páirt a ghlacadh in ECEC⁸⁸. In 2019, ba 92.8 % ar fud an Aontais sciar na rannpháirtíochta in ECEC san aoisghrúpa sin, ar méadú 1.6 ccc é i gcomparáid le 2014. Comhlánaíonn an sprioc sin sprioc Barcelona maidir le cúram leanaí, a socraíodh chun tacú le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus a úsáidtear sa Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe⁸⁹. Mar a léirítear i bhFíor 2.2.1, cláraíodh na rátaí rannpháirtíochta ab ísle sa Bhulgáir (79.9 %), sa Ghréig (68.8 %⁹⁰), sa Chróit (79.4 %), sa Rómáin (78.6 %) agus sa tSlóvaic (77.8 %) ach bhí rannpháirtíocht uilíoch ann in Éirinn agus sa Fhrainc. Ar an meán, bíonn rátaí rannpháirtíochta i bhfad níos ísle ag leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ná rátaí a bpiaraí ó theaghlaigh níos saibhre⁹¹. Chun cáilíocht ECEC a áirithiú, faoin scoilbhliain 2019-20, bhí critéir socraithe ag formhór na dtíortha maidir le cáiliú foirne nó maidir lena bhforbairt ghairmiúil leanúnach⁹².

⁸⁸ [Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn](#) (2021-2030) 2021/C 66/01. Leis an táscaire le haghaidh an Limistéir Eorpaigh Oideachais, déantar tinreamh chláir ECEC a thagann faoi chatagóir 0 ISCED (cód sonraí Eurostat [educ_uoe_enra21](#)) a thomhas.

⁸⁹ Féach Roinn 1.3. Is é Comhairle Eorpach Barcelona a chomhaontaigh spriocanna Barcelona in 2002. Luaitear leis na spriocanna gur cheart do 33 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois, agus do 90 % de leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois scoile éigeantach a bheith cláraithe i gcúram leanaí.


⁹⁰ Tá an ráta i bhfad níos airde i gcás leanaí atá 4 bliana d'aois agus os a chionn agus bhí sé ag 85.6 % in 2019.

⁹¹ Tá bearna 11.3 ccc i rannpháirtíocht ECEC le haghaidh leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil (2016). Féach JER 2021 le haghaidh tuilleadh sonraí.

⁹² An Coimisiún Eorpach/EACEA/Eurydice (2021) [Structural Indicators for Monitoring Education and Training Systems in Europe](#) [Táscairí Struchtúracha maidir le Faireachán a dhéanamh ar Chórais Oideachais agus Oiliúna san Eoraip].

Fíor 2.2.1: Tá díreach os cionn leathchuid na mBallstát tar éis feabhas a chur ar an rochtain ar ECEC ó aois 3 bliana go dtí tús an oideachais éigeantaigh

Rannpháirtíocht in ECEC ag leanáí idir 3 bliana d'aois agus an aois a dtosaítear ar an oideachas éigeantach bunscoile (2014 agus 2019), agus sprioc EEA le haghaidh 2030 (in %)



Nóta: Sonraí measta atá ann le haghaidh IE, PL; sonraí sealadacha atá ann le haghaidh FR, tá an sainmhíniú difriúil le haghaidh AE-27, BE, MT.

Foinse: Eurostat (UOE) [[educ_uoe_enra21](#)].

Tá laghdú suntasach tagtha ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, cé go bhfuil an treocht dhearfach tar éis moilliú agus go bhfuil difríochtaí fós ann idir tíortha.


Thit rátaí luathfhágáil na scoile san Aontas ó 13.8 % in 2010 go 9.9 % in 2020, ach níor taifeadadh ach feabhas beag 1.1 cc idir 2015 agus 2020. Is dócha go mbeidh tionchar diúltach breise ag an bpaindéim, go háirithe maidir le teaghlaigh leochaileacha⁹³. Le táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta, léirítear go bhfuil sé Bhallstát (an Chipir, an Liotuáin, an tSualainn, Lúcsamburg, an tSeicia agus an Fhionlainn) tar éis méadú de thart ar 1 ccc nó os a chionn sin a thaifeadadh maidir le luathfhágáil na scoile idir 2019 agus 2020. Go foriomlán, tá difríochtaí suntasacha fós ann idir tíortha (Fíor 2.2.2). Tá coinne leis go laghdófar an ráta sin go ráta faoi bhun 9 % faoi 2030 le sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais maidir le luathfhágáil na scoile. Tá 18 mBallstát tar éis an sprioc sin a bhaint amach cheana féin, agus tuairiscíonn sé Bhallstát eile fós figiúirí os cionn 12 % (an Spáinn, Rómáin, an Iodáil, an Bhulgáir, Málta agus an Ungáir)⁹⁴. Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint os cionn 15 % i roinnt réigiún i ndeisceart na Spáinne agus san Iodáil (féach Iarscríbhinn 3). Cé gur 8 % de mhná óga ar an meán a bhí ag fágáil oideachas agus oiliúint go luath san Aontas in 2020, ba é 11.8 % an ráta d'fhir óga. Tá an bhearna sin iontach suntasach (breis is 5 ccc) sa Spáinn, sa Phortaingéil, sa Chipir agus san Iodáil. Níl an ráta níos ísle d'fhir ná mar atá sé do mhná ach i mBallstáit na Rómáine agus na Seicia.

⁹³ Rud is ábhar inspéise a áirítear leis sin is ea daltaí agus scoláirí nach bhfuil an bonneagar acu chun teacht ar an gcianfhoghlaim, amhail gceantair thuaithe agus iargúlta. Féach JER 2021 agus an Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2020 chun cumhdach níos cuimsithí a fháil.

⁹⁴ Taifeadadh laghdú suntasach sna rátaí luathfhágáil scoile idir 2015 agus 2020, idir 3 ccc nó níos mó, sa Spáinn, i Málta agus sa Rómáin.

Fíor 2.2.2: In ainneoin na bhfeabhsuithe, is dúshlán fós é luathfhágáil oideachais agus oiliúna

Daoine a d'fhág an t-oideachas agus an oiliúint go luath, daonra idir 18-24 bliana d'aois (in %, 2020 agus athrú ó 2019, táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh DE in 2020 agus NL in 2019. Sonraí neamh-iontaofa le haghaidh HR in 2019 agus 2020. Sonraí sealadacha le haghaidh DE in 2020.

Foinse: Eurostat ([edat lfse 14](#)).

Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint i bhfad níos airde i measc scoláirí nár rugadh san Aontas. In 2020, ba é 8.7 % an meánsciar i measc na ndaoine a rugadh san Aontas idir 18-24 bliana d'aois, ach le haghaidh daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach, bhí an ráta beagnach trí oiread níos airde (23.2 %). Bhí luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna níos suntasaí fós i measc na bhfear óg nár rugadh san Aontas i gcomparáid lena bpiaraí a rugadh san Aontas (25.2 % vs 10.5 %). In 2020, luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ab ea breis is an ceathrú cuid de dhaoine óga nár rugadh san Aontas agus a bhí san Iodáil, sa Ghearmáin, sa Spáinn, i Málta, sa Chipir agus sa Ghréig⁹⁵. Taifeadadh dea-thorthaí le haghaidh scoláirí a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach sa tSlóivéin (7.4 %) agus sa tSeicia (8 %), torthaí a bhí faoi bhun spriocluach an 9 %, ach a bhí níos airde fós ná an ráta le haghaidh daoine a rugadh san Aontas.


Tar éis na mblianta ina ndearnadh dul chun cinn leanúnach, tá ardú ag teacht an athuair ar sciar na scoláirí atá 15 bliana d'aois agus ag a bhfuil tearcghnóthachtáil á léiriú i leith na mbunscileanna, agus tá imthosca iontach deacair ag baint do scoláirí as cúltra socheacnamaíoch níos ísle. Le Clár 2018 ECFE le haghaidh Measúnuithe Idirnáisiúnta ar Scoláirí (PISA) léirítear go bhfuil obair mhór fós le déanamh chun sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais ar leibhéal an Aontais a bhaint amach (i.e. ráta tearcghnóthachtála níos lú ná 15 %) in aon cheann de na trí réimse a dhéantar a thástáil le PISA (féach Fíor 2.2.3). I gcomparáid le 2015, tá an scéal tar éis dul i ndonacht sna trí réimse uile: faoi 2.5 ccc sa léitheoireacht, 0.5 ccc sa mhatamaitic, agus 1.1 ccc san eolaíocht. Déantar an iomarca ionadaíochta ar scoláirí ag a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle agus/nó cúltra imirceach i measc na scoláirí lagchumasacha agus bíonn deacrachtaí acu inniúlacht bhonnlíne a fháil sna trí réimse uile. Léirítear bearna 23 ccc sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht leis an gcomparáid idir sciar na scoláirí lagchumasacha sa cheathrú ag bun agus sa cheathrú ag barr innéacs an stádais eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir (ESCS)⁹⁶. I mbabhta deiridh PISA a tharla in 2018, cláraíodh difríochtaí substaintiúla in innéacs ESCS i scileanna léitheoireachta sa Bhulgáir, sa Rómáin, san Ungáir, sa tSlóvaic agus i Lucsamburg (ag nó os cionn 37.5 ccc). Bhí an bhearna feidhmíochta faoi bhun 15 ccc san Eastóin agus san Fhionlainn. Tá neamh-chomhionannas i dtorthaí oideachais atá nasctha le cúltra socheacnamaíoch nó imirceach ina mbacainn mhór roimh chomhdheiseanna a chur ar fáil do chách, agus d'fhéadfadh éifeachtaí breise a bheith i gceist ar leibhéil scileanna daoine aonair agus ar phoitéinseal fáis an gheilleagair.

⁹⁵ Chun ríomhanna a sheachaint a bheadh bunaithe ar mhéideanna samplaí an-bheag, ní léirítear sa tuarascáil seo ach torthaí le haghaidh na mBallstát de chuid an Aontais inarb é 5 % ar a laghad céatadán na scoláirí ag a bhfuil cúltra imirceach agus tá na sonraí iontaofa.

⁹⁶ Tomhaiseann ECFE innéacs ESCS agus oideachas na dtuismitheoirí á gcur san áireamh mar aon le gairm na dtuismitheoirí, sealúchas sa bhaile, líon na leabhar agus na n-acmhainní oideachais atá sa bhaile.

Fíor 2.2.3: Tá ráta na lagchumasachta sna bunscoileanna fós ard i dtromlach na mBallstát

Ráta na scoláirí lagchumhasacha i réimsí léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta PISA (in %, 2018)



Nóta: Léirítear sa chart céatadán na scoláirí ar tearcghnóthachtálaithe iad sna trí réimse uile an tráth céanna.

Foinse: PISA 2018, OECD, cuid de na sonraí ón Aontas [ar fáil anseo](#).

Is gá iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun borradh a chur faoi scileanna digiteacha scoláirí ar fud an Aontais. Chun déanamh amhlaidh, shocraigh na Ballstáit sprioc

Limistéir Eorpaigh Oideachais ar leibhéal an Aontais chun laghdú a dhéanamh ar sciar na scoláirí i ngrád a hocht (déagóirí 13 nó 14 bliana d'aois) ar tearcghnóthachtálaithe iad sa litearthacht ríomhaire agus faisnéise go mbeidh sé faoi bhun 15 % faoi 2030. Léirítear le timthrialla 2013 agus 2018 den *International Computer and Information Literacy Study (ICILS)*⁹⁷

[Staidéir Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise (ICILS)] nár shroich ach dhá cheann de na Ballstáit rannpháirteacha áit gar don sprioc ar leibhéal an Aontais: An tSeicia in 2013 (15 %) agus an Danmhairg in 2018 (16.2 %). Nochtadh freisin leis an staidéar go bhfuil cúla socheacnamaíoch nó imirceach na scoláirí fós ina réamhtháscaire láidir maidir lena leibhéal scileanna digiteacha. Ceanglaítear éiceachórais oideachais dhigitigh ardfheidhmíochta a fhorbairt chun borradh a chur faoi scileanna digiteacha scoláirí, agus príomhchumasóirí ag tacú leo amhail nascacht, trealamh, tacaíocht theicniúil d'institiúidí, agus teicneolaíochtaí cúntacha d'fhoghlaimoirí faoi mhíchumas. Is gá múinteoirí dea-oilte lena aghaidh freisin, a bheidh ullmhaithe ó thaobh cúrsaí digiteacha de, nuair a théann siad isteach sa ghairm agus ag a mbeidh an deis a n-inniúlacht shonrach dhigiteach a fhorbairt agus a threisiú a thuilleadh ar feadh a ngairme beatha⁹⁸. Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, tá obair ar siúl go leanúnach, ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, chun na spriocanna sin a bhaint amach.

⁹⁷ Tomhaiseann ICILS gnóthachtáil na scoláirí trí mheasúnú ríomhaire in dhá réimse inniúlachtaí digiteacha. Táthar tar éis dhá thimthriall a chur i gcrích go dtí seo, an chéad cheann in 2013 agus an dara ceann in 2018. Tá an tríú timthriall sceidealaithe le haghaidh 2023. Ghlac naoi mBallstát páirt sa chéad timthriall agus seacht mBallstát sa dara timthriall. Níor ghlac ach Ballstáit na Danmhairge agus na Gearmáine páirt sa dá thimthriall. Mar sin féin, níor chomhlíon an Danmhairg an ráta rannpháirtíochta samplach in 2013, agus níl torthaí 2013 inchomparáide le torthaí 2018 dá bhrí sin.

⁹⁸ Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar scileanna digiteacha na scoláirí, agus ar ról na múinteoirí maidir le torthaí oideachais a láidriú, féach JER 2021.

Rud bunúsach is ea aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhionannas i scoileanna chun an seans a thabhairt do gach scoláire na scileanna agus an t-eolas a fhorbairt chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa gheilleagar agus sa tsochaí. I gcuid mhaith tíortha den Aontais, bíonn dúshlán ag scoileanna maidir le dáileadh níos cothroime a áirithiú ó thaobh deiseanna agus torthaí foghlama de⁹⁹, rud lena bhféadfar patrúin (mhí)bhuntáiste socheacnamaíoch atá ann cheana a atáirgeadh. Mar shampla, maidir leo siúd ag a bhfuil gnóthachtáil oideachais níos ísle (leibhéal níos ísle ná meánscoil uachtarach), is lú dóchúlachta go n-aimseoidh siad obair, nó go n-aistreoidh siad ó chonradh ar théarma seasta chuig conradh neamhiata¹⁰⁰. Ina theannta sin, déanann an t-idirdhealú dochar do rátaí coinneála scoile, go háirithe le haghaidh leanaí ag a bhfuil cúlra mionlaigh eitnigh nó leanaí a bhfuil teorainneacha lena ngnáth-ghníomhaíochtaí ag baint dóibh i ngeall ar mhíchumais nó ar fhadhbanna sláinte fadtéarmacha¹⁰¹. Tá bearta déanta ag roinnt tíortha chun aistriú i gcineálacha cur chuige oideolaíochta a áirithiú chun an cuimsiú a láidriú i seomraí ranga, in éineacht le bearta gníomhacha um dhídheighilt agus le múinteoireacht faoin éagsúlacht¹⁰² (féach roinn 2.2.2). Mar sin féin, ceanglaítear tuilleadh iarrachtaí chun go soláthróidh na scoileanna uile san Aontas comhdheiseanna do chách.

⁹⁹ I dteannta na bearna leithne san fheidhmíocht idir an ceathrú ag bun agus an ceathrú ag barr innéacs an stádais eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir (ESCS), pléadh an nasc idir stádas socheacnamaíoch agus torthaí foghlama ar bhealach níos mionsonraithe in JER 2021. Tá sonraí ar fáil ó PISA 2018, ECFE.

¹⁰⁰ Féach *Employment and Social Developments in Europe Annual Review 2020* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2020], caibidil 2.5 maidir leis an tsoghluaisteacht shóisialta).

Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar tharchur an (mhí)bhuntáiste oideachais ó ghlúin amháin chuig an chéad ghlúin eile, féach *Employment and Social Developments in Europe Annual Review 2018* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2018], Caibidil 3.

¹⁰¹ Tá tuilleadh faisnéise ar fáil in sa mholadh ón gCoimisiún Eorpach (2019) dar teideal *Assessment of the implementation of the 2011 Council recommendation on policies to reduce early school leaving* [Measúnú ar chur chun feidhme mholadh 2011 ón gComhairle maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú].

¹⁰² FRA, [Fundamental rights report 2021](#) [Tuarascáil maidir le cearta bunúsacha, 2021].

Bíonn bacainní suntasacha fós roimh dhaltáí agus roimh scoláirí Romacha, agus is é is aidhm do ghealltanais nua ar leibhéal an Aontais feabhas a chur ar a gcás. D’ainneoin roinnt dul chun cinn teoranta le 10 mbliana anuas, tá an bhearna oideachasúil idir Romaigh agus an daonra i gcoitinne fós suntasach. Bunaithe ar shuirbhéanna de chuid na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha¹⁰³, ní fhreastalaíonn ach 42-55 % de leanaí Romacha ar oideachas agus ar chúram luathóige, agus ní chuireann ach 26-28 % de Romaigh óga idir 20-24 bliana d’aois oideachas meánscoile uachtaraí i gcrích ar a laghad. Ina theannta sin, freastalaíonn leanbh as gach triúr leanaí Romacha ar ranganna inar Romaigh iad formhór a gcomhghleacaithe sa rang. Le tuarascálacha de chuid Chomhairle na hEorpa a foilsíodh in 2020 maidir leis an mBulgáir, an tSeicia, an Ungáir agus an tSlóvaic, léirítear go bhfuil dúshlán fós ann maidir le taithí scoile ar leithligh ag leanaí Romacha¹⁰⁴. Fágadh an fhadhb níos measa fós i ngeall ar phaindéim COVID-19, go háirithe maidir le rochtain ar an idirlíon, trealamh TF agus tacaíocht foghlama sa bhaile¹⁰⁵. Thug tíortha bearta isteach do scoláirí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chun éifeachtaí COVID-19 a mhaolú (féach roinn 2.2.2). Chun aghaidh a thabhairt ar na húdair inni sin, chuir an tAontas spriocanna nua síos i gcreat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2030¹⁰⁶ agus sa Mholadh ón gComhairle le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach¹⁰⁷.

¹⁰³ Ní thugtar sonraí mar luach aonair toisc go dtagann siad as dhá rabharta de na suirbhéanna, lenar cumhdaíodh BE, BG, CZ, EL, ES, FR, HR, HU, IE, NL, PT, RO, SE, SK. Féach in [SWD\(2020\) 530 final](#) a ghabhann leis an Teachtaireacht dar teideal: *A Union of Equality: EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation* [Aontas an Chomhionannais: Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach], [COM\(2020\) 620 final](#), bunaithe ar FRA, EU-MIDIS II 2016; FRA, RTS 2019; Eurostat [edat_lfse_03] 2019 (Daonra Ginearálta).

¹⁰⁴ Coiste Comhairleach FCNM le haghaidh na Bulgáire agus na hUngáire, agus tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) le haghaidh na Seicia agus na Slóvaice, a tuairiscíodh i dtuarascáil de chuid FRA dar teideal *Fundamental rights report 2021*, [Tuarascáil maidir le cearta bunúsacha 2021].

¹⁰⁵ FRA, *Coronavirus pandemic in the EU-impact on Roma and Travellers* [Paindéim Choróinviris san Aontas-tionchar ar na Romaigh agus ar an Lucht Siúil], 2020.

¹⁰⁶ Arna ghlacadh i mí Dheireadh Fómhair 2020.

¹⁰⁷ Arna ghlacadh i mí an Mhárta 2021, [IO C 93, 19.3.2021, lch. 1–14](#)

Bíonn ionchais dheacracha sa mhargadh saothair fós ann roimh dhaoine óga faoi mhíchumas de thoradh leibhéil luathfhágáil na scoile níos airde agus leibhéil ghnóthachtála oideachais threasaigh níos ísle. In 2019, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, daoine a d'fhág an scoil go luath ab ea thart faoi 21.8 % de dhaoine óga faoi mhíchumas (idir 18-24 bliana d'aois) i gcomparáid le 9.7 % dóibh siúd nach bhfuil faoi mhíchumas.^{108 109} Bhí na rátaí níos ísle do mhná óga faoi mhíchumas (16.7 %) ná mar a bhí amhlaidh d'fhir óga (27 %). Feictear patrún cosúil leis sin le haghaidh an daonra imircigh, agus 34.6 % d'imircigh óga faoi mhíchumas (a rugadh san Aontas agus nár rugadh san Aontas) ag fágáil na scoile go luath i gcomparáid le 19.8 % d'imircigh óga nach bhfuil faoi mhíchumas¹¹⁰. Freisin, san Aontas Eorpach, chuir 32.5 % de dhaoine faoi mhíchumas oideachas treasach nó a choibhéis i gcrích in 2019 i gcomparáid le 43.6 % de dhaoine gan mhíchumas. Nuair a infheistítear san oideachas do dhaoine faoi mhíchumas, laghdaítear a mbuntáiste coibhneasta toisc gurb ísle bearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas le haghaidh daoine ag a bhfuil ardoideachas (14 ccc) ná mar atá amhlaidh dóibh siúd ag nach bhfuil ach oideachas bunscoile amháin (28 ccc)¹¹¹ (féach roinn 2.3.1).

¹⁰⁸ Chun mínithe a fháil ar an modheolaíocht staitistiúil a úsáidtear a mhéid a bhaineann le míchumas, féach: Eurostat, *Disability statistics introduced - Statistics Explained* (europa.eu) [Réamheolas faoi staidreamh míchumais - Staidreamh Mínithe]. Mura sonraítear a mhalairt, tarraingítear staidreamh faoi mhíchumas as micrea-shonraí EU-SILC (EU-SILC 2019) nó as staidreamh a foilsíodh i mbunachar sonraí sláinte Eurostat. Le sampla EU-SILC, áirítear daoine a chónaíonn i dteaghlaigh phríobháideacha agus ní áirítear daoine a chónaíonn in institiúidí. Is é an coincheap a úsáidtear chun daoine faoi mhíchumas (laguithe) a shainaithint cibé acu a thuairiscíonn an freagróir 'gur teorannaíodh iad i ngeall ar fhadhb sláinte ó thaobh na ngníomhaíochtaí a dhéanann daoine de ghnáth' 'le 6 mhí anuas ar a laghad' nó nach dtuairiscíonn. Ní chumhdaítear tréimhse ghéarchéim COVID-19 leis na sonraí.

¹⁰⁹ *European Disability Expertise (EDE), 2021* [Saineolas Eorpach maidir le Daoine faoi Míchumas] (ar na bacáin [ag an leathanach seo](#)). Tá na sonraí bunaithe ar EU-SILC 2019, agus d'fhéadfadh miondifríochtaí a bheith ann idir sonraí an tSuirbhé ar an bhFórsa Saothair faoin ábhar céanna.

¹¹⁰ Tá na rátaí sin bunaithe ar líon beag barúlacha.

¹¹¹ Tagann na sonraí ó EU-SILC 2019 a ndearna European Disability Expertise (EDE) anailís orthu.

Cé gur aistrigh córais Ghairmoideachais agus Ghairmoiliúna (VET) i dtreo foghlaim níos solúbtha a chur ar fáil le linn na paindéime, lena n-áirítear a bheith ag brath ar uirlisí digiteacha, tá roinnt dúshlán rompu a bhaineann lena n-earnáil go sonrach. Sa

Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint, bhí an phaindéim ina gcúis le dúshlán chomhchosúla a bhain leis an mbearna dhigiteach mar ab amhlaidh san oideachas i gcoitinne¹¹², ach bhí dúshlán shonracha roimh scoileanna agus roimh sholáthraithe Gairmoideachais agus Gairmoiliúna sa bhreis orthu siúd¹¹³. Cé go dtuairiscíonn 37 % d'fhreagróirí suirbhé ar thacaíocht do phrintíseachtaí¹¹⁴ gur aistrigh siad cuid dá ngníomhaíochtaí ar líne le linn na paindéime, thug 86 % d'fhreagróirí shuirbhé domhanda ILO ar thionchar COVID-19 ar fhorbairt agus ar oiliúint foirne¹¹⁵ le fios gur cuireadh isteach go hiomlán nó go páirteach ar oiliúint na bprintíseach. Ba iad na dúshlán ba mhinice a luadh: (i) deacrachtaí maidir le hoiliúint phraiticiúil a sholáthar (ii) saincheistean maidir le bonneagar nó le trealamh agus (iii) easpa clár agus acmhainní oiliúna inoiriúnaithe. Chun tacú le haistriú digiteach na scoileanna agus na gcuideachtaí oiliúna Gairmoideachais agus Gairmoiliúna, leathnaíodh uirlis SELFIE a d'fhorbair an tAontas le haghaidh scoileanna i bhfómhar 2021 agus modúl nua ina chuid di le haghaidh na foghlama obairbhunaithe. Cuidíonn sé sin le soláthraithe agus le cuideachtaí oiliúna gairmoideachais agus gairmoiliúna measúnú a dhéanamh ar a n-ullmhacht dhigiteach agus réimsí praiticiúla le haghaidh feabhais a shainaithe.

-
- ¹¹² Arna chur i láthair ar bhealach níos mionsonraithe sna tuarascálacha dar teideal *Joint Employment Report 2021* [Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021] agus *Education and Training Monitor 2020* [Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2020].
- ¹¹³ Féach mar shampla: [*OECD \(2021\). Implications of the COVID-19 pandemic for Vocational Education and Training*](#) [ECFE (2020) Impleachtaí phaindéim COVID-19 le haghaidh an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna].
- ¹¹⁴ [*Apprenticeship Support Services \[Seirbhísí Tacaíochta do Phrintíseachtaí\] \(2021\). European Alliance for Apprenticeship Monitoring Survey 2019-2020*](#) [Suirbhé an Chomhaontais Eorpaigh do Phrintíseachtaí 2019-2020].
- ¹¹⁵ [*ILO \(2021\). Skilling, upskilling and reskilling of employees, apprentices and interns during the COVID-19 pandemic: Findings from a global survey of enterprises*](#) [EIS (2021) Sciliú, uas-sciliú agus athsciliú fostaithe, printíseach agus intéirneach le linn phaindéim COVID19: Torthaí ó shuirbhé domhanda ar fhiontair].

Tá méadú ag teacht go leanúnach ar an ngnóthachtáil san oideachas treasach san Aontas; ach is gannionadaíocht leanúnach fós á déanamh ar fhir óga agus ar scoláirí nár rugadh san Aontas. Tá príomhról ag oideachas treasach ardchaighdeán in ionchais daoine sa mhargadh saothair agus dá soghluaisteacht shóisialta¹¹⁶. Tá sprioc comhaontaithe ar leibhéal an Aontais ag na Ballstáit le haghaidh an Limistéir Eorpaigh Oideachais gur 45 % ar a laghad sciar na ndaoine idir 25-34 bliana d'aois ag a mbeidh gnóthachtáil oideachais threasaigh faoi 2030. In 2020, ba é 40.5 % an sciar sin san Aontas, 8.3 ccc níos airde ná mar a bhí amhlaidh in 2010 agus tharla feabhsuithe sna Ballstáit uile (Fíor 2.2.4). Tá difríochtaí suntasacha ann idir tíortha d'ainneoin sin. Tá an sprioc ar leibhéal an Aontais sroichte ag aon Bhallstát déag cheana féin agus, i measc ghrúpa na dtíortha ag a bhfuil rátaí gnóthachtála oideachais threasaigh faoi bhun 45 %, níl ann ach an Rómáin agus an Iodáil nár shroich 30 % in 2020. Tá bearna shuntasach ann idir na hinsení áfach: is é 46 % meánsciar na mban idir 25-34 bliana d'aois ag a bhfuil gnóthachtáil oideachais threasaigh agus dá bhrí sin, tá an sciar sin 10.8 ccc níos airde ná sciar sin na bhfear (35.2 %). Thairis sin, taifeadtar torthaí níos measa maidir le daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach. In 2020, ba é 41.3 % meánráta gnóthachtála oideachais threasaigh an Aontais le haghaidh daoine idir 25-34 bliana d'aois maidir le daoine a rugadh san Aontas agus ba é 34.4 % an meánráta dóibh siúd a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach.¹¹⁷ Ar deireadh, déantar tearcionadaíocht ar mhic léinn a dtagann a dtuismitheoirí as cúlaí oideachais níos ísle in 19 mBallstát de 20 Ballstát a ghlacann páirt i suirbhé Eurostudent ar dhálaí sóisialta agus eacnamaíocha shaol an mhic léinn san Eoraip (is í Éire an t-aon eisceacht amháin)¹¹⁸. Á gcur san áireamh le chéile, léiríonn na tosca sin go bhfuil dúshlán bhuana ann i dtéarmaí cothromais agus rochtana.


¹¹⁶ Vandeplas, A. (2021) *Education, Income, and Inequality in the European Union*, in Fischer, G. agus Strauss, R. (eag.) *Europe's Income, Wealth, Consumption, and Inequality*, Oxford University Press.

¹¹⁷ Áirítear le heisceachtaí suntasacha an Pholainn, an Eastóin, an Ungáir, Éire agus Lucsamburg, mar arb amhlaidh i dtreo mhalartach atá an bhearna.

¹¹⁸ Hauschildt, Gwosé, Schirmer, Wartenbergh-Cras (2021) [*EUROSTUDENT VII Synopsis of Indicators 2018–2021*](#), wbv Media.

Fíor 2.2.4: Tá ardú tagtha ar an ngnóthachtáil oideachais threasaigh ar fud an Aontais, ach tá difríochtaí leathana ann idir na Ballstáit agus na hinsení

Gnóthachtáil oideachais threasaigh de réir tíre, inscne agus saoránachta, 2010 agus 2020, agus sprioc 2030 an Limistéir Eorpaigh Oideachais (in %, 25-34 bliana d'aois)



Nóta: DE: briseadh san amshraith agus sonraí sealadacha in 2020. BE, RO, SK: níl sonraí ann do dhaoine nár rugadh san Aontas i dtaca le 2020. LT: níl sonraí iontaofa ann do dhaoine nár rugadh san Aontas i dtaca le 2020.


Eurostat, *EU Labour Force Survey* [Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair]. Cód sonraí ar líne [[edat_lfs_9912](#)].

Nuair atáthar ag breathnú ar rátaí fostaíochta grúpaí daonra ag a bhfuil gnóthachtálacha difriúla oideachais, is féidir laghduithe comhchosúla a fheiceáil go fíorfhórleathan in 2020.

San Aontas in 2020, tháinig laghdú 0.8 ccc ar ráta fostaíochta na ndaoine idir 20-64 bliana d'aois le haghaidh daoine gan mórán cáilíochtaí, laghdú 1.2 ccc le haghaidh daoine ag a raibh meánleibhéal cáilíochtaí agus laghdú 0.9 ccc le haghaidh daoine ardcháilithe (go 54.9 %, 72.2 % agus 83.9 % faoi seach, féach Fíor 2.2.5). Taifeadadh laghdú níos mó ar rátaí fostaíochta céimithe nua idir 20-34 bliana d'aois, rátaí a thit 4.7 ccc le haghaidh daoine gan mórán cáilíochtaí agus 4.5 ccc dóibh siúd ag a raibh oideachas meánscoile ginearálta. Thit ráta fostaíochta céimithe nua Gairmoideachais agus Gairmoiliúna idir 20-34 bliana d'aois 3 ccc ó 79.1 % in 2019 go 76.1 % in 2020, agus thaifead trí thír laghdú ba mhó ná 10 ccc (an Spáinn, an Chipir agus an Liotuáin). Maidir leo siúd a bhain céim san oideachas treasach amach le déanaí, níor taifeadadh ach laghdú 1.3 ccc, rud a thacaíonn leis an treocht fhadtéarmach gur fearr na torthaí fostaíochta a bhíonn ag daoine ag a bhfuil oideachas treasach.

Fíor 2.2.5: Rinne an phaindéim dochar do na rátaí fostaíochta ar fud leibhéal uile an oideachais

Rátaí fostaíochta de réir leibhéal an oideachais (% daoine idir 20 – 64 bliana d'aois in 2020)



Nóta: briseadh san amsraith agus sonraí sealadacha le haghaidh DE.

Foinse: Eurostat [[lfsa_ergaed](#)]

Is dócha go bhfanfaidh na ganntanais scileanna atá ann cheana i margaí saothair an Aontais¹¹⁹ agus go rachaidh siad i méad i roinnt earnálacha agus gairmeacha. I suirbhé infheistíochta 2020 ón mBanc Eorpach Infheistíochta, tháinig ardú ar sciar fhostóirí an Aontais a mheas gur bacainn roimh infheistíocht iad na deacrachtaí oibrithe leis na scileanna cearta a aimsiú, ó 66 % in 2016 go 76 % in 2019, gan ach laghdú beag ar an gcéatadán sin go 73 % in 2020¹²⁰. Thuairiscigh Eurofound go raibh rátaí na bhfolúntas poist ag dul i méid sna hearnálacha foirgníochta, cúraim sláinte agus faisnéise agus cumarsáide, mar a raibh ganntanais scileanna ina bhfadhb struchtúrach roimh an bpaindéim cheana féin¹²¹. B'fhéidir gur chuir géarchéim COVID-19 dlús leis an aistriú leanúnach maidir le próifíl scileanna fostaithe (féach fíor 2.2.6) agus le haistriú na fostaíochta ó phoist lena mbaineann leibhéal íseal cáilíochtaí chuig poist lena mbaineann leibhéal cáilíochtaí níos airde¹²². Baineann an treocht ar bhonn níos leithne leis an digitiú, le hathruithe atá ag teacht ar phatrúin éilimh na dtomhaltóirí agus le hathruithe struchtúracha gaolmhara sa gheilleagar¹²³.

¹¹⁹ Féach Roinn 2.1. Pléadh ganntanais scileanna ar bhealach níos mionsonraithe in JER 2021.

¹²⁰ [*EIB Investment Report 2020/2021: \[Tuarascáil Infheistíochta BEI 2020/2021:\] Building a smart and green Europe in the COVID-19 era and EIB data portal*](#) [Tuarascáil Infheistíochta BEI 2020/2021: Eoraip chliste ghlas a thógáil i ré COVID-19 agus tairseach sonraí BEI].


¹²¹ [*Eurofound \(2021\), Tackling labour shortages in EU Member States \[Ag dul i ngleic le ganntanais saothair i mBallstáit an Aontais\]*](#).

¹²² Cedefop (2021). [*Digital, greener and more resilient. Insights from Cedefop's European skills forecast*](#). [Digiteach, níos glaise agus níos athléimní. Léargais ó réamhaisnéis Cedefop maidir le scileanna na hEorpa].

¹²³ Féach an foilseachán ón gCoimisiún Eorpach (2021) dar teideal [*Employment and social developments in Europe 2021*](#) [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg agus - [*Briefing note - Trends, transitions and transformation | Cedefop \(europa.eu\)*](#) [nóta eolais dar teideal Treochtaí, aistrithe agus an claochlú].

Fíor 2.2.6 – Tá sciar na bhfostaithe ag a bhfuil leibhéal íseal agus meánleibhéal cáilíochtaí ag dul i laghad le 10 mbliana anuas.

Sciar an ráta fostaíochta iomláin de réir leibhéal cáilíochta in AE-27 (% , 2011 – 2020)



Foinse: Eurostat [[lfsi_educ_a](#)]

Ní hé an gnáthchleachtas ar chor ar bith é, san Aontas trí chéile, forbairt na scileanna atá ag daoine fásta; le príomhspríoc an Aontais faoi 2030, tacófar le hiarrachtaí breise i leith an diminsin sin. Rud atá ina dhúshlán mór fós is ea a áirithiú go mbeidh na scileanna ag an lucht saothair le haghaidh mhargáí saothair na todhchaí agus tá difríochtaí leathana ann idir tíortha agus diantionchar i gceist leis an bpaindéim. In 2019, shroich ráta rannpháirtíochta na ndaoine fásta (idir 25-64 bliana d'aois) i ngníomhaíochtaí foghlama (le linn na 4 seachtaine roimhe) 10.8 %. I gcomhthéacs na paindéime, in 2020, thit an ráta sin go 9.2 %, nárbh ionann é ar chor ar bith agus spríoc an 15 % a socraíodh le Creat Straitéiseach 2020 um Oideachas agus Oiliúint¹²⁴. Taifeadh laghduithe de bhreis is 5 ccc idir 2019 agus 2020 sa Danmhairg, sa Fhrainc agus sa tSualainn. Is mór an éagsúlacht atá ann go foriomlán, agus is beag cóineasú atá ann idir na Ballstáit. Ní raibh an ráta os cionn na sprice in 2020 ach ag sé thír (an Danmhairg, an Eastóin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Fhionlainn agus an tSualainn). Ar an taobh eile, d'fhan seacht dtír faoi bhun 5 % (an Chipir, an Ghréig, an Pholainn, an Chróit, an tSlóvaic, an Bhulgáir agus an Rómáin). Ghlac níos mó ban páirt san fhoghlaím ná fir san Aontas in 2020: 10 % de mhná in aghaidh 8.2 % d'fhir (Fíor 2.2.7), agus difríocht an-suntasach sa tSualainn (35.5 % de mhná agus 21.9 % d'fhir) agus san Fhionlainn (31.7 % i gcomparáid le 23 %)¹²⁵. Chun iarrachtaí maidir le foghlaim aosach a láidriú, chuir an Chomhairle fáilte roimh thogra an Choimisiúin le haghaidh príomhspríoc go mbeidh 60 % de dhaoine fásta ag glacadh páirte san fhoghlaím (le linn na 12 mhí roimhe) faoi 2030¹²⁶. Leis an spríoc tacaíonn Rún na Comhairle maidir le clár oibre Eorpach nua le haghaidh na foghlama aosaigh 2021-2030¹²⁷ agus tacaíonn An Clár Oibre Eorpach do Scileanna leis an spríoc freisin, mar aon le CSE+ agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) ar bhonn airgeadais.

¹²⁴ Tomhaiseadh an rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach le 4 seachtaine anuas le sprioc 2020 um Oideachas agus Oiliúint (cód Eurostat [[trng_lfs_01](#)]). Chun gur fearr a dhéanfar an fhoghlaím aosach de gach cineál a rianú, chinn an Chomhairle i mí an Mheithimh 2021, athrú a dhéanamh ar an táscaire chun rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach le 12 mhí anuas a thomhas (féach Roinn 1.3).


¹²⁵ Ní raibh tionchar suntasach ag an bpaindéim ar phatrún na rannpháirtíochta san fhoghlaím aosach de réir inscne.

¹²⁶ [Conclúidí ón gComhairle an 25 Meitheamh 2021](#).

¹²⁷ Rún [2021/C 504/02](#) ón gComhairle.

Fíor 2.2.7: Bhí an phaindéim ina cúis le céim ar gcúl maidir leis an rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach i mbeagnach gach Ballstát

Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim (le 4 seachtaine anuas, daoine idir 25-64 bliana d'aois) in 2019 agus 2020, de réir tíre agus inscne



Foinse: Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair, Eurostat [\[trng_lfs_01\]](#)

Tá rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach i measc na ndaoine gan mórán cáilíochtaí fós cuid mhaith faoi bhun an mheánleibhéil. In 2020, ba é thart faoin tríú cuid den fhiigiúr comhlán foriomlán meán-rannpháirtíocht daoine fásta gan mórán cáilíochtaí san fhoghlaím san Aontas (3.4 %), agus taifeadadh laghdú 0.9 ccc ó 2019 i leith freisin¹²⁸. Thuairiscigh deich dtír torthaí a bhí faoi bhun mheánleibhéil an Aontais (agus ní raibh sonraí ar fáil le haghaidh sé thír lena gcois siúd¹²⁹). Mar ab amhlaidh in 2019, thaifead an Danmhairg, an Fhionlainn agus an tSualainn an sciar ab airde de dhaoine fásta gan mórán cáilíochtaí a bhí ag glacadh páirte san fhoghlaím (14 % agus níos airde). Ba bheag ar fad an difríocht ó thaobh inscne de, cé go bhfuil na figiúirí náisiúnta iontach éagsúil. Taifeadadh an difríocht ba mhó a bhí i bhfabhar na bhfear i Lucsamburg (6.3 % versus 5.1 %), i Málta (4.0 % versus 2.9 %) agus san Ostair (4.4 % versus 3.5 %), agus i bhfabhar na mban sa tSualainn (27.7 % de mhná agus 17.2 % d’fhir), san Fhionlainn (20.8 % i gcomparáid le 11.3 %) agus sa Danmhairg (16.2 % i gcomparáid le 12.6 %)¹³⁰. San Aontas Eorpach in 2020, ba mhó de bheagán an dóchúlacht go mbeadh daoine nár rugadh san Aontas idir 25-64 bliana d’aois (ar daoine gan mórán cáilíochtaí 38 % díobh i gcomparáid le 18.8 % de dhaoine a rugadh san Aontas¹³¹), ag glacadh páirte san fhoghlaím aosach ná na daoine a rugadh san Aontas (9.9 % versus 9.1 % faoi seach). Ní ghlacann daoine nár rugadh san Aontas páirt san fhoghlaím chomh minic céanna, áfach, sa tSlóivéin (bearna 4.6 ccc), san Iodáil (4.3 ccc), san Eastóin (4 ccc), sa Fhrainc (3.8 ccc) ná sa Laitvia (3.8 ccc)¹³².

¹²⁸ Eurostat, an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, [trng_lfse_03]. Níl sonraí ar fáil le haghaidh na Bulgáire, na Cróite, na Cipire, na Laitvia, na Rómáine, ná na Slóvaice. Níl miondealú de réir inscne ar fáil le haghaidh na Liotuáine ná na Polainne.

¹²⁹ Ní fhoilsíonn Eurostat rátaí rannpháirtíochta le haghaidh grúpa sonrach más rud é nach bhfuil go leor ‘foghlaimeoirí’ sa sampla.

¹³⁰ Thaifead an Eastóin bearna shuntasach freisin, ach níl na sonraí iontaofa le haghaidh na bhfear.

¹³¹ Tagraíonn na figiúirí ar fad d’Eurostat, [edat_lfs_9912]

¹³² Eurostat, [trng_lfs_13]

Méadaíodh sciar ar líne na foghlama aosaigh go suntasach leis an bpaindéim, sciar a chuaigh in airde de léim ó 8 % in 2019 go 13 % in 2020, tar éis méadú díreach 1 ccc ó 2017 i leith¹³³.

Léirítear difríochtaí móra idir tíortha leis na sonraí ó thaobh sciar ar líne na foghlama aosaigh de, agus tá bearnaí móra ann idir mná agus fir go háirithe sa Chipir agus san Eastóin (mar a raibh an méadú ar ráta rannpháirtíochta na mban a cheithre hoiread níos airde ná ráta na bhfear), san Ostair, sa Liotuáin agus i Málta (trí hoiread níos airde), i Lucsamburg agus sa Ghréig (breis is dhá oiread níos airde). Leis na forbairtí sin, cuirtear i dtábhacht a thuilleadh a thábhachtaí atá sé rochtain ar scileanna digiteacha a áirithiú do chách.

¹³³ Tagann na sonraí uile ar rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím ar líne ó ríomhanna an Choimisiúin (JRC) bunaithe ar Eurostat, *Survey on ICT usage in households and by individuals* [Suirbhé ar úsáid TFC i dteaghlaigh agus ag daoine aonair] [TIN00103], 2017, 2019, 2020. Toisc nach ndéantar miondealú le Tábla Eurostat TIN00103 ar an rannpháirtíocht de réir aoise, cuirtear meastacháin JRC le haghaidh chomhpháirt na ndaoine fásta i láthair leis na sonraí. Tá sonraí 2020 ar iarraidh le haghaidh na Fraince. Chun breis faisnéise a fháil faoi athruithe ar an rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach ar líne in 2020, féach: Di Pietro, G agus Karpiński, Z. (2021), [Covid-19 and online adult learning](#) [COVID-19 agus an fhoghlaím aosach ar líne], An Coimisiún Eorpach, JRC.

Tá dul chun cinn teoranta taifeadta ag Ballstáit an Aontais maidir le bunscileanna digiteacha a chur ar fáil do dhaoine fásta, agus is gá iarrachtaí breise suntasacha maidir le hardscileanna digiteacha. Tá an t-éileamh ar scileanna digiteacha ar gach leibhéal méadaithe go suntasach leis an bpaindéim mar cheanglas idirdhisciplíneach ar fud go leor gairmeacha agus earnálacha¹³⁴. D’ainneoin sin, léirítear le táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta nach raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 56 % de dhaoine fásta (idir 16-74 bliana d’aois) san Aontas in 2019 (na sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil). Tugtar le fios freisin leis an táscaire go bhfuil easpa cóineasaithe ann ar fud na mBallstát (Fíor 2.2.8) agus gur mall ar fad é an dul chun cinn a tharla ó 2014 i leith. Chun dlús a chur leis an dul chun cinn, le togra an Choimisiúin le haghaidh Chlár Beartais 2030 ‘An Bealach chuig na Deich mBliana Digiteacha’, áirítear sprioc go mbeidh bunscileanna digiteacha ag 80 % ar a laghad de dhaoine idir 16-74 bliana d’aois faoi 2030¹³⁵. Taifeadadh méadú san Aontas, ar mhó an t-údar spreagtha é, ar chéatadán na ndaoine ag a bhfuil scileanna digiteacha os cionn an bhunleibhéil, ó 29 % in 2017 go 31 % in 2019, ach bhí bearnaí suntasacha i gcuid mhaith tíortha. Tá scileanna digiteacha (ar an leibhéal iomchuí) ina gceanglas i mbreis agus 90 % de phoist faoin am seo agus i mbeagnach gach earnáil den gheilleagar. Tá dul chun cinn sa réimse sin, mar shampla, fíor-riachtanach más rud é go bhfreastalóidh an tAontas ar an riachtanas láidir le speisialtóirí TFC¹³⁶. Chun a áirithiú go n-éireoidh leis an Aontas san aistriú digiteach, leis ‘an mBealach chuig na Deich mBliana Digiteacha’ beartaíodh an cuspóir freisin go mbeadh 20 milliún speisialtóir TFC fostaithe faoi 2030 (agus d’fhócas ann ar líon na mban atá ina speisialtóirí TFC a mhéadú, nach bhfuil i gceist leo ach 18 % den líon iomlán san Eoraip faoi láthair).


¹³⁴ Morandini, M. C., Thum-Thysen, A., & Vandeplas A. (2020). Aghaidh a thabhairt ar an gclaohlú digiteach: An leor iad scileanna digiteacha? An Geilleagar Eorpach. Nótaí Faisnéise Eacnamaíocha, 054

¹³⁵ Cuireadh an sprioc síos sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9. 3. 2021, dar teideal *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: Bealach chuig Deich mBliana Digiteacha na hEorpa] COM(2021) 118 final, agus sa Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15. 9. 2021 lena mbunaítear an Clár Beartais 2030 ‘Conair i dtreo na Deacáide Digiti’, COM/2021/574 final.

¹³⁶ Pléite sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2021, agus níos mionsonraithe sa tuarascáil ó Cedefop dar teideal [Digital skills: challenges and opportunities during the pandemic | Cedefop \(europa.eu\)](#) [Scileanna digiteacha: dúshláin agus deiseanna le linn na paindéime].

Fíor 2.2.8: Is mór iad na difríochtaí idir tíortha agus is mall é an dul chun cinn maidir le scileanna digiteacha daoine fásta

Sciár an daonra ag a bhfuil bunscileanna digiteacha go foriomlán nó scileanna digiteacha ar leibhéal níos airde agus an t-athrú bliantúil (in %, 2019 agus na hathruithe i leith 2017, táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh CZ, IT, LV agus LU in 2019. Níl sonraí 2017 ar fáil le haghaidh na hIodáile (2019: 42 %).

Foinse: Eurostat, cód sonraí ar líne [[tepsr_sp410](#)].

Tá coinne leis go gcruthófar poist nua leis an aistriú glas agus go n-athrófar cúraimí i gcuid mhaith gairmeacha, agus go neartófaí a thuilleadh an riachtanas leis an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú. Más rud é go mbeidh tacaíocht leordhóthanach agus thráthúil ag gabháil leis sin chun athsciliú agus uas-sciliú a dhéanamh, is féidir leis na poist a chruthófar, de thoradh na mbeartas maidir leis an athrú aeráide, poist ar mheánleibhéal scileanna a chur leis agus cuidiú le treochtaí, lena ndéantar polarú maidir le poist, a mhaolú. Léirítear le réamhaisnéis 2021 ó Cedefop maidir le scileanna¹³⁷ go bhfuil difríochtaí móra idir earnálacha i gceist leis an tionchar measta ar bheartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. D’ainneoin sin, meastar go dtiocfaidh athrú ar fhormhór na gcúraimí san earnáil, seachas méadú nó laghdú foriomlán ar an bhfostaíocht (e.g. mótarfheithiclí). Cé nach ann d’aon sainmhíniú atá comhaontaithe i gcoitinne ar na scileanna a cheanglófar le haghaidh an aistrithe glais, is féidir trí chatagóirí de scileanna ábhartha a shainithint a bheag nó a mhór, mar chatagóirí scileanna a bheidh ábhartha don todhchaí: scileanna teicniúla a bhaineann le gairmeacha sonracha, scileanna gairmiúla idirdhisciplíneacha (amhail scileanna digiteacha), agus inniúlachtaí le haghaidh na saoránach uile (e.g. feacht chomhshaoil)¹³⁸. Mar chuid de Chlár Oibre an Aontais do Scileanna agus den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, tá obair ar siúl go leanúnach, ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, maidir le hoideachas agus le scileanna le haghaidh an aistrithe glais (mar aon le hobair maidir le scileanna digiteacha).

Bosca Cholún 2: An fhoghlaím aosach a láidriú ar mhaithe le fás cuimsitheach agus inbhuanaithe


Tá sealbhú scileanna ar feadh an tsaoil ina dhlúthchuid d’inbhuanaitheacht iomaíoch gheilleagar an Aontais, i gcomhréir le prionsabail 1 agus 4 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, faoi seach). Ceanglaítear ardleibhéal scileanna a bheith ag an lucht saothair agus ag an daonra i gcoitinne lena aghaidh sin, lena gcuirfear é ar a chumas don gheilleagar nuálaíocht a dhéanamh agus fanacht iontach iomaíoch, agus lena ligfear do chách deiseanna an aistrithe glais agus an aistrithe digitigh a thapú chun go mbeidh na haistrithe sin cóir freisin. I bhfianaise na mearchlaochluithe, is minice a bhraitheann ardleibhéal scileanna ar an bhfoghlaim leanúnach tar éis do dhuine an t-oideachas tosaigh a fhágáil. Aithnítear é sin le príomhspríoc nua an Aontais freisin go mbeidh 60 % ar a laghad de dhaoine fásta ag glacadh páirte san fhoghlaím (le linn an 12 mhí roimhe) faoi 2030. Chun tacú leis an uaillmhian sin, sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé tograí síos maidir le cuntais foghlama aonair agus maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúr.

¹³⁷ Cedefop (2021). [*Digital, greener and more resilient. Insights from Cedefop’s European skills forecast.*](#) [Digiteach, níos glaise agus níos athléimní. Léargais ó réamhaisnéis Cedefop maidir le scileanna na hEorpa].

¹³⁸ Chun féachaint ar phlé faoin riachtanas le bonn leathan scileanna, féach Morandini, M. C., Thum-Thysen, A., & Vandeplas A. (2020). Aghaidh a thabhairt ar an gclaochlú digiteach: An leor iad scileanna digiteacha? An Geilleagar Eorpach. Nótaí Faisnéise Eacnamaíocha, 054.

Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach san Aontas fós íseal (féach roinn 2.2.1). I suirbhé de chuid Cedefop le déanaí, chomhaontaigh 84 % d'fhreagróirí gur rud tairbheach é an fhoghlaim aosach chun dul chun cinn a dhéanamh i ngairm bheatha duine agus cheap 96 % go bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil tábhachtach don fhorbairt phearsanta¹³⁹. Mar sin féin, in 2020, níor ghlac ach 9.2 % de dhaoine fásta páirt san fhoghlaim san Aontas, agus bhí éagsúlacht mhór idir tíortha.

Comhghaol na rannpháirtíochta san fhoghlaim aosach agus sciar OTI



Foinse: Suirbhé 2016 ar an Oideachas Aosach le haghaidh figiúirí rannpháirtíochta, meastacháin airgeadais bunaithe ar an gCoimisiún Eorpach (2020), lena meastar caiteachais daoine aonair agus teaghlach ar an bhfoghlaim fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil (Adult Education Survey 2016 [Suirbhé ar an Oideachas Aosach 2016]), caiteachas ar oiliúint fostaithe ag fostóirí poiblí agus príobháideacha ([Continuing Vocational Training Survey 2016](#) [Suirbhé ar Leanúint den Ghairmoiliúint Leanúnach 2016]), infheistíochtaí poiblí bunaithe ar chaiteachais san oiliúint mar chuid de bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair ([Bunachar sonraí na mBeartas maidir leis an Margadh Saothair](#)).¹⁴⁰

¹³⁹ Cedefop (2020). *Perceptions on adult learning and continuing vocational education and training in Europe. Second Opinion survey – Volume 1* [Braistintí maidir leis an bhfoghlaim aosach agus ar leanúint den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint san Eoraip. An Dara suirbhé ar Thuairimí – Imleabhar 1].

¹⁴⁰ An Coimisiún Eorpach (2020), *Workforce skills and innovation diffusion: trends and policy implications* [Scileanna an lucht saothair agus scaipeadh na nuálaíochta: treochtaí agus impleachtaí ó thaobh beartas de]. Iarscríbhinn 8. Féach freisin An Coimisiún Eorpach (2020), *Adult Learning Statistical Synthesis Report* [Tuarascáil Sintéise Staitistiúil maidir leis an bhFoghlaim Aosach], lgh. 22-34.

Is gá tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais lánpháirtithe mar dhreasachtaí chun go nglacfaidh tuilleadh daoine fásta páirt san fhoghlaím. Tá comhghaol láidir ann idir sciar OTI a infheistítear san fhoghlaím aosach agus an ráta rannpháirtíochta san fhoghlaím aosach (féach an chairt). De réir suirbhé ionadaíoch de chuid Cedefop in 2020, chomhaontaigh 89 % de dhaoine fásta de chuid an Aontais go mbeadh dreasachtaí nó tacaíocht airgeadais níos fearr mar údar spreagtha chun páirt a ghlacadh san oiliúint¹⁴¹, agus d’eascair toradh cosúil leis sin as comhairliúchán 2021 maidir le tionscnamh na gCuntas Foghlama Aonair¹⁴². Mar sin féin, luaigh 41 % eile coinbhleachtaí maidir le sceidealú, amhail deacrachtaí le ham a fháil saor ón obair. I dteannta bacainní maidir le costas agus le ham, áiríodh le srianta eile feasacht theoranta ar a riachtanais féin ó thaobh scileanna de agus ar an oiliúint atá á tairiscint, neamhchinnteachtaí faoi cháilíocht agus faoi aitheantas cláir oiliúna, mar aon le saindearadh neamh-leordhóthanach na hoiliúna atá á tairiscint chun oiriúint do riachtanais daoine aonair.¹⁴³ Cheanglófaí cur chuige lánpháirtithe dá bhrí sin, lena dtéitear i ngleic leis na bacainní éagsúla ar bhealach comhleanúnach chun an rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach a mhéadú. Tuigtear as sin go gcomhcheanglófaí tacaíocht airgeadais le haghaidh costais dhíreacha agus saoire oiliúna íoctha in éineacht le seirbhísí gairmthreorach, forbhreathnú ar dheiseanna oiliúna a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe agus faisnéis ar bhailíochtú agus ar dheimhniú scileanna.

Tá scéimeanna curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na bacainní difriúla. San **Fhionlainn**, rinneadh athchóiriú ar an liúntas foghlama aosaigh le déanaí, rud lena soláthraítear athsholáthar ioncaim le linn tréimhsí oiliúna agus tá sé oscailte do dhaoine féinfhostaithe. In **Éirinn**, is maith mar a ghlactar sa mhargadh saothair le dintiúir bheaga lena ndeimhnítear an fhoghlaím bhreise. Sa **Fhrainc**, tá cuntais oiliúna aonair (‘compte personnel de formation’) ar fáil le haghaidh gach duine fásta atá ag obair agus 16 bliana d’aois agus os a chionn. Is féidir le daoine a dteidlíochtaí oiliúna carnta a chaitheamh ar oiliúint nó ar mheasúnú scileanna ó liosta deiseanna deimhnithe. Tá cuntais oiliúna nasctha le gairmthreoir agus le tairiscintí maidir le saoire oideachais íoctha. Tá an **Ísiltír** i mbun an phróisis chun buiséad foghlama aonair chomh mór le EUR 1 000 (‘*Stimulans ArbeidsmarktPositie*’ nó buiséad STAP) a bheidh infheidhme ó mí an Mhárta, 2022 amach, a chur in ionad a hasbhainte cánach ioncaim le haghaidh caiteachais oiliúna. Tá sé d’aidhm ag an athchóiriú an rochtain ar thacaíocht airgeadais a leathnú agus a hinfheictheacht a mhéadú, agus an tráth céanna, an trédhearcacht faoi thairiscintí oiliúna a mhéadú trí liosta deiseanna oiliúna deimhnithe atá incháilithe le haghaidh a gcistithe ó STAP.

¹⁴¹ Cedefop (2020) *Perceptions on adult learning and continuing vocational education and training in Europe. Second opinion survey – Volume 1 (europa.eu)* [Braistintí maidir leis an bhfoghlaim aosach agus ar leanúint den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint san Eoraip. An Dara suirbhé ar thuairimí – Imleabhar 1] (europa.eu), Fíor 30.

¹⁴² Féach an [tuarascáil tionscnaimh](#) maidir leis an measúnú tionchair ar na Cuntais Foghlama Aonair.


¹⁴³ Féach an suirbhé de chuid Cedefop (2020), agus ECFE (2021), *Skills Outlook - Learning for Life. Chapter 4: Promoting interest and participation in adult learning* [Forbhreathnú Scileanna - An Foghlaim ar feadh an tSaoil. Caibidil 4: Spéis agus rannpháirtíocht san fhoghlaím aosach a chur chun cinn] le haghaidh tuilleadh plé.

Bhí tionchar níos láidre ag géarchéim COVID-19 ar dhaoine óga, go háirithe orthu siúd ar ghá dóibh dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair. D'ardaigh ráta dífhostaíochta an aosa óig (aoisghrúpa 15-24 bliana d'aois) go 15.9 % in R2-2021 san Aontas, 1 ccc níos airde i gcomparáid le R3-2019, agus 2.5 ccc níos níos ísle ná mar a bhí in R3-2020). In ainneoin na bhfeabhsuithe, is beag nach ionann é sin fós agus ráta dífhostaíochta a thrí oiread níos airde ná ráta an daonra idir 25-74 bliana d'aois, áfach, ar 5.8 % a bhí ann ina gcás siúd in R3-2021. Bhain méaduithe móra do roinnt Ballstát ó thaobh ráta dífhostaíochta an aosa óig idir R3-2019 agus R3-2021 (7.7 ccc sa Bhulgáir, 6 ccc sa Bheilg, agus 4.7 ccc sa Phortaingéil), ach laghdaíodh ráta dífhostaíochta an aosa óig sa tréimhse chéanna (An Ghréig, an Fhionlainn, Lucsamburg, Málta, Éire, an Chipir agus an Spáinn, Fíor 2.2.9). Bhí an tréimhse ag tús na géarchéime iontach deacair ar fad do dhaoine óga a bhí ag aistriú ón gcóras oideachais chuig an margadh saothair. Chuaigh líon iomlán na ndaoine a thosaigh ar phost le déanaí idir 20-64 bliana d'aois i laghad in 2020 go 6.5 milliún ar an meán in aghaidh na ráithe, i gcomparáid le thart faoi 7.5 milliún duine ar an meán i mblianta roimhe. Bhí rátaí dífhostaíochta sealadaí ainneonaí na ndaoine óga idir 15 agus 24 bliana d'aois in 2020 ard freisin, agus 13.2 % díobh i mbun fostaíochta sealadaí toisc nárbh fhéidir leo post buan a aimsiú (in aghaidh 6.3 % d'oibrithe idir 25-64 bliana d'aois). Ba é breis is duine amháin as gach ceathrar an cion sa Spáinn, sa Phortaingéil, san Iodáil agus sa Chróit¹⁴⁴. Léirítear go bhfuiltear ag téarnamh leis na sonraí maidir le dífhostaíocht agus le fostaíocht daoine óga, chomh maith leis na dúshlán struchtúracha atá os comhair daoine óga sa mhargadh saothair, rud lena n-iarrtar gníomhaíocht chinntitheach le beartais chun rioscaí, go mbainfidh díobháil níos fadtéarmaí do scileanna daoine óga agus dá n-ionchais sa mhargadh saothair, a chosc.

¹⁴⁴ Foinse: Eurostat (cód sonraí ar líne: [lfsa_etgar](#))

Fíor 2.2.9: Chuaigh rátaí dífhostaíochta an aosa óig in airde le linn ghéarchéim COVID-19

Ráta dífhostaíochta an aosa óig (15-24 bliana d'aois), comparáid idir R1-2020 agus R3-2021



Nóta: Iontaofacht íseal i gceist le sonraí le haghaidh BG, EE, HR, LU, MT, SI in R1-2020. Gan aon sonraí ann le haghaidh DE in R1-2020. Briseadh san amshraith le haghaidh na mBallstát uile in R1-2021. Iontaofacht íseal i gceist le sonraí le haghaidh CZ, EE, HR, SI in R3-2021. Tá an sainmhíniú difriúil le haghaidh ES, FR le haghaidh R3-2021.

Foinse: Eurostat, LFS [[LFSQ_URGAED](#)]

Leis an suaitheadh a tháinig le COVID-19, aisiompaíodh treocht na 6 bliana roimhe maidir le laghdú a bheith ag teacht ar líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET). Maidir le laghdú a dhéanamh ar sciar NEETanna idir 15-29 bliana d'aois ó 12.6 % in 2019 go 9 % 2030 is ceann de spriocanna comhlántacha an Aontais é a chuir an Coimisiún Eorpach ar aghaidh ina Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. I ngeall ar an ngéarchéim, chuaigh sciar na NEETanna san aoisghrúpa sin in airde 1.1 ccc de léim, go 13.7 %, idir 2019 agus 2020. Roimh an ngéarchéim, bhí dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ag na Ballstáit maidir le laghdú a dhéanamh ar ráta na NEETanna (ón bpointe ab airde riamh de 16.1 % go dtí an pointe ab ísle riamh de 12.6 % san Aontas idir 2013 agus 2019)¹⁴⁵. Léirítear le táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta (Fíor) go ndeachaigh rátaí NEET i méad idir 2019 agus 2020 i ngach ceann de na Ballstáit ach amháin dhá Bhallstát (sa Rómáin agus laghdú 0.2 ccc ann; san Ísiltír agus gan aon athrú ar bith air). Tá cás ‘criticiúil’ i gceist i gceithre thír ó thaobh an Scórchláir Shóisialta de, agus rátaí NEET ard ann cheana féin agus méadú de 1 ccc nó níos mó fós ó 2019 i leith (an Spáinn, an Bhulgáir, an Iodáil, an Ghréig). Thairfead ceithre Bhallstát méadú i bhfad níos airde ná an meánmhéadú, de 1.8 ccc nó níos mó (Éire, an Spáinn, an Liotuáin agus an Phortaingéil), cé le haghaidh na Portaingéile (11 %) agus na Liotuáine (13 %), bhí ráta NEET faoi bhun mheánráta ualaithe an Aontais¹⁴⁶. Thairfead tromlach na mBallstát difríochtaí réigiúnacha i rátaí NEET, difríochtaí suntasacha i roinnt cásanna (féach Iarscríbhinn 3). Leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg, láidritear gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile, agus soláthraítear deiseanna le haghaidh printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna, agus áirithítear tacaíocht ó sheirbhísí fostaíochta, go háirithe i dtéarmaí comhairleoireachta, treoraíochta agus meantóireachta¹⁴⁷.


¹⁴⁵ Tar éis an athbhreithnithe ar an Scórchlár Sóisialta, le táscaire cheannlíne NEET, déantar daonra na ndaoine idir 15-29 mbliana d'aois a thomhas anois, seachas daoine idir 15-24 bliana d'aois. Déantar rátaí NEET níos airde a thairfeadh leis an aoisghrúpa níos leithne, ach tá na treochtaí fós inchomparáide a bheag nó a mhór.

¹⁴⁶ Bhí ráta NEET na Liotuáine os cionn mheánráta neamhualaithe an Aontais, rud a dhéantar a thomhas le haghaidh an Scórchláir Shóisialta.

¹⁴⁷ [Moladh ón gComhairle](#) an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena ndéantar ionadú ar an Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01

Fíor 2.2.2010: Tá rátaí NEET dulta in airde i ngach Ballstát ach amháin dhá Bhallstát agus tá siad ina n-ábhar inní i roinnt tíortha

Ráta NEET (15-29 bliana d'aois) (in % agus athrú idir 2019 agus 2020, táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.

Foinse: Eurostat [[edat_lfse_35](#)].


Tharla athruithe ar ráta NEET le linn an tsleabhctha eacnamaíoch i ngeall ar mhéaduithe ar an dífhostaíocht agus ar an neamhghníomhaíocht araon. Idir 2019 agus 2020 chuaigh ráta NEET na ndaoine neamhghníomhacha in airde 0.8 ccc (ó 7.8 % go 8.6 %) agus ráta NEET na ndaoine dífhostaithe in airde 0.4 ccc (ó 4.8 % go 5.2 %). In 2020, bhí ráta NEET na ndaoine neamhghníomhacha iontach ard san Iodáil (15.7 %), sa Bhulgáir (14.7 %), sa Rómáin (11.5 %) agus san Ungáir (10.5 %) (Fíor 2.2.11). Bhí ráta NEET na ndaoine neamhghníomhacha cuibheasach íseal i Lucsamburg (3.7 %), sa tSualainn (3.9 %) agus san Ísiltír (4.1 %). I measc na mban, bíonn neamhghníomhaíocht NEET i gceist i bhfad níos minice ná an dífhostaíocht (10.8 % versus 4.6 %), agus is beag nach ionann an dá ráta sin d'fhir. Le haghaidh na mban agus NEET, bíonn freagrachtaí cúraim ina gcúis le neamhghníomhaíocht a chúig hoiread níos minice ná mar is amhlaidh d'fhir¹⁴⁸. Déantar an dúshlán a bhaineann le bheith ag tacú le NEETanna neamhghníomhacha níos deacra fós i ngeall ar ilghnéitheacht na gcásanna pearsanta a bhíonn i gceist leo¹⁴⁹. B'fhéidir gurb amhlaidh, mar shampla, gur scaoileadh leo go sealadach, agus go bhfuil siad ag fanacht le glao chun filleadh ar an obair, rud atá ina ábhar díspreagtha maidir le poist a lorg, b'fhéidir go mbeidh siad ag tabhairt aire do dhuine den teaghlach, go mbeidh drochshláinte ag cur as dóibh, nó go mbeidh siad faoi mhíchumas. Cásanna is ea iad sin ar fad lena bhfágtar údar éilimh le haghaidh idirghabhálacha difriúla faoi leith ó thaobh beartais de.

¹⁴⁸ Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg (COM SWD(2020) 124 final).

¹⁴⁹ Tá rogha anailísí ar fáil ar <https://www.eurofound.europa.eu/topic/neets>.

Fíor 2.2.2011: Tá tromlach NEETanna i dtíortha an Aontais neamhghníomhach, ach bíonn an cion iontach éagsúil idir na Ballstáit

Ráta NEET na ndaoine neamhghníomhacha agus dífhostaithe (15-29 mbliana d'aois) i mBallstáit an Aontais (in %, 2020)



Nóta: Tá tíortha rangaithe de réir sciar íslitheach NEETanna neamhghníomhacha. DE: Briseadh san amshraith, go sealadach.

Foinse: Eurostat, LFS [edat_ifse_20].

Ar an iomlán, in 2020, bhí ráta NEET níos airde i measc daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach, agus bhí cás na mban iontach criticiúil. Ar an meán san Aontas, ba é 24.6 % in 2020 ráta NEET na ndaoine óga idir 15-29 mbliana d'aois nár rugadh san Aontas, i gcomparáid le 12.7 % i measc daoine a rugadh san Aontas¹⁵⁰. Chonacthas léim de bhreis agus 3 ccc bliain ar bhliain ar rátaí NEET na ndaoine nár rugadh san Aontas i sé thír (an Spáinn, an Iodáil, an Ostair, Lucsamburg, Éire agus an Fhionlainn), agus taifeadadh feabhsuithe nach beag sa tSlóivéin agus i Málta (-6.6 ccc agus -3.9 ccc faoi seach). Ar leibhéal an Aontais in 2020, bhí ráta NEET níos airde i measc na mban ná mar a bhí i measc na bhfear (2.9 ccc níos airde). I gcomparáid lena piaraí mná a rugadh san Aontas, taifeadadh ráta NEET 31.3 % ar an meán le haghaidh na mban a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach, ráta a chomhfhreagraíonn do bhearna 17.5 ccc. Ar an leibhéal tíre, taifeadadh bearna mhór NEET de bhreis agus 20 ccc le haghaidh na mban a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach i gcomparáid lena bpiaraí a rugadh san Aontas sa Bheilg, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Fhrainc, san Iodáil agus san Ostair. Sa Bheilg, sa Ghearmáin, i Lucsamburg, sa tSlóivéin agus san Ostair, bhí ráta NEET le haghaidh na mban nár rugadh san Aontas a thrí hoiread níos airde ar a laghad.

Tá coigeartuithe ar chomhdhéanamh an lucht saothair ag eascairt as athrú déimeagrafach, agus tá rátaí fostaíochta oibrithe scothaosta ag dul in airde. In 2010, bhí 24.3 milliún oibrí san Aontas idir 55-64 bliana d'aois i gcomparáid le 143.4 milliún duine idir 25-54 bliana d'aois. 10 mbliana dá éis sin, in 2020, bhí laghdú 1.7 milliún tagtha ar líon na n-oibrithe idir 25-54 bliana d'aois, agus tháinig méadú 11.5 milliún ar líon na n-oibrithe scothaosta. Chuaigh ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta in airde le linn na paidéime, ó 59.1 % in 2019 go 59.6 % in 2020. Tagann an méadú sin ag deireadh 10 mbliana d'fheabhsuithe (ó 44.7 % in 2010). Bhí an méadú sin níos géire i measc na mban, ó 37 % in 2010 go 53.4 % in 2020, rud a bhí ina údar laghdú thart faoi 3 ccc ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní le haghaidh an aoisghrúpa sin. Bhí difríochtaí fós ann i measc na mBallstát, cé go bhfacthas feabhsuithe substaintiúla i roinnt tíortha mar a raibh rátaí fostaíochta íseal in 2010, amhail Málta, an Iodáil, an Pholainn agus go háirithe an Ungáir. An tráth céanna, chuaigh líon na n-uaireanta oibre ag oibrithe scothaosta i laghad a thuilleadh le linn na paidéime¹⁵¹.

¹⁵⁰ Is ó Eurostat a tháinig na sonraí uile sa mhír seo [[edat_lfse_28](#)].


¹⁵¹ Sonraí comhthiomsaithe ón gcéad dhá bhabhta de LWC nuair a cuireadh an cheist: earradh agus samhradh na bliana 2020.

Bhí an laghdú ar rátaí fostaíochta níos suntasaí d'fhir ná mar a bhí do mhná, rud lena mínítear an laghdú beag ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní, a bhí fós leathan d'ainneoin sin. Idir 2019 agus 2020, thit ráta fostaíochta na mban (idir 20-64 bliana d'aois) 0.6 ccc ar an meán san Aontas¹⁵² agus shroich an ráta 66.9 % in 2020. I ngeall ar laghdú beagán níos mó ar rátaí fostaíochta na bhfear (1 ccc), taifeadadh laghdú beag (ó 11.4 ccc go 11 ccc) le táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní. Tá an bhearna fós mór d'ainneoin sin agus an-chuid éagsúlachta idir tíortha. Taifeadadh na bearnaí fostaíochta ab ísle idir na hinscní in 2020 sa Liotuáin (1.7 ccc), san Fhionlainn (2.9 ccc), sa Laitvia (3.8 ccc) agus sa tSualainn (4.9 ccc), a rangáítear iad uile mar 'na gníomhaithe ab fhearr' (Fíor 2.2.12). Ar thaobh eile an speictrim, mar ar measúnaíodh na rátaí ann ina 'gcásanna criticiúla' sa Scórchlár Sóisialta, tá an Iodáil (19.9 ccc), an Ghréig (19.4 ccc), an Rómáin (19.3 ccc), Málta (17.8 ccc) agus an Pholainn (15.7 ccc). Thaifead roinnt tíortha an-chuid éagsúlachtaí ina réigiúin maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní féach Iarscríbhinn 3). D'ainneoin feabhsú beag ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní, tharla an dara bliain as a chéile nach bhfacthas cóineasú in AE-27, toisc gur thaifead go leor Ballstát ina raibh bearnaí fostaíochta arda idir na hinscní meathlú in 2020.

¹⁵² Cláraíodh méadú i Málta, sa Ghréig, sa Pholainn, i Lucsamburg, agus sa Ghearmáin, agus d'fhan an fhostaíocht cobhsaí san Ísiltír.

Fíor 02/02/2012: Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní fós mór, agus tá difríochtaí suntasacha i measc na mBallstát

An bhearna fostaíochta idir na hinscní (idir 20-64 bliana d'aois) (in % agus an t-athrú bliantúil idir 2019-2020, táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Briseadh sa tsraith agus sonraí sealadacha le haghaidh DE in 2020. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.

Foinse: Eurostat, [[tespm060](#)].

Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní níos leithne agus fostaíocht de choibhéis lánaimseartha (FTE) á breithniú. In 2020 chuaigh an bhearna fostaíochta FTE idir na hinscní le haghaidh daoine idir 20-64 bliana d'aois¹⁵³ i laghad de bheagán i gcomparáid le 2019 (0.3 ccc) agus ba é 17.1 % an ráta a bhí ann. Is éard a léirítear a bheag nó a mhór leis sin an fíoras gur mhinice a d'oibrigh mná ar bhonn páirtaimseartha (29.1 % de mhná fostaithe i gcomparáid le 7.8 % d'fhir in 2020). Bhí an laghdú sin sa bhearna fostaíochta FTE idir na hinscní beagán níos lú ná mar a bhí ó thaobh na fostaíochta de i gcoitinne, agus laghdú a tháinig de thoradh, go páirteach, an laghdaithe níos géire ar uaireanta a oibríodh i gcás na mban fostaithe le linn na géarchéime. In 2020, bhí na bearnaí inscne FTE ab ísle sa Liotuáin, san Fhionlainn agus sa Laitvia, agus bhí na rátaí ab airde i Málta (21.8 ccc), san Ísiltír (23 ccc) agus san Iodáil (24.5 ccc). Ar chúl na bhforbairtí sin tá difríochtaí in ionadaíocht na mban agus na bhfear in earnálacha agus i ngairmeacha a bhí thíos leis an ngéarchéim¹⁵⁴, difríochtaí idir na hinscní maidir le húsáid teileaoibre, agus impleachtaí na méaduithe tobanna ar obair chúraim neamhíoctha (rud a d'fhág go raibh sé deacair do mhná go háirithe chun obair a chothromú le freagrachtaí cúraim).


¹⁵³ Le ráta fostaíochta FTE, cuirtear difríochtaí idir grúpaí i gcomparáid le chéile maidir le líon na n-uaireanta a oibríodh ar an meán. Ríomhtar ráta fostaíochta FTE trí iomlán na n-uaireanta a oibríodh sa gheilleagar (an chéad phost, an dara post, etc.) a roinnt ar mheánlíon na n-uaireanta i sceideal lánaimseartha (thart faoi 40) agus ar líon na ndaoine idir 20-64 bliana d'aois. Foinse: *Joint Assessment Framework (JAF)* [Comhchreat Measúnúcháin], ríomh bunaithe ar shonraí Eurostat.

¹⁵⁴ Féachtar air sin uile le staidéar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) [*Gender equality and the socio-economic impact of the COVID-19 pandemic*](#) [An comhionannas inscne agus tionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19]. Rinneadh an staidéar ar iarraidh Uachtaránacht na Portaingéile agus díreann leis ar thionchair shocheacnamaíocha na paindéime ó thaobh cúrsaí inscne de.

Cé go raibh an laghdú ar an bhfostaíocht le linn na paindéime beagán níos suntasaí d'fhir, bhí an laghdú ar líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh¹⁵⁵ níos suntasaí do mhná. Is minic gurbh éagsúil cion na mban agus na bhfear a bhí ag obair i ngairmeacha mar arbh fhéidir cailleadh fostaíochta a sheachaint, rud atá ina chuidiú leis na difríochtaí idir na hinscní a thuiscint, difríochtaí a breathnaíodh sna caillteanais fostaíochta agus sna laghduithe ar uaireanta oibre¹⁵⁶. Idir R4-2019 agus R4-2020, tháinig laghdú 6.1 pointe ar líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh sa phríomhphost do mhná san Aontas, i gcomparáid le laghdú 4.3 pointe d'fhir. Bhain laghduithe ar uaireanta a oibríodh do mhná i ngach Ballstát seachas dhá Bhallstát (Málta agus Lucsamburg), cé go raibh an-chuid éagsúlachta de réir tíre maidir le méid na laghduithe sin (Fíor 2.2.13). San Ostair, sa Ghréig, in Éirinn agus san Iodáil, chonacthas titim de bhreis agus 8 bpointe do mhná in innéacs na n-uaireanta iomlána a oibríodh. Ó dheireadh 2020, chonacthas téarnamh beag ar líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh do mhná agus d'fhir araon san Aontas, cé nár sroicheadh fós na leibhéil in R2-2021 a bhí ann roimh an ngéarchéim.

Fíor 2.2.2013: Tá an t-uafás éagsúlachta idir tíortha maidir leis an laghdú ar líon na n-uaireanta a oibríodh de réir inscne

Athrú ar innéacs líon iomlán iarbhair na n-uaireanta a oibríodh de réir inscne (in %, athrú idir R4-2019 agus 2020).



Nóta: Innéacs líon iomlán iarbhair na n-uaireanta a oibríodh sa phríomh-phost inarb é an bhliain 2006 (meán bliantúil) í an tagairt (100). Léirítear leis an innéacs an t-athrú ar líon iomlán iarbhair na n-uaireanta oibre i ráithe na bliana atá á breithniú i gcomparáid leis na huairéanta oibre iarbhair in 2006. Téann líon na ndaoine fostaíthe i ráithe na bliana atá á breithniú i bhfeidhm ar luach an innéacs, mar aon le líon na n-uairéanta a d'oibrigh gach duine de na daoine fostaíthe sin; braitheann sé ar shonraí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu. Níl sonraí le haghaidh DE ar fáil.

Foinse: Eurostat ([lfsi_ahw_q](#)).

¹⁵⁵ Tagraítear leis sin do líon iomlán iarbhair na n-uairéanta a d'oibrigh gach fostaí agus duine féinfhostaithe ina bpríomh-ghairm le linn na ráithí ábhartha.


¹⁵⁶ An Coimisiún Eorpach (2021) *Employment and Social Developments in Europe 2021* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2021].

Tá tionchar na tuismitheoireachta ar an bhfostaíocht fós níos mó do mhná ná mar atá d'fhir.

I ngach Ballstát in 2020, bhí an ráta fostaíochta d'fhir idir 25-49 mbliana d'aois ag a raibh leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 6 bliana d'aois níos airde ná mar a bhí dá bpiaraí ag nach raibh leanaí beaga (10.4 ccc). Bhí an éifeacht chéanna diúltach do mhná (de 11.8 ccc ar leibhéal an Aontais Eorpaigh) i ngach Ballstát ach dhá Bhallstát (an Phortaingéil agus an Chróit), rud a fhágann gurb é 32.2 ccc an mheánbhearna fostaíochta idir na hinscní san Aontas do dhaoine ag a bhfuil leanbh beag amháin ar a laghad (Fíor 2.2.14). Sa tSeicia, san Ungáir agus sa tSlóvaic, tá tionchar diúltach na tuismitheoireachta do mhná sa ghrúpa sin an-ard (breis is 40 ccc)¹⁵⁷. Is féidir an toradh sin a nascadh go páirteach le dáileadh na bhfreagrachtaí cúraim leanaí: bhí breis is 85 % de mháithreacha ag tabhairt aire do leanaí ar bhonn laethúil i gcomparáid le líon is lú ná 65 % d'fhir in 2016 (sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil)¹⁵⁸. Tá leibhéil oideachais nasctha go dlúth le tionchar an mháithreachais ar an obair: in 2020, ba é 35.3 % ráta fostaíochta na mban ag a bhfuil leibhéal íseal scileanna agus leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 6 bliana d'aois, i gcodarsnacht le 61.9 % do mhná ag a raibh cáilíocht mheánscoile uachtaraí, agus 79.5 % do mhná ag a raibh cáilíocht oideachais threasaigh.

Fíor 2.2.2014: Níl rátaí fostaíochta do mhná ag a bhfuil leanaí beaga níos airde ná na rátaí do mhná nach bhfuil leanaí acu ach in dhá Bhallstát de chuid an Aontais

Tionchar na tuismitheoireachta ar an bhfostaíocht d'fhir agus do mhná (idir 25-49 mbliana d'aois) in 2020



Nóta: is é difríocht ccc i ráta fostaíochta na máithreacha (aithreacha) ag a bhfuil leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 6 bliana d'aois agus mná (fir) gan leanaí tionchar na tuismitheoireachta ar an bhfostaíocht.

Foinse: Eurostat [[lfst_hheredch](#)].

¹⁵⁷ Pléadh an tsaincheist go mion in an Coimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe, Annual Review* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil], 2019, lch. 130.

¹⁵⁸ Bunaithe ar shonraí ó Bhunachar Sonraí Staidrimh Inscne EIGE.

Tháinig sé chun bheith níos deacra, go coibhneasta, do mhná an obair agus oibleagáidí tuismitheoireachta a chothromú le linn phaindéim COVID-19. Tugtar le fios le sonraí a bailíodh go luath maidir leis an gcothromaíocht oibre agus saoil ag aithreacha agus ag máithreacha le linn na paindéime gur dócha go raibh níos mó deacrachtaí roimh mhná an obair a chomhcheangal lena saol príobháideach. Mar shampla, in earrach 2020, thuairiscigh 20 % de mhná a bhí ag obair, i gcomparáid le 13 % d'aithreacha a bhí ag obair, go raibh sé deacair dóibh i gcónaí nó an chuid is mó den am a n-aire a dhíriú ar a gcuid oibre i ngeall ar fhreagrachtaí teaghlaigh. I gcodarsnacht leis sin, ba é díreach 4 % de mháithreacha a bhí ag obair é an figiúr úd, agus 3 % d'aithreacha a bhí ag obair, in 2015¹⁵⁹. I roinnt Ballstát (an Bheilg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír), thuairiscigh breis is an cúigiú cuid de thuismitheoirí a bhí ag obair go raibh saincheisteanna maidir leis sin ag baint dóibh. Chuaigh an scéal i bhfeabhas le linn chúrsa na paindéime, ach is mó na deacrachtaí a bhíonn roimh mhná fós.

Téann an rochtain ar oideachas agus ar chúram luathóige ardchaighdeán inacmhainne i bhfeidhm go láidir ar fhostaíocht na mban. Meastar le táscaire cheannlíne

an Scórchláir Shóisialta maidir le cúram leanaí go raibh rannpháirtíocht na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois in oideachas agus i gcúram luathóige (ECED) foirmiúil ag 35.3 % ar leibhéal AE-27 in 2019¹⁶⁰, rud lena ndeachthas os cionn sprioc 33 % Barcelona. Tá difríochtaí i measc na mBallstát fós ann áfach agus níl an sprioc bainte amach ag 17 de na Ballstáit fós. Taifeadtar cás 'criticiúil' le haghaidh cúig Bhallstát – an tSeicia, an Ungáir, an tSlóvaic, an Pholainn agus an Rómáin – le hanailís an Scórchláir Shóisialta¹⁶¹ (Fíor 2.2.15). Ar thaobh eile an speictrim, sa Danmhairg, i Lucsamburg agus san Ísiltír tá breis is 60 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois cláraithe in ECEC. Mar sin féin, freastalaíonn tromlach na leanaí sin san Ísiltír ar ECEC ar feadh tréimhse is giorra ná 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh soláthar cúraim leanaí fhoirmiúil comhoiriúnach le hobair lánaimseartha. Leis sin, seachnaítear iallach a bheith á chur ar thuismitheoirí amháin, an mháthair de ghnáth, oibriú go páirtimeartha, agus iarmhairtí diúltacha ar thorthaí an mhargaidh saothair, agus ar leordhóthanacht tuillimh agus pinsean, ag gabháil leis sin. Bíonn ról tábhachtach ag beartais oiriúnacha maidir leis an gcothromaíocht oibre is saoil, amhail socruithe solúbtha oibre agus saoirí a bhaineann le teaghlaigh, freisin chun laghdú a dhéanamh ar líon na mbacainní roimh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair ag daoine ar a bhfuil freagrachtaí cúraim. Má úsáideann mná agus fir na socruithe agus na saoirí sin ar bhealach cothrom, is féidir leo rannchuidiú le bearnaí idir na hinscní a laghdú san fhostaíocht freisin.


¹⁵⁹ Is ó bhabhtaí 1, 2 agus 3 de chuid ríomhshuirbhé dar teideal *Living, working and COVID-19* [Maireachtaí, Obair agus COVID-19] (AE-27) iad sonraí 2020 agus is ó *European Working Conditions* [Dálaí Oibre Maireachála] (AE-27) de chuid Eurofound iad sonraí 2015.

¹⁶⁰ Is iad sin na sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil le haghaidh mheán AE-27.

¹⁶¹ Cuirtear ráta rannpháirtíochta an-íseal i láthair i gcás na Slóivéine freisin (1.4 %) bunaithe ar shonraí 2018 (ní raibh sonraí le haghaidh 2019 ar fáil tráth an dréachtaithe).

Fíor 2.2.15: Tá difríochtaí móra fós i rannpháirtíocht i seirbhísí cúraim leanaí i measc na mBallstát

Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois i geúram leanaí foirmiúil agus an t-athrú bliantúil (in %, 2020 agus na hathruithe bliantúla i leith 2019, táscaire cheannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Sonraí le haghaidh BE, DE, IE, LU in 2020 agus le haghaidh BE in 2019. Sonraí sealadacha le haghaidh FR, LV agus PL in 2020. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.

Foinse: Eurostat [\[tepsr_sp210\]](#).

De réir mar a théann daonra an Aontais in aois, is dócha go mbeidh impleachtaí níos láidre ann ó thaobh cúrsaí fostaíochta agus sóisialta de, i gceist le neamh-chomhionannas láidir inscne i bhfreagrachtaí cúraim. In 2020 bhí thart faoi 5.7 milliún bean san Aontas, idir 15-64 bliana d'aois, a bhí neamhghníomhach i ngeall ar fhreagrachtaí cúraim (thart faoi 16 % de na mná neamhghníomhacha uile), i gcomparáid le díreach 0.3 milliún fear (nó thart faoi 1 % d'fhir neamhghníomhacha). Tá sciar na mban, i measc cúramóirí neamhfhoirmiúla ar 18 mbliana d'aois nó os a chionn, ard freisin, 59 % díobh, a thugann aire do dhaoine fásta sa teaghlach nó i dtimpeallacht shóisialta (amhail daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil an tsláinte go dona acu)¹⁶². Is in aoisghrúpa na ndaoine idir 45-64 bliana d'aois atá an difríocht is mó idir fir agus mná, 8 ccc ar an meán. Ina theannta sin, caitheann mná níos mó ama agus cúram neamhfhoirmiúil á sholáthar acu (17 n-uair an chloig i gcomparáid le 14 uair an chloig d'fhir)¹⁶³. I bhfianaise na difríochta sin, bíonn ról tábhachtach ag soláthar seirbhísí cúraim oiriúnacha agus inacmhainne, idir ECEC agus chúram fadtéarmach (LTC) maidir le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a láidriú (féach bosca 6 maidir le LTC).

¹⁶² An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú (2021), [*Study on exploring the incidence and costs of informal long-term care in the EU*](#) [Staidéar ar iniúchadh a dhéanamh ar mhinicíocht agus costais cúram fadtéarmach neamhfhoirmiúil san Aontas Eorpach].


¹⁶³ Bunaithe ar rabharta 7 de chuid EHIS (2013-2015) agus EQLS (2016).

Rannchuidíonn an cánachas go suntasach le gaistí neamhghníomhaíochta an dara saothraí i bhformhór na mBallstát, agus baineann impleachtaí tábhachtacha leis sin maidir leis an gcomhionannas inscne. Is airde an gaiste neamhghníomhaíochta¹⁶⁴ le haghaidh an dara saothraí¹⁶⁵ (i dteaghlach ag a bhfuil beirt leanaí) sa Bheilg, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Liotuáin, sa Rómáin agus sa tSlóivéin (féach Fíor 2.2.16). Mar shampla, má ghlacann céile neamhghníomhach ag a bhfuil beirt leanaí post ar 67 % den mheánphá sa Liotuáin, tógtar breis is 70 % dá cuid (nó dá chuid) tuilleamh trí chánacha breise agus trí shochair aistarraingthe. I gcodarsnacht leis sin, is lú ná 20 % an gaiste sin san Eastóin agus san Ísiltír, agus is lú ná 10 % í sa Chipir. Is suntasaí ranníocaíocht an chánachais sa Bheilg, sa Ghearmáin agus sa Rómáin, agus caillteanas féideartha de bhreis agus 40 % d'ioncam le haghaidh an dara saothraí ag 67 % den mheánphá nuair a théann sé nó sí i mbun fostaíocht íoctha. Mná is ea breis is trí cheathrú de na daoine arb iad an dara saothraí iad (78 %) san Aontas. Le méid chomhchánachas an ioncaim chomhcheangailte ag lánúin (lena n-áirítear creidmheasanna inaistrithe cánach) agus le dearadh chóras na sochar (e.g. aistarraingt sochar faoi thástáil acmhainní) déantar dochar dá bhrí sin do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Is féidir le comhchórais chánachais fhorchéimnitheacha na rátaí imeallacha cánacha a bhoilsciú le haghaidh saothraithe gan ioncam nó saothraithe ar ioncam níos ísle, toisc go ngearrtar cáin ar ráta imeallach níos airde go héifeachtach i gcomhréir lena gcéile a shaothraíonn ioncam níos airde. Is féidir le córais den sórt sin rannchuidiú dá bhrí sin le bearnaí fostaíochta idir na hinscní agus le bearnaí pá neamhchoigeartaithe idir na hinscní.

¹⁶⁴ Léirítear éifeachtaí cánachais na ngaistí neamhghníomhaíochta le gach euro breise d'ollioncam. Tá na sonraí le haghaidh an dara saothraí ar 67 % den mheánphá i dteaghlach beirte saothraí ag a bhfuil beirt leanaí; tá an príomhshaothraí ar an meánphá.

¹⁶⁵ Is é an dara saothraí duine nach é an saothraí is airde é nó í ina t(h)eaghlach (nó nárbh é nó í an saothraí ab airde má tá siad ag cuimhneamh ar dhul i mbun oibre). I bhformhór na gcásanna, ach ní hamhlaidh sna cásanna uile, is é an bhean an dara saothraí.

Fíor 2.2.2016. Is ionann é agus breis is 30 % den tuilleamh san Aontas é an ráta cánach éifeachtach le haghaidh an dara saothraí agus duine ag dul i mbun fostaíochta
Gaiste neamhghníomhaíochta le haghaidh an dara saothraí (in %, 2020)



Nóta: (1) Tá na sonraí le haghaidh an dara saothraí ar 67 % den mheánphá i dteaghlach beirte saothraí ag a bhfuil beirt leanaí; tá an príomhshaothraí ar an meánphá. (2) Tagraítear le ‘Ranníocaíocht an chánachais (lena n-áirítear ranníocaíochtaí slándála sóisialta)’ do chéatadán an ollioncaim bhreise as a mbaintear cáin de bharr an chánachais agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta (gnéithe eile a rannchuidíonn le sáinn an phá ísil is ea sochair dhífhostaíochta tarraingthe siar, cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta).

Foinse: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí an Mhárta 2021).


Is féidir dul i bhfeidhm go diúltach ar rannpháirteachas lánaimseartha na mban sa mhargadh saothair freisin nuair a mhéadaítear cánacha agus nuair a tharraingítear siar sochair go

róthapa agus uaireanta oibre méadaitheacha ann dá réir. D’fhéadfadh sé sin (ar a dtugtar ‘sáinn an phá ísil’) dul i bhfeidhm ar dhaoine atá gníomhach agus a oibríonn ar bhonn páirtaimseartha.

Le haghaidh an dara saothraí, bíonn príomhról ag cánachas chun déine sháinn an phá ísil a chinneadh i bhformhór Ballstát. Léirítear i bhFíor 2.2.17 an céatadán tuilleamh breise ‘a bhaintear de bharr chánachais’ nuair a mhéadaíonn an dara saothraí a uaireanta oibre agus dá bhrí sin a tuilleamh ó aon trian chuig dhá thrian den meánphá. Is féidir leis an dara saothraí trian dá thuilleamh incriminteach ar an meán a chailleadh, ag ardú os cionn 100 % sa Liotuáin (mar gheall ar ardluach na sochar tithíochta a chailltear) agus suas le 60 % sa Bheilg. Tá an ranníocaíocht cánachais is airde chuige sin ann sa Bheilg, agus ansin sa Ghearmáin.

Fíor 2.2.2017. I mórán Ballstát baintear sciar mór de thuilleamh an dara saothraí de bharr cánachais nuair a mhéadaíonn a phá

Céatadán na dtuilleamh breise ‘a bhaintear de bharr cánachais’ nuair a mhéadaíonn pá an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ó 33 % go 66 % agus nuair a bhíonn an phríomhshaothraí ar 100 % den mheánphá, a bhfuil beirt leanaí aige (in %, 2020)



Foinse: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail cánach sochair ECFE (arna nuashonrú i mí an Mhárta 2021).

Tá an bhearna phá idir na hinscní fós ard gan beann ar fheabhsúcháin bheaga. Cé go bhfuil céimeanna treasacha ag níos mó ban ná fear¹⁶⁶, níor athraigh an bhearna phá idir na hinscní ar fud an Aontais¹⁶⁷ ach de bheagán ó bhliain go bliain (14.1 % in 2019 le laghdú 0.3 ccc ó 2018). Leanann sé seo de threocht d'fheabhsúcháin bheaga ina bhfacthas laghdú 1.9 ccc idir 2013 agus 2019. Tá an bhearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní fós os cionn 20 % san Eastóin agus sa Laitvia, leis na luachanna is lú (idir 1 % agus 5 %) cláraithe san Iodáil, i Lucsamburg agus sa Rómáin¹⁶⁸. Ó 2013 i leith, tá feabhas mór tagtha ar an gcás san Eastóin, sa Spáinn, i Lucsamburg agus sa Chipir (faoi 8.1 ccc, 5.9 ccc, 4.9 ccc agus 4.8 ccc faoi seach), agus tá ardú níos mó ná 2 ccc tagtha ar an mbearna phá idir na hinscní sa Chróit agus sa Laitvia (Fíor 2.2.18). Bíonn tionchar suntasach ag leithscaradh inscne earnálach agus gairme, agus ag difríochtaí i ngnóthachtaí san oideachas ar bhearnaí pá¹⁶⁹. Tá sé dóchúil go mbeadh ról ag roinnt tosca eile freisin, lena n-áireofaí steiréitíopaí inscne, deacrachtaí chun obair a réiteach le freagrachtaí cúraim (a mbíonn sosanna gairme mar thoradh air freisin), idirdhealú agus struchtúir phá nach bhfuil trédhearcach¹⁷⁰. Carnann bearnaí pá thar shaolré agus bíonn pinsin ina bhfuil bearnaí pá mar thoradh orthu, rud a sheas ag 29.5 % do dhaoine idir 65-74 bliana d'aois san AE-27 in 2019, le héagsúlacht ard i measc Ballstát (an Eastóin ag níos lú ná 1 % in 2019, i gcomparáid le Lucsamburg ag 46 %). Mar chuid d'iarrachtaí chun dul i ngleic leis an dúshlán, chuir an Coimisiún i láthair i mí an Mhárta 2021 togra le haghaidh Treorach chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann ar obair chomhionann a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe¹⁷¹.

¹⁶⁶ Bhí oideachas treasach ar 46.1 % de mhná idir 30-34 bliana d'aois san AE-27 in 2020, i gcomparáid le 36 % d'fhir.

¹⁶⁷ Tomhaistear an Bhearna Phá idir na hInscn (GPG) neamhchoigeartaithe mar an difríocht idir an meán-olltuilleamh a fhaigheann fostaithe íoctha fireanna agus fostaithe íoctha baineanna in aghaidh na huaire mar chéatadán den mheán-olltuilleamh a fhaigheann fostaithe íoctha fireanna in aghaidh na huaire. Cód Eurostat [TESEM180].

¹⁶⁸ Uaireanta baineann bearnaí pá ísle idir na hinscní le hardbhearnaí fostaíochta idir na hinscní (e.g. don Iodáil agus don Rómáin) – sna cásanna sin, d'fhéadfadh bearnaí pá ísle a bheith mar thoradh, den chuid is mó, ar iarmhairtí roghnúcháin, i gcás ina mbíonn mná leis an gcumas tuillimh is airde rannpháirteach sa mhargadh saothair.


¹⁶⁹ Leythienne, D., Ronkowski, P., (2018) *A decomposition of the unadjusted gender pay gap using Structure of Earnings Survey data*, Statistical Working Papers, Eurostat.

¹⁷⁰ Tá líon teoranta sonraí ann ó AE-27, ach rinneadh anailís ar an ábhar in EIGE (2020) Beijing + 25: an cúigiú hathbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising i mBallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh.

¹⁷¹ Togra le haghaidh Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.

Fíor 2.2.18: D'ainneoin feabhsúcháin bheaga ó 2013, i roinnt Ballstát tá an bhearna phá idir na hinscní fós ard

Athrú sa bhearna phá idir na hinscní i bhfoirm neamhchoigeartaithe; tionscal, foirgníocht agus seirbhísí (2013-2019)



Nóta: Tagraíonn luachanna le haghaidh IE do 2018; le haghaidh EL féach 2014 agus 2018.

Foinse: Eurostat [[tesem180](#)].

D'fhéadfadh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a bheith níos láidre i measc daoine

faoi mhíchumas. I bPrionsabal 17 de Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta éilítear go gcuimsítear daoine faoi mhíchumas, go háirithe trí rannpháirtíocht níos láidre sa mhargadh saothair. Áirítear ar an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe táscaire ceannlíne chun faireachán a dhéanamh ar a gcomhtháthú leis an margadh saothair mar bhealach chun neamhionannais a laghdú agus le cabhrú chun na huaillmhianta fostaíochta a leagtar amach sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas a bhaint amach¹⁷². Bhí bearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas¹⁷³, idir daoine faoi mhíchumas agus daoine eile, ag 24.5 ccc san Aontas in 2020. Léirítear ar tháscaire an Scórchláir Shóisialta éagsúlacht leathan i bhfeidhmíocht Ballstát (féach Fíor 2.2.19). Bhí an bearna ba mhó in Éirinn agus sa Bheilg (os cionn 35 ccc), sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Ghearmáin, sa Pholainn, san Ungáir agus sa Rómáin (os cionn 30 ccc) agus bhí an bearna ab ísle i Laitvia, sa Danmhairg, sa Phortaingéil agus san Fhionlainn (faoi 20 ccc). D'éirigh na teorainneacha rochtana fostaíochta a bhí ann roimh phaindéim COVID-19 níos measa dá barr¹⁷⁴. Bhí difríochtaí le feiceáil idir tíortha i dtéarmaí éabhlóidiú bhearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas idir 2019 agus 2020. Thairfead an Ghearmáin cás 'criticiúil' le méadú 5.9 ccc, agus tá trí thír sa chatagóir 'faire' (an tSualainn, an Pholainn, Málta, an Rómáin agus an Ungáir). Tá bearna dhífhostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas san Aontas Eorpach leathnaithe fiú (faoi 1.8 ccc) ó cuireadh tús leis an tomhas thiar in 2014. In 2019, bhí an ráta dhífhostaíochta san AE-27 i bhfad níos airde do dhaoine faoi mhíchumas (17.3 % i gcomparáid le 8.3 %) ¹⁷⁵, rud a thugann le fios go bhfuil gá práinneach le gníomhaíocht beartais sa réimse sin.

¹⁷² *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions of 3.3.2021 on 'Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030'*, [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 3.3.2021 maidir le 'hAontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030'] COM/2021/101 final.


¹⁷³ Féach Caibidil 1.3 le haghaidh sainmhíniú ar an táscaire.

¹⁷⁴ An Coimisiún Eorpach (2021), [Employment and social developments in Europe 2021](#) [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

¹⁷⁵ Foinse: Eurostat, EU-SILC 2020, arna nuashonrú an 21 Deireadh Fómhair 2021; ní raibh sonraí maidir le hÉirinn ar fáil.

Fíor 2.2.19: Tá bearna dhífhostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas fós ard, agus tá éagsúlacht leathan i measc Ballstát

An bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas in 2020, i gcomparáid le 2019 (20-64 bliana d'aois) (Táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith sonraí le haghaidh BE, DE, LU in 2020. Sonraí sealadacha le haghaidh FR, LV, PL in 2020. Tá luach AE-27 measta.

Foinse: EU-SILC 2020, Eurostat, [[htlh_dlm200](#)]

Níl torthaí an mhargaidh saothair do dhaoine nár rugadh san Aontas chomh sásúil i gcomparáid le saoránaigh dhúchais agus shoghluaiste an Aontais. Bhí rátaí fostaíochta do dhaoine nár rugadh san Aontas idir 20-64 bliana d'aois in 2020 chun deiridh ar rátaí daoine dúchais (62 % in aghaidh 73.5 %), agus d'éirigh sé níos measa i gcoibhneas leis an mbearna roimh an ngéarchéim. Ó 2019 go 2020, léim an ráta dífhostaíochta do dhaoine nár rugadh san Aontas (aoisghrúpa 15-74) 2.1 ccc chuig 16.9 %, in aghaidh méadú 0.3 ccc chuig 6.5 % sa ráta dífhostaíochta do dhaoine dúchais, rud a léiríonn tionchar neamhréireach COVID-19¹⁷⁶ ar an gcéad ghrúpa. Is iondúil go ndéantar ró-ionadaíocht ar imircigh nach den Aontas Eorpach iad (tá níos mó ná post amháin as gach ceithre phost lena ngabhann beagán oiliúna acu) agus ag an am céanna, tá sé níos dóchúla go mbeidh ró-oiliúint orthu ná mar a bheidh daoine a rugadh san Aontas¹⁷⁷. Sula tharla géarchéim COVID-19, bhí os cionn 40 % de phoist lenar bhain beagán scileanna ag imiricigh san Ostair, sa Ghearmáin agus sa tSualainn agus bhí os cionn 60 % i Lucsamburg¹⁷⁸. Tá cás na mban de chúlra imircigh an-chriticiúil, mar gur mhéadaigh a mbearna gníomhaíochta chuig 10.8 ccc in 2020, le rátaí gníomhaíochta ísle go háirithe (faoi 60 %) sa Fhrainc, sa Bheilg agus san Iodáil. Agus iad mar chion suntasach de na 'hoibrithe fíor-riachtanacha' mar a thugtar orthu, chuir imircigh nach ón Aontas Eorpach iad mar aon le hoibrithe soghluaiste an Aontais le feidhmiú an gheilleagair ó thús na paindéime¹⁷⁹. Fiú i gcatagóir 'an oibrí riachtanach', áfach, tá baol níos mó ann go gcaillfidh imircigh a bpost ná mar atá go gcaillfidh daoine a rugadh san Aontas a bpost¹⁸⁰.

¹⁷⁶ Taifeadadh titim ráta fostaíochta níos mó i measc náisiúnaigh an Aontais a oibríonn i mBallstát eile ná i measc náisiúnaigh na dtíortha ósta, ach tá a rátaí ó 2020 inchomparáide den chuid is mó le rátaí daoine dúchais (73.4 % vs 73.5 % faoi seach).

¹⁷⁷ Eurostat, *Ad Hoc Extraction by LFS, Migrants more likely over-qualified than nationals - Products Eurostat News 2020* [Sliocht Ad Hoc ó LFS, Is dóichí imircigh a bheith rócháilithe ná náisiúnaigh - Táirgí Nuachta Eurostat 2020]

¹⁷⁸ ECFE/an tAontas Eorpach (2018), *Settling in 2018: Indicators of Immigrant Integration*, [Ag lonnú in 2018: Táscairí ar Lánpháirtiú Inimirceach] Foilsitheoireacht ECFE, Páras./An tAontas Eorpach, An Bhruiséil

¹⁷⁹ Reid A. et al (2021), 'Migrant Workers, Essential Work, and COVID-19', *American Journal of Industrial Medicine*, iml. 64, uimh. 2, lgh. 73-77

¹⁸⁰ Fasani and Mazza (2020), *A Vulnerable Workforce: Migrant Workers in the COVID-19 Pandemic*

2.2.2 Freagairt bheartais

Tá bearta á nglacadh ag Ballstáit chun rannpháirtíocht agus cáilíocht oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) a fheabhsú. I Málta, tairgtear cúram leanaí saor in aisce do thuismitheoirí atá ag obair nó ag staidéar, agus bunaítear tuiscint chomhroinnte ar ECEC ar ardchaighdeán leis an gcreat beartais náisiúnta le haghaidh oideachas agus chúram na luath-óige (2021). Sa **Liotuáin**, ó Mheán Fómhair 2021, faigheann teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta ráthaíocht go bhfaighidh siad rochtain ar oideachas réamhscoile do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois. Cuirfear síneadh de réir a chéile leis an teidlíocht dlí ar oideachas réamhscoile: ba cheart do bhordais ECEC a sholáthar do gach leanbh 4 bliana d'aois a dteastaíonn áit óna dtuismitheoirí in 2023, do gach leanbh 3 bliana d'aois in 2024, agus do gach leanbh 2 bhliain d'aois in 2025. Ísleofar an fhéidearthacht le tosú ar oideachas réamh-bhunscoile ó 6 go 5 bliana i Meán Fómhair 2023. San **Eastóin**, tá leasuithe beartaithe leis an Acht um Oideachas Réamh-bhunscoile chun torthaí foghlama struchtúrtha a shainiú le díriú ar mheasúnú a dhéanamh ar fhorbairt leanaí seachas ar a dtinreamh. Ba cheart go gcabhródh sé sin chun cáilíocht oideachas agus cúram na luath-óige a fheabhsú. Mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta (PTA), tá an **Chipir** ag pleanáil oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce a sholáthar ó 4 bliana d'aois ó R4-2022, lena n-áirítear tógáil agus athshlánú ionad leanaí i mbardais, chomh maith le tacaíocht deontais le haghaidh ECEC saor in aisce sa phobal agus i naíscoileanna príobháideacha, arna gcomhlánú le gníomhaíochtaí arna dtacú ag CSE+. In 2020, sheol an **Bhulgáir** clár 3 bliana, arna thacú ag an mbuiséad náisiúnta, chun 67 naíscoil nua a thógáil. Sa **Spáinn**, cuirfear maoiniú ar fáil faoin PTA do 60 000 áit nua d'oideachas agus cúram na luath-óige.

Tá straitéisí cuimsitheacha a dhíríonn ar bhunchúiseanna le luathfhágáil na scoile ag teastáil chun na rátaí a laghdú agus cabhrú leis an aistriú chuig an margadh saothair. Tá sé fós ina thosaíocht ag an Aontas an cion daoine óga a fhágann oideachas agus oiliúint sula bhfuil gnóthachtáil dara leibhéal uasta curtha i gcrích acu, i gcomhréir le prionsabal 1 den Cholún maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil. I gcuir chuige bheartais rathúla measctar gníomhaíochtaí maidir le cosc, idirghabháil agus cúiteamh ar gach leibhéal. **Sa Bhulgáir**, tacaíonn REACT-EU le tionscadal chun cur isteach ar an bpróiseas oideachais a chosc agus chun tacú le cuimsiú tríd an riosca luathfhágála a bhaineann le cianfhoghlaim a mhaolú. Tacaítear leis an dul i ngleic le luathfhágáil na scoile sa **Rómáin** trí athchóiriú agus infheistíochtaí tiomanta i PTA náisiúnta, ag díriú ar leanaí atá i mbaol fágála scoile a shainaithint agus bearta spriocdhírthe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear deontais do scoileanna. Cuireann athchóiriú le déanaí ar an gcóras oideachais **san Fhionlainn** síneadh le haois éigeantach an oideachais ó 16 go 18 mbliana d’aois, d’fhonn go gcríochnódh daoine óga siollabas na meánscoile agus scrúdú máithreánach, nó cáilíocht dara leibhéal uasta. Ina theannta sin, neartóidh an t-athchóiriú, darb aidhm díriú ar mhéadú na hinfhostaitheachta, treoir agus comhairleoireacht agus seirbhísí leasa mac léinn. **Sa Chipir**, tá Plean Gníomhaíochta á ullmhú le tacaíocht ón Ionstraim Tacaíochta Teicniúla chun réitigh a shainaithint le scoláirí atá i mbaol luathfhágála scoile a choinneáil agus iad a bheith rannpháirteach. Tá sé mar aidhm ag PTA **na Beilge** luathfhágáil na scoile a laghdú i gComhphobal Fraincise na Beilge, lena n-áirítear trí threoir phearsantaithe a láidriú do dhaoine óga leochaileacha, ag dul i ngleic le hiarmhairtí diúltacha ghéarchéim COVID-19, agus struchtúir eagraíochtúla a athchóiriú. Tá sé mar aidhm le PTA **Mhálta** dul i ngleic le luathfhágáil na scoile agus idirghabháil thráthúil agus éifeachtach a sholáthar trí shonraí gach scoláire i scoileanna poiblí a rianú ó chúram leanaí chuig an gcéim deiridh den chonair oideachais.

I ndiaidh ghéarchéim COVID-19, is tosaíocht iad beartais feabhais uailmhianacha agus éifeachtacha chun caillteanais foghlama a chúiteamh, oideachas digiteach a chur chun cinn agus borradh a chur faoi ionchuimsitheacht agus faoi chothroime san oideachas agus oiliúint. Tacóidh **an Rómáin** le bearta feabhais oideachais chun caillteanais foghlama mar gheall ar dhúnadh scoileanna a chúiteamh, faoi REACT-EU. Leithdháilfear EUR 30 milliún chun gníomhaíochtaí iarscoile agus ceachtanna feabhais a chistiú le haghaidh 168 000 scoláire atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daltaí Romacha agus daltaí a chónaíonn i gceantair thuaithe. **Sa Bhulgáir**, cuireadh BGN 109.5 milliún (EUR 57 milliún) i leataobh ó REACT-EU chun tacú le hoideachas scoile tar éis na paindéime trí acmhainní teicniúla agus sainoiliúintí a sholáthar don chianfhoghlaím i dtimpeallacht leictreonach. Dírítear sna bearta ar scoláirí, ar mhúinteoirí, ar idirghabhálaithe scoile chomh maith le tuismitheoirí. I mí Feabhra 2021, d'fhógair **an Ísiltír** infheistíocht urghnách san oideachas chun caillteanais foghlama nasctha leis an bpaindéim a chúiteamh. Cuimsíonn an Clár Oideachais Náisiúnta gach leibhéal oideachais agus tá buiséad EUR 8.5 billiún aige. Gheobhaidh scoileanna ina bhfuil sciar níos airde scoláirí faoi mhíbhuntáiste níos mó cistithe go comhréireach. Leis an gClár Digitithe Scoile, cuireann **an Phortaingéil** aistriú digiteach san oideachas agus san oiliúint chun cinn. Arna thacú le Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII agus CRII+), sholáthair **an Phortaingéil** trealamh TF do scoláirí faoi mhíbhuntáiste agus oiliúint in inniúlachtaí digiteacha do mhúinteoirí. Tá sé beartaithe ag **an tSeicia**, **an Ghréig**, **Éirinn** agus **an tSlóvaic** cistiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a úsáid chun trealamh TFC a sholáthar do dhaltáí agus scoláirí scoile ó theaghlaigh ag a bhfuil ioncam íseal, agus áirítear infheistíochtaí suntasacha i mbonneagar digiteach i scoileanna in PTAnna **na Beilge agus na Slóivéine**. Áirítear infheistíochtaí in aonaid uathachais agus seomraí ilchéadfacha i scoileanna in PTA **Mhálta**. Tá sé ar aidhm ag **an tSlóvaic** an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a úsáid chun tacú le leanaí le riachtanais speisialta oideachais agus leanaí ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear Romaigh a chuimsiú san oideachas.

Mar gheall ar luasghéarú an chlaochlaithe dhigitigh arna thiomáint ag an bpaindéim, láidríodh iarrachtaí na mBallstát maidir le scileanna digiteacha don mhargadh saothair, i gcomhréir le prionsabal 1 den Chólún (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil). Tá iarrachtaí maidir le scileanna digiteacha á gcomhordú agus á dtacú ag an Aontas Eorpach tríd an gComhghuaillíocht Scileanna Digiteacha agus Post, an tArdán maidir le Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha¹⁸¹ agus an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach. Mar chuid den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), phleanáil go leor Ballstát bearta a bhaineann le scileanna digiteacha. In **Éirinn**, déanann ‘Scileanna Teicneolaíochta 2022:Tríú Plean Gníomhaíochta TFC na hÉireann tosaíochtaí do scileanna digiteacha san oideachas agus do speisialtóirí TFC a shainiú. Áirítear i ‘bPlean Gníomhaíochta r-Scileanna’ **na Cipire** atá ag teacht mar chuid de PTA gníomhaíochtaí chun scileanna digiteacha a chomhtháthú sa chóras oideachais agus na curaclaim oideachais a ailíniú le riachtanais an mhargaidh saothair. Tá sé beartaithe ag **an Rómáin** infheistíochtaí RRF a dhéanamh i scileanna digiteacha do scoláirí in oideachas réamh-ollscoile, san ardoideachas, d’aoisigh, agus sa riarachán poiblí. Shainigh **an Iodáil** i mí Iúil 2020 an Straitéis Náisiúnta so Scileanna Digiteacha, le ceithre líne d’idirghabháil do scoláirí, don lucht saothair gníomhach, do speisialtóirí TFC agus do shaoránaigh. I mórán Ballstát, comhtháthaítear na spriocanna forbartha do scileanna digiteacha i straitéisí oideachais náisiúnta ginearálta, digitíú tionscail nó straitéisí agus beartais fostaíochta, amhail an Clár Lucht Saothair Digiteach don Ungáir, Treochlár Digitithe 2019-2030 na Liotuáine, agus an Straitéis Digitithe Náisiúnta don chóras scoile **sa tSualainn**. **San Fhionlainn**, cuirtear chun feidhme straitéisí agus tionscadail intleachta saorga ar an leibhéal náisiúnta agus **sa Laitvia** tá spriocanna sonracha sa Straitéis Cibearshlándála 2019-2022 chun oideachas a chur ar an bpobal agus ar fhoireann riaracháin áitiúil maidir le sábháilteacht TFC, chomh maith le scileanna cibearshlándála a sholáthar do FBManna agus do shaoránaigh. Chuir **an Spáinn** i láthair an Plean Inniúlachtaí Digiteacha Náisiúnta, ina mbeartaítear oiliúint ar scileanna digiteacha don daonra i gcoitinne agus d’oibrithe, arna dtacú trí RRF. D’fhormheas os cion trian de na Ballstáit straitéis digitithe tíre ghinearálta freisin. Chomh maith leo sin atá á gcur chun feidhme cheana féin, ghlac **an Laitvia agus an Spáinn** straitéis nua Dhigiteach in 2021. Thug **an Phortaingéil** an Tionscnamh Náisiúnta um Inniúlachtaí Digiteacha cothrom le dáta e.2030 (Portugal INCoDe.2030), atá i bhfeidhm ó 2018 i leith, lena n-áirítear Ráthaíocht Dhigiteach chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach dífhostaí ar thairiscint oiliúna i scileanna digiteacha, chomh maith le hoiliúint dhigiteach shonrach a dhírítear ar fhostaithe agus ar an óige.

¹⁸¹ Tugtar le chéile san ardán páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha chun aghaidh a thabhairt ar an easpa scileanna digiteacha agus infhostaitheacht a fheabhsú san Eoraip.

D'fhreagair Ballstáit go tapa chun tionchar diúltach COVID-19 a mhaolú ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint (VET). Sholáthair roinnt tíortha, amhail **an Ghearmáin, an Ostair, an Danmhairg, Lucsamburg agus an Fhrainc**, dreasachtaí airgeadais do chuideachtaí chun printísigh a fhostú. **San Ostair**, mar shampla, fuair cuideachtaí bónas printíseachta dar luach EUR 2 000 as gach Conradh oiliúna a cuireadh i gcrích idir Márta 2020 agus Deireadh Fómhair 2020 (Márta 2021 i gcás printísigh a aistríodh ó scéim printíseachta idir-chuideachtaí; Fuair FBManna EUR 1,000 sa bhreis air sin). Soláthraítear tacaíocht bhreise má ghlacann cuideachta le printísigh ó chuideachta a éiríonn dócmhainneach. Neartaigh **an Fhrainc** an tacaíocht phoiblí chun printísigh faoi 18 mbliana d'aois a fhostú (a d'ardaigh ó EUR 4 125 go EUR 5 000), agus do phrintísigh 18 mbliana d'aois nó níos sine (ó EUR 5 125 go EUR 8 000), le haghaidh conarthaí printíseachta a cuireadh i gcrích idir an 1 Iúil 2020 agus an 31 Nollaig 2021. Mar chuid de phlean téarnaimh náisiúnta COVID-19, d'infheistigh **Málta** EUR 2.75 milliún ón mbuiséad náisiúnta go dtí deireadh 2022 chun cuideachtaí a spreagadh chun mic léinn i gconarthaí printíseachta a earcú, agus chun urraitheoirí a raibh Conradh gníomhach acu an 15 Meitheamh 2021 a bhronnadh¹⁸². **San Fhionlainn**, leasaíodh dlí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna go sealadach maidir le measúnú ar scileanna agus inniúlachtaí foghlaimeora i gcásanna oibre barántúla don tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 31 Iúil 2021. Murar fhéad foghlaimeoirí a scileanna a léiriú i gcásanna oibre bharántúla, rinneadh socruithe dóibh chun tascanna praiticiúla eile a dhéanamh a bhí cosúil le cásanna agus próisis oibre barántúla. **Sa Rómáin**, d'fhoilsigh an Lárionad Náisiúnta um Fhorbairt Theicniúil an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna tagarmharcanna modheolaíochta chun teagasc agus foghlaim sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh a neartú mar threoir do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna¹⁸³.

¹⁸² <https://www.mcast.edu.mt/covid19-apprenticeship/>

¹⁸³ [Reperemethodologic pentru consolidarea achizitiilor din anul scolar 2019-2020-EDP \(edu.ro\).](https://www.reperemethodologic.ro/Reperemethodologic_pentru_consolidarea_achizitiilor_din_anul_scolar_2019-2020-EDP_(edu.ro).)

Lean roinnt Ballstát ag cur athchóirithe struchtúracha chun feidhme ar an gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna. I mí Mheán Fómhair 2020, ghlac airí i gceannas ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint sna Ballstáit, Tíortha is Iarthóirí an Aontais agus tíortha LEE, comhpháirtithe sóisialta na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach i gcomhar le chéile ‘Dearbhú Osnabrück maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe córa chuig geilleagar digiteach agus geilleagar glas’¹⁸⁴. Le dlí mhí na Nollag 2020, thug **an Ghréig** isteach creat dlíthiúil nua don ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Áiríodh sa dlí nua athchóiriú substaintiúil ar rialachas gairmoideachais agus gairmoiliúna trí chomhlacht comhairleach náisiúnta a bhunú (Ard-Chomhairle VET), lena n-áirítear ionadaithe ó na haireachtaí oideachais agus aireachtaí eile ábhartha, cumainn agus comhlachais na bhfostóirí agus na bhfostaithe. Glacadh céimeanna suntasacha chun forluí a sheachaint, chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh saothair agus tacú le huathriaíl ar leibhéal soláthraí gairmoideachais agus gairmoiliúna. In 2020, d’fhormheas **an Liotuáin** nós imeachta nua chun measúnú a dhéanamh ar na hinniúlachtaí a shealbhaítear trí phrintíseachtaí, trí thaithí oibre, trí fhéinstaidéar nó trí chineálacha eile foghlama. Tá feidhm leis an nós imeachta measúnúcháin nua amhail Meán Fómhair 2021 agus cumhdaíonn sé scileanna praiticiúla chomh maith le tástáil chaighdeánaithe trína ndéantar measúnú ar bhuneolas (teoiriciúil). Déanann coimisiúin mheasúnúcháin inniúlachta maoirsiú air lena n-áirítear cleachtóirí gairmiúla arna dtarmligean ó chuideachtaí. **Sa Spáinn**, glacadh an Plean um Nuachóiriú an Ghairmoideachais agus na Gairmoiliúna i mí Iúil 2020. Chomh maith leis sin, tá dlí chun déchóras gairmoiliúna comhtháite a chruthú, le haghaidh cáilíochtaí tosaigh agus leanúnacha gairmoideachais agus gairmoiliúna agus teastais ghairmiúla araon, á chur tríd an bpróiseas reachtach sa Pharlaimint faoi láthair. Cumhdaíonn an togra 11 réimse straitéiseacha d’fhonn an tairiscint gairmoideachais agus gairmoiliúna a nuachóiriú, tacú le printíseachtaí agus le FBManna. In 2021, ghlac **an Pholainn** gníomh reachtach ar chóras rianaithe céime gairmoideachais agus gairmoiliúna. Leagtar amach ann freagrachtaí aireachta nua chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt gairme céimithe meánscoile. Tá sé mar aidhm leis an bhfaireachán aiseolas a sholáthar ar chonairí gairme céimithe i réimse meánscoileanna tionscail, teicniúla agus ginearálta, chomh maith le hiar-mheánscoileanna. Áirítear i PTA **na Rómáine** athchóiriú ar an déchóras oideachais chun riachtanais an mhargaidh saothair a shásamh, go háirithe trí líon na gcáilíochtaí agus na gcéimithe a mhéadú, agus trí rochtain a áirithiú ar ardoideachas teicniúil do scoláirí dé-oideachais.

¹⁸⁴ [Dearbhú Osnabrück](#)

Tugann Ballstáit tús áite do na scileanna is gá chun tacú leis an aistriú glas. Ghlac roinnt Ballstát agus chuir siad chun feidhme bearta náisiúnta chun tacú le sealbhú scileanna don aistriú glas. Mar shampla, in 2020, thug údaráis **na Gearmáine**, mar aon le taighdeoirí agus comhpháirtithe sóisialta, cothrom le dáta an ‘post caighdeánach’ maidir le cosaint an chomhshaoil agus inbhuanaitheacht sa ghairmoideachas agus gairmoiliúint, le cur i bhfeidhm i ngach curaclam printíseachta nua agus lena mholadh do gach curaclam atá ann faoi láthair. Cuimsíonn an post nua sraith de shé chroí-scil agus croí-inniúlacht don aistriú glas, ar cheart do gach printíseach ar fud gach earnáil iad a shealbhú i rith a phrintíseachta. In 2020, rinne Oifig Staidrimh Náisiúnta **Mhálta** an dara Suirbhé ar Phoist Ghlasa. Ba í an phríomhspríoc a bhí leis na sonraí a bailíodh sa chéad Suirbhé ar Phoist Ghlasa 2016 a thabhairt cothrom le dáta agus cur le hanailís níos cuimsithí ar na scileanna is gá don aistriú glas ag an gComhairle Scileanna Náisiúnta. D’fhoilsigh **Málta** freisin i mí Dheireadh Fómhair 2021 Beartas Náisiúnta Fostaíochta 2021-2030 a bhfuil sé mar aidhm leis scileanna ardéilimh a thabhairt d’fhostaithe (lena n-áirítear scileanna glasa), tacú le fás gnó agus cruthú post, agus a institiúidí mhargaidh saothair a neartú. **Sa tSualainn**, díríodh i dtionscnamh na bPost Glas 2020 ar dhaoine dífhostaithe le haghaidh oiliúna i ngairmeacha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu san earnáil ghlas. Faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), phleanáil roinnt Ballstát de chuid an Aontais bearta a bhaineann le scileanna don aistriú glas. Mar shampla, tacaíonn Plean Téarnaimh agus Athléimneachta **na Cróite** le cistiú do dhearbhaín le haghaidh oideachas aosaigh creidiúnaithe, agus bhfuil coinne leis go nascfar 70 % de sin leis na scileanna a bheidh de dhíth ar an aistriú glas. Tá pleananna infheistíochtaí RRF beartaithe ag **an Rómáin** chun inniúlacht ghairmiúil gairmithe agus oibrithe san earnáil athchóirithe a láidriú trí oiliúintí a fhorbairt ar fhoirgníocht atá tíosach ar fhuinneamh. **San Eastóin**, tacaíonn RRF le haistriú glas fiontar, mar shampla trí infheistiú i bhforbairt modúil uas-scilithe agus athscilithe, lena n-áirítear inneachar oiliúna mionsonraithe, struchtúr agus ábhair oiliúna, chun oiliúint a chur ar fáil a bhaineann le scileanna don aistriú glas.

In 2020, ghlac Ballstáit bearta chun freagairt do thionchar phaindéim COVID-19 ar an bhfoghlaim aosach. Thug **an Laitvia** isteach an “Tionscnamh Scileanna Todhchaí” lena maoinítear oiliúint a chuirtear ar fáil trí ardáin chúrsa foghlama ollmhóra ar líne. Seachas dlús a chur le forbairt an tsoláthair foghlama aosach ar líne, tá bearta sonracha glactha ag roinnt tíortha le freagairt d’iarmhairtí na paindéime. **Sa tSlóivéin**, bhí tacaíocht do sholáthraithe na foghlama aosaigh mar chuid de dhlí (an ‘5ú pacáiste coróinvíris) le freagairt don phaindéim. In 2020, chistigh stát **na Sualainne** an t-oideachas aosach ar fad (freagracht bhardasach), an incháilitheacht á leathnú agus an cistiú á mhéadú chun níos mó ná 25 000 foghlaimeoir breise a óstáil. **Sa Danmhairg**, éascaíodh rochtain daoine dífhostaithe ar an scéim phrintíseachta aosaigh atá ann agus deonaíodh sochair níos airde do dhaoine dífhostaithe faoi ghairmoiliúint, ag díriú ar scileanna do phoist ghlasa agus san earnáil cúraim. Mhéadaigh na húdaráis Feidearálacha **sa Ghearmáin** an tacaíocht d’ionaid foghlama aosaigh, ag díriú ar scileanna digiteacha freisin trí chistiú RRF a úsáid. Mar chuid dá PTA, thairg **Lucsamburg** dearbháin chun scileanna digiteacha a fhorbairt do gach oibrí a bhain leas as an scéim oibre gearr-ama. Mar chuid den phacáiste sóisialta EUR 1.4 bn níos leithne, tacaíonn **an Ísiltír** le huas-sciliú agus le hathsciliú na ndaoine sin ba mheasa a bhí buailte ag an bpaindéim (amhail daoine óga, daoine le scileanna níos ísle, daoine de chúlra imircigh agus/nó faoi mhíchumas, chomh maith le daoine féinfhostaithe gan fostaithe).

Sheol líon suntasach Ballstát tionscnaimh reachtacha agus pleananna straitéiseacha chun tacú le rannpháirtíocht aosach san fhoghlaím, go minic le tacaíocht RRF, i gcomhréir le prionsabail 1 agus 4 den Cholún (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, faoi seach). Bunaíodh Ionad Seirbhíse don Fhoghlaim Leanúnach le dlí **Fionlannach** le déanaí, ina gcomhordófar agus ina bhforbrófar seirbhísí oiliúna do dhaoine in aois oibre, ina ndéanfar anailís ar fhorbairt scileanna, ina dtacófar le líonraí réigiúnacha agus ina gcistítear gníomhaíochtaí oiliúna. **Sa Ghréig**, áiríodh uasghrádú ionaid foghlama ar feadh an tsaoil i ndlí nua maidir le córas náisiúnta gairmoideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil. Bhunaigh **an Iodáil** ‘Ciste Scileanna Nua’, inar fógraíodh Plean Straitéiseach Náisiúnta do scileanna aosach chun aghaidh a thabhairt ar ardráta daoine ag a bhfuil scileanna ísle atá sa tír. Sheol **Éire** straitéis Bealaí chun Oibre do na 5 bliana amach romhainn. Bheartaigh roinnt tíortha chun tacaíocht airgeadais a thabhairt d’fhoghlaimeoirí aonair laistigh dá PTAnna. Phleanáil **an Chróit** scéim dearbháin d’aosaigh atá rannpháirteach i gcláir foghlama aosaigh le dearbhú cáilíochta, ailínithe le Creat Cáilíochta na Cróite. Mar chuid den athchóiriú ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil lenar tugadh isteach ionaid foghlama ar feadh an tsaoil (K.D.V.M.), bheartaigh **an Ghréig** Cuntais Scileanna Fadsaoil chun tacú le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím. D’fhógair **an Liotuáin** ina PTA, go gcruthófaí ardán foghlama ar feadh an tsaoil ilfhreastail bunaithe ar phrionsabal na gcuntas foghlama aonair, a bhí mar chuid freisin de PTA **na Laitvia** chomh maith le foghlaim obairbhunaithe agus bailíochtú scileanna neartaithe. D’fhógair **Málta** ina PTA, cur chun feidhme phríomhbhearta na Straitéise Bunscileanna nuashonraithe, agus tacóidh sé freisin le seoladh ardán foghlama digití d’fhoghlaimeoirí fásta. Ghlac Málta freisin lena Scéim Forbartha Scileanna, a thacaíonn le FBManna a sholáthraíonn oiliúint dá lucht saothair. Cuirfidh **an Fhrainc** lena scéim reatha de chuntais foghlama aonair chun forbairt scileanna digiteacha a chur chun cinn. Mar chuid de phlean na Seicia chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras oiliúna agus athcháilithe, cuirfear scileanna digiteacha i dtábhacht faoi leith. Tá sé d’aidhm ag an bplean, arna thacú ag RRF agus CSE+, 14 ionad oiliúna réigiúnacha a bhunú arna n-oibriú ag seirbhísí poiblí fostaíochta. Tá sé beartaithe ag **an tSualainn** cúrsaí gairme do scoláirí fásta faoi mhíchumas intleachtúil a thabhairt isteach i mí na Nollag 2021.

Sa Bheilg, glacadh roinnt beart – roinnt díobh i gcomhthéacs PTA – chun tacú le scileanna daoine fásta: creidmheas breise ama d’oibrithe atá i mbun foghlama agus bunú scéime cuntas foghlama aonair i bhFlóndras, agus sa Vallúin, na tionscadail ‘Start Digital’ agus ‘Upskills Wallonia’.

Nearthaigh **an Ghearmáin** an maoiniú le haghaidh líonraí oiliúna a bhunú chun rannpháirtíocht FBManna san oiliúint a mhéadú, agus béim ar leith á leagan ar chlaohlú thionscal na ngluaisteán. Bhunaigh **an Ísiltír** ciste foghlama agus forbartha aonair poiblí.¹⁸⁵ D’áirigh **Lucsamburg** sa PTA straitéis scileanna nua chun anailís a dhéanamh ar na riachtanais scileanna reatha agus chun plean gníomhaíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme don oiliúint amach anseo.

Tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoi cháilíocht an ardoideachais, go háirithe i gcomhthéacs na rátaí gnóthachtála oideachais threasaigh atá ag ardú. D’fhógair roinnt Ballstát nó thug siad isteach athchóirithe dá réir sin. Tá athchóiriú ardoideachais cuimsitheach á chur chun feidhme ag **an Laitvia** ina mbeartaítear athruithe struchtúracha ar fud na dtrí cholún: rialú, cistiú agus acmhainní daonna. Roinneann an dlí nua institiúidí ardoideachais ina n-ollscoileanna eolaíochta, ealaíon agus cultúrtha, ollscoileanna d’eolaíochtaí feidhmeacha, agus coláistí ollscoile d’eolaíochtaí feidhmeacha, le critéir cháilíochta shonracha le haghaidh gach cineáil. I mí Dheireadh Fómhair 2020, sheol **Lucsamburg** clár nua i dtimthriall gearr chun daoine óga a chosaint ón dífhostaíocht. Clár solúbtha dhá sheimeastar atá san oiliúint nua iar-mheánscoile ‘Diplom+’, a dhírítear ar dhaoine óga nach bhfuil, tar éis dóibh oideachas meánscoile a chríochnú, cláraithe san ardoideachas ná i bpost go fóill. Is féidir cur isteach ar an gclár tráth ar bith chun modúil atá tugtha chun críche a dheimhniú, agus bíonn rannpháirtithe ann i dteideal tairbhiú de liúntais staidéir. Ar deireadh, tá an Ciste um Chur Chun Cinn an Ardoideachais dár thug **an Bheilg** (Flóndras) formheas le déanaí comhdhéanta de phacáiste athchóirithe agus infheistíochta a bhfuil trí phríomhchuspóir aige: an tairiscint oiliúna san ardoideachas a chuíchóiriú, lena n-áirítear trína déanamh níos ábhartha do mhargadh an tsaothair agus níos solúbtha; tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil san ardoideachas; agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as conairí foghlama digití.

¹⁸⁵ Tráth dréachtaithe an doiciméid seo, ní raibh an beart sin nasctha le PTA na tíre.

Chuaigh an cúlú eacnamaíoch a spreagadh leis an bpaindéim i bhfeidhm go mór ar dhaoine óga agus d'fhág gur ghrúpa tosaíochta iad ó thaobh na tacaíochta de, go háirithe trí bhíthin printíseachtaí treisithe. Mar shampla, **sa Bheilg** (Flóndras) chuir an rialtas ardú EUR 1,000 ar an bpréimh a thairgtear do sholáthraithe printíseachtaí agus cistí ar fáil faoi REACT-EU. **Sa Bheilg** (an Vallúin), is EUR 390 sa mhí sna chéad 4 mhí den phrintíseacht í an phréimh d'fhostóirí a thairgeann áiteanna printíseachta in earnálacha faoi leith. Ghlac **Éire** le scéim dreasaithe printíseachta lena gcuirtear focaíocht EUR 2,000 ar fáil d'fhostóirí a thairgeann printíseachtaí nua. Thairg **an Ostair** bónas printíseachta do chuideachtaí (*Lehrlingsbonus*), agus cuirfear cistiú ar fáil chun printísigh a ghlacadh ar láimh sa chéad bhliain oiliúna ó scéim printíseachta idir-chuideachtaí go dtí Deireadh Fómhair 2020 (go dtí an 31 Márta 2021 i gcás printíseach a aistríodh ó phrintíseacht idir-chuideachta). Mhéadaigh **an Phortaingéil** na deontais arna mbronnadh ar oiliúnaithe ó 7 % go 30 %, ag brath ar leibhéal gnóthachtála oideachais an oiliúnaí.

Threisigh Ballstáit fóirdheontais fostaithe a bhí spriocdhírthe ar dhaoine óga, i gcomhréir le prionsabail 1 agus 3 den Cholún (maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus comhdheiseanna, faoi seach). Thairg **Éire** fóirdheontais earcaíochta bhreise faoin scéim JobsPlus, lenar cuireadh méid chomh hard le EUR 7,500 i gcaitheamh 2 bhliain ar fáil chun duine faoi bhun 30 bliain d'aois a bhí dífhostaithe a fhostú. Thairg **an Chipir** dreasachtaí fostaithe chun daoine óga 15-29 mbliana d'aois a fhostú. Tá an scéim chomhdhéanta d'fhóirdheontais phá chomh hard le EUR 8,600 le haghaidh gach earcaíochta nua ar feadh thréimhse 10 mí. Le cuidiú ó chistiú CSE, tá sé d'aidhm aici 1,200 duine óg dífhostaithe a earcú i gcaitheamh 1 bhliana amháin. Idir deireadh 2020 agus mí Mheán Fómhair 2021, reáchtáil **an Rómáin** fóirdheontas fostaithe do dhaoine 16-29 mbliana d'aois a bhí cláraithe leis na seirbhísí poiblí fostaíochta. **Sa Bheilg**, thug rialtais na Bruiséile fóirdheontas fostaithe isteach le haghaidh daoine óga faoi bhun 30 bliain d'aois, arbh ionann é agus EUR 500 sa mhí ar feadh 6 mhí. D'fhógair **an Ghréig** clár nua do dhaoine óga 18-29 mbliana d'aois nach bhfuil aon taithí oibre acu, clár a atá le tosú i mí Eanáir 2022. Cuirfear an fóirdheontas ar fáil ar feadh 6 mhí agus beidh sé comhdhéanta de EUR 600 don duine óg agus EUR 600 don chuideachta earcaíochta.

Mhéadaigh **an Phortaingéil** fóirdheontais fruilithe 33 %. Mar a leagadh amach i Moladh EASE (féach bosca 1) féadfaidh ról tábhachtach a bheith ag dreasachtaí fostaíochta chomh maith le bearta uas-scilithe agus ath-scilithe agus tacaíocht níos fearr ó sheirbhísí fostaíochta maidir le tacú le cruthú post agus aistriú ó phost go post a éascú.

Ghlac Ballstáit bearta tacaíochta nua um poist agus oiliúint do dhaoine óga le Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF) níos fearr, i gcomhréir leis an Ráthaíocht don Aos Óg treisithe agus le prionsabal 4 den cholún (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht). Tá ról lárnach i gcónaí ag SPF maidir le cur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg, agus tá go leor acu i mbun seirbhísí nua nó feabhsaithe atá dírithe ar an aos óg a fhorbairt. Thug roinnt Ballstát bearta oiliúna nua do dhaoine óga isteach. Bhunaigh **an Phortaingéil** clár chúrsa oiliúna sa riarachán poiblí (*EstágiAP XXI*) do dhaoine óga a bhfuil ardoideachas acu. D’achtaigh Ballstáit roinnt athchóirithe struchtúracha ina gcórais PES agus oideachais agus oiliúna freisin, nó tá sé de rún acu iad a achtú, athchóirithe a thacóidh le hinfhostaitheacht an aosa óig. Mar shampla, tá pleananna chun an tacaíocht a thairgtear do dhaoine óga a threisiú le pacáiste beart chun for-rochtain chuig NEET a mhéadú agus chun an SPF a nuachóiriú, san áireamh i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta **na Cipire**. **Sa tSeicia**, beidh daoine óga i measc príomhthairbhíthe d’uaillmhian mheántéarmach (go dtí 2025), le tacaíocht ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus CSE+, chun an córas oiliúna agus athcháilithe a athchóiriú. Is é a bheidh i gceist leis an athchóiriú, coiste trípháirteach a bhunú chun forbairt na foghlama ar feadh an tsaoil a chomhordú, agus chun 14 lárionad oiliúna réigiúnacha a chruthú faoi fhreagracht na SPF. Chuir **an Eastóin** san áireamh ina Plean Téarnaimh agus Athléimneachta go nglacfaí scéim treisithe um Ráthaíocht don Aos Óg, lena n-áirítear scéim ‘Mo Chéad Phost’ feabhsaithe, lena spreagtar daoine óga gan mhórán taithí oibre a earcú trí oiliúint agus fóirdheontas pá a chur le chéile. Ghlac **an Spáinn** plean Ráthaíochta don Aos Óg Plus 2021-2027 chun comhordú idirinstiúideach a dhoimhniú, chun comhar leis an earnáil phríobháideach agus le húdaráis áitiúla a neartú, agus chun na seirbhísí oideachais, oiliúna agus margadh an tsaothair a fheabhsú. Tá infheistíochtaí breise beartaithe ag an tír, le tacaíocht ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, chun fostaíocht an aosa óig a spreagadh. Chun cuidiú le himircigh óga, thug **an Ghearmáin** breis agus 470 ‘seirbhís imirce don aos óg’ (*Jugendmigrationsdienste*) isteach, seirbhísí a dhírítear ar lánpháirtiú san oiliúint agus sa mhargadh saothair. Tugann siad tacaíocht don aos óg ar imircigh a dtuismitheoirí, lena n-áirítear dídeanaithe, le raon seirbhísí, lena n-áirítear oiliúint i gcur isteach ar phoist, oiliúint in úsáid a bhaint as na meáin nua agus seirbhís chomhairleach ar líne (*jmd4you*), atá saor in aisce agus ar fáil i dteangacha éagsúla.

Tá tionscnaimh a thacaíonn le staid oibreoirí scothaosta i margadh an tsaothair seolta ag Ballstáit freisin. Le clár **na hIodáile**, *Garanzia Occupabilità Lavoratori*, cuirtear beartais ghníomhacha i bhfeidhm atá bunaithe ar riachtanais shonracha chun tairbhithe ioncam saoránach a chuimsiú i gcúrsaí oibre, chomh maith le hoibrithe i scéim oibre gearr-ama agus daoine scothaosta a lánpháirtiú. Tá sé beartaithe ag **an tSlóvaic** tacaíocht ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid chun oiliúint i scileanna digiteacha agus trealamh do 172,800 seandúine agus duine faoi mhíbhuntáiste a sholáthar. Tá oibrithe níos sine ar cheann de roinnt spriocghrúpa i mbeart **na Slóivéine** a bhaineann leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, maidir le huas-sciliú agus athsciliú i scileanna digiteacha do dhaoine dífhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Tá oiliúint i scileanna digiteacha do dhaoine os cionn 55 bliana d'aois curtha san áireamh i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta **na Cipire** freisin. Tá daoine scothaosta ar cheann de na spriocghrúpaí i Straitéis Fostaíochta nuashonraithe **Mhálta**, le tacaíocht ón bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

Thug Ballstáit bearta sealadacha isteach chun tacú le tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu i bpaindéim COVID-19, i gcomhréir le prionsabal 9 (maidir le cothromaíocht oibre agus saoil) agus le prionsabal 11 (maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) den Chólún. San **Iodáil**, tugtar bónas EUR 1,000 ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go dtí deireadh 2021 chun seirbhísí feighlíochta leanaí a cheannach nó mar rogha ar an méid sin, chun leanaí a chlárú le campaí samhraidh le húsáid i rith na tréimhse ina bhfuil gníomhaíochtaí teagaisc ar scoil curtha ar fionraí. Chuir **Lucsamburg** síneadh go dtí an 17 Iúil 2021 le ceart ar shaoire ar chúiseanna teaghlaigh ar fhorais scoileanna nó saoráidí cúraim leanaí a bheith dúnta go hiomlán nó go páirteach. Chuir sé síneadh go dtí mí na Samhna 2021 le saoire tacaíochta teaghlaigh do dhaoine arbh éigean dóibh éirí as an obair chun cúram a thabhairt d'aosach faoi mhíchumas nó do dhuine scothaosta a chaill a neamhspleáchas ar bhealach tromchúiseach. **Sa Rómáin**, tugtar laethanta saoire d'fhostaithe ar tuismitheoirí iad chun maoirseacht a dhéanamh ar a gcuid leanaí, ar fhaitíos nach féidir leo freastal ar ranganna a thuilleadh, i ndiaidh thorthaí -imscrúdú eipidéimeolaíoch COVID 19 a fháil a bhfuil teorainn ar ghníomhaíocht oideachais nó a cur ar fionraí mar thoradh air. **Sa Spáinn**, threisigh an 'Plean M' Aire' (*Plan Mecuida*) solúbthacht na bhfostaithe chun freagrachtaí teaghlaigh maidir le mionaoisigh nó daoine scothaosta de thoradh na pacaideirme a ghlacadh ar láimh. Bhí ar an bhfostóir agus ar an oibrí bearta sonracha a chomhaontú lena n-áirítear, más gá, laghdú ar uaireanta oibre fostaí chomh hard le 100 % (i gcomparáid le 50 % roimhe seo), agus laghdú comhréireach ar phá.

Sa Danmhairg, féadfaidh tuismitheoirí leanaí a chuirtear abhaile ón scoil iad mar gheall ar COVID-19 nó atá ionfhabhtaithe le COVID-19 fanacht sa bhaile leis na leanaí agus sochair shaoire tuismitheoireachta a fháil. Ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 a mhair an tionscnamh agus cuireadh ar ais é ón 23 Samhain go dtí an 28 Feabhra 2022 tar éis comhaontú trípháirteach a rinneadh le déanaí. **Sa Bheilg**, thug an rialtas saoire tuismitheoireachta COVID-19 isteach, saoire atá sa bhreis ar an dteidlíocht saoire tuismitheoireachta atá ann agus lena mbaineann sochair níos airde ná an scéim atá ann. Chuir **an Ghearmáin** athruithe agus leasuithe sealadacha chun feidhme ar an reachtaíocht maidir le liúntas tuismitheora agus saoire do thuismitheoirí lena gcuirtear siar na míonna a bhaineann le liúntas tuismitheora agus lena n-eisiatar na míonna ina gcailltear ioncam tar éis, mar shampla, liúntas oibre gearr-ama agus sochair dhífhostaíochta a fháil. Leis an nuashonrú sin, seachnaítear méid an liúntais tuismitheora a laghdú agus ceadáítear úsáid níos solúbtha a bhaint as bónaís na comhpháirtíochta. **Sa Phortaingéil**, chinn an rialtas go measfaí údar maith a bheith le neamhláithreachtaí ón obair, gan aon chearta a chailleadh ach amháin maidir le luach saothair, dá mba rud é, de dheasca cúraim dhosheachanta linbh nó cleithiúnaí eile faoi bhun 12 bliana d'aois nó, gan beann ar aois, a bhfuil míchumas nó tinneas ainsealach air nó uirthi, a eascraíonn as gníomhaíochtaí scoile agus neamhtheagaisc a fhionraí sa scoil nó sa trealamh tacaíochta sóisialta. Sna himthosca sin, tá oibrithe i dteideal tacaíocht eisceachtúil mhíosúil, a chomhfhreagraíonn do dhá thrian dá mbuntuarastal, le híosphá i gcomhréir leis an íosphá náisiúnta agus uasmhéid de thrí oiread an íosphá, arna íoc ag an bhfostóir agus an tSlándáil Shóisialta ina gcodanna comhionanna

Tá níos mó bearta buana um shaoire a bhaineann leis an teaghlach á nglacadh nó á neartú sna Ballstáit. I mí an Mheithimh 2021, ghlac **an Ghréig** dlí ina n-ionchorpraítear forálacha na treorach maidir le cothromaíocht oibre agus saoil 2019/1158¹⁸⁶ trí shaoire thuismitheoireachta a sholáthar, síneadh a chur le saoire atharthachta agus le saoire mháithreachais agus trí shocrúithe solúbtha oibre a thabhairt isteach. Sa bhreis ar íoscheanglais na Treorach, déantar foráil sa dlí maidir le saoirí a comhaontaíodh le comhpháirtithe sóisialta i gComhaontuithe Comhchoiteanna Náisiúnta Ginearálta Saothair roimhe seo (e.g. saoire cúraim leanaí, saoire chun bearta leantacha a dhéanamh maidir le feidhmíocht scoile, saoire do thuismitheoirí leanaí breoite nó leanaí faoi mhíchumas, nó teaghlaigh aontuismitheora). **San Iodáil**, cuireadh síneadh leis an líon laethanta saoire atharthachta éigeantacha ó 7 lá go 10 lá. Ó mhí Eanáir 2021, chuir **an Spáinn** saoire bhreithe neamh-inaistrithe 16 seachtaine, a íoctar pá iomlán ina leith, in ionad shaoire atharthachta agus shaoire mháithreachais. Ó mhí na Bealtaine 2021, chuir **an Fhrainc** méadú le fad na saoire atharthachta ó 11 lá go 25 lá. Is éigeantach iad 4 lá as 25 lá saoire, agus tá siad sa bhreis ar na 3 lá saoire ag tráth breithe an linbh. **San Ísiltír**, faigheann páirtithe na mban a shaolaíonn páiste 5 seachtaine saoire bhreise amhail an 1 Iúil 2020. Is féidir an tsaoire bhreithe bhreise sin a thógáil sna chéad 6 mhí de shaol an linbh, ar 70 % den phá, arb í an SPF a íocann é. Tá tacaíocht ioncaim bhreise (‘préimh spreagtha’) d’oibrithe a thógann creidmheas ama chun cúram a thabhairt do ghaol, tugtha isteach i réigiún Fhlóndras **sa Bheilg**. Tá an phréimh sa bhreis ar an leithdháileadh feidearálach agus braitheann an méid ar an earnáil. Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2021, chuir **an Bhulgáir** méadú substaintiúil leis an gcúiteamh don dara bliain saoire máithreachais ó BGN 380 go BGN 650 (ó EUR 195 go EUR 330).

¹⁸⁶ Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle.

Tá bearta spriocdhírithe curtha i bhfeidhm chun gníomhachtú a chur chun cinn, chun scileanna a neartú agus chun tacú le fostaíocht na mban, i gcomhréir le prionsabal 2 (maidir le comhionannas inscne) agus le prionsabal 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) den Chólún. Chun tacú le máithreacha a bhíonn ag obair filleadh ar an obair agus chun fabhar a thabhairt do réiteach idir am oibre agus am cúraim teaghlaigh, chuir **an Iodáil** méadú EUR 50 milliún (go EUR 732 milliún) ar an gCiste do Bheartais Teaghlaigh, a bheidh le leithdháileadh chun tacú leis na bearta eagrúcháin a ghlacann gnólachtaí chun fabhar a thabhairt do mháithreacha a bhíonn ag obair filleadh ar an obair i ndiaidh páiste a shaolú, agus chun na bearta sin a fheabhsú. Díríonn Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hIodáile ar mhná maidir le bearta tacaíochta fiontraíochta agus beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, tacaíonn clár **san Ungáir** le huas-sciliú agus athsciliú tuismitheoirí óga, go háirithe mná, chun a n-iontráil i margadh an tsaothair, nó filleadh ar mhargadh an tsaothair, a éascú. Tá scoláireacht HUF 100,000 (thart ar EUR 275) ar fáil do thuismitheoirí nach bhfuil mórán scileanna acu, atá os cionn 18 mbliana d’aois agus a bhfuil sochar tacaíochta teaghlaigh á fháil acu, agus ar mian leo páirt a ghlacadh in oiliúint arb é is aidhm di ranganna 5 go 8 den bhunscoil, oideachas meánscoile, nó gairmscoile, nó oiliúint aosach a thabhairt chun críche. Féadfaidh an buiséad HUF 3 bhilliún (tuairim is EUR 8.3 milliún) tacú le hoiliúint a chur ar 2,500 duine. I bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta **na Spáinne**, tá beart ann chun tacú le fostaíocht na mban i dtrí phríomhréimse: a) oiliúint sa gheilleagar sóisialta, san fhiontraíocht, i gcúram fadtéarmach, sa gheilleagar glas agus sa gheilleagar digiteach; b) bealaí lánpháirtithe d’íospartaigh an fhoréigin nó na gáinneála ar mná iad; c) príomhshruthú inscne i ngach gné de phleananna fostaíochta bliantúla SPFanna.

San Fhionlainn, cuireann an leasú ar an Dlí maidir le Táillí um Oideachas agus Cúram Luathóige méadú ar dhreasachtaí chun glacadh le hobair, go háirithe do thuismitheoirí a fhanann sa bhaile (ar mná iad, den chuid is mó) i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó meánach. Leis an leasú reachtach (i bhfeidhm amhail an 1 Lúnasa 2021), laghdaítear na táillí um oideachas agus cúram luathóige i ngach réim ioncaim trí mhéadú 31 % a chur ar an tairseach ioncaim. Leis sin, soláthrófar oideachas agus cúram luathóige do thart ar 20,000 teaghlach. Bainfidh teaghlaigh a bhfuil roinnt leanaí iontu tairbhe as an laghdú ar tháillí do shiblí, mar beidh an táille don dara leanbh 40 % (i gcomparáid leis an 50 % atá ann faoi láthair). Tacaíonn Plean Téarnaimh agus Athléimneachta **na Slóivéine** le hardán ar líne ina bhfuil uirlisí d’fhostaithe agus d’oibreoirí chun bealaí oibre solúbtha a chur chun cinn, agus 135 thionscadal chun dálaí oibre sa bhaile a bhunú nó a uasghrádú, lena n-áirítear cúnamh ó shaineolaithe chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais shonracha cuideachta agus iad a shainaithint. Foráiltear i RRP **na Portaingéile** don chlár “Impulso Jovens STEAM” (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíon, matamaitic) chun tacú le hinstiúidí ardoideachais tionscnaimh a fhorbairt chun líon na mac léinn i réimsí STEAM a mhéadú agus béim ar leith á leagan ar mhná.

Sheol Ballstáit roinnt beart chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta sealadacha chun tionchar na géarchéime COVID-19 a mhaolú. In 2020, d'athraigh **an Rómáin** an creat dlíthiúil maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus maidir le cosaint ar idirdhealú, chun ráthaíocht a thabhairt maidir le comhionannas seansanna, inrochtaineacht na láithreach oibre agus oiriúnú dualgas i gcomhréir leis an bpoitéinseal feidhmiúil. Áirítear i bPlean **na Laitvia** do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2021-2023 beart chun coigeartú a dhéanamh ar na rialacha chun stádas mar dhuine faoi mhíchumas a fháil, bearta a thabhairt isteach chun daoine faoi mhíchumas a chuimsiú i margadh an tsaothair, agus chun feabhas a chur ar an rochtain ar bhonneagair. **Sa Bheilg** (an Vallúin), gheobhaidh na cuardaitheoirí post is leochailí treoraíocht phearsantaithe níos cuimsithí. Forbrófar lárionaid eolais freisin chun tacaíocht a sholáthar maidir le topaicí sonracha (e.g. meabhairshláinte, daoine faoi mhíchumas). Tá bearta beartaithe **ag an bhFrainc** chun rochtain ar oiliúint agus ar threoraíocht fostaíochta a threisiú do ghníomhairí poiblí faoi mhíchumais agus do ghníomhairí poiblí a bhfuil níos lú cáilíochtaí acu, lena n-áirítear íocaíochtaí agus laethanta saoire speisialta. Ligfidh an beart seo do sheirbhísigh phoiblí atá níos leochailí rochtain a dhéanamh ar oiliúint agus ar dheiseanna aistrithe gairme. Le déanaí, d'fhorbair **an Phortaingéil** an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas 2021-2025, lena n-áirítear réimse straitéiseach ar leith atá dírithe ar obair, fostaíocht agus oiliúint ghairmiúil.

Tá bearta glactha ag roinnt Ballstát chun cruthú post a chur chun cinn i measc daoine faoi mhíchumais trí dhreasachtaí fostaithe spriocdhírithe, i gcomhréir le prionsabal 3 agus le prionsabal 17 (maidir le comhdheiseanna agus cuimsiú na ndaoine faoi mhíchumas) den Chólún. I bhfianaise phaindéim COVID-19, chuir **an Ostair** méadú 50 % ar na fóirdheontais phá a bhí ann roimhe seo do dhaoine faoi mhíchumas ar feadh tréimhse 3 mhí. Chuir sí méadú 50 % ar a liúntas slándála poist ar bhonn sealadach (go dtí mí Mheán Fómhair 2021) freisin. Tá oibleagáid ar chuideachtaí duine cláraithe amháin faoi mhíchumas a fhostú in aghaidh gach 25 fhostaí a fhostaíonn siad; mura ndéanann siad amhlaidh, tabhaíonn siad oibleagáid chun cáin chúiteach mhíosúil a íoc in aghaidh gach fostaí nach bhfostaítear é/í. Tá an cháin chúiteach curtha in áirithe chun tacú le daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú i margadh an tsaothair. Baineann **an Bheilg** (Réigiún na Bruiséile) úsáid as an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta chun córas bónaís a sholáthar chun tacú le fostóirí daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú. **Sa tSeicia**, tá méadú CZK 800 (tuairim agus EUR 30), go dtí CZK 13 600 (tuairim agus EUR 525) curtha ar an uasmhéid ranníocaíochta chun tacú le fostaíocht daoine faoi mhíchumas.

Mhéadaigh **an Ísiltír** an t-uasleibhéal sochair do dhaoine óga faoi mhíchumas ó 25 % go 70 % agus 75 % den phá íosta do dhaoine a bhfuil agus nach bhfuil cumas saothair acu faoi seach. Gheobhaidh daoine óga atá i dteideal sochair mhíchumais agus a thosaíonn ag obair ioncam níos airde. Féadfaidh siad a sochair a choimeád má chláraíonn siad le hoideachas agus féadfaidh siad sochair shóisialta a fháil an athuair i gcás go dtagann deireadh lena bpost.

Thug roinnt Ballstát bearta isteach chun tacú le cúramóirí daoine faoi mhíchumas. Tá ceart comhionann ag daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus a bheith cuimsithe sa phobal, rud a éilíonn réimse difreáilte de sheirbhísí pobalbhunaithe agus teaghlach-bhunaithe¹⁸⁷. I bhfianaise na cáilíochta éagsúla a bhíonn ar sheirbhísí, ganntanas lucht saothair agus dálaí oibre dúshlánacha, rinne roinnt Ballstát iarrachtaí treisithe sa réimse sin. I gcomhthéacs an dí-institiúidithe, tá roinnt tionscadal á gcur chun feidhme ag **an Laitvia** trí sheirbhísí pobalbhunaithe agus bonneagar a fhorbairt chun seirbhísí a sholáthar, trí fheabhas a chur ar cháilíochtaí agus ar scileanna oibrithe sóisialta, agus freisin trí sheirbhísí pobalbhunaithe a mhaoiniú. Tá Straitéis Náisiúnta um Chearta Daoine Faoi Mhíchumas 2021-2030 glactha ag **Málta** ina bhfuil gealltanais chun scéimeanna cúnamh phearsanta a neartú, rud a chuirfidh ar chumas daoine faoi mhíchumas leanúint de mhaireachtáil ina dtithe agus ina bpobail féin. I gcomhthéacs an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, forbróidh **an Bheilg** (an Vallúin) straitéis um dhí-institiúidiú agus infheisteadh sí i dtithíocht oiriúnaithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Méadaigh **an tSlóvaic** an liúntas le haghaidh cúraim do dhuine faoi mhíchumas chun an glanphá íosta a bhaint amach (ó EUR 476,74 go EUR 508.44 do chúramóirí in aois oibre agus ó EUR 238,37 go EUR 254,22 do phinsinéirí). Tairbheoidh tuairim agus 40,890 cúramóir in aois oibre agus tuairim agus 23,700 pinsinéir den mhéadú ar an liúntas cúramóra i mbliana. Tairbheoidh 11,820 tairbhí de liúntas cúnamh phearsanta níos airde (ó EUR 4.18 go EUR 4.82).

¹⁸⁷ Sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le cúnamh ardcháilíochta, inrochtana, duine-lárnach agus le cúnamh inacmhainne atá comhdhéanta de chúnamh pearsanta, cúram leighis agus idirghabhálacha ag oibrithe sóisialta chun cuidiú le daoine faoi mhíchumas agus lena dteaghlaigh.

Sa Bhulgáir, soláthrófar cúram baile do 53,000 duine scothaosta agus duine faoi mhíchumas, agus beidh 16,000 cúramóir i gceist leis sin, trí infheistíocht EUR 43.5 milliún (le tacaíocht ó REACT-EU). Forbraíodh clár oiliúna do speisialtóirí leighis agus do speisialtóirí i réimse na seirbhísí sóisialta a sholáthraíonn cúram pátrúnachta. Leathnaigh **an Eastóin** incháilitheacht an liúntais chuig tuismitheoirí leanaí faoi mhíchumas ionas go gcumhdófar tuismitheoirí altrama nó caomhnóir atá ag tógáil linbh ina n-aonar leo.

Sheol roinnt Ballstát gníomhaíochtaí chun tacú le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú i margadh an tsaothair. San Fhionlainn, leasaíodh Acht na nEachtrannach, ón 1 Deireadh Fómhair 2021, chun cosc a chur ar dhúshaothrú lucht oibre coigríche, feabhas a chur ar stádas dlíthiúil íospartaigh an dúshaothraithe oibre agus a cháineadh a chur chun cinn. Thug **an tSualainn** dianbhliain tosaigh isteach, a bhí dírithe ar inimircigh nua a tháinig isteach sa Chlár Réamhrá in 2021. Cuireann sé ar chumas na rannpháirtithe páirt a ghlacadh i meascán beart, bunaithe ar riachtanais an duine aonair agus na bhfostóirí, go tapa, chun a lánpháirtiú sa mhargadh saothair áitiúil a éascú. Is é an aidhm atá leis sin go bhfaighidh na rannpháirtithe post taobh istigh de bhliain. Threisigh an tír foghlaim agus oiliúint ar leibhéal cathrach freisin do dhaoine fásta ar gá dóibh feabhas a chur ar a staid i margadh an tsaothair. Soláthraítear tacaíocht neartaithe le bailíochtú scileanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus don tSualainnis. Soláthrófar seisiúin oiliúna saincheaptha do dhaoine nuathagtha agus d'iarrthóirí tearmainn a bhfuil taithí acu i gcúram sláinte nó in oideachas cúraim sláinte, chomh maith le do bhaill foirne i gcúram do dhaoine scothaosta, amhail cúntóirí cúraim agus altraí cúnta, chun críoch gairmiúil.

Tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun oibrithe imirceacha ó thríú tíortha a ligean isteach, go háirithe oibrithe ardoilte agus oibrithe a líonann bearnaí i ngairmeacha a bhfuil ganntanas oibrithe iontu. In 2021, ghlac **an Chróit** Acht Eachtrannach nua, lenar cuireadh deireadh le cuótaí bliantúla ceadanna oibre do náisiúnaigh tríú tír agus lenar sonraíodh go gcaithfear tuairim dhearfach ó Sheirbhís Fostaíochta na Cróite a chur ar aghaidh le hiarratais ar chónaitheacht agus ar cheadanna oibre (le roinnt eisceachtaí, go háirithe do shealbhóirí Chárta Gorm AE). Samhlaítear comhar níos dlúithe idir comhlachtaí riaracháin agus cigireacht saothair, mar thoradh ar na hathruithe, chun cosaint chearta fostaithe a neartú.

In 2020, thug Ballstáit bearta éagsúla isteach, nó lean siad de bhearta, chun an rochtain atá ag leanaí Romacha ar an oideachas agus a rannpháirtíocht ann a fheabhsú. Thug an Bhulgáir oideachas éigeantach ag 4 bliana d'aois isteach do gach leanbh, chun feabhas a chur ar fhreastal ar an réamhscoil i measc leanaí leochaileacha. **San Ungáir**, tá an kindergarten éigeantach ó 3 bliana d'aois, agus mar gheall ar an mbeart, shroich an sciar de leanaí Romacha atá in aois réamhscoile a bhí ag freastal ar naíscoileanna os cionn 90 %. **San Iodáil**, tugadh bearta spriocdhírithe nua isteach le foraithe aireachta lena gcothaítear oideachas ionchuimsitheach leanaí Romacha. Lean **an Ísiltír** lena scéim tacaíocht do scoileanna a chuireann oideachas ar dhaltaí ó ghrúpaí leochaileacha, amhail Romaigh agus Sintígh. Thug **an Phortaingéil** cláir scoláireachtaí isteach do scoláirí Romacha a fhreastalaíonn ar oideachas meánscoile agus ar ardoideachas. In 2020, thosaigh **an Ghréig** ar an tionscadal '*Scoileanna Ionchuimsitheacha do Romaigh*' a chur chun feidhme agus thug sí clár scoláireachta isteach do scoláirí ardoideachais. **Sa Fhrainc**, sonraítear an liosta doiciméad tacaíochta le haghaidh clárú ar scoil i bhforaithe aireachta nua, ionas nach bhforchuirfidh cathracha ceanglais mhírreasúnta (e.g. billí leictreachais), nach féidir le daoine a chónaíonn i lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla a chomhlíonadh. Ar deireadh, thug Ballstáit, lena n-áirítear **an Chróit, Éire agus an Spáinn**, bearta isteach chun stair, cultúr nó teanga na Romach agus an Lucht Siúil a ionchorprú ina gcórais oideachais.¹⁸⁸ Mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Chomhphárteach ar Fhostaíocht (JER) 2021, tá straitéisí náisiúnta maidir le Romaigh ar mhaithe le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht, glactha ag an gcuid is mó de na Ballstáit. Le gairid, ghlac **an tSeicia** an Straitéis nua maidir le Cuimsiú na Romach 2021-2030, arb é is aidhm di feabhas a chur ar ghnóthachtáil oideachais na Romach trí oiliúint a chur ar mhúinteoirí ar an dóigh le hoibriú le seomraí ranga a bhfuil éagsúlacht iontu, trí thacaíocht a sholáthar don oideachas réamhscoile agus trí sheirbhísí comhairleoireachta scoile a chur ar bun. Chuir aireacht oideachais **na Slóvaice** Roinn Oideachais Ionchuimsitheach ar bun agus cheap rúnaí stáit le freagracht as an oideachas ionchuimsitheach, i bpáirt chun aghaidh a thabhairt ar an ró-ionadaíocht leanaí Romacha san oideachas speisialta.

¹⁸⁸ FRA, Fundamental rights report [Tuarascáil maidir le cearta bunúsacha] 2021. https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2021-fundamental-rights-report-2021_en.pdf.

2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta

Sa roinn seo, breathnaítear ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 7, ina moltar do Bhallstáit feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta. Cumhdaítear inti, i measc nithe eile, cothromaíocht a bhaint amach idir solúbthacht agus slándáil i mbeartais mhargaí an tsaothair, cosc a chur ar dheighilt i margadh an tsaothair agus an t-aistriú chuig conarthaí neamhiata a chothú, agus éifeachtacht na mbeartas gníomhach i margadh an tsaothair a áirithiú. Tá na spriocanna sin i gcomhréir le prionsabal 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), prionsabal 5 (fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe), prionsabal 7 (eolas faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe), prionsabal 8 (idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe), prionsabal 10 (timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí) agus prionsabal 13 (sochair dhífhostaíochta) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Pléitear tógáil ar chleachtais náisiúnta atá ann, idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus caidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin. Tuairiscítear i Roinn 2.3.2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

2.3.1 Príomhtháscairí


Le blianta beaga anuas, tháinig leathnú tapa ar an éagsúlacht cineálacha fostaíochta i margat an tsaothair san Aontas. Cé go bhfuil fostaíocht chaighdeánach ceannasach fós, tá leathnú tagtha ar an ‘gclár’ de chineálacha fostaíochta i mBallstáit an Aontais le blianta beaga anuas agus is dócha go leanfar leis an treocht sin. Ag tarraingt ar an anailís ar chaidrimh fostaíochta atá ag teacht chun cinn ar feadh na mBallstát, tá na cineálacha fostaíochta nua cruinnithe le chéile i naoi gcatagóir ag Eurofound agus tá achoimre tugtha aige ar a bpríomh-shaintréithe.¹⁸⁹ Léirítear i bhFíor 2.3.1 an bealach a tháinig cineálacha fostaíochta nua den sórt sin chun cinn ar feadh na mBallstát ó 2014 i leith, a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige do cháilíocht na bpost agus na ndálaí oibre sna tíortha sin (féach bosca 3). Cé go raibh obair shoghluaiste bunaithe ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), mar shampla, i láthair in 16 Bhallstát in 2015, tuairiscítear go bhfuil sí i ngach Ballstát anois. In 2015, ba rud nua í obair ócáideach i ndeich mBallstát, agus faoi 2021 is forleathan í in 23 thír san Aontas. Cláraíodh an leathnú ba mhó le hobair ardáin, a tuairiscíodh i dtuairim agus deich mBallstát in 2013-14 agus ar ann di i ngach Ballstát sa lá atá inniu ann (tá tuilleadh mionsonraí faoin obair ardáin thíos).¹⁹⁰

¹⁸⁹ Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach Eurofound (2020), *New forms of employment*: [Cineálacha nua fostaíochta: [Cineálacha nua fostaíochta:] 2020 update [nuashonrú 2020], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

¹⁹⁰ Nóta: Déantar tagairt, le hobair shoghluaiste bunaithe ar TFC, do shocruithe oibre a dhéantar ar a laghad go páirteach lasmuigh de ‘phríomhoifig’ duine, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Is féidir obair ócáideach a thuiscint mar ‘obair neamhrialta nó uaineach, nach bhfuil aon choinne le fostaíocht leanúnach i gceist léi’, lena bhfuil an poitéinseal d’uaireanta nó sceideal neamhrialta dothuartha. Chun tuilleadh mionsonraí faoi na cineálacha eile fostaíochta a fháil, féach Eurofound (2015), *New forms of employment* [Cineálacha nua fostaíochta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Fíor 2.3.1: Tá cineálacha nua fostaíochta ag éirí níos coitianta san Aontas

Cineálacha fostaíochta arna sainathint mar chinn nua in 2013/2014 i gcomparáid le 2020 (líon Ballstát)



Nóta: Níl EE ná MT san áireamh i sonraí 2015. Tugadh sonraí le haghaidh LU cothrom le dáta in 2021.


Foinse: Eurofound (2020), *New forms of employment*: [Cineálacha nua fostaíochta:] 2020 udapte [nuashonrú 2020], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Tá cineálacha fostaíochta éagsúla ann i mBallstáit éagsúla, lena n-áirítear obair rialáilte agus neamhrialáilte araon. Áirítear gach cineál fostaíochta bunaithe ar gach cineál conartha i gcleachtadh mapála Eurofound, gan beann ar cibé ach a thagann nó nach dtagann siad faoi dhlíthe ginearálta an tsaothair nó faoi na rialacháin shonracha, lena n-áirítear ar bhonn comhaontuithe comhchoiteanna. Féadfaidh feidhm a bheith ag na cineálacha nua fostaíochta maidir le fostaithe agus le daoine féinhostaithe, nó le ceann amháin den dá ghrúpa sin go heisiach. Mar a léirítear le Fíor 2.3.2, tá athrú tagtha ar chás na Cróite áit nach raibh ach ceann amháin de na naoi gcineál nua fostaíochta a bhfuil anailís orthu thuas sainaitheanta mar ‘is ann dó’ sa bhliain 2013-14, go dtí gach ceann díobh sainaitheanta mar ‘is ann dó’ in 2020. Tá seacht gcineál fostaíochta nó níos mó sainaitheanta ag trí Bhallstát déag. I gcodarsnacht leis sin, bhí ceithre chineál nua fostaíochta den sórt sin nó níos lú tuairiscithe sa Chipir, i Lucsamburg agus sa Spáinn, amhail 2020. Déanann an líon méadaithe cineálacha oibre difear don mhéid solúbthachta i margadh an tsaothair chomh maith le coinníollacha fostaíochta sna tíortha lena mbaineann.¹⁹¹¹⁹² tá uirlisí éagsúla ar fáil do Rialtais agus do chomhpháirtithe sóisialta, trí chomhaontuithe comhchoiteanna, chun dálaí oibre fóna agus cosaint shóisialta do na daoine atá rannpháirteach sna cineálacha fostaíochta nua sin a áirithiú (féach Roinn 2.3.2). De bharr na héagsúlachta móire sna cineálacha nua fostaíochta, chomh maith leis na héifeachtaí difriúla a bhíonn acu ar fhostaíocht agus ar choinníollacha sóisialta, ní mór faireachán leanúnach a dhéanamh orthu.

-
- ¹⁹¹ Eurofound (2021), *Initiatives to improve conditions for platform workers*: [Eurofound (2021), Tionscnaimh chun coinníollacha a fheabhsú d’oibrithe ardáin:] *Aims, methods, strengths and weaknesses, New forms of employment series* [Aidhmeanna, modhanna, láidreachtaí agus laigí, sraitheanna nua fostaíochta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.
- ¹⁹² Na Náisiúin Aontaithe (2021), *Digitally enabled new forms of work and policy implications for labour regulation frameworks and social protection systems*, [Cineálacha nua oibre atá cumasaithe go digiteach agus impleachtaí beartais do chreataí rialála saothair agus córais chosanta sóisialta] an Roinn Gnóthaí Eacnamaíochta agus Sóisialta, Achoimre ar bheartas uimh. 113.

Fíor 2.3.2: Scála agus raon feidhme ráta tarlaithe chineálacha fostaíochta nua sna Ballstáit

Líon na gcineálacha nua fostaíochta san AE-27. Comparáid idir an líon sin a sainaithníodh mar chineálacha nua sa bhliain 2013/2014 agus iad siúd a bhí forleathan in 2020.



Nóta: Níl EE ná MT san áireamh i sonraí 2015. Tugadh sonraí le haghaidh LU cothrom le dáta in 2021.

Foinse: Eurofound (2015; 2020) *chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi chineál na gcineálacha nua fostaíochta agus na himpleachtaí a bhaineann leo.*

Tá fás mór ag teacht ar obair ardáin agus tháinig méadú cúigfhille ar ioncam sna 5 bliana dheireanacha, agus saincheistanna maidir le stádas dlíthiúil, dálaí oibre agus rochtain ar chosaint shóisialta chun tosaigh. Agus fianaise ón dara suirbhé COLLEEM á húsáid, thug an Tuarascáil Chomhpháirtíocht ar Fhostaíocht (JER) 2021 forbhreathnú cheana féin ar ráta tarlaithe na hoibre ardáin sna Ballstáit. Cé go bhfuil sí fós sách beag ó thaobh méide de,¹⁹³ tá méadú tapa ag teacht ar an úsáid a bhaintear as obair ardáin, agus tá ardú tagtha ar ioncam na rannpháirtithe ó EUR 3 bhilliún measta in 2016 go dtí thart ar EUR 14 bhilliún in 2020. Sa tréimhse chéanna, tá fás dhá oiread go leith tagtha ar thuilleamh comhiomlán daoine a bhí ag obair trí ardáin a bhí gníomhach san Aontas, ó EUR 2.6 billiún measta in 2016 go dtí EUR 6.3 billiún in 2020. De ghnáth, is fir óga a bhfuil ardcháilíochtaí acu iad na daoine a oibríonn trí ardáin, cé go mbíonn tionchar láidir ag an gcineál obair ardáin a bhreithnítear ar phróifíl na ndaoine sin.¹⁹⁴ Mar shampla, tá ionadaíocht níos mó ag mná i seirbhísí pearsanta agus tí, chomh maith le san earnáil chúraim. Tagann toradh tábhachtach eile ón anailís ar obair ardáin de réir na gairme beatha, agus go háirithe d'fhostaithe a oibríonn i ngairmeacha túslíne i rith na héigeandála sláinte.¹⁹⁵ Cé gur aithníodh roinnt díobh mar oibrithe riachtanacha i mBallstáit áirithe, agus mar sin go bhfuair siad rochtain ar chosaint shóisialta, chuaigh deiseanna fostaíochta agus ioncaim dhaoine eile in olcas.

¹⁹³ Maíonn 1.4 % de dhaoine in aois oibre sna 16 thír a ndearnadh suirbhé orthu go n-oibríonn siad níos mó ná 20 uair an chloig sa tseachtain, agus seirbhísí á soláthar acu trí ardáin saothair dhigitigh, nó go dtuillfeann siad ar a laghad 50 % dá n-ioncam ar an gcaoi sin (laghdú 0.9 ccc i gcomparáid le 2017). Meastar gur oibrithe ardáin tánaisteacha iad 4.1 % d'oibrithe (i.e. oibríonn siad níos mó ná 10 n-uair an chloig sa tseachtain agus tuillfeann siad idir 25 % agus 50 % dá n-ioncam ó obair ardáin), méadú 0.5 ccc i gcomparáid le 2017. Foinse: Urzì Brancati, C., *et al.* (2020), *New evidence on platform workers in Europe. Results from the second COLLEEM survey*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

¹⁹⁴ An Lárionad Eorpach Saineolais (2021), *Thematic Review 2021 on Platform work*, Synthesis Report commissioned by the Directorate-General for Employment, Social Affairs and Inclusion (KE-02-21-914-EN-N) [Athbhreithniú Téamach 2021 ar obair Ardáin, Tuarascáil Sintéise arna coimisiúnú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú].

¹⁹⁵ An téarma a úsáidtear de réir an liosta 'gairmeacha beatha criticiúla' a chuirtear i láthair i dtreoirilínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le feidhmiú saorghluaiseachta oibrithe le linn ráig COVID-19 (2020).


Ba shaincheist lárnach í an incháilitheacht do thacaíocht, a bhraith go minic ar stádas fostaíochta daoine a bhí ag obair trí ardáin, ar na cineálacha cúraimí a rinne siad agus ar na sásraí rialachais a chuir an t-ardán i bhfeidhm. Ba í féinfhostaíocht an t-aicmiú stádas fostaíochta ba choitianta san obair ardáin in 2021. Tugann naoi n-ardán as gach deich n-ardán atá gníomhach san Aontas aicmiú féinfhostaithe do na daoine a oibríonn tríothu.¹⁹⁶

De bharr an leathnaithe ar an teilea-obair i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19, tá athrú mór tagtha ar shocruithe oibre do roinnt oibrithe, cé go bhfuil difríochtaí iontu de réir aoise agus inscne. Tháinig ardú ar an gcéatadán fostaithe (15-64 bliana d'aois) san Aontas a thuairiscigh gur oibrigh siad ón mbaile ar bhonn tráthrialta, ó 3.2 % in 2019 go dtí 10.8 % in 2020 (Fíor 2.3.3). D'fhan an sciar fostaithe a thuairiscigh nár oibrigh siad ón mbaile go rómhinic (i.e. ar bhonn ócáideach amháin) mar an gcéanna bliain ar bhliain (7.9 %). Cé gur tháinig méadú ar an ráta tarlaithe de bheith ag obair ón mbaile i ngach aoisghrúpa in 2020, ba sa phríomhdhaonra in aois oibre ab airde é (25-49; 11.6 %), agus oibrithe scothaosta ina dhiaidh sin (50-64; 10.4 %) agus oibrithe níos óige ansin (15-24; 5.8 %). Bhí sé níos airde i measc fostaithe baineanna (11.7 %) i gcomparáid le fostaithe fireanna (9.9 %).

¹⁹⁶ W. de Groen, Z. Kilhoffer, L. Westhoff, D. Postica agus F. Shamsfakhr (2021). *Digital Labour Platforms in the EU*: [Ardáin Saothair Dhigiteacha san Aontas Eorpach] *Mapping and Business Models* [Mapáil agus Múnlaí Gnó]. An Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (CEPS).

Fíor 2.3.3: Brúdh an teilea-obair chun cinn sna Ballstáit uile de bharr na paindéime

Fostaithe ar ghnách leo a bheith ag obair ón mbaile roimh an bpaindéim agus lena linn (in %, 2019 agus 2020, ais ar chlé), i gcomparáid leis an sciar fhéideartha den chianobair (bunaithe ar anailís ar chúraimí gairme, ais ar dheis).



Nóta: Céatadán d'fhostaithe ar ghnách leo a bheith ag obair ón mbaile in 2019 agus in 2020 de réir an Bhallstáit; chomh maith leis an sciar fostaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh tríd an teilea-obair, bunaithe ar anailís ar chúraimí gairme.

Foinse: Eurostat, an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [lfsa_ehomp] agus Eurofound agus Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh (2021), *What just happened? COVID-19 lockdowns and change in the labour market*, [Céard go díreach atá tar éis tarlú? Dianghlásálacha COVID-19 agus athrú sa mhargadh saothair] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Bosca Cholún 3: Cáilíocht poist agus ‘cáilíocht saoil ag an obair’

Cuid lárnach de chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta is ea dul chun cinn a dhéanamh ar na gnéithe iomadúla den cháilíocht poist. Déantar breithniú agus measúnú ar shé ghné leathana sa bhosca seo, i.e. timpeallacht oibre, tuilleamh, déine na hoibre agus cáilíocht an ama oibre, inscne, scileanna agus ionchais ghairme. Tá 6 phrionsabal as na 20 prionsabal sa Cholún tiomanta do dhálaí córa oibre, agus cuireann prionsabail eile go hindíreach le fachtóirí córa oibre freisin (féach Fíor 2.3.4). Mhol an Coimisiún tionscnaimh nithiúla i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis sin.

Fíor 2.3.4: Nasc idir na 20 prionsabal sa Cholún agus cáilíocht poist

The European Pillar of Social Rights				
Principle 1: Education, training and life-long learning	Principle 2: Gender equality	Principle 3: Equal opportunities	Principle 4: Active support to employment	Principle 5: Secure and adaptable employment
Principle 6: Wages	Principle 7: Information about employment conditions and protection in case of dismissals	Principle 8: Social dialogue and involvement of workers	Principle 9: Work-life balance	Principle 10: Healthy, safe and well adapted work environment and data protection
Principle 11: Childcare and support to children	Principle 12: Social protection	Principle 13: Unemployment benefits	Principle 14: Minimum income	Principle 15: Old age income and pensions
Principle 16: Health care	Principle 17: Inclusion of people with disabilities	Principle 18: Long-term care	Principle 19: Housing and assistance for the homeless	Principle 20: Access to essential services

Nóta: Léiríonn scáthú i ndath gorm níos dorcha nasc níos láidre le gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist.

Foinse: Mionsaothrú ón gCoimisiún bunaithe ar tháscairí Laeken de 2001¹⁹⁷ agus ar fhoinsí eile.


Tá tionchar imithe ag géarchéim COVID-19 ar ghnéithe iomadúla de cháilíocht poist, agus go háirithe ar dhálaí oibre, ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair chomh maith le slándáil poist.¹⁹⁸ Maidir le hoibrithe a sholáthraíonn seirbhísí go pearsanta ar an láthair, a oibríonn i ngairmeacha dianteagmhála nó sna poist ar a dtugtar ‘túslíne’¹⁹⁹, is minic a tháinig méadú ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair agus ardú ar a n-uaireanta oibre uile. Is iad na daoine óga, na hoibrithe nach bhfuil mórán scileanna acu nó na daoine atá fostaithe faoi chonarthaí ar théarma seasta nó i ngairmeacha lena mbaineann ioncam íseal is mó a buaileadh le leagan as foirne, nó gan conarthaí saothair a athnuachan, agus intuarthacht níos ísle maidir lena ndálaí oibre. Ar an gcaoi chéanna, bhí tionchar ag an bpaindéim ar chothromaíocht oibre agus saoil na mban níos mó ná mar a bhí ar chothromaíocht oibre agus saoil na bhfear (féach roinn 2.2.1 agus roinn 2.3.1). Tharraing sí aird freisin ar thábhacht na ngnéithe a bhaineann le cleachtais agus áiteanna oibre atá sábháilte agus slán. Thaifead 17 mBallstát laghdú ar thimpistí ag an obair ó 2014 i leith, ach tá an ráta feabhsaithe mall agus tá na rátaí ard i gcónaí (Fíor 2.3.5). Bíonn impleachtaí móra ag timpistí ag an obair d’fholláine na n-oibrithe agus a dteaghlach, mar go mbíonn díobháil shuntasach fhisiceach agus mheabhrach i gceist leo go minic.

¹⁹⁷ Rinneadh gné ábhartha de cháilíocht poist ó Chomhairle Eorpach Laeken in 2001. COM (2001) 313.

¹⁹⁸ An Coimisiún Eorpach (2020), *Labour Market and Wage Developments in Europe* [Forbairtí sa Mhargadh Saothar agus i bPá san Eoraip]: Athbhreithniú Bliantúil 2020; agus Eurofound (2021), *Living, working and COVID-19, e-survey* [Cónaí, obair agus COVID-19, r-shuirbhé].

¹⁹⁹ Sainíonn an Lárionad Eorpach um Ghair a Chosc agus a Rialú oibrí túslíne mar dhuine a bhfuil post aige nó aici a fhágann go bhfuil sé nó sí i mbaol ionfhabhtaithe COVID-19 níos airde de bharr nach féidir leis nó léi a bheith ag obair ón mbaile ná scaradh sóisialta a chleachtadh. Is minic a áirítear orthu sin oibrithe in earnálacha an chúraim sláinte, an chúraim fhadtéarmaigh, na trádála miondíola, agus san earnáil shóisialta.

Fíor 2.3.5: Timpistí ag an obair-ráta tarlaithe (déine 4 lá nó níos mó)



Nóta: Is éard atá sa ráta tarlaithe ná an líon timpistí a tharla i rith na bliana in aghaidh an 100,000 duine i bhfostaíocht. Maidir le tír ar bith, is táscaire é an staitistic sin ar an tábhacht choibhneasta a bhaineann le timpistí ag an obair sa daonra a bhíonn ag obair. Níl luachanna 2019 ar fáil do BE ná FI.

Foinse: Accidents at work by severity [Timpistí ag an obair de réir déine] [hsw_mi08].

Mhéadaigh an phaindéim éifeacht na meigithreochtaí, go háirithe digitiúchán, a fhéadfaidh athruithe suntasacha a chur ar eagrú na hoibre agus ar dhálaí oibre. Tá digitiúchán, domhandú, an t-aistriú glas, agus athrú déimeagrafach i measc phríomhspreagthaí an athraithe i margaí an tsaothair san Aontas, agus tá tionchar acu ar chainníocht agus ar cháilíocht na bpost atá ar fáil, chomh maith leis an mbealach a dhéantar iad agus na daoine a dhéanann iad. Cé go bhféadfaidh na deiseanna méadaitheacha don teilea-obair agus do shocrúithe solúbtha oibre rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a éascú,²⁰⁰ is ann fós do na dúshláin a bhí ann cheana féin, i dtéarmaí comhionannais inscne, agus tá dúshláin nua tagtha chun cinn maidir le freagrachtaí cúraim agus teaghlaigh éagothroma. Cé go gcuireann ardáin dhigiteacha deiseanna nua fostaíochta ar fáil, d'fhéadfadh a samhail eagraithe oibre a bheith mar thoradh orthu freisin. Ar deireadh, féadfaidh uathobriú digiteach gnóthachain éifeachtúlachta a thabhairt do ghnólachtaí agus solúbthacht a thabhairt d'oibrithe, ach féadfaidh athruithe ar na cúraimí agus ar na sraitheanna scileanna a éilítear a bheith mar thoradh leis freisin, rud ar cuid de neamhshláine post agus ioncaim d'oibrithe i ngairmeacha áirithe.²⁰¹

²⁰⁰ Féach Eurofound (2020), *Telework and ICT-based mobile work*: [An Teilea-Obair agus Obair shoghluaiste bunaithe ar TFC] *Flexible working in the digital age* [An obair sholúbtha sa ré dhigiteach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

²⁰¹ OECD (2020), *What happened to jobs at high risk of automation?* [Céard a tharla do na poist a bhí i mbaoil mór a n-uathobrithe?] Policy brief on the future of work. [Achoimre ar bheartas maidir le todhchaí na hoibre]


Seans go n-éileofaí forbairt bhreise ar roinnt príomhghnéithe den cháilíocht poist mar gheall ar an aistriú chuig geilleagar glas. Tá coinne leis go gcruthófar deiseanna poist nua in earnálacha difriúla (amhail tionscal glan, talmhaíocht orgánach, foirgníocht inbhuanaithe, foraoiseacht agus iompar, athchúrsáil agus fuinneamh in-athnuaite, i measc earnálacha eile) mar thoradh ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Seans go mbeidh tionchar aige ar go leor post san Aontas freisin, áfach, go háirithe i ngníomhaíochtaí atá dian ar charbón. Is príomhspreagthaí iad bearta chun feabhas a chur ar choinneáil poist agus ar fhorbairt gairme maidir le tacaíocht éifeachtach do na haistrithe is gá ó phost go post agus chun teorainn a chur ar ghanntanais shaothair nó scileanna. An tráth céanna, tá bainistíocht éifeachtach ar thionchar dáileacháin an aistrithe chuig glas geilleagar an-tábhachtach chun oiriúnú saothair agus sóisialta a áirithiú. Cuirtear deiseanna ollmhóra ar fáil leis na tograí ‘Oiriúnach do 55’²⁰² chun teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus poist ghlasa a fhorbairt agus a chur ar fáil. Mar chuid den phacáiste, mhol an Coimisiún treoraíocht do na Ballstáit maidir leis an tslí is fearr le dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta agus saothair den aistriú aeráide.

Is príomhfhachtóir spreagtha é d’oibrithe é pá leordhóthanach agus mar sin, feidhmíonn sé ról ríthábhachtach maidir leis an gceangal a bhíonn ag an duine leis an obair, táirgiúlacht agus comhtháthú sóisialta. Tá ról suntasach ag tuilleamh maidir le tacú le rannpháirtíocht an lucht saothair, táirgiúlacht agus feidhmíocht eacnamaíoch (féach roinn 2.1.1) agus is príomhghné den cháilíocht poist é. Fuair suirbhé²⁰³ a rinne Eurofound le déanaí gur tháinig méadú ar an gcion d’oibrithe a mheas go raibh a bpá oiriúnach, ó 43 % go 51 % idir 2005 agus 2015; cé gur fhán sciar na n-oibrithe nár aontaigh leis an maíomh sin seasmhach, (ag thart ar 30 %). Tá difríochtaí tábhachtacha ann i measc na mBallstát, áfach. I roinnt tíortha in Oirthear na hEorpa, tháinig méadú ar shástacht oibrithe lena bpá idir 2005 agus 2015 (mar a d’fhéadfai a bheith ag súil leis i ngeilleagair a bhí ag breith suas), ach chonacthas a mhalairt de threocht (i.e. níos mó míshástachta) sa Spáinn (+14 ccc), in Éirinn (+7 ccc) agus sa Fhrainc agus i Lucsamburg (+6 ccc araon). Is san Fhionlainn a bhí an leibhéal sástachta ab airde (62 %) agus an feabhsú ba ghéire (faoi 26 ccc) idir 2005 agus 2015.

²⁰² Féach go háirithe an teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Fit for 55’: *delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* [‘Oiriúnach do 55’: Sprioc 2030 an Aontais maidir leis an Aeráid a bhaint amach ar an mbealach chuig aeráidneodracht] [COM/2021/550 final] agus Togra an Choimisiúin maidir le Ciste Aeráide Sóisialta [COM/2021/568 final] agus an togra maidir le Moladh ón gComhairle [2021/0421 (NLE)].

²⁰³ Eurofound (2021), *Working conditions and sustainable work: An analysis using the job quality framework* [Anailís agus an creat um cháilíocht poist á úsáid], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Nóta: Is é an tuiscint atá ar phá ná tuilleamh oibrithe – is é sin, pá fostaithe spleácha agus ioncam oibrithe féinfhostaithe.

Fíor 2.3.6: Tionacht poist san Aontas, daoine fostaithe, 25 bliana d'aois nó níos sine (céatadán)



Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [Ifsa_qoe_4a2].

Is príomhghné den cháilíocht poist í cobhsaíocht poist, agus is gnách go mbíonn éagobhsaíocht poist (ard) bainteach le deiseanna níos teoranta d'fhorbairt caipitil dhaonna agus do rochtain laghdaithe ar chosaint shóisialta. Tá treocht laghdaitheach ag teacht ar an tionacht poist mheánach san Aontas (i.e. an méid ama a chaitheann duine ina phost reatha) idir 2014 agus 2019, agus tháinig méadú 1 ccc ar fhad ama 'níos lú ná 1 bhliain amháin' i bpost, agus tháinig laghdú 2.8 ccc ar fhad ama 'idir 5 bliana agus 9 mbliana' i bpost agus laghdú 1 ccc ar fhad ama 'idir 10 mbliana nó níos mó' i bpost.²⁰⁴ D'fhéadfadh é sin a bheith de bharr, i measc nithe eile, athruithe ar dháileadh an lucht saothair sna hearnálacha eacnamaíocha (féach roinn 1) agus méadú ar chineálacha nua fostaíochta (féach roinn 2.3.1). Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha ann i measc na mBallstát agus stádas gairmiúil oibrithe.

²⁰⁴ Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [Ifsa_qoe_4a2].

Tá cáilíocht na timpeallachta agus dálaí oibre nasctha leis an obair a dhéantar, na socruithe ó thaobh ama oibre agus caidrimh san áit oibre. Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon cúraimí fisiceacha a dhéantar i roinnt de na gairmeacha monaraíochta traidisiúnta (amhail, mar shampla, oibreoirí sa tionscal cóimeála gluaisteán agus i dtionscal na dtáirgí ceimiceán) mar gheall ar uathoibriú; agus an tráth céanna tá cúraimí níos intleachtúla (e.g. dearbhú agus rialú cáilíochta) ag éirí níos ábhartha an t-am ar fad. D’fhéadfaí tuiscint a bhaint as sin go bhfuil feabhas ag teacht ar cháilíocht poist le himeacht ama, chomh fada agus a thugtar na scileanna cearta don lucht saothair chun tabhairt faoin seal oibre. Os a choinne sin, d’fhéadfadh poist ar saintréith díobh ardleibhéal éilimh oibre, amhail brú ama nó fachtóirí rioscaí don tsláinte fhisiciúil (i.e. cineálacha áirithe oibre glao-dhualgais nó ardáin), chomh maith le tacaíocht shóisialta theoranta ag an obair chun na dualgais is gá a chomhlíonadh, d’fhéadfaidís tionchar diúltach a imirt ar fholláine na n-oibrithe san fhadtéarma.²⁰⁵

Tá gníomhartha déanta ag roinnt Bhallstát le déanaí i roinnt de na réimsí réamhluaithe. Mar shampla, achtaíodh dlí sa **Spáinn** chun an toimhde dhlíthiúil a thabhairt isteach gur faoi ghnáthchaidreamh fostaíochta a bhfuil seirbhísí á soláthar ag rothaithe ardán seachadta agus ag tiománaithe san earnáil seachadta bia agus beartán. Chuir sé síneadh leis na cearta a bhí ann cheana d’ionadaithe oibrithe ar fhaisnéis a fháil faoin úsáid a bhaintear as algartaim i suíomh na hoibre. Féadfaidh na gníomhartha sin a bheith ina mbunús maith chun laghdú a chur ar éiginnteacht maidir le hionchais phoist agus tuillimh, rudaí a mheastar a bheith ina ngnéithe tábhachtacha ó thaobh na cáilíochta poist. **Sa Fhrainc**, glacadh reachtaíocht arbh fheidhm di idirphlé sóisialta i ngeilleagar an ardáin (féach Roinn 2.3.2. chun tuilleadh mionsonraí a fháil). Thug **an Bheilg** ceart aonair ar oiliúint isteach trí chomhaontuithe comhchoiteanna agus pleananna chun cuntas foghlama aonair a bhunú. An tráth céanna, laghdaigh an tír na riachtanais maidir le scéim speisialta um chreidiúintí ama a ligeann d’fhostaithe scothaosta atá ag obair ar feadh i bhfad agus a oibríonn i ngairmeacha deacra nó i gcuideachtaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu nó atá i mbun athstruchtúraithe, a bheith ag obair suas le fad leath-ama, agus é d’aidhm ag an scéim timpeallacht oibre atá oiriúnach dá riachtanais a áirithiú.

²⁰⁵ Eurofound (2018), *New tasks in old jobs: [Cúraimí nua i seanphoist:] Drivers of change and implications for job quality*, [Spreagthaí an athraithe agus impleachtaí don cháilíocht poist] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.


Is léir an poitéinseal agus na gaistí a bhaineann leis an aistriú suntasach chuig an teilea-obair, rud a chruthaíonn dúshláin nua ó thaobh ama agus dálaí oibre. I rith na héigeandála sláinte, bhí an teilea-obair tábhachtach do go leor gnólachtaí chun leanúnachas gnó a áirithiú agus chun sláinte a bhfostaithe a áirithiú agus cailleanas ioncaim a chosc i measc oibrithe. Nuair a bhíonn gnáthdhálaí ann, ligeann sé do laghdú ar am comaitéireachta, soláthraíonn sé deiseanna níos fearr ó thaobh solúbthachta agus cothromaíochta oibre agus saoil d'oibrithe, agus níos mó táirgiúlachta agus éifeachtúlachta do ghnólachtaí. Mar sin féin, fágann an teilea-obair doiléir é an difear idir an obair agus an saol príobháideach, rud a tharraingíonn aird ar dhúshláin thábhachtacha d'fhostaithe atá ag teilea-obair i rith na paindéime, i dtéarmaí uaireanta oibre nó leithlisiú ag an obair.²⁰⁶

I gcomparáid leo siúd a bhí ag obair sa bhaile go páirteach nó ag áitreabh an fhostóra amháin, thuairiscigh céatadán níos airde d'fhostaithe a bhí ag obair sa bhaile amháin idir 41 agus 60 uair an chloig oibre sa tseachtain (féach Fíor 2.3.7, cairt ar chlé). Dealraíodh difríochtaí ann freisin idir na hinscní freisin agus tuilleadh ban i gcás inar mhinice, a bheag nó a mhór, arbh éigean dóibh a sceideal oibre a atheagrú (lena n-áirítear a bheith ag obair le linn ama fóillíochta) chun é a réiteach le freagrachtaí teaghlaigh. Ina measc siúd a bhí ag obair sa bhaile amháin, cibé acu a bhí post páirtaimseartha nó lánaimseartha acu nó nach raibh, bhí tréimhse ab fhaide ná uaireanta oibre tráthrialta á hoibriú ag cion níos airde de mhná (25 %) i gcomparáid le fir (19 %). Is mó an difríocht idir na hinscní nuair a bhreathnaítear ar fhostaithe ag a bhfuil leanaí (idir 0-11 bliana d'aois) a bhí ag obair sa bhaile amháin (35 % de mhná i gcomparáid le 23 % d'fhir). Léirítear leis an bhfianaise freisin go ndeachaigh a mhinice agus a bhí leithlisiú ag an obair ag baint d'fhostaithe i méad in éineacht le líon na n-uaireanta an chloig a oibríodh sa bhaile (féach Fíor 2.3.7, cairt ar dheis). Bhraith thart ar 20 % d'fhostaithe a raibh idir 41–60 uair an chloig á hoibriú sa bhaile acu leithlisithe, i gcomparáid le 14 % díobh siúd a raibh líon céanna uaireanta an chloig á oibriú acu ar áitreabh an fhostóra. Tá difríochtaí substaintiúla idir earnálacha agus gairmeacha áfach. Is féidir le hiarrachtaí an Choimisiúin chun tacú le beartais na mBallstát agus iad a chomhlánú i réimse na meabhairshláinte cuidiú le cuid de na dúshláin a tháinig leis an bpaindéim a mhaolú.

²⁰⁶ Foinse: Eurofound (2021), *Living, working and COVID-19*, round 2 [Cónaí, obair agus COVID-19, babhta 2]. Nóta: Reachtáladh an ríomhshuirbhé ina thrí bhabhta, i mí Aibreáin 2020, i mí Iúil 2020 agus i mí an Mhárta 2021. Tá an coincheap maidir le 'sciar féideartha na fostaíochta is indéanta ar bhonn teilea-oibre' de réir tíre bunaithe ar thaighde a rinne Sostero M., et al. le déanaí, (2020), *Teleworkability and the COVID-19 crisis: a new digital divide?* [Indéantacht na Teilea-Oibre agus géarchéim COVID-19: deighilt dhigiteach nua?], an Coimisiún Eorpach, JRC121193.

Fíor 2.3.7: Tá dúshláin cruthaithe le haghaidh roinnt fostaithe de thoradh an aistrithe chuig an teilea-obair

Céatadán na bhfostaithe a oibríonn idir 41 agus 60 uair an chloig sa tseachtain, de réir na láithreach oibre (cairt ar chlé). Céatadán na bhfostaithe lánaimseartha a bhraitheann leithlisithe ag an obair, de réir uaireanta an chloig a oibríodh sa bhaile (AE-27, in %, cairt ar dheis)



Foinse: Eurofound (2021) 'Living, working and COVID-19' e-survey, round II. ['Cónaí, obair agus COVID-19' r-shuirbhé, babhta II]

Nuair a thugtar aghaidh ar dheighilt an mhargaidh saothair²⁰⁷ rannchuidítear le feabhas a chur ar cháilíocht na bpost. Le Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (JER) 2021, cuireadh anailís chuimsitheach i láthair ar dheighilt an mhargaidh saothair, lena n-áirítear socruithe conarthacha (i.e. conarthaí oscailte i gcomparáid le conarthaí ar théarma seasta), cineál agus éagsúlacht na reachtaíochta cosanta fostaíochta sna Ballstáit (i.e. rialacha lena rialaítear fostú aonair agus comhchoiteann agus dífhostú aonair agus comhchoiteann fostaithe ar chonarthaí ar théarma seasta), mar aon leis na cineálacha oibrithe lena mbaineann (e.g. oibrithe sealadacha ainneonacha agus oibrithe páirtaimseartha ainneonacha, i measc oibrithe eile). Le feabhas a chur ar dheighilt an mhargaidh saothair, rannchuidítear le prionsabail 5 (maidir le Fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe) agus 7 (maidir le Faisnéis faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe) de Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Leis an anailís a chuirtear i láthair anseo comhlánaítear agus tugtar an anailís a bhí ann roimhe cothrom le dáta.

²⁰⁷ De réir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (ILO), sainmhínítear é sin mar dheighilt an mhargaidh saothair ina fhomhargáí nó ina dheighleoga ar leith, a idirdhealaítear le saintréithe difriúla agus le rialacha iompair difriúla amhail socruithe conarthacha, leibhéal an fhorfheidhmiúcháin nó na cineálacha oibrithe lena mbaineann.

Tá fostaíocht ar théarma seasta²⁰⁸ tar éis dul i laghad ó thús na paidéime, ach tá fostaíocht den chineál sin fós suntasach i roinnt Ballstát. Tá sciar na gconarthaí sealadacha i gcóimheas le hiomlán na gconarthaí i gcohort na ndaoine idir 20-64 bliana d'aois tar éis dul i laghad san Aontas ó 13.7 % ar an meán in 2019 go 12.4 % in 2020, rud lena léirítear scriosadh poist ar leibhéal níos airde ná mar ab amhlaidh i measc fostaithe buana (a raibh cosaint níos mó acu de thoradh na bhforálacha dlí i gcomparáid leo siúd maidir le fostú agus dífhostú mar aon le scéimeanna gearr-ama agus bearta eile chun poist a choinneáil). Tá an bhearna idir an cion is airde agus an cion is ísle den fhostaíocht shealadach ar fud na mBallstát fós substaintiúil, ag 22.7 = ccc, cé gur lú an bhearna ná mar a bhí amhlaidh thiar in 2019 (24.6 ccc). Ag breathnú ar shonraí ráithiúla, maidir le sciar na bhfostaithe sealadacha (20-64; a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta air) ba é 13.2 % an sciar sin i R2-2021, ag dul i méad 1.1 ccc ón leibhéal íseal in R2-2020. Féadfaidh sé go léirítear leis sin go bhfuil cuid thábhachtach den fhostaíocht shealadach a cailleadh le linn na paidéime tar éis teacht ar ais cheana féin. Tá difríochtaí suntasacha idir na figiúirí ar fud na dtíortha áfach.²⁰⁹ Thairfead na Ballstáit cosúil leis an Spáinn, an Pholainn, an Phortaingéil, an Iodáil, an Chróit agus an Ísiltír laghdú ar sciar na bhfostaithe sealadacha a bhí gar do nó os cionn 2 ccc idir 2019 agus 2020. Tá an sciar foriomlán d'fhormhór na mBallstát sin cuid mhaith os cionn mheánsciar an Aontais fós áfach, agus is díol suntas é go bhfuil an sciar os cionn 15 % i gcás na Spáinne, na Polainne²¹⁰ agus na Portaingéile. Os a choinne sin, taifeadadh na sciartha ab ísle, faoi bhun 3 %, sa Liotuáin, sa Rómáin, san Eastóin agus sa Laitvia (féach Fíor 2.3.8).


²⁰⁸ Leis an téarma seo táthar ag tagairt do shocruithe oibre neamhchaighdeánacha (amhail conarthaí sealadacha, ar théarma seasta, ar ghlaodhualgas agus gan íosmhéid uaireanta) mar aon le conarthaí sealadacha le haghaidh obair ghníomhaireachta, agus obair pháirtaimseartha agus fhéinfhostaithe gan fostaithe á fágáil as an áireamh.

²⁰⁹ An Coimisiún Eorpach (2021), *Labour Market and Wage Developments in Europe, Annual review 2021* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú bliantúil 2021]. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (Uimhir Chatalóige. KE-BN-21-001-EN-N).

²¹⁰ Tugtar aird i gcás na Polainne ar an laghdú seasmhach a tháinig ar an luach sin (9.8 ccc) idir 2014 agus 2020.

Fíor 2.3.8: Tá an fhostaíocht shealadach tar éis dul i laghad in 2020, ach tá méid shuntasach fós i gceist léi i roinnt Ballstát

Sciar na bhfostaithe sealadacha i measc na bhfostaithe uile (20-64), sonraí bliantúla




Foinse: Eurostat, suirbhé ar an bhfórsa saothair [lfsi_pt_a].

Cé go ndeachaigh meánsciar na gconarthaí sealadacha i laghad in 2020, tá siad fós iontach forleathan i measc na mban, an aosa óig agus fostaithe nár rugadh san Aontas. In 2020, ba é 13.4 % sciar na bhfostaithe baineanna (idir 20-64 bliana d'aois) i gconarthaí sealadacha san Aontas, i gcomparáid le 11.8 % d'fhir, agus tharla titim 1.3 ccc (versus 1.5 ccc d'fhir) idir 2019 agus 2020. Chuaigh an bhearna fostaíochta idir na hinscní san fhostaíocht shealadach i méad de bheagán ó 1.3 ccc ar an meán in 2019 go 1.6 ccc in 2020, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha le feiceáil ina leith sin faoi láthair ar fud na dtíortha (féach Fíor 2.3.9). In 2020, tugadh faoi deara na difríochtaí inscne is mó i gconarthaí sealadacha sa Chipir (9.2 ccc), san Fhionlainn (5 ccc), i Málta (3.9 ccc) agus sa Danmhairg (3.7 ccc). Os a choinne sin, tá na difríochtaí inscne i gconarthaí fostaíochta sealadaí faoi bhun 0.5 pointe céatadáin sa Ghearmáin, san Eastóin agus san Ostair; agus difríochtaí inscne aisiompaithe le feiceáil (i.e. céatadán níos airde d'fhir ná d'fhostaithe baineanna ar chonarthaí sealadacha) sa Bhulgáir, sa Rómáin, sa Laitvia agus sa Liotuáin. An bhliain chéanna, bhí sciar na fostaíochta sealadaí i measc daoine óga fostaithe idir 15-24 bliana d'aois i bhfad níos airde, ag 46.3 %, ná mar a bhí dóibh siúd idir 25-54 bliana d'aois (11.5 %), agus dóibh siúd idir 55-64 (6.1 %). Taifeadadh freisin go raibh an sciar d'fhostaithe nár rugadh san Aontas agus a bhí i mbun fostaíocht shealadach i bhfad níos mó in 2020 (20.9 %) i gcomparáid le muintir dhúchasach an Aontais (15.5 %), agus bhí an bhearna iontach suntasach (breis is 10 ccc) sa Chipir, sa tSualainn agus sa Phortaingéil, agus bhí an Fhrainc agus an Spáinn ina ndiaidh agus figiúirí idir 7 ccc agus 10 ccc acu.

Fíor 2.3.9: Bíonn conarthaí sealadacha i gceist le haghaidh daoine óga i bhfad níos minice (aoisghrúpa 15-24) sna Ballstáit uile, agus bíonn na difríochtaí idir na hinscní suntasach de ghnáth

Fostaithe sealadacha mar chéatadán de líon iomlán na bhfostaithe de réir aoise (in %, ais ar chlé) agus bearna idir na hinscní (mar phointí céatadáin, ar dheis), ar conarthaí fostaíochta sealadacha (2020).




Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [lfsa_etpgan] agus [lfsi_pt_a].

Conarthaí sealadacha a bhíonn ina ‘gcéimeanna aistir’ i dtreo poist níos buaine, baineann ról fíorthábhachtach leo maidir le feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán poist. Is minic gur saintréithe de dhéacht an mhargaidh saothair iad ardsciartha conarthaí ar théarma seasta agus rátaí ísle um aistriú a bheith ann idir na conarthaí sin agus caidrimh fostaíochta neamhiata.²¹¹ Bíonn dúshlán shuntasacha roimh roinnt Ballstát ina leith sin. Léirítear le Fíor 2.3.10 rátaí an aistrithe ó chonarthaí sealadacha chuig conarthaí neamhiata (arna meánú ar feadh thréimhse 3 bliana idir 2018 agus 2020, chun sonraí a rialú chun nach bhféadfaidh claonadh a bheith ann atá bainteach leis an timthriall eacnamaíoch), arna mbreacadh i gcomparáid leis an líon fostaíthe sealadacha mar chéatadán den iomlán (aoisghrúpa 20-64). Tá rátaí ísle maidir leis an aistriú idir conarthaí ar théarma seasta chuig conarthaí neamhiata (faoi bhun 20 %) freisin ag na trí Bhallstát (an Spáinn, an Iodáil agus an Fhrainc) ag a bhfuil ardrátaí fostaíochta sealadaí. Léirítear go bhfuil rátaí nach beag d’fhostaíocht shealadach (thart faoi nó os cionn 15 %) ag tíortha eile amhail an Chróit, an Ísiltír agus an Phortaingéil fós, ach tá rátaí aistrithe níos airde acu (os cionn 35 % le haghaidh na Portaingéile agus os cionn 40 % le haghaidh na hÍsiltíre agus na Cróite). Os a choinne sin, sa tSeicia, san Eastóin, san Ostair agus sa Rómáin, léirítear rátaí aistrithe ísle idir conarthaí sealadacha (faoi bhun 7 %) agus rátaí aistrithe cuibheasach ard chuig conarthaí buana (os cionn 40 %).

²¹¹ Eurofound (2019), *Labour market segmentation: [Deighilt an mhargaidh saothair] Piloting new empirical and policy analyses [Anailísí turgnamhacha agus beartais nua á reáchtáil ar bhonn píolótach]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

Fíor 2.3.10: Tá sciar na gconarthaí sealadacha agus tiontú na gconarthaí sin ina bpoist bhuana iontach difriúil ar fud na mBallstát

Céatadán na bhfostaithe sealadacha mar chéatadán de líon iomlán na bhfostaithe (20-64) in 2020 agus an ráta aistrithe chuig poist bhuana (meánluach le haghaidh 2018, 2019 agus 2020).



Nóta: Níl rátaí an aistrithe saothair in 2020 ar fáil fós le haghaidh DE, IE, IT, LV ná SK. Tagraíonn an luach le haghaidh LV do 2017; tagraíonn luach le haghaidh SK do 2016.

Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [lfsq_etpga] agus EU-SILC [ilc_lvh132].

Taifeadann roinnt Ballstát sciарtha suntasacha d’fhostaíocht shealadach ainneonach fós. Tá céatadán na fostaíochta sealadaí ainneonaí (15-64 bliana d’aois) tar éis dul i laghad go mall ach go seasta san AE-27 le blianta beaga anuas, ó 8.8 % in 2016 go 7.9 % in 2019 agus 6.8 in 2020.


I roinnt Ballstát, is é an deacracht post buan a aimsiú an phríomhchúis fós go bhfuil Conradh ar théarma seasta ag oibrithe. Is minic a thuairiscíonn oibrithe i gconarthaí sealadacha ainneonacha leibhéil sástachta poist níos ísle, rud lenar féidir dochar a dhéanamh dá bhfeidhmíocht, dá sealbhú scileanna agus dá ndul chun cinn gairme. Tá difríochtaí suntasacha (chomh mór le 19 ccc) idir tíortha fós. Sna Ballstáit amhail an Spáinn, an Phortaingéil, an Chipir, an Chróit agus san Iodáil, tuairiscíonn breis agus 12 % d’fhostaithe i gconarthaí sealadacha gurb amhlaidh an cás sin acu toisc nárbh fhéidir leo post buan a aimsiú. San Iodáil agus sa Spáinn, tá an figiúr sin le feiceáil i gcomhthráth le rátaí aistrithe ísle ó fhostaíocht shealadach chuig fostaíocht bhuan (féach Fíor 2.3.10). I gcodarsnacht leis sin, taifeadtar na rátaí is ísle d’fhostaíocht shealadach ainneonach san Eastóin, san Ostair, sa Liotuáin agus sa Ghearmáin, agus na figiúirí faoi bhun 1 % ann.²¹²

²¹² Foinse: Bunachar sonraí Eurostat [tesem190].

Cé go ndeachaigh sciar na fostaíochta páirtaimseartha i laghad san Aontas in 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe, baineann obair pháirtaimseartha ainneonach do chéatadán fostaithe nach beag fós. Ba é 17.2 % san Aontas in 2020 céatadán na n-oibrithe páirtaimseartha (idir 15-64 bliana d'aois), 1.2 ccc níos ísle ná mar a bhí sé in 2019. Cé gur thaifead sé thír (eadhon an Ísiltír, an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin agus an tSualainn) figiúirí os cionn 20 % in 2020, tá ceithre thír (an Bhulgáir, an tSlóvaic, an Chróit, an Ungáir) faoi bhun 5 % (féach Fíor 2.3.11). Thaifead an Ghearmáin an laghdú ba mhó ar chéatadán na hoibre páirtaimseartha idir 2019 agus 2020 (4.7 ccc), agus chuaigh an céatadán i méad san Eastóin agus i Lucsamburg (thart faoi 1 ccc) ar feadh na tréimhse céanna. Is ag dul in ísle a bhí an treocht a bhain leis an sciar oibre páirtaimseartha ainneonaí den fhostaíocht pháirtaimseartha iomlán (aoisghrúpa 15-64) san Aontas le roinnt blianta anuas agus chuaigh sé síos go 24.4 % in 2020 (1.4 ccc níos ísle ná mar a bhí in 2019 agus thart faoi 8 ccc níos lú ná mar a bhí in 2014). Cé go dtuairiscíonn sé Bhallstát (eadhon, an Iodáil, an Ghréig, an Chipir, an Rómáin, an Bhulgáir agus an Spáinn) figiúirí os cionn 50 %, tuairiscíonn tíortha eile (i.e. an tSeicia, an Bheilg, an tSlóivéin agus an Ísiltír) figiúirí ag nó faoi bhun 6 %. Tá an sciar oibrithe páirtaimseartha ainneonaí dulta i laghad go suntasach (7.1 ccc) sa tSlóvaic idir 2019 agus 2020. Os a choinne sin, chuaigh sé i méad sa Liotuáin (5.9 ccc) agus sa Bhulgáir (3.4 ccc) ar feadh na tréimhse céanna. Ní raibh na héagsúlachtaí chomh suntasach céanna sna Ballstáit eile (i.e. faoi bhun 2.5 ccc).

Fíor 2.3.11: Tá difríochtaí suntasacha idir an sciar oibre páirtaimseartha agus an chomhpháirt ainneonach de ar fud na mBallstát

An sciar fostaíochta páirtaimseartha den fhostaíocht iomlán (15-64) agus an sciar fostaíochta páirtaimseartha ainneonaí mar chéatadán den fhostaíocht pháirtaimseartha iomlán (15-64), sonraí bliantúla, céatadáin.



Nóta: Briseadh sa tsraith sonraí le haghaidh DE in 2020.

Foinse: Eurostat, suirbhé ar an bhfórsa saothair [lfsi_pt_a] agus [lfsa_eppgai].

Tá an sciar oibríthe féinfhostaithe gan fhostaithe (‘oibríthe féinchuntais’ mar a thugtar

orthu’) fós ard. Féadfaidh caidreamh fostaíochta spleách nó ‘bréag’-fhéinfhostaíocht a bheith

i bhfolach le hoibríthe féinchuntais, i roinnt comhthéacsanna. In 2020, bhí thart faoi 15.8 milliún

duine féinfhostaithe ann (idir 15-64 bliana d’aois) gan fhostaithe. Cé gurb ionann an figiúr sin agus

méadú 0.8 milliún i gcomparáid le 2019, tá sé thart faoi 1.2 milliún níos ísle ná an bhuaicphointe

thiar in 2014. I dtéarmaí coibhneasta, tá an sciar daoine féinfhostaithe (idir 15-64 bliana d’aois) gan

fhostaithe tar éis dul i méad de bheagán (le 0.5 ccc) i gcomparáid leis an mbliain roimhe, ag

sroicheadh 8.2 % den fhostaíocht iomlán. Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha ann ar fud

na mBallstát agus na n-earnálacha. Taifeadann ceithre Bhallstát (Málta, an Ísiltír, an Bheilg agus

an Spáinn) na rátaí is airde d’oibríthe féinchuntais (os cionn 13 %), agus san Ostair, sa tSualainn,

sa Ghearmáin agus sa Danmhairg, bhí na rátaí faoi bhun nó gar do 5 %.²¹³ Tá sé fós fíor-riachtanach

rochtain a áirithiú ar an gcosaint shóisialta do chách, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, chun

laghdú a dhéanamh ar an neamhchinnteacht freisin i gcomhthéacs inarb iad an phaindéim agus

na hiarmhairtí socheacnamaíocha a ghabhann léi is suntasaí atá le tabhairt faoi deara ann.

²¹³ Foinse: Bunachar sonraí Eurostat [tqoe4a3] agus suirbhé ar an bhfórsa saothair [lfsa_egaps].

Tá géarchéim COVID-19 tar éis dul i bhfeidhm ar roinnt gníomhaíochtaí ar gnách baol na hoibre neamhdhearbhaithe a bheith i gceist níos mó leo, agus is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh ar roinnt earnálacha agus catagóirí oibrithe. Bíonn teagmháil shóisialta dhíreach agus dianteagmháil shóisialta i gceist le go leor gníomhaíochtaí mar a mbíonn ról mór ag an obair neamhdhearbhaithe (i.e. seirbhísí lóistín agus bia; na healaíona, siamsaíocht agus áineas; agus seirbhísí teaghlaigh). An tráth céanna, tá an úsáid fhairsing atá á baint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus ról méadaithe an gheilleagair ardáin tar éis tacú leis meaitseáil an tsoláthair agus an éilimh saothair sna hearnálacha sin. Léirítear le réamhfhigiúirí maidir le cigireachtaí saothair in 2020 laghdúithe substaintiúla a bheith tarlaithe i mórán Ballstát i gcomparáid le 2019. Déantar cigireacht ar líon is lú ná 10 % de na fostóirí ó cheann ceann na bliana in 19 dtír.²¹⁴ Maidir le hinniúlacht na gcigireachtaí saothair a atreisiú agus dreasachtaí a sholáthar chun claochlú oibre neamhdhearbhaithe ina hobair fhoirmiúil a chur chun cinn, breathnaítear ar na nithe sin mar phríomhthosca chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan sin agus sláinte agus sábháilteacht leormhaith ag an obair a áirithiú mar aon le cosaint shóisialta do chách. Ó mhí na Bealtaine 2021, tá an t-ardán Eorpach lena dtéitear i ngleic leis an obair neamhdhearbhaithe tar éis teacht chun bheith ina chuid den Údarás Eorpach Saothair (ELA), rud lena bhfágtar go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann leis an gcigireacht agus leis an bhforfheidhmiúchán ar bhealach níos lánpháirtithe.²¹⁵

²¹⁴ COM(2021) 592 final. Teachtaireacht maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2009/52/CE an 18 Meitheamh 2009 lena ndéantar foráil maidir le híoschaighdeán do smachtbhannaí agus bearta in aghaidh fostóirí náisiúnach tríú tíortha atá ag fanacht go neamhdhleathach.

²¹⁵ Chun sonraí a fháil, féach suíomh gréasáin an Údaráis Eorpaigh Saothair.

Tuairiscíodh méadú beag ar an dífhostaíocht fadtéarmach in 2021, agus é mar bhriseadh ar an dul chun cinn a rinneadh sna blianta roimhe seo. Is minic a bhíonn leibhéal na dífhostaíochta fadtéarmaí²¹⁶ agus na hathruithe a thagann air ina ionadach maith ar éifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margaidh saothair (ALMPanna) chun na daoine a mbíonn siad de dhíth orthu a bhaint amach agus lena meaitseáil le poist ar bhealach éifeachtach.²¹⁷ Sular tharla an phaindéim, bhí laghdú seasta tar éis teacht ar an meánráta dífhostaíochta fadtéarmach san Aontas ó 5.3 % thiar in 2014 chuig 2.4 % in 2020 (0.2 ccc faoi bhun an fhigiúir in 2019). Tá an ráta tar éis méadú mar sin féin in R3-2021 i gcomparáid le R2-2020 i gcás fhormhór na mBallstát, agus chonacthas meathluithe suntasacha (os cionn 1 phointe céatadáin) sa Spáinn, san Iodáil, sa Phortaingéil, agus sa tSualainn. Is mór go fóill iad na difríochtaí idir Ballstáit, agus raon na rátaí in 2020 idir 0.6 % sa tSeicia agus sa Pholainn, agus timpeall mheán an Aontais (2.4 %) sa Bhulgáir, sa Bheilg, sa Phortaingéil agus sa Liotuáin, agus suas le 4.7 % san Iodáil, 5 % sa Spáinn agus 10.5 % sa Ghréig. Tá ‘géarchás’ le sonrú i bpríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta maidir leis an ráta dífhostaíochta fadtéarmach i leith na Spáinne, ina bhfeictear meascán de leibhéal níos airde ná an meán (5 % in 2020), gan ach laghdú beag (faoi 0.3 ccc) ag teacht air le bliain anuas (Fíor 2.3.12). Tá stádas ‘faire’ curtha leis an Ostair, an Liotuáin, Lucsamburg agus an tSlóvaic, de bharr a meathlaithe nó an fheabhsaithe teoranta atá tagtha orthu le bliain anuas. Tá stádas ‘lag ach biseach ag teacht orthu’ curtha leis an nGréig agus leis an Iodáil de bharr a bhfeidhmíochta dearfaí (0.8 ccc agus 0.9 ccc faoi seach, in 2020 i gcomparáid le 2019). I gcás na Seicia, na Gearmáine, na Danmhairge, na Fionlainne, na hUngáire, Mhálta, na hÍsiltíre, na Polainne, agus na Sualainne, d’fhan an ráta dífhostaíochta fadtéarmach íseal agus cuibheasach seasmhach in 2020. Feictear éagothromaíochtaí réigiúnacha móra sa ráta dífhostaíochta fadtéarmach freisin (Iarscríbhinn 3). Baineann iarmhairtí diúltacha ar an gcaipiteal daonna agus ar an bhfás féideartha leis an dífhostaíocht ard sheasmhach, agus éilíonn sí gníomhaíocht chun éifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir le margadh saothair agus na seirbhísí fostaíochta poiblí a fheabhsú (lena n-áirítear trí mheán for-rochtain níos spriocdhírithe, tacaíocht phearsantaithe agus an dlúthchomhair le fostóirí agus le seirbhísí sóisialta).²¹⁸


²¹⁶ Arna shainiú mar an méid daoine dífhostaithe le níos mó ná 1 bhliain mar chion den daonra gníomhach.

²¹⁷ Chomhaontaigh an Coiste Fostaíochta an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí a shocrú mar phríomhtháscaire scórchláir shóisialta chun faireachán a dhéanamh ar an tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht.

²¹⁸ Tugtar torthaí a mbaineann tábhacht agus ábharthacht fós leo ina leith sin sa mheasúnú ar mholadh ón gComhairle ó 2016 maidir le lánpháirtiú na ndaoine dífhostaithe fadtéarmacha a foilsíodh in 2019. Féach COM(2019) 169 final agus SWD(2019) 154 final.

Fíor 2.3.12: Tháinig íslíú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí in 2020 i roinnt Ballstát, cé go mb'fhéidir nach bhfacthas iarmhairtí iomlána na géarchéime COVID-19 go fóill

Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí, leibhéal 2020 agus athruithe bliantúla i dtaca le 2019 (Príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.

Foinse: Eurostat, suirbhé ar an bhfórsa saothair [[tesem130](#)].

Is éagsúil go mór é an rannpháirteachas i mbearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair thar na Ballstáit, agus ní fheictear méid na ndúshlán os a gcomhair sna difríochtaí sin i gcónaí. Is leis an leibhéal rannpháirteachais sna gnáthbhearta beartais²¹⁹ maidir leis an margadh saothair in aghaidh na 100 duine atá ag lorg oibre a thugtar faisnéis ábhartha maidir le hiarrachtaí na mBallstát daoine éighníomhacha a lánpháirtiú leis an margadh saothair an athuair (féach Fíor 2.3.13).²²⁰ Tháinig méadú ar na figiúirí sin idir 2014 agus 2018, agus leibhéal dhifriúla géire sna méaduithe sin, in 17 mBallstát (an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Iodáil, an Ísiltír, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir). Go sonrach, chonacthas méaduithe suntasacha sa rannpháirteachas i mbearta gníomhachaithe idir 2014 agus 2019 san Eastóin, sa Spáinn agus sa Bheilg, agus chonacthas méaduithe níos lú sa Pholainn agus sa tSlóvaic. I gceithre thír eile (an Ghréig, an Ghearmáin, an Fhrainc agus Lucsamburg), tháinig laghdú ar na huimhreacha i rith na tréimhse céanna. Os a choinne sin, is beag athrú atá tagtha le himeacht ama ar Bhallstáit eile (eadhon, an Bhulgáir, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Chróit, Málta, an Rómáin agus an tSlóivéin). Cé go bhfeictear idir leibhéal mheasartha arda caiteachais agus dúshlán dífhostaíochta fadtéarmacha thábhachtacha ar bhearta tacaíochta don mhargadh saothair i dtíortha mar an Spáinn agus an Bheilg; is cuibheasach íseal í an tacaíocht a chuirtear ar fáil do chuardaitheoirí poist i dtíortha amhail an Ghréig, an Iodáil, an tSlóvaic, an Bhulgáir, agus an tSlóivéin go pointe áirithe (i.e. faoi bhun 0.2 % den OTI) i gcomparáid le méid an dúshlán thírshonraigh (féach Fíor 2.3.14). Sna Ballstáit ina bhfeictear rátaí rannpháirtíochta ísle i mbearta gníomhacha sa mhargadh saothair, is bunriachtanas é a soláthar a neartú chun ‘díobhálacha fadtéarmacha’ féideartha níos fadtearmaí a chosc agus chun rannchuidiú le téarnamh ionchuimsitheach. Anuas ar an maoiniú arna chur ar fáil go traidisiúnta ag Ciste Sóisialta na hEorpa agus maoiniú eile an bheartais chomhtháthaithe, agus i gcomhlántacht leis (lena n-áirítear REACT-EU agus CRII agus CRII+), cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta²²¹ maoiniú tábhachtach AE ar fáil chun tacú leis an gcineál beart sin, dála Mholadh ón gCoimisiún maidir le EASE.


²¹⁹ De réir aicmiúcháin bheartas margaidh an tsaothair (LMP), áirítear le bearta beartais mhargadh an tsaothair bearta gníomhachaithe do dhaoine atá dífhostaithe agus do spriocghrúpaí eile lena n-áirítear na catagóirí oiliúna, rothlaithe poist agus postroinnte, dreasachtaí fostaíochta, fostaíochta arna tacú agus athshlánaithe, agus dreasachtaí tionscnaimh.

²²⁰ Ba cheart go léirmhíneofaí an táscaire sin go cúramach mar sin féin, óir nach dtomhaistear leis ach rannpháirtíocht i mbeartaí mhargadh an tsaothair (seachas an éifeachtach leis), agus baineann fadhbanna iontaofachta staidrimh leis i ndáil leis an bpróiseas bailithe sonraí.

²²¹ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Fíor 2.3.13: Tá difríochtaí ann idir na Ballstáit i dtéarmaí rannpháirteachais i mbearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair

Rannpháirtithe i ngnáth-idirghabhálacha sa mhargadh saothair (LMP) (catagóir 2-7) in aghaidh 100 duine dífhostaithe atá ag lorg oibre




Nóta: Níl sonraí ar fáil le haghaidh CZ. Tá sonraí dar iontaofacht íseal ar fáil le haghaidh FR agus LT in 2019.

Foinse: Eurostat, Bunachar sonraí maidir le beartas mhargadh an tsaothair (LMP) [Imp_ind_actsup].

Fíor 2.3.14: Tá difríochtaí móra ann sa chaiteachas ar bhearta mhargadh an tsaothair idir Ballstát, agus ní bhíonn ceangal ann i gcónaí idir an caiteachas agus na dúshlán os a gcomhair

Caiteachas ar bhearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair (catagóirí 2-7, mar chéatadán den OTI, 2019) agus dífhostaíocht fhadtéarmach mar chéatadán den daonra sa bhfórsa saothair (2020)




Foinse: Bunachar sonraí maidir le beartas mhargadh an tsaothair (LMP) [lmp_expsumm] agus suirbhé ar an bhfórsa saothair [une_ltu_a].

Baineann ríthábhacht le dearadh agus le cur chun feidhme na scéimeanna pearsantaithe um lánpháirtiú post chun dul i ngleic le dúshlán thábhachtacha infhostaitheachta os comhair daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Is le Comhaontuithe maidir le himeascadh i bpost (JIAnna) a thugtar cúnamh saincheaptha le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a thabhairt ar ais sa mhargadh saothair. Cé go bhfuil éagsúlachtaí ann idir Comhaontuithe maidir le himeascadh i bpost (JIAnna) i measc na mBallstát, is iondúil go n-áirítear leo an mheantóireacht, tacaíocht phearsantaithe le cuardach poist, breisoideachas agus breisoiliúint agus cineálacha eile tacaíochta sóisialta (e.g. tithíocht, seirbhísí iompair nó leanaí agus cúraim) i gcás inar gá do chuardaitheoirí poist a bhfuil deacrachtaí breise os a gcomhair. Is iad an comhairleoir poist agus an cuardaitheoir poist a dhréachtaíonn na gComhaontuithe maidir le himeascadh i bpost (JIAnna), agus faightear plean gníomhaíochta agus bearta iontu chun cuidiú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach poist oiriúnacha a aimsiú. Is minic a fhaigheann siad tacaíocht ó ghrinnmheasúnuithe chun éilimh shonracha agus fhéideartha gach duine atá dífhostaithe go fadtéarmach a shainaithint ar a laghad laistigh de 18 mí dífhostaíochta. Feidhmíonn na grinnmheasúnuithe mar bhealach chun pleananna gníomhaíochta pearsantaithe (IAPanna) a ullmhú le féilire agus sraith gníomhaíochtaí chun na cuspóirí beartaithe a bhaint amach. In 2019, d'fhill 46.5 % de na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach san Aontas Eorpach ar an margadh saothair ar tairgeadh Comhaontú maidir le himeascadh i bpost (JIA) saintiomanta dóibh. Méadaíonn an figiúr sin chuig 48.3 % le haghaidh daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a ghlacann rannpháirt i bpleananna gníomhaíochtaí pearsantaithe (IAPanna)(féach Fíor 2.3.15). Ghlac chuid mhór de na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a raibh Comhaontú maidir le himeascadh i bpost (JIA) agus gnáthphlean gníomhaíochta pearsantaithe (IAP) acu páirt i gcineálacha éagsúla bhearta uas-scilithe.²²²

²²² An Coimisiún Eorpach (2019), *Data collection for monitoring of the LTU Recommendation: 2017*. [Bailiú sonraí le faireachán a dhéanamh ar Mholadh maidir le Daoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach: 2017].

Fíor 2.3.15: Cuidíonn soláthar pleananna gníomhachtaíthe saincheaptha le hinfhostaitheacht na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a mhéadú

Cion na sealanna dífhostaíochta fadtéarmaí a chríochnaíonn le fostaíocht i gcás comhaontuithe difriúla maidir le himeascadh i bpost (JIA) ina chéatadán (cohórt aoise 25-64; 2019)



Nóta: Níl sonraí ar fáil le haghaidh CZ, EL agus RO.

Foinse: Bunachar sonraí maidir le beartas mhargadh an tsaothair (LMP) agus suirbhé ar an bhfórsa saothair.


Feidhmíonn Seirbhísí Poiblí Fostaíochta príomhról chun tacú le cuardaitheoirí poist agus chun gníomhaíochtaí a threorú chun aistrithe gairmiúla réidhe a áirithiú, lena n-áirítear i dtreo geilleagair níos glaise. Tá athrú suntasach tagtha ar chás agus ar ionchais mhargadh saothair go leor daoine aonair i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19, ar bhain tionchar níos láidre dóibh siúd a bhí i gcásanna leochaileacha roimhe sin. Feidhmíonn seirbhísí poiblí fostaíochta (SPFanna) éifeachtacha agus éifeachtúla príomhról chun peirspictíocht gairmréime a thabhairt do gach cuardaitheoir poist, agus chun iarmhairtí diúltacha ('díobháil fhadtéarmach') na dífhostaíochta nó na neamhghníomhaíochta roimhe seo a chosc. Thairis sin, is féidir le SPF ról ríthábhachtach a fheidhmiú chun athruithe struchtúracha a shainaithint agus chun tacú leo sa mhargadh saothair trí bhearta amhail ionchas, saíneolas agus comhpháirtíochtaí.²²³ Acmhainneacht chruthaithe SPF a sheachadadh seirbhíse a chur in oiriúint go héifeachtach, agus príomhról a ghlacadh chun freagairt d'imthosca sa mhargadh saothair; ba cheart tacaíocht bhreise a thabhairt di trí mheán an digitithe, an fhothaithe acmhainneachta agus iarrachtaí nuachóirithe, chomh maith le comhar treisithe le páirtithe leasmhara ábhartha an mhargaidh saothair, lena n-áirítear soláthróirí fostaíochta eile, na seirbhísí sóisialta agus na comhpháirtithe sóisialta.

²²³ Foinisí: An Coimisiún Eorpach (2021). *European Network of Public Employment Services, Work programme 2021* [Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, Clár oibre 2021]. Arna fhoilsiú i mí an Mheithimh 2021. An Coimisiún Eorpach (2020). *Annual Report, January-December 2020* [Tuarascáil Bhliantúil, Eanáir-Nollaig 2020].

Tá difríochtaí suntasacha ann in úsáid na seirbhísí poiblí fostaíochta, agus difríochtaí san iompraíocht cuardaigh poist ann i measc na mBallstát. Léirítear san anailís do 2020 ar chéatadán na gcuardaitheoirí poist a thuairiscigh gur bhain siad leas as oifigí poiblí fostaíochta don chuardach poist figiúirí ó 20 % san Iodáil agus sa Rómáin, chuig timpeall 60 % sa Bheilg, sa tSualainn, san Ungáir, i Lucsamburg agus sa Ghearmáin, chuig os cionn 75 % sa tSeicia agus sa Liotuáin (féach Fíor 2.3.16). Feictear difríochtaí beaga de réir inscne freisin i roinnt Ballstát, arbh iad na cinn is suntasaí na cinn sa Laitvia, sa Bhulgáir, sa tSlóivéin, in Éirinn agus sa Chróit. Chonacthas treocht laghdaitheach ar an iomlán um úsáid na seirbhísí poiblí fostaíochta (SPF) ag cuardaitheoir poist san Aontas Eorpach le roinnt blianta anuas, ag titim ó 49.1 % in 2014 chuig 46.1 % in 2017 agus 42.5 % in 2020 (d'fhéadfaí úsáid chomparáideach níos airde modhanna eile a léiriú leis sin freisin, go háirithe cinn dhigiteacha, le haghaidh chuardach poist). Is airde an figiúr sin ná úsáid na seirbhísí príobháideacha fostaíochta (21.3 %) ná foilsiú agus freagairt na bhfógraí (40.6 %), ar fhan an bheirt acu cuibheasach seasmhach ó 2017 i leith. Cé nach rud eisiach é úsáid na malairtí difriúla, agus nach bhfuil patrún soiléir comhlántachta ná ionadaithe le sonrú idir modhanna cuardaigh poist, tá céatadán na ndaoine a mhaíonn go n-úsáideann siad SPF faoi bhun 50 % in 12 Bhallstát. Idir 2017 agus 2020, taifeadadh méaduithe suntasacha i roinnt Ballstát amhail an Eastóin, an Liotuáin agus an Bhulgáir (faoi níos mó ná 6 phointe céatadán) um úsáid SPF. I gcodarsnacht leis sin, tá laghdú substaintiúil tar éis teacht ar úsáid SPF i measc cuardaitheoirí poist (faoi thimpeall 10 ccc) sa Ghearmáin, sa Chipir agus sa Rómáin in imeacht na tréimhse céanna. Ag an tráth céanna, tá laghdú suntasach tar éis teacht ar chion na bhfreagróirí san Aontas Eorpach a mhaíonn go n-úsáideann siad naisc shóisialta (e.g. cairde, gaolta, agus ceardchumann) ina gcuardach poist le blianta beaga anuas (ó 71 % in 2017 chuig 66 % in 2020), agus tá an rud céanna tar éis tarlú leo siúd a chinneann iarratas a dhéanamh go díreach chuig fostóirí (ó thimpeall 60 % chuig 53 % i rith na tréimhse céanna). Tá acmhainneacht theicniúil agus dhaonna an SPF, a chomhtháthú digiteach agus géire na comhpháirtíochta atá forbartha le fostóirí fós ina bhfachtóir chun cáilíocht agus tarraingteacht na seirbhísí SPF a chinneadh.

Fíor 2.3.16: Tá difríochtaí suntasacha ann maidir le húsáid na seirbhísí poiblí fostaíochta de réir an Bhallstáit, agus feictear idirdhealú áirithe de réir inscne


Céatadán na ndaoine atá dífhostaithe a úsáideann an oifig phoiblí fostaíochta le haghaidh chuardach poist in 2020, luachanna de réir inscne



Foinse: Eurostat, suirbhé ar an bhfórsa saothair [lfsa_ugmsw].

Fíor 2.3.17: Úsáideann cuardaitheoirí poist raon leathan modhanna cuardaigh ar bhealaí difriúla agus ar bhealaí neamheisiacha go minic

Céatadán na ndaoine atá dífhostaithe a dhearbhaíonn gur úsáid siad modh cuardaigh poist ar leith (2020)



Nóta: cuirtear tíortha in ord na rátaí teagmhála méadaitheacha leis an oifig phoiblí fostaíochta.

Foinse: Eurostat, suirbhé ar an bhfórsa saothair [lfsa_ugmsw].

In 2020, tháinig ardú ar chion na ndaoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach sa chuid is mó de na Ballstáit. Coimeádadh tionchar foriomlán na géarchéime COVID-19 ar an bhfostaíocht faoi shrian a bhuíochas d'úsáid fhairsing na hoibre gearr-ama agus do bhearta coinneála poist comhchosúla (féach roinn 2.1). Ina ainneoin sin, bhain cruachas do dhaoine aonair a chaill a bpost nó a bhí dífhostaithe cheana féin nuair a bhris an ghéarchéim.²²⁴ Léiríodh anailís mhionsonraithe sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021 (JER) ar na príomhghnéithe a bhaineann leis na córais sochair dhífhostaíochta san Aontas Eorpach, ar bhonn thorthaí an chleachtaidh tagarmharcála ar shochair dhífhostaíochta agus ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (ALMPanna) a comhaontaíodh leis an gCoiste Fostaíochta (EMCO). Cé gur bailí ina hiomláine fós í an anailís, ní mór a thabhairt dá aire gur tháinig méadú ar chumhdach na scéimeanna sochair dhífhostaíochta sa chuid is mó de na Ballstáit, agus gur tháinig méadú níos substaintiúla air sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Ghréig, sa Spáinn, i Málta, sa Rómáin agus sa tSlóvaic idir 2019 agus 2020 (féach Fíor 2.3.18). I gcás na mBallstát a bhfuil sonraí níos nuashonraithe ar fáil ina leith,²²⁵ is suntasach mór é an t-ardú coibhneasta ar líon na bhfaighteoirí sochair dhífhostaíochta (40 % nó níos mó ó mhí Feabhra 2020 go dtí earrach nó samhradh luath 2021) san Eastóin, sa Phortaingéil, sa Rómáin, sa tSlóvaic agus sa tSualainn. Tháinig meathlú sa chuid is mó de na Ballstáit áfach ar líon na bhfaighteoirí sochair dhífhostaíochta sna míonna is déanaí, i gcomhréir leis an bhfeabhsú ar dhálaí an margaidh saothair, nó go ndeachaigh tréimhse an tsochair dhífhostaíochta in éag. In 2020, ní bhfuair 32.8 % de na daoine dífhostaithe a bhí cláraithe le níos lú ná 1 bhliain san Aontas Eorpach sochair, agus is airde an céatadán sin ná 50 % sa Chróit agus sa tSlóvaic.²²⁶


²²⁴ Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach An Coimisiún Eorpach (2020). *Employment and Social Developments in Europe* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip]. Athbhreithniú ráithiúil, mí an Mheithimh 2020. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

²²⁵ Féach Tuarascáil Bhliantúil an Choiste um Chostais Shóisialta (CCS) 2021.

²²⁶ Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [[lfsa_ugadra](#)].

Fíor 2.3.18: Tá méadú tagtha ar chion na ndaoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach a chumhdaítear le sochair dhífhostaíochta sa chuid is mó de na Ballstáit

Cumhach na sochar dífhostaíochta le haghaidh daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach (i.e. níos lú ná 12 mhí), cohórt aoise 15-64



Nóta: níl sonraí ar fáil le haghaidh IE agus NL. Tagraítear leis na sonraí le haghaidh DE do 2019 amháin.

Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair [lfsa_ugadra].

I rith 2021, d’fhan fad na seala dífhostaíochta chun cáiliú le haghaidh sochair dhífhostaíochta agus an tréimhse ar féidir na sochair a éileamh lena linn mórán mar an gcéanna. Níor tháinig

athrú ar an tréimhse cháilitheach ach amháin sa tSlóivéin ó 9 mí in 2020 go dtí 10 mí

in 2021 - féach Fíor 2.3.19. Is san Iodáil atá an tréimhse is gairide chun cáiliú don dífhostaíocht,

ag 13 seachtaine de ranníocaíochtaí árachais. Is ag an gceann eile atá an tSlóvaic, arb í an tír leis an

tréimhse cháilitheach is faide, ag 104 seachtain. Mar a léirítear i bhFíor 2.3.20, bíonn oibrithe

a dhífhostaítear tar éis 1 bhliain oibre i dteideal sochar le haghaidh tréimhsí fíor-éagsúla ag brath ar

an mBallstát. Is féidir sochair a éileamh in 16 Bhallstát go ceann 6 mhí ar a mhéad (24 seachtaine).


Sa Danmhairg agus sa Bheilg, síneann tréimhse na teidlíochta sin suas le 2 bhliain nó níos mó

áfach. I Lucsamburg agus sa Ghréig, is díreach 1 bhliain atá sa tréimhse; agus is timpeall 8 mí í an

tréimhse sa Liotuáin, sa Laitvia agus in Éirinn.

Fíor 2.3.19: Is éagsúil go mór í an tréimhse ranníocaíochtaí chun cáiliú le haghaidh sochair dhífhostaíochta i measc na mBallstát

Faid na tréimhse cáilithí is gá, i líon seachtainí, sonraí le haghaidh 2015 agus 2020




Nóta: I Málta (2016 agus 2021), ní mór gur íocadh 50 ranníocaíocht sheachtainiúil ar a laghad ó thosaigh an duine ag obair ar dtús; in Éirinn (2016 agus 2021), ní mór gur íocadh 104 ranníocaíocht sheachtainiúla ar a laghad ó thosaigh anduine ag obair ar dtús; san Ostair (2021), ní mór gur íocadh 52 ranníocaíocht sheachtainiúla le haghaidh iarratais chéaduaire, agus ní mór gur íocadh 28 ranníocaíocht sheachtainiúla le haghaidh na n-iarratas ina dhiaidh sin.

Foinse: Bunachar sonraí MISSOC (mí Eanáir 2015 agus mí Eanáir 2021).

Fíor 2.3.20: Sa chuid is mó de na Ballstáit, is féidir sochair dhífhostaíochta a éileamh go ceann 6 mhí ar a mhéad, má tá stair oibre 1 bhliana ann

Uastréimhse na sochar i líon seachtainí má tá taifead oibre 1 bhliana ann, 2021 agus 2015



Nóta: Sa Bheilg, níl aon teorainn le tréimhse na sochar. Sa Chipir, déantar seachtainí a ríomh ar bhonn 6 lá oibre in aghaidh na seachtaine. In Éirinn, ní íoctar sochar go ceann 39 seachtaine (234 lá) ach amháin i gcás daoine a bhfuil 260 ranníocaíocht sheachtainiúil ÁSPC íoctha acu. Sa tSlóvaic, ní féidir le duine le taifead 1 bhliana cáiliú le haghaidh sochair dhífhostaíochta (bíonn ar a laghad 2 bhliain de ranníocaíochtaí árachais dífhostaíochta le 4 bliana anuas de dhíth). Sa Pholainn, tá éagsúlacht sa tréimhse ag brath ar leibhéal an ráta dífhostaíochta sa réigiún i gcoibhneas leis an meán náisiúnta. I mí na Nollag 2020, chuir an Phortaingéil síneadh leis na teidlíochtaí le haghaidh sochair dhífhostaíochta a chríochnaigh in 2021 ar feadh 6 mhí.

Foinse: Bunachar sonraí MISSOC (mí Eanáir 2015 agus mí Eanáir 2021) agus an reachtaíocht náisiúnta.

Tá éagsúlacht ann le haghaidh athsholáthar ioncaim do dhaoine dífhostaithe i measc

na mBallstát, agus braitheann sé ar fhad na seala dífhostaíochta. Cuirtear rátaí athsholáthair

i gcomparáid a chéile i bhFíor 2.3.21 i gcás daoine a thuilleann pá íseal (67 % den mheánioncam náisiúnta) a bhfuil stair oibre ghairid acu (suas le 12 mhí de ranníocaíochtaí slándála sóisialta) ar

fud an Aontais Eorpaigh. Ritheann na glanrátaí athsholáthair sa dara mí den raon dífhostaíochta

idir 12.3 % den (ghlan)tuilleamh roimhe seo san Ungáir nó 19 % sa Rómáin agus os cionn 90 %

i Lucsamburg nó sa Bheilg. In Éirinn, ní thagann aon athrú ar rátaí athsholáthair ar feadh an tseala

dífhostaíochta. I móramh na mBallstát áfach, laghdaíonn na rátaí athsholáthair le himeachta ama. Is


iondúil go dtagann difríochtaí móra idir an dara agus an 12ú mí dífhostaíochta ó aistriú

cuardaitheoirí poist ó árachas dífhostaíochta isteach sa dífhostaíocht nó sa chúnamh sóisialta,

lena dtugtar leibhéil sochar níos ísle de ghnáth.

Fíor 2.3.21: Tá éagsúlacht mhór ann idir sochair dhífhostaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh

Glanráta athsholáthair de shochair dhífhostaíochta ar 67 % den mheánphá, ag an 2ú agus an 12ú mí den dhífhostaíocht (2020)



Nóta: Déantar an táscaire a ríomh i gcás duine aonair gan leanaí ag a bhfuil stair oibre ghairid (1 bhliain) agus atá 20 bliain d'aois. Tá comhpháirteanna difriúla d'ioncam, sochair dhífhostaíochta agus sochair eile (e.g. cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta) san áireamh.

Foinse: An Coimisiún Eorpach bunaithe ar Shamhail Chánach/Sochair ECFE.

Is réamhriachtanas do dhea-fheidhmiú gheilleagar mhargadh sóisialta na hEorpa é an t-idirphlé sóisialta ardcháilíochta agus éifeachtach, chun torthaí beartais níos inbhuanaithe agus níos ionchuimsithí a áirithiú. Le Treoirlíne Fostaíochta uimh. 7 agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. iarrtar ar na Ballstáit rannpháirtíocht thráthúil agus fhiúntach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i ndearadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe agus na mbeartas fostaíochta, sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, na n-athchóirithe agus na mbeartas eacnamaíoch, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt dá n-acmhainneacht mhéadaithe. I gcomhréir le beartais náisiúnta agus le creataí institiúideacha, is é is aidhm don rannpháirtíocht le comhpháirtithe sóisialta ar gach leibhéal an dearadh a fheabhsú agus úinéireacht na n-athchóirithe molta a áirithiú. Laghdaítear coinbhleachtaí léi freisin, agus cuidíonn sí leis an athrú struchtúrach a bhainistiú agus an comhtháthú sóisialta a neartú. Baineann tábhacht ar leith leis sin nuair a bhíonn comhaontú láidir de dhíth chun téarnamh láidir ón ngéarchéim a áirithiú, agus chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Tá príomhról tugtha ag na comhpháirtithe sóisialta i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19, le níos mó ná leath de na bearta uile le fáil i bhfearainn na mbeartas gníomhach maidir le margadh saothair agus na cosanta ioncaim a cuireadh i gcrích ó ráig na paindéime á gcomhaontú nó á n-idirbheartú le heagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta. Ar an iomlán, tá rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i ndearadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas fostaíochta agus sóisialta tar éis fanacht seasmhach nó ábhairín feabhsaithe le blianta beaga anuas. Tá difríochtaí móra fós ann ar fud na mBallstát áfach.²²⁷ Ag tosú ó 2016 agus ar bhonn bliantúil, chuaigh an Coiste Fostaíochta (EMCO) i mbun athbhreithnithe faireachais iltaobhacha ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i mBallstáit AE le measúnú a dhéanamh ar dhúshlán agus ar dhea-chleachtais ina leith sin.

²²⁷ Eurofound (2021), *Involvement of social partners in policymaking during the COVID-19 outbreak*, [Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa cheapadh beartais i rith na ráige COVID-19], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. I gcomhair mionsonraí faoin gcómhargáil, féach roinn 2.1 den tuarascáil seo agus de *Employment and Social Developments in Europe, Annual Review 2021* [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2021].

Ar bhonn an Rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta²²⁸, iarradh ar Bhallstáit achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin a áireamh lena bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, agus an chaoi ar léiríodh a n-ionchuir a tabhairt le fios. De réir Threoraíocht ón gCoimisiún maidir le hullmhú na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta²²⁹, ba cheart go gcumhdófaí san achoimre freisin raon feidhme, cineál agus uainiú na gcomhairliúchán. Tugann na réamhthorthaí ó staidéar a rinne líonra Eurofound na gcomhfhreagrach náisúnta²³⁰ le fios go bhfuil leibhéal rannpháirtíochta difriúla ann i measc na mBallstát. I roinnt cásanna, tuairiscíonn eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumannn araon go raibh dóthain ama acu a bheith rannpháirteach i mionléiriú nó i measúnú ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta roimh a gcur isteach oifigiúil in 2021. I gcásanna eile áfach, thug comhpháirtithe sóisialta le fios gur leithdháileadh am teoranta don chomhairliúchán. Maidir leis an deis chun rannchuidiú le forbairt an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, thuairiscigh an chuid is mó de na comhpháirtithe sóisialta sástacht íseal leis an aiseolas agus leis na freagraí a fuarthas ó ionadaithe an rialtais. Ba mar ról faisnéiseach nó mar chomhairliúchán a d'fhéach siad ar a rannpháirtíocht a bheag nó a mhór. Amach anseo, bainfidh tábhacht le rannpháirtíocht leormhaith na gcomhpháirtithe sóisialta le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta chun soláthar rathúil na mbeart beartaithe a áirithiú.

²²⁸ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

²²⁹ An Coimisiún Eorpach SWD(2021), 12 final. *Guidance to Member States, Recovery and Resilience Plans*. [Treoraíocht do Bhallstáit, Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta]

²³⁰ Foinse: Eurofound (2022), *Tripartite social dialogue and policy formation: [Idirphlé Sóisialta Tríthaobhach agus foirmiú beartas:] Measures to promote recovery in the aftermath of the COVID-19 crisis* [Bearta chun téarnamh a chur chun cinn tar éis na géarchéime COVID-19] (le foilsiú). Nóta: Réamhthorthaí ó staidéar leanúnach Eurofound maidir le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta in ullmhú na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta arna gcur isteach ag na Ballstáit in 2021. Tá Líonra Eurofound na gcomhfhreagrach náisiúnta tar éis 24 thuarascáil a léiriú ar bhonn tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-ionadaithe rialtais go pointe áirithe. Níor cuireadh na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ó DK agus ó MT san áireamh leis an réamhanailís seo. I gcás BG, ní thagraíonn an t-aiseolas a fuarthas ach amháin don dréachtleagan a cuireadh ar fáil go poiblí roimh an gcur isteach oifigiúil.

Beidh rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta ríthábhachtach freisin chun úinéireacht náisiúnta ar na hathchóirithe agus infheistíocht a thógáil, agus chun a dtionchar marthanach a áirithiú. Ag tógáil ar chleachtais náisiúnta atá ann cheana agus i gcomhréir leis an méid a tugadh le fios sa rialachán lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, chuaigh go leor Ballstát i gcomhairle le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile maidir le hullmhú a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Tagann sé sin le Treoirlínte Fostaíochta 2021²³¹ agus le Treoraíocht an Choimisiúin Eorpaigh do Bhallstáit a eisíodh i mí Eanáir 2021. De réir rúin ag Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (bunaithe ar chomhairliúcháin a rinneadh i measc a chomhaltaí agus ionadaithe páirtithe leasmhara sna Ballstáit), d’fheidhmigh an méid ama teoranta a bhí ar fáil do chomhairliúcháin agus idirmhalartuithe mar bhacainn os comhair rannpháirtíocht éifeachtach agus bhríomhar eagraíochtaí na sochaí sibhialta.²³² Beidh taithí na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta ina sócmhainn thábhachtach amach anseo, lena n-áirítear an taithí maidir le tionscadail ar an talamh, chun dul chun cinn éifeachtach agus réidh a áirithiú maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ábhartha.

²³¹ Comhairle an Aontais Eorpaigh, Deireadh Fómhair 2021, IO L 379, 26.10.2021, lgh. 1–5.

²³² Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (2021), *Involvement of Organised Civil Society in the National Recovery and Resilience Plans – What works and what does not?* [Rannpháirtíocht na Sochaí Sibhialta Eagraithe sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta – Céard a oibríonn agus céard nach n-oibríonn?], Rún, Feabhra 2021.

2.3.2 Freagairt bheartais

Thug forbairtí le déanaí spreagadh do roinnt Ballstát rialacháin náisiúnta ábhartha do chineálacha nua fostaíochta agus do shocrúithe oibre solúbtha a leasú, lena n-áirítear an teilea-obair. I mí Iúil 2020, sheol **an Phortaingéil** clár dreasachtaí chun spreagadh a thabhairt do státseirbhísigh fanacht i gcríocha ísealdaonra, lena n-áirítear an teilea-obair agus comhroinnt spásanna oibre, mar aon le dreasachtaí a sheoladh chun soghluaisteacht oibrithe chuig na críocha sin a chur chun cinn. Idir an dá linn, rinneadh rialachán nua níos leithne chun an teilea-obair a chur chun cinn a fhorghnó. I mí na Samhna 2020, leasaigh **an Rómáin** an creat dlíthiúil reatha chun an teilea-obair a rialú, lena n-áirítear na coinníollacha d'fhostóirí chun cianobair a bhunú mar an gnás, agus an gá d'fhostaithe gach faisnéis agus trealamh is gá a fháil chun tabhairt faoin obair go cianda. Rinne **an tSlóvaic** leasú ar a cód saothair chun bunú oifige baile agus an ranníocaíocht airgeadais le soláthar ag an bhfostóir a rialáil, tar éis comhaontú déthaobhach nó comhchoiteann. Tá na hathruithe dlíthiúla sin i bhfeidhm amhail mí an Mhárta 2021. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, thug **an Spáinn** creat rialála nua isteach don teilea-obair sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí. Éascaíonn an creat dlíthiúil nua cineálacha measctha fostaíochta trí na dálaí oibre céanna a áirithiú leo siúd atá ag obair go cianda agus ar an láthair, a leasaíodh ina dhiaidh sin, i measc eile, chun smachtbhannaí cigireachtaí saothair a fhorchur san earnáil phríobháideach i gcás neamh-chomhlíontachta. I mí Dheireadh Fómhair 2020, leasaigh **an tSlóivéin** an tAcht um an tSeirbhís Ionchúisimh Stáit chun na socruithe ama oibre a shoiléiriú maidir le dualgais 'fuireachais' agus 'glao-dhualgais' na bhfostaithe poiblí in oifig an ionchúisitheora stáit. Mar chuid dá Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá **an Chipir** ag beartú socruithe solúbtha oibre a rialáil agus an córas slándála sóisialta a athchóiriú d'fhonn córas oibríochtaí digiteacha nua a chomhtháthú, chomh maith leis reachtaíocht reatha a athbhreithniú leis an gcumhdach slándála sóisialta a leathnú chuig gach duine, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe atá i bhfeidhm faoi láthair oibrithe ar chonarthaí neamhchaighdeánacha (féach roinn 2.1.2 le haghaidh sonraí breise). I mí an Mheithimh 2021, thug **an Ghréig** isteach sceideal ama solúbtha agus teilea-obair ina creat dlíthiúil mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an dlí saothair.

Tá roinnt Ballstát tar éis bearta a ghlacadh chun an geilleagar ardáin a rialáil i bhfianaise na tábhachta méadaithí a bhaineann leis. I dteannta leis na bearta a cuireadh i láthair sa bhosca maidir le Cáilíocht Poist, amhail an 1 Iúil 2020, nuashonraigh **an Ísiltír** an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair chun gníomhaíochtaí seachadta bia a theorannú ar bhonn neamhspleách agus tráchtála do dhaoine aonair atá os cionn 16 bliana d’aois. I mí Dheireadh Fómhair 2020, ghlac **an Fhrainc** beart spriocdhírthe chun gníomhaíocht na ndaoine óga faoi bhun 16 bliana d’aois a rialáil ar na hardáin ar líne. I mí Aibreáin 2021, ghlac sí athchóiriú inar féachadh leis an ngeilleagar ardáin i réimse an iompair a rialáil. Mar chuid den athchóiriú níos leithne sin, thug **an Fhrainc** beart isteach chun ionadaíocht leormhaith na n-oibrithe féinfhostaithe ar ardáin iompair a áirithiú, agus chun idirphlé sóisialta a chothú, lena n-áirítear trí Údarás poiblí nuachruthaithe do Chaidreamh Sóisialta ar Ardáin Fostaíochta (ARPE).

Rinne roinnt Ballstát athbhreithniú ar a gcuid rialachán chun sláinte agus sábháilteacht cheirde ag an obair leormhaith a áirithiú, i gcomhréir le prionsabal de Cholún 10 (maidir le timpeallacht oibre shláintiúil, shábháilte agus atá curtha in oiriúint i gceart). I mí Iúil 2020, tháinig an leasú ar an dlí um chosaint cearta oibrithe sa **Laitvia** i bhfeidhm. Ba é an cuspóir leis an chianobair a shainiú agus cumhdach na rialacha sláinte agus sábháilteachta atá ann a leathnú chuig an gcineál oibre sin, agus chun an cur chuige a aontú maidir le fostaithe caighdeánacha agus neamhchaighdeánacha araon. I mí na Nollag 2020, rinne **an Fhrainc** athbhreithniú ar dhálaí oibre na seirbhíse cúraim sláinte d’fhonn cosc ag an obair a neartú agus rannpháirteachas a chur chun cinn sa tástáil agus sa vacsaíniú i measc a cuid foirne. Tá **an Fhrainc** ag beartú freisin ‘pas coiscithe’ a chruthú lena n-áireofaí gach oiliúint atá curtha i gcrích ag na fostaithe i ndáil le cosc na rioscaí ag an obair. I mí na Nollag 2020, nuashonraigh **an Rómáin** an creat atá ann chun oibrithe a chosaint i gcoinne na rioscaí a bhaineann le neamhchosaint ar oibreáin bhitheolaíochta ag an obair, lena n-áirítear COVID-19.

Rinne roinnt Ballstát leasú ar a gcuid reachtaíochta maidir le dífhostuithe chun tionchar na géarchéime COVID-19 ar an margadh saothair a mhaolú. Tugadh isteach mar fhreagairt ar an bpaindéim ar dtús é, agus chuir **an Spáinn** síneadh leis an toirmeasc sealadach ar fhoirceannadh conarthach go dtí mí Feabhra 2022 COVID-19 le haghaidh ‘force majeure’ agus dífhostú bunaithe ar fhorais oibiachtúla (cinn eacnamaíocha, theicniúla, eagraíochtúla agus tháirgthe) i ndáil le COVID-19. Chuir **an Iodáil** síneadh leis an toirmeasc sealadach ar dhífhostú a glacadh i mí an Mhárta 2021 i gcás cuideachtaí a thairbhíonn de scéim oibre gearr-ama.

Tá roinnt Ballstát ag moladh rialacháin nua nó leasaithe maidir leis an obair téarma sheasta chun freagairt do dhúshlán sa mhargadh saothair atá ann agus atá ag teacht aníos.

Óna ghlacadh i mí an Mhárta 2020, chuir **an Spáinn** síneadh le fionraíocht na ndífhostuithe i gcás conarthaí (idir chinn téarma sheasta agus bhuana) go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2021. I gcás conarthaí téarma sheasta, cuireadh síneadh breise leis an toirmeasc go dtí mí Feabhra 2022. Ina theannta sin, ina Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, shamhlaigh **an Spáinn** go simpleofaí agus go gcuirfí athord ar roghchlár na gconarthaí fostaíochta, lena n-áirítear athbhreithniú ar úsáid an chonartha oiliúna/printíseachta agus an chonartha shéasúraigh, rud a threisiónn an gá chun boinn chirt a sholáthar maidir le hearcú sealadach ionas go n-éireoidh conarthaí neamhiata mar an riail ghinearálta sa deireadh thiar. Nuashonraigh **an Iodáil** an dlí lena ceadaíodh síntí nó athnuachaintí breise a chur le conarthaí téarma sheasta go ceann uastréimhse 12 mhí agus gan dochar d’ustréimhse fhoriomlán 24 mhí. I mí an Mheithimh 2020, ghlac **an tSlóvaic** foráil idirthréimhseach chun ligean d’fhostóirí conarthaí téarma sheasta a shíneadh nó a ath-idirbheartú ar chonarthaí iad a fhoirceannadh suas le 2 mhí tar éis dheireadh na staide éigeandála. Tiontófar an caidreamh fostaíochta ina cheann éigríochta mura ndéantar amhlaidh. I mí Lúnasa 2020, thug **an Liotuáin** isteach critéir nach foláir do ghníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí iad a shásamh, go háirithe maidir lena stádas agus a gcumas chun tabhairt faoin ngníomhaíocht fostaíochta shealadach. I mí na Nollag 2020, leasaigh **an Fhrainc** an creat atá ann maidir le saoire íoctha agus na rialacha nua atá molta maidir le hathnuachan conarthaí sealadacha áirithe i gcomhréir le comhaontuithe comhchoiteanna. Ag éirí as na hathchóirithe a rinneadh in 2019 chun aghaidh a thabhairt ar dheighilt i margadh an tsaothair agus chun cómhargáil a chothú, féachtar i mbearta RRP **na Portaingéile** le haghaidh a thabhairt ar fhéinfhostaíocht ‘bhréagach’, úsáid fhorleathan conarthaí oibre téarma sheasta agus conarthaí sealadacha gníomhaireachta, mar aon le hobair neamhdhearbhaithe nó ganndearbhaithe.

Tugadh isteach bearta spriocdhírithe i roinnt Ballstát freisin chun aistrithe chuig an bhfostaíocht neamhiata a chothú, i gcomhréir le Prionsabal 5 den Chólún (maidir le fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe). I mí Iúil 2021, faoi chuimsiú a Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, leasaigh **an Spáinn** a bunreacht um an bhfostaí poiblí chun cion na gconarthaí téarma sheasta san earnáil phoiblí a laghdú, agus chun mí-úsáid an chineáil fostaíochta sin a chosc. Táthar ag tuar nósanna imeachta breise maidir le cobhsú d'fhoireann shealadach i mí na Nollag 2022 agus déanfar reachta earnáil-sonracha amhail an tsláinte agus an t-oideachas a mhodhnú dá réir. Leis an aidhm tiontú na gconarthaí sealadacha ina gcinn neamhiata a chur chun cinn, i mí Lúnasa 2020, ghlac **an Phortaingéil** bónas le haghaidh conartha ar fiú dhá oiread an bhuntuarastail mhíosúil dá bhforáiltear sa chonradh é (suas chuig teorainn thart ar EUR 2,200). I mí na Bealtaine 2021, ghlac an Iodáil conradh nua réamhfhostaíochta chun tacú le tiontú na gconarthaí sealadacha agus chun aistrithe margadh saothair a chothú. Féachtar leis an mbeart fostaíocht neamhiata a chur chun cinn trí dhíolúine shealadach ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta d'fhostóirí.

Tá na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an obair neamhdhearbhaithe ag leanúint ar aghaidh i roinnt Ballstát le bearta breise á nglacadh, lena n-áirítear fothú acmhainneachta do chigireachtaí saothair. Tá **an Ghréig** ag beartú athruithe a dhéanamh ar an gcóras cánach agus slándála sóisialta san earnáil chultúrtha agus ealaíon chun spreagadh a thabhairt d'obair dhearbhaithe. I mí Feabhra 2021, ghlac **an Spáinn** Plean Gníomhaíochta chun pá agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta d'oibrithe san earnáil cúraim teaghlaigh a thabhairt chun rialtachta trí mheán cigireachtaí saothair, feachtais ardaithe feasachta agus cúnamh teicniúil. Faoi mhí an Mhárta 2021, sheol an chigireacht saothair sa **Spáinn** níos mó ná 45,000 litir chuig fhostóirí. Tugadh chun rialtachta tuairim agus 30,000 oibrí tí uaidh sin. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, ghlac **an Chróit** an plean náisiúnta 2021-24 chun an obair neamhdhearbhaithe a chomhrac, lena n-áirítear roinnt bearta reachtach agus neamhreachtach chun mí-úsáid chineálacha oibre neamhghnácha a chosc, spreagadh a mhúscailt faoi thairbhí na hoibre dlí, agus chun iomaíocht chothrom a chur chun cinn. Ghlac **an Liotuáin** beart spriocdhírithe nua chun an obair neamhdhearbhaithe a chomhrac in earnáil na foirgníochta. Leis an mbeart, a bhfuil coinne lena theacht i bhfeidhm amhail mí Eanáir 2022, ceanglófar go mbíonn 'aitheantas tógálaí' ag gach duine a oibríonn san fhoirgníocht, agus go seolann fhostóirí gach sonra is gá chuig córas láraithe aitheantais.

Leasaigh **an Liotuáin** a dlí saothair freisin chun trédhearcacht in íoc pá agus teidlíochtaí saothair eile a áirithiú (i.e. liúntais laethúla agus caiteachais mhisin, i measc nithe eile) le haghaidh gach fostaí. Tá coinne leis go dtiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm amhail mí Eanáir 2022. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, tá **an Rómáin** ag beartú bonn foirmiúil a chur faoin obair tí trí bhíthin dearbháin oibre a thabhairt isteach; tá coinne lena theacht i bhfeidhm go luath in 2022.

Rinne roinnt Ballstát mionathrú ar a gcuid seirbhísí poiblí fostaíochta chun freagairt níos fearr d'fhorbairtí le déanaí sa mhargadh saothair. I mí na Samhna 2020, ghlac **an Eastóin** Clár Fostaíochta nua 2021-23 arb é is aidhm dó tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh siúd ar bhain bacainní dá bhfostaíocht, go háirithe na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. I mí na Nollag 2020, sheol **an Ghréig** an t-ardán 'myOAEDlive' trína soláthraítear seirbhísí comhairleoireachta ar líne do dhaoine atá dífhostaithe agus do ghnóthais, lena n-áirítear ateangaireacht ó/chuig t(h)eangacha eachtracha i gcás inar gá. I mí na Nollag 2020, ghlac **an Fhionlainn** treoirhionscadal chun soláthar seirbhísí fostaíochta ar leibhéal áitiúil a neartú. Le rannpháirteachas na 25 threoirlimistéar lena mbaineann 118 mbardas, is é is aidhm do na treoirhionscadail rialtais áitiúil fostaíocht na gcuardaitheoirí poist a mhéadú, go háirithe na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus iad siúd ó chúlraí leochaileacha, agus chun oiliúint a chur ar fáil dóibh chun infhaighteacht saothair oile a áirithiú. Cuireadh tús leis an tionscadal thiar i mí an Mhárta 2021, agus tá coinne leis go dtabharfar chun críche i mí an Mheithimh 2023 é. I mí na Nollag 2020, thug **an Ungáir** isteach tairseach meaitseála poist nua darbh ainm 'KarrierM' ('MoGhairmréim') ar a dtugtar faisnéis do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí araon. Agus buiséad iomlán HUF 2.8 billiún (EUR 7.6 milliún) i gceist léi, tugtar treoraíocht agus tacaíocht phearsantaithe sa tairseach do chuardaitheoirí poist freisin. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, i mí Feabhra 2021, rinneadh córas oiliúna i margadh an tsaothair **san Ungáir** a athstruchtúrú. Go dtí go nglacfar modheolaíocht, beidh tacaíocht chnapshuime de 70-150 % den íosphá (EUR 383-822 in 2022) ar fáil do chuardaitheoirí poist, agus ba cheart go gclúdófaí an táille oiliúna, na costais iompair agus an costas maireachtála, agus beidh fóirdheontas pá lena ngabhann forálacha oiliúna ar fáil d'fhostóirí. D'fhéadfaí dreasachtaí na gcuardaitheoirí poist chun clárú leis an oiliúint a laghdú leis an athrú sin.

Ghlac Ballstáit bearta chun an tacaíocht a chuirtear ar fáil do sheirbhísí poiblí fostaíochta a fheabhsú, agus chun freastal ar ghrúpaí níos leochailí sa daonra freisin. Sheol Lucsamburg tionscadal darbh ainm ‘eADEM’ chun a seirbhísí poiblí fostaíochta a dhigitiú agus chun éifeachtúlacht a fheabhsú trína trealamh TF a uasghrádú. Bhí an tionscadal sceidealaithe le tosú i mí Feabhra 2021, de réir Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta Lucsamburg, agus le críochnú faoi dheireadh 2024 nó faoi thús 2025. Tugadh isteach beart ag féachaint leis an méid seirbhísí digiteacha arna soláthar ag SPF a mhéadú i mí Aibreáin 2021, agus beidh tairiscintí poist ar oscailt do gach cuardaitheoir poist anois, seachas iad gan bheith ar fáil ach amháin do dhaoine cláraithe. Tagann sé sin i ndiaidh comhpháirtíochtaí athnuaite idir cónaidhm na ngnóthas agus an SPF (Nollaig 2020) agus tháinig athchóiriú an chórais aicmiúcháin ghairmiúil i bhfeidhm i mí na Samhna 2020. I mí na Nollag 2020, sheol **an Rómáin tionscadal, arna mhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa, chun struchtúir na seirbhísí poiblí fostaíochta a nuachóiriú trí bhithin seirbhísí bainistíochta cásanna do chuardaitheoirí poist a fhorbairt, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha. Tá **an Rómáin** ag beartú freisin ardán nua a sheoladh chun seirbhísí poiblí fostaíochta d’fhostóirí a fheabhsú, lena n-áirítear oiliúint a chur ar 900 ball foirne agus gníomhaíocht leis an gcomhar le gníomhaireachtaí fostaíochta críochacha a chothú. I mí Iúil 2020, ghlac **Éire** beart sealadach chun acmhainneacht na seirbhísí poiblí fostaíochta a mhéadú chun tacú le cuardaitheoirí poist le cúnamh cuardaigh poist, lena n-áirítear le seirbhísí conraithe eile agus le gníomhaireachtaí fostaíochta áitiúla. In 2019, thug **an Bhulgáir** isteach seirbhís nua darbh ainm ‘Oifig saothair shoghluaiste’ chun seirbhísí fostaíochta a chur ar fáil i gceantair iargúlta nach bhfuil aon oifig saothair bhuan iontu. Tar éis a curtha ar fionraí de bharr na paindéime COVID-19, chuir na hOifigí saothair soghluaiste tús an athuir lena ngníomhaíocht i mí Iúil 2021 ag tabhairt treorach agus tacaíochta le haghaidh níos mó ná 1,400 cuardaitheoir poist. Áirítear bearta le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta **na Beilge** chun malartú sonraí maidir le daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach a chur chun cinn idir na leibhéil dhifriúla rialtais. Is é is aidhm dó tacaíocht níos fearr a thabhairt don SPF freastal ar an ngrúpa sonrach sin, le gníomhaíochtaí comhlántacha arna bhforbairt ag seirbhísí poiblí fostaíochta réigiúnacha (e.g. i réigiún Fhlóndras). Cuirfidh réigiún **Beilgeach** na Vallúine chun feidhme i mí Eanáir 2022 sraith beart chun treoraíocht níos pearsantaithe a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist. Áirítear leis sin rolladh amach na n-uirlisí digiteacha agus na ngníomhaíochtaí comhoiriúnaithe poist a dhírítear ar na cuardaitheoirí poist is leochailí. In mí Mheán fómhair 2021, reachtaigh **an Ghréig** creat rialachais úr dá seirbhísí poiblí fostaíochta, agus tá sí ag beartú infheistíochtaí a dhéanamh i nuachóiriú a brainsí áitiúla, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun brandáil, cumarsáid agus comhairleoireacht a fheabhsú.**

Thug roinnt Ballstát isteach bearta ar bhearta sealadacha a bhformhór chun éifeachtacht a gcuid creat um beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (ALMP) a mhéadú, go háirithe chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht fhadtéarmach, i gcomhréir le Prionsabal 4 den Cholún (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht). I mí Iúil 2020, thug **Éire** formheas do bheart sealadach chun 10,000 post breise maidir le socrúchán oibre agus scéim taithí gairmiúla do dhaoine atá dífhostaithe le 6 mhí nó níos mó. I mí Dheireadh Fómhair 2020, ghlac **an Ghréig** clár fóirdheontais fostaíochta nua le haghaidh 100,000 post úr san earnáil phríobháideach. Clúdaíonn an stát ranníocaíochtaí slándála sóisialta na bhfostaithe nuafhostaithe ar feadh sé mhí agus tugann sé fóirdheontas breise EUR 200 in aghaidh na míosa do dhaoine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach roimhe sin, agus d'oibríthe séasúracha san earnáil turasóireachta agus bia ó Mheitheamh 2021 agus faoi choinníollacha áirithe. Ag tosú ó mhí Eanáir 2022 is amhlaidh a leathnófar an clár le 50,000 ionad nua air. I mí na Nollag 2020, thug réigiún **Beilgeach** na Vallúine fóirdheontas sealadach nua isteach d'earcú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach in earnálacha atá buailte go mór leis an ngéarchéim COVID-19. Is fiú EUR 1,000 in aghaidh na míosa í an scéim nua le linn uastréimhse 24 mhí, agus tugtar í sa bhreis ar shochar earcaithe eile le méid laghdaitheach le himeacht ama. I mí na Nollag 2020, chuir **an Fhrainc** síneadh leis an treoirthionscadal *territoires zéro chômeurs* chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú a thuilleadh. Mar chuid den tionscadal sin, díritear beart 'Cuimsiú CDI' go sonrach ar oibríthe os cionn 57 mbliana d'aois trí mheán na gconarthaí neamhiata oiriúnaithe. Leathnaíodh an tionscadal chuig 50 crios nua ar feadh thréimhse 5 bliana breise. Thug **an Ostair** formheas do leithdháileadh airgeadais nua chun tacú le lánpháirtiú na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach sa mhargadh saothair, agus do threoraíocht agus tacaíocht níos fearr ón tseirbhís fostaíochta phoiblí, lena n-áirítear bearta chun scileanna a fheabhsú arna maoiniú tríd an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta. I mí na Bealtaine 2021, tháinig **an Danmhairg** ar chomhaontú chun DKK 159 milliún (tuairim agus EUR 21 mhilliún) a leithdháileadh chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht fhadtéarmach agus chun tacú le lánpháirtiú na ndaoine atá buailte leis an margadh saothair, go háirithe cuardaitheoirí poist os cionn 50 bliain d'aois.

Thug na Ballstáit isteach bearta nua (cinn shealadacha den chuid is mó) nó chuir siad síneadh le cinn reatha lena gcórais sochair dhífhostaíochta a threisiú, i gcomhréir le prionsabal 13 den Chólún maidir le sochair dhífhostaíochta. Amhail mí Lúnasa 2020, chuir **an Danmhairg chun feidhme beart sealadach chun sochair dhífhostaíochta níos airde a chur ar fáil (suas le 110 %) do chuadaitheoirí ar bheagán oiliúna a théann i mbun cúrsa gairmoiliúna. Mar chuid de shraith beart sealadach chun tionchar diúltach na paindéime a mhaolú, i mí na Samhna 2020, choigeartaigh **an Phortaingéil** an fhoirmle ríomha le haghaidh sochair dhífhostaíochta i gcásanna ina laghdaítear an tréimhse ráthaíochta do mheasúnú na sochar, agus chuir sí ar fionraí go sealadach an dualgas eisiachais (is indéanta dá réir cruthú na féinfhostaíochta agus sochair dhífhostaíochta á bhfáil). I mí na Nollag 2020, chuir **an Phortaingéil** síneadh leis na teidlíochtaí le haghaidh sochair dhífhostaíochta a chríochnaigh in 2021 ar feadh 6 mhí. Chuir **an Bheilg** céimlaghdaitheacht na sochar dhífhostaíochta ar fionraí go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2021, agus reoigh sí ag an leibhéal í a raibh an tairbhí i dteideal dó i mí Aibreáin 2020. I mí na Bealtaine 2021, ghlac **an Spáinn** scéim shealadach sochar dhífhostaíochta go dtí mí Mheán Fómhair 2021 (arbh fhiú EUR 776 é) le haghaidh ealaíontóirí a thug ranníocaíocht leis an scéim dhífhostaíochta roimhe seo (go ceann idir 4 agus 6 mhí i gcás ranníocaíochta idir 20 agus 55 lá ar a laghad in 2019, faoi seach). Thug **an Eastóin** formheas d'athchóiriú lenar mhéadaigh go substaintiúil leibhéal an liúntais sochair dhífhostaíochta ó 2021 ar aghaidh. Ó 1 Lúnasa 2020 i leith, tháinig méadú ar an nglanráta athsholáthair leis an sochar árachais dhífhostaíochta ó 50 % go 60 % de thuilleamh roimhe seo i rith na chéad 100 lá den seal dhífhostaíochta. Thairis sin, samhlaítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sásra chun uastréimhse na sochar dhífhostaíochta a mhéadú i gcás dhífhostaíocht ard. **Sa Liotuáin**, na hoibrithe nach bhfaigheann sochair a thuilleadh tar éis a bhfillte chun na fostaíochta; is féidir leo sochair dhífhostaíochta a athéileamh ar bhonn níos furasta má éiríonn siad dhífhostaithe an athuair. Chuir **an tSlóvaic** síneadh dhá uair leis an tréimhse uasta chun sochair dhífhostaíochta a fháil, ón 4 Aibreán go dtí an 31 Lúnasa 2020 agus ón 19 Márta go dtí an 31 Bealtaine 2021.**

Dearadh roinnt de na bearta a glacadh i leith chórais sochar dífhostaíochta chun cás na ngrúpaí sonracha den daonra a fheabhsú. Rith **Lucsamburg** beart sealadach chun an scéim ghearr-ama shonrach go dtí Meitheamh 2021 i gcomhthéacs na géarchéime COVID-19. Ní féidir an leibhéal cúitimh a íoctar ar pháirt-dhífhostaíocht de réir an Chóid Saothair a bheith níos íle ná an méid a socraíodh le haghaidh an phá shóisialta íosta le fostaithe neamhoilte. I rith 2020 agus 2021, thug **an Iodáil** formheas d'fhorálacha sealadacha chun laghdú de réir a chéile ar shochair dhífhostaíochta a chur ar fionraí, agus catagóirí na dtairbhíthe féideartha a leathnú. I mí na Nollag 2020, thug sí formhuiniú freisin do thacaíocht ioncaim shealadach arbh fhiú EUR 500 glan in aghaidh na míosa í le haghaidh mná atá dífhostaithe nó atá ar ioncam singil ag a bhfuil leanaí cleithiúnacha. Beidh an beart bailí go dtí 2023, agus beidh caiteachas uasta iomlán EUR 5 mhilliún euro in aghaidh na bliana i gceist leis. I mí Aibreáin 2021, chuir **an Laitvia** síneadh leis an tacaíocht shealadach arbh fhiú EUR 180 í le haghaidh faighteoirí a bhfuil a sochair dhífhostaíochta ídithe acu ó 4 mhí go 6 mhí, a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020. Sa bhreise air sin, i mí na Nollag 2020, ghlac **an Laitvia** sochar dífhostaíochta sealadach (EUR 500 le haghaidh an chéad 2 mhí agus EUR 375 le haghaidh an 2 mhí dheireanacha) i gcás céimithe óga atá cláraithe mar dhaoine dífhostaithe. Tháinig deireadh leis an dá bheart sin an 30 Meitheamh 2021. Ina theannta sin, comhlánaítear an sochar sealadach le beart buan chun íoc sochar dífhostaíochta agus cumhdach iomlán na sochar eile (i.e. easláine) a athnuachan suas le dhá uair. B'éigean don dá ghrúpa tairbhíthe a bheith cláraithe ag an SPF agus rannpháirt a ghlacadh i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (ALMPanna). Leasaigh **an Ostair** an t-acht um árachas dífhostaíochta chun tacaíocht shealadach a sholáthar do thuismitheoirí atá ag obair ag a bhfuil leanaí suas le 14 bliana d'aois nó a bhfuil míchumais orthu (gan teorainn aoise). Cumhdaítear cúramóirí do dhaoine scothaosta leis an mbeart freisin, ar cuireadh síneadh leis go dtí mí Iúil 2021. Ghlac **an Ostair** bearta sealadacha freisin chun tacú le hoibrithe san earnáil chultúrtha agus chruthaitheach a chonaic cailliúint ioncaim i bhfoirm fóirdheontais aonuaire idir EUR 1,000 agus EUR 3,500 ag brath ar an gcás. I mí Lúnasa 2020, leasaigh **Éire** an creat rialála atá ann chun sochair dhífhostaíochta shealadacha a chur ar fáil dóibh siúd a chaill a bpoist de bharr na paindéime, agus athchalabrúchán i dtionnta déanta ar na leibhéil sochar.

Rinne Ballstáit a gcreataí rialála a choigeartú le leordhóthanacht agus cumhdach na sochar dífhostaíochta a áirithiú, agus ceanglais choinníollachta á gcur san áireamh freisin. I mí an Aibreáin 2020, thug **an Fhionlainn** isteach beart chun na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh sochair dhífhostaíochta a éascú, go háirithe le haghaidh cuardaitheoirí poist san oideachas gearrthéarmach. Tá coinne leis go mbeidh an beart seo ina mhaolú ar ualach oibre an SPF freisin, agus go n-áiritheofar leis go leithdháiltear acmhainní do na daoine is mó a bhfuil siad de dhíth orthu. Chuaigh cuid mhór de na maoluithe sin in éag in Eanáir 2021, ach cuireadh síneadh le tréimhse roinnt eisceachtaí i rith 2021, lena n-áirítear i gcásanna áirithe suas go dtí deireadh 2022. Thug **an Iodáil** cistiú do liúntais ioncaim shealadacha le haghaidh oibrithe séasúracha, oibrithe eadrannacha agus oibrithe atá féinfhostaithe. Leasaigh **an Eastóin** an rialachán atá ann chun leibhéal na sochar dífhostaíochta a mhéadú ó mhí Eanáir 2021 ó 35 % go 50 % den phá míosúil íosta. Tá **an Ghréig**, tar éis di deireadh a chur le síneadh sealadach leis na sochair dhífhostaíochta thráthrialta i mí na Bealtaine 2021, ag beartú athchóiriú níos leithne a chur i gcrích ar na scéimeanna sochar dífhostaíochta atá ann. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar leordhóthanacht agus cumhdach, filleadh níos sciobtha ar an margadh saothair a spreagadh agus dídhreasachtaí le haghaidh forbairt scileanna a bhaint. Tá **Málta** ag céimeanna deiridh an tsoláthair phoiblí chun staidéar náisiúnta a dhéanamh ina measfar leordhóthanacht agus cumhdach na sochar dífhostaíochta, a bhfuiltear ag súil go gcuirfear bailchríoch air faoi R2-2022.

Rith roinnt Ballstát rialacháin nua nó leasaigh siad cinn a bhí ann cheana chun saorghluaiseacht oibrithe a spreagadh, agus cosaint chearta oibrithe a áirithiú. I mí Aibreáin 2021, thug **an Rómáin** formheas d'fhorálacha dlíthiúla nua chun an leibhéal cosanta a mhéadú do shaoránaigh Rómánacha ag obair ar an gcoigríoch trí oibleagáidí nua a leagan síos do ghníomhaireachtaí fostaíochta, gan beann ar a mbunús (bídís de bhunadh na Rómáine nó Ballstáit éigin eile). I mí Aibreáin 2021, leasaigh **an Fhionlainn** an creat dlíthiúil atá ann maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe de chuid náisiúnaigh tríú tíortha chun críche na hoibre séasúraí. Is é is aidhm don bheart an t-ualach riaracháin d'fhostóirí agus d'oibrithe séasúracha eachtracha a laghdú, agus tá leasuithe breise mar chomhlánú leis a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus féachtar leis cleachtais saothair éagóra a bhrath. I mí an Mheithimh 2021, chuir **Lucsamburg** síneadh leis na socruithe cánach leis **an mBeilg** agus leis **an bhFrainc** le haghaidh oibrithe trasteorann a fhostaítear sa tír agus atá ag teilea-obair faoi láthair, ar cuireadh síneadh breise leo go dtí 31 Nollaig agus 15 Samhain, faoi seach. Tá an comhshocrú idir **Lucsamburg** agus **an Ghearmáin** ina chonradh in-athnuaite ar bhonn míosúil.

Chuir roinnt Ballstát a gcreataí in oiriúint do rannpháirtíocht agus cómhargáil

na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le Prionsabal 8 den Chólún maidir le hidirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe. I mí Feabhra 2021, ghlac **an Fhrainc** creat dlíthiúil nua don chómhargáil san earnáil phoiblí, lena n-áirítear sainiú ar na clásail atá in-idirbheartaithe, amhail printíseachtaí, agus cur chun feidhme na mbeartas cúitimh. I mí Aibreáin 2021, ghlac **an Fhrainc** athchóiriú arb é is aidhm dó an t-idirphlé sóisialta sa gheilleagar ardáin a threisiú trí thoghcháin a chur ar bun agus ionadaithe a ainmniú agus trí chomhlacht náisiúnta a chur ar bun a bheidh i gceannas ar eagrú na dtoghchán. I mí Iúil 2021, d'eagraigh **an Chipir** tionól den Bhord Comhairleach Saothair chun roinnt athchóirithe móra sa tír a phlé le comhpháirtithe sóisialta chun feidhmiú éifeachtach sásraí don chómhargáil, comhaontuithe frithpháirteacha a áirithiú, agus chun díospóidí tionsclaíocha a chosc agus a shocrú. Nuashonraigh **an Ghréig** creat dhlí an chomhshaothair, lenar cuireadh clár digiteach ceardchumann ar bun, lenar rialaíodh an ceart chun stailce agus lena méadaítear suas chuig 33 % oibriú seirbhísí íosta le linn stailceanna le haghaidh fiontair seirbhíse poiblí. Mar chuid dá Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá **an Spáinn** ag beartú feabhas a chur le feidhmiú na cómhargála trí na rialacha dlíthiúla ábhartha a leasú agus trí athruithe a áireamh leis an struchtúr idirbheartaíochta, arb í is aidhm dóibh ionadaíochas na bpáirtithe idirbheartaíochta a neartú, rud a shaibhríonn inneachar an idirphlé, agus a fheabhsaíonn an chinnteacht dhlíthiúil maidir lena chur chun feidhme agus lena iarmhairtí. Mar chuid de na hathchóirithe a mholtar ina Plean Téarnaimh agus Athléimneachta freisin, tá **an Rómáin** ag beartú an creat reachtach a leasú d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmiú an idirphlé shóisialta. **Sa Phortaingéil**, cuireadh comhaireamh na spriocdhátaí maidir le dul in éag na gcomhaontuithe comhchoiteanna ar fionraí go sealadach agus go heisceachtúil ar feadh dhá bhliain, chun bearnaí i gcumhdach cómhargála a sheachaint. Thairis sin, mar chuid de RRP na tíre, foráiltear do roinnt beart chun cómhargáil a chur chun cinn faoi raon feidhme an chláir oibre maidir le hobair chuibhiúil.

2.4 Treoirlíne 8: Comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac

Féachtar sa roinn seo ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 8, ina moltar do Bhallstáit comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac, i gcomhréir le Prionsabail 2 (maidir le comhionannas inscne), 3 (maidir le comhdheiseanna), 11 (maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí), 12 (maidir le cosaint shóisialta), 14 (maidir le hioncam íosta), 15 (maidir le hioncam seanaoise agus pinsin), 16 (maidir le cúram sláinte), 17 (maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas), 18 (maidir le cúram fadtéarmach), 19 (maidir le tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean) agus 20 (maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha) den Chólún. Tugtar anailís ar phríomhtháscairí i Roinn 2.4.1, agus tuairiscítear i roinn 2.4.2 ar bhearta beartais ó Bhallstáit i limistéar na gcóras cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta.


2.4.1 Príomhtháscairí

In ainneoin na géarchéime COVID-19, bhí ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (GDHI) per capita fós cuibheasach seasmhach ar an iomlán i measc na mBallstát in 2020. Ba sa Liotuáin a chonacthas an méadú i bhfad is mó, agus Éire agus an Pholainn ina diaidh sin – féach Fíor 2.4.1. Ba sa Spáinn a chonacthas an laghdú ba mhó, agus sa Chipir agus sa tSualainn ina diaidh sin. Chonacthas athruithe i bhfad níos lú ar fhorhmór na dtíortha AE. Mar a pléadh i roinn 2.1.1, léirítear difríochtaí earnálacha sna difríochtaí i measc na mBallstát faoin méadracht seo, i measc nithe eile, maidir le tionchar na géarchéime COVID-19, chomh maith le raon feidhme difriúil na scéimeanna tacaíochta ioncaim agus feidhmiú na gcobhsaitheoirí uathoibríocha. I roinnt Ballstát tá an t-ollioncam indiúscartha réadach per capita fós faoi bhun na luachanna a chonacthas in 2008, rud lena sonraítear iad a bheith ina dtíortha ‘faire’ (an Ostair²³³) nó ina dtíortha ‘i ngéarchás’ (an Ghréig, an Iodáil, an Spáinn agus an Chipir).

²³³ Tá ‘faire’ curtha leis an mBeilg freisin, ach leis an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) per capita os cionn an leibhéil in 2008.

Fíor 2.4.1: In ainneoin na géarchéime COVID-19, bhí ollioncaim indiúscartha teaghlaigh (GDHI) per capita fós cuibheasach seasmhach ar an iomlán i measc na mBallstát in 2020

Fás san ollioncam indiúscartha teaghlaigh réadach per capita (2008=100) in 2020 agus an t-athrú ón mbliain roimhe seo (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh BE, EE, ná RO.

Foinse: Eurostat, [tepsr_wc310].

D’fhan cion na ndaoine i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE)

cuibheasach seasmhach nó tháinig laghdú air sa chuid is mó de na Ballstáit in 2020, ach tá difríochtaí suntasacha fós ann. Sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach

na gCeart Sóisialta, shocraigh an Coimisiún an méid daoine in AROPE a laghdú faoi 15 mhilliún mar phríomhsprioc do 2030. In 2020, chonacthas na rátaí AROPE is airde sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa Ghréig agus sa Spáinn (ag 35.8 %, 33.6 %, 27.5 % agus 27 %), agus chonacthas na rátaí is ísle sa tSeicia, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin agus san Fhionlainn (ag 11.5 %, 13.8 %, 14.3 % agus 15.9 %).

I measc na dtíortha a bhfacthas leibhéil arda iontu, chláraigh an Rómáin laghdú beag (0.5 ccc) chuig 35.8 %, agus chláraigh an Bhulgáir agus an Spáinn méadú beag (0.4 ccc agus 0.8 ccc, faoi seach), ach tá ‘géarchás’ fós le sonrú iontu uile, i gcomhréir le modheolaíocht

an Scórchláir Shóisialta. Is iad seo na tíortha nach mór ‘a fhaire’: an Liotuáin dá leibhéal coibhneasta ard, agus an Ghearmáin, an Bheilg agus Éire mar gheall ar na hathruithe measartha mór atá déanta acu ar an táscaire (féach Figiúr 2.4.2).²³⁴ Sa Laitvia a tuairiscíodh an laghdú is mó sa ráta AROPE (1.6 ccc chuig 25.1 %), atá mar threocht laghdaitheach leanúnach ó leibhéal atá fós ard.


I measc na dtíortha leis na rátaí AROPE is ísle, tháinig feabhas breise ar an tSlóvaic, faoi 1.1. ccc chuig 13.8 %, agus tháinig feabhsú ar an tSeicia faoi 0.6 ccc chuig 11.5 %. Is mór iad na difríochtaí sna rátaí AROPE idir na réigiúin Eorpacha, le raon níos leithne iontu ná mar atá idir Ballstáit.

D’fhéadfadh éagothromaíochtaí mar sin teacht aníos laistigh de Bhallstát amháin, amhail an Spáinn agus an Iodáil – féach Fíor 8 in Iarscríbhinn 3.

²³⁴ Ó 2020 i leith, tarchuireann an Ghearmáin sonraí maidir leis an táscaire AROPE chuig EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) atá difriúil ón gceann roimhe seo, chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí is bunús leis tar éis an athraithe sa táscaire bhaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) in 2021. Cuireadh i dtábhacht leis an athrú sin freisin go ndearnadh gannmheastachán ar AROPE nuair a rinneadh tomhas air leis an modheolaíocht roimhe seo, agus gur briseadh atá ann sin in amshraitheanna na sonraí. Ós rud é gur briseadh sna hamshraitheanna atá mar thoradh ar an athrú sin, d’fhoilsigh Eurostat luach measta 2019 AROPE don Ghearmáin, atá inchomparáide leis an gceann do 2020 ar a bhfuil an anailís reatha ag brath.

Fíor 2.4.2: D’fhan cion na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta seasmhach nó tháinig laghdú air i bhformhór na mBallstát, ach tá difríochtaí leathana fós ann

Cion an daonra atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (%), leibhéil 2020 agus athruithe ón mbliain roimhe seo (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh IT, agus is sealadach iad le haghaidh FR, LV, agus PL. Tá briseadh ann sa tsraith le haghaidh BE, IE agus LU. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí maidir le táscaire AROPE chuig an EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) ar difriúil ón gceann roimhe seo é. Ós rud é gur briseadh sna hamshraitheanna atá mar thoradh ar an athrú sin, d’fhoilsigh Eurostat luach measta 2019 AROPE don Ghearmáin, atá incomparáide leis an gceann do 2020 ar a bhfuil an anailís reatha ag brath. Tá sainiú ag an bpríomhtháscaire atá cuibheasach difriúil ó shainiú an phríomhtháscaire a bhí ann díreach roimhe [ilc_peps01] tar éis na leasuithe a rinneadh air in 2021.²³⁵ Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat, [tepsr_lm410].

²³⁵ Tá sé sin amhlaidh de bharr an ‘ráta géardhiathachta ábhartha agus sóisialta’ ag teacht in ionad na hiar-chomhpháirte ‘ráta diandhiathachta ábhartha’. Féach mionsonraí ar [an suíomh gréasáin gaolmhar le Eurostat](#). Bhog an táscaire ‘Daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoríseal’ ón aoisghrúpa 0-59 chuig 0-64 idir 2019 agus 2020.

Chuidigh idirghabhálacha meara na rialtas le tionchar na paidéime ar rioscaí bochtaineachta ioncaim, ar ghéardhíothacht ábhartha agus shóisialta, agus ar chion na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh ghar-dhífhostaíochta a mhaolú. D’fhan táscaire ráta riosca na bochtaineachta (AROP) do 2020 (bunaithe ar EU-SILC, agus a thagraíonn do leibhéal ioncaim in 2019) cuibheasach seasmhach le haghaidh gach Ballstát (féach painéal uachtair d’Fhíor 2.4.3). De réir thobmheastacháin Eurostat (a thagraíonn d’ioncaim 2020)²³⁶, bhí a mhéadú srianta ina leath de na Ballstáit ar a laghad i gcomparáid le 2019 (agus tháinig meath beag air san Eastóin, sa Liotuáin, san Fhionlainn, sa Rómáin agus sa tSeicia). Meastar méadú beag a bheith ann mar sin féin sa Ghréig, sa Spáinn, sa Chróit, sa tSlóivéin agus chonacthas méadú níos lú san Iodáil. D’fhan an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta²³⁷ fós seasmhach ar an iomlán in 2020, cé gur bheag cóineasaithe a chonacthas ann. Cé gur taifeadadh laghduithe teoranta i roinnt bheag tíortha (an Liotuáin, an tSlóvaic, an Pholainn agus an Ghréig), chonacthas seasmhacht nó méaduithe beaga i roinnt eile (an Spáinn, an Bhulgáir agus an Rómáin). D’fhan cion na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe (de réir staid na fostaíochta in 2019)²³⁸ seasmhach freisin, agus feictear na hiarrachtaí beartais céanna chun srian a chur le caillteanais poist. Is eisceachtaí dearfacha suntasacha iad an tSlóvaic, an Chipir, agus an Phortaingéil (le meathlú 2, 1.3 agus 1.2 ccc iontu faoi seach), agus chonacthas méaduithe sa Fhrainc agus sa Ghearmáin (1.7 agus 1.2 ccc iontu faoi seach).


²³⁶ Arna bhfoilsíú i mí Iúil 2021, ar fáil ar [shuíomh gréasáin Eurostat](#). Rinneadh rochtain air an 16 Meán Fómhair 2021. Ní phléitear ach amháin athruithe suntasacha ó thaobh staitistice de. Níl meastacháin ar fáil do Mhálta agus tá miondealuithe ar iarraidh i gcás na Fraince agus na Rómáine.

²³⁷ Tagann an táscaire ‘géardhíothachta ábhartha agus sóisialta’ in ionad an táscaire ‘ráta géardhíothachta ábhartha’ mar chomhpháirt den ráta AROPE, lena dtugtar isteach sraith leathnaithe míreanna díothachta – féach an tsraith míreanna nua ar [an Leathanach Gluaise gaolmhar le Eurostat](#) agus tuilleadh sonraí sa [nóta a ghabhann leis an bhFoghrúpa Táscairí de chuid an Choiste um Chosaint Shóisialta](#).

²³⁸ Na teaghlaigh inar oibrigh aosaigh (iad siúd idir 18-64 bliana d’aois, seachas mic léinn idir 18-24 bliana d’aois agus daoine atá ar scor de réir a stádais eacnamaíoch fhéinsainithe reatha nó a fhaigheann aon phinsean (seachas pinsean marthanóirí), chomh maith le daoine san aoisraon 60-64 atá neamhghníomhach agus a chónaíonn i dteaghlach arb iad pinsin an príomhioncam iontu) níos lú ná 20 % dá gcomhacmhainneacht ama oibre le 12 mhí anuas.

Fíor 2.4.3: Chonacthas buanú ar na feabhsuithe ó 2015 sna comhpháirteanna AROPE freisin i rith na géarchéime le haghaidh beagnach gach Ballstát a bhuí d'idirghabhálacha beartais a glacadh

Comhpháirteanna den phríomhtháscaire i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (% , 2015, 2019, 2020)



Nóta: rangáitear na táscairí de réir rátaí AROPE in 2020. Níl sonraí le haghaidh IT ar fáil. Tagann an táscaire ‘géardhiathachta ábhartha agus sóisialta’ in ionad an táscaire ‘ráta géardhiathachta ábhartha’. Bhog an táscaire ‘Daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoriseal’ ón aoisghrúpa 0-59 chuig 0-64 idir 2019 agus 2020. Ó 2020 i leith, tarchuireann an Ghearmáin sonraí maidir le táscaire AROPE chuig an EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) ar difriúil ón gceann roimhe seo é. Ós rud é gur briseadh sna hamshraitheanna atá mar thoradh ar an athrú sin, d’fhoilsigh Eurostat luach measta 2019 AROP don Ghearmáin, atá inchomparáide leis an gceann do 2020 ar a bhfuil an anailís reatha ag brath.

Foinse: Eurostat, [[tessi010](#), [tepsr_lm420](#), [tepsr_lm430](#)].


Bhí an ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta i gcás leanaí (0-17) fós cobhsaí, a bheag nó a mhór, ar an meán in 2020, ach bhí éagsúlachtaí móra ann idir tíortha.

Tugann sonraí an tsuirbhé agus meastacháin shealadacha Eurostat le fios go raibh an ráta AROPE do leanaí agus a chomhpháirteanna cobhsaí, a bheag nó a mhór, in 2020. Laghdaigh AROPE do leanaí faoi bhreis agus 0.5 ccc in 11 Bhallstát idir 2019 agus 2020, agus bhí na laghduithe ba shuntasáí le feiceáil sa tSlóvaic, an tSualainn agus sa Liotuáin (ag thart ar 3 ccc). Os a choinne sin, d'ardaigh sé in 11 Bhallstát, leis na méaduithe is mó sa Ghearmáin, san Ostair agus sa Rómáin (6.5 ccc, 1.8 pointe céatadáin agus 1.5 ccc, faoi seach). Cuirtear bratach leis an Rómáin, leis an nGréig, leis an Spáinn agus leis an mBulgáir le tabhairt le fios go bhfuil siad i 'gcásanna criticiúla' sa Scórchlár Sóisialta. Ina theannta sin, tá leibhéil bhochtaineachta sa Rómáin, san Ostair agus sa Spáinn atá i bhfad níos airde do leanaí ná don daonra foriomlán (faoi 5.7, 5.2 agus 4.8 ccc faoi seach). Is lú seans go n-éireoidh go maith le leanaí, a fhásann aníos leis an mbochtaineacht nó eisiaimh sóisialta, ar scoil, go mbeidh sláinte mhaith acu agus go mbainfidh siad lán a gcumais amach níos deireanaí sa saol. Mar a leagtar béim air sa chreat tagarmharcála ar chúram leanaí agus tacaíocht do leanaí, tá an ráta bochtaineachta níos airde i measc leanaí ná an chuid eile den daonra agus tá tionchar na n-aistrithe sóisialta ar bhochtaineacht leanaí i bhfad níos ísle ná meán an Aontais i roinnt Ballstát (amhail an Spáinn, an Rómáin, Málta, an Iodáil, an Bhulgáir agus an Phortaingéil).²³⁹ Tá an ráta AROPE do leanaí, arna dtógáil ag tuismitheoir aonair nó i dteaghlaigh ina bhfuil breis agus 3 leanbh nó teaghlach ag a bhfuil cúlra imirceach nó Romach, suas le trí oiread níos airde ná an ráta do leanaí eile.

²³⁹ Ní mheastar aistrithe sóisialta comhchineáil san anailís seo, lena n-áirítear oideachas agus cúram luath-óige in aisce, oideachas in aisce, agus cúram sláinte in aisce i measc nithe eile.

Fíor 2.4.4: Bhí sciar na leanaí a bhí i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta fós cobhsaí ach bhí éagsúlachtaí móra ann idir tíortha an Aontais

Sciar na leanaí (daoine faoi bhonn 17 mbliana d'aois) atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (%), leibhéil 2020 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh IT, agus is sealadach iad le haghaidh FR, LV, agus PL. Tá briseadh ann sa tsraith le haghaidh BE, IE agus LU. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí maidir le táscaire AROPE chuig an EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) ar difriúil ón gceann roimhe seo é. Ós rud é gur briseadh sna hamshraitheanna atá mar thoradh ar an athrú sin, d’fhoilsigh Eurostat luach measta 2019 AROPE don Ghearmáin, atá inchomparáide leis an gceann do 2020 ar a bhfuil an anailís reatha ag brath. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).


Foinse: Eurostat, [tepsr_lm412].

Bosca Cholún 4: Comhrac an eisiaimh shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do leanaí

Socraíonn Colún Eorpach na gCeart Sóisialta roinnt prionsabail ábhartha le haghaidh folláine agus forbartha leanaí. Deir Prionsabal 11 (cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) go bhfuil an ceart ag leanaí oideachas luathóige inacmhainne agus cúram ardchaighdeán a fháil, chomh maith le cosaint ar bhochtaineacht. Tá leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste i dteideal bearta sainiúla chun comhdheiseanna a fheabhsú. Dearbhaíonn Prionsabal 1 (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil) an ceart ar oideachas ardchaighdeán ionchuimsitheach, agus Prionsabal 3 (comhdheiseanna) ar chóir chomhionann agus comhdheiseanna maidir le cosaint shóisialta, oideachas agus rochtain ar earraí agus seirbhísí atá ar fáil don phobal.

Tá líon na leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta san Aontas ard go fóill, áfach. Bhí 19.6 milliún leanbh (24.2 %) san Aontas sa chás seo in 2020. Bíonn leanaí níos neamhchosanta ar bhochtaineacht ná daoine fásta i bhformhór na mBallstát (féach an chairt). Bheartaigh an Plean Gníomhaíochta ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go laghdófaí líon na leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta faoi 5 mhiliún ar a laghad faoi 2030.

Sciar na leanaí (0-17) atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) i gcomparáid le daoine fásta (18+), (%), (2020)



Nóta: Níl sonraí ar fáil le haghaidh IT. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí maidir le táscaire AROPE chuig an EU-SILC ó shuirbhé (an 'Mikrozensus') ar difriúil ón gceann roimhe seo é. Ós rud é gur briseadh sna hamshraitheanna atá mar thoradh ar an athrú sin, d'fhoilsigh Eurostat luach measta 2019 AROPE don Ghearmáin, atá inchomparáide leis an gceann do 2020 ar a bhfuil an anailís reatha ag brath.

Foinse: Eurostat, táscaire [[ilc_peps01n](#)].

Tá tábhacht ar leith ag baint le hoideachas agus cúram luathóige ardchaighdeán chun an bearna i ngnóthachain oideachais saolré na leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a dhúnadh agus chun rannpháirtíocht a dtuismitheoirí sa mhargadh saothair a chumasú, ag méadú ioncaim na dteaghlach dá réir sin. Ar an meán san Aontas, bhí 35.3 % de leanaí faoi bhonn 3 bliana d’aois agus 89.6 % de leanaí ar aois idir 3 agus an íos-aois éigeantach scoile cláraithe i gcúram leanaí institiúideach in 2019. I roinnt Ballstát, áfach, bhí na figiúir faoi seach faoi 10 % agus 60 % don dá ghrúpa seo, faoi seach (féach Caibidil 2.2.1).

Bhunaigh moladh na Comhairle ón 14 Meitheamh 2021 Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí chun eisiaimh sóisialta leanaí a chosc agus a chomhrac agus rochtain ar thacar príomhsheirbhísí a ghealladh. Iarrann sé ar Bhallstáit rochtain shaor in aisce agus éifeachtach ar chúram sláinte, oideachas agus cúram luathóige (féach roinn 2.2.1), gníomhaíochtaí oideachais agus scoil-bhunaithe, agus béile shláintiúil amháin ar a laghad gach lá scoile, chomh maith le rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus tithíocht leordhóthanach, a sholáthar do leanaí AROPE. Is príomhghné de Straitéis chuimsitheach an Aontais maidir le Cearta an Linbh é an Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí.²⁴⁰ Cuirfidh na Ballstáit a bpleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir leis an mbealach an moladh a chur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Márta 2022, ag cuimsiú na tréimhse go dtí 2030. Samhlaíonn an moladh próisis láidre rialachais agus faireacháin, lena n-áirítear tuarascálacha débhlíantúla ó na Ballstáit agus tuarascáil ón gCoimisiún don Chomhairle 5 bliana tar éis a ghlactha. Shocraigh an Coiste um Chosaint Shóisialta creat tagarmharcála i mí Dheireadh Fómhair 2021 i réimse an chúraim leanaí agus tacaíocht do leanaí, ag sainathint táscairí torthaí agus feidhmíochta chomh maith le réimse faisnéis chomhthéacsúil – féach roinn 1.4 le haghaidh sonraí.

²⁴⁰ Arna ghlacadh ar an 24 Márta 2021, ar fáil [ar líne](#). I dteannta ghné an eisiaimh shocheacnamaíoch, na sláinte agus an oideachais, arna gclúdach ag an Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí, tá 5 réimse théamacha eile ag an Straitéis: rannpháirtíocht leanaí sa saol polaitiúil agus daonlathach; foréigean in aghaidh leanaí a chomhrac agus cosaint leanaí, ceartas a thacaíonn le leanaí, sochaí dhigiteach agus faisnéise, agus an ghné dhomhanda a chinntiú.

D'eascair idirghabhálacha píolótacha beartais ó UNICEF as Céim III an réamhbhírt le haghaidh na Ráthaíochta i dtaobh Leanaí i gceithre Bhallstát. Sa Bhulgáir, mar chuid de chlár na cuairte tí, fuair breis agus 2 600 teaghlach ag a raibh leanaí óga tacaíocht idir Deireadh Fómhair 2020 agus Iúil 2021. An aidhm a bhí aige ná cúram cothaitheach a chinntiú do leanaí faoi bhonn 3 bliana d'aois agus do mhná atá torrach. Bhí foireann na cuairte tí oilte maidir le forbairt na luathóige agus rannpháirteachas aithreacha. Cuireadh comhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear leanaí, le forbairt an Phlean Ghníomhaíochta Náisiúnta ar athchóiriú cúraim leanaí **sa Ghréig**. Tacóidh tionscadal píolótach i réigiún Attica le leanaí i gcúig institiúid athmheascadh lena dteaghlaigh bhreithe nó iad a chur faoi chúram teaghlach eile agus seirbhísí cúraim pobalbhunaithe. Cuireadh 13 Champa Nuálaíochta agus Cruthaitheachta digitithe chun feidhme ar líne i meánscoileanna uachtaracha **san Iodáil**, clár lenar bhain breis agus 1 400 scoláire. Fuair lárionad um leas sóisialta sa **Chróit** tacaíocht chun a chlár tacaíochta tuismitheoireacht a leathnú, clár a shroich breis agus 100 tairbhí.

Mhéadaigh leithead na bochtaineachta beagán in 2019 i gcomparáid le 2018. Níor fheabhsaigh an bhearna bochtaineachta²⁴¹ agus mhéadaigh sé beagán uaireanta (SILC 2020). Bhí an bearna ba leithne (thar 25 %) san Ungáir, sa Rómáin, sa Ghearmáin, sa Spáinn, sa Laitvia, sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Ghréig. Mhéadaigh sé don dara bliain as a chéile sa Ungáir agus mhéadaigh sé go suntasach (7.4 ccc). Taifeadadh méaduithe i dtíortha ina bhfuil na leibhéil níos ísle ná an meán (faoi 5 ccc sa Fhrainc; faoi 2 ccc sa Phortaingéil). Bhí sé cobhsaí fós, a bheag nó a mhór, i mBallstáit eile in ainneoin na bhfeabhsuithe foriomlána sa chás socheacnamaíoch roimh an bpaindéim (seachas Lucsamburg agus an Liotuáin ina raibh laghdú 6.9 ccc agus 2.8 ccc faoi seach). Tá bochtaineacht níos doimhne i measc daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gar-dhífhostaithe²⁴², ag thart ar 40 % den Aontas in 2019 don daonra 18-64. Tá na bearnaí is leithne bochtaineachta don ghrúpa seo le fáil sa Rómáin, san Iodáil, sa Bhulgáir, sa Laitvia agus sa tSlóvaic (iad ar fad thar 50 %), agus roinnt dearóiliúcháin i ngach ceann acu. Tá an táscaire níos ísle ná 20 % san Ísiltír, san Fhionlainn agus in Éirinn. Feictear an méadú is mó san Ungáir (+14.9 ccc). Tugann rátaí arda dúshláin le leordhóthanacht agus clúdach an tsochair le fios.

²⁴¹ Is ionann sin agus an fad atá ioncam airmheáin na ndaoine atá i mbaoil bochtaineachta ón tairseach bochtaineachta. Eurostat, táscaire [[ilc_li11](#)]. Aoisghrúpa: Iomlán. Úsáideann an táscaire faisnéis ioncaim ón mbliain roimhe sin, agus tugann luachanna 2020 tuairisc ar an gcás in 2019 dá réir sin.

²⁴² Ríomhann Eurostat (gan fhoilsiú) an táscaire mar an bhfad idir glanioncam foriomlán airmheáin choibhéisithe na ndaoine - ag a bhfuil an t-ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun na tairsí, a fhágfadh go bhfuiltear i mbaol bochtaineachta, agus a chónaíonn i dteaghlach ina bhfuil an déine oibre an-íseal - agus an tairseach, a fhágfadh go bhfuiltear i mbaol bochtaineachta, arna chur in iúl mar chéatadán den tairseach, a fhágfadh go bhfuiltear i mbaol bochtaineachta. Tá an tairseach seo socraithe ag 60 % d'ioncam indiúscartha airmheáin náisiúnta gach duine i dtír agus ní don Aontas ina iomláine.

Is mó seans go mbeadh daoine faoi mhíchumas, mná agus daoine in aois oibre go háirithe, i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta in 2020. Bhí 28.9 % de dhaoine faoi mhíchumas san Aontas i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i gcomparáid le 19 % nach raibh in 2020, lena dtaifeadtar méadú ó 28.4 % in 2019.²⁴³ Bhí an ráta ab airde sa Bhulgáir (52.3 %), san Eastóin (40.4 %), sa Laitvia (39.3 %), sa Liotuáin (38.7 %), sa Chróit (38.2 %) agus bhí an ráta ab ísle sa tSlóvaic, sa Danmhairg, san Fhionlainn agus san Ostair (idir 20.3 % agus 22.3 %). I measc na ndaoine faoi mhíchumas, bhí mná i mbaol ní ba mhó (29.9 %, i gcomparáid le 27.7 % d'fhir), mar a bhí daoine idir 16-64 (34.3 %, i gcomparáid le 23.2 % dóibh siúd a bhí ní ba shine ná 65 bliana). Bhí tionchar díréireach ag géarchéim COVID-19 ar dhaoine faoi mhíchumas agus rinneadh na rioscaí eisiaimh²⁴⁴ a bhí ann cheana ní ba mheasa, go háirithe ó thaobh rochtain ar chúram sláinte, ar an oideachas, ar an bhfostaíocht agus ar sheirbhísí tacaíochta ar líne, go háirithe dóibh siúd a bhí ina gcónaí in institiúidí²⁴⁵.

Tá sciar na daoine ag a bhfuil cúlra imirceach agus Romach, agus atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta i bhfad níos airde ná an meán. Tá rátaí AROPE dóibh siúd a rugadh lasmuigh den Aontas i bhfad níos airde (thart ar dhá oiread níos mó) in 2020 i gcomparáid leo siúd a rugadh²⁴⁶ sna Ballstáit ag a bhfuil na leibhéil is airde (53 % vs 26.9 % sa Ghréig, 52.6 % vs 21.3 % sa Spáinn, 45.2 % vs 20.4 % sa Ghearmáin, agus 44.6 % vs 15 % sa Bheilg). Maireann idir 72 % agus 80 % de Romaigh ar fud an Aontais le hioncam níos ísle ná an tairseach náisiúnta faoi seach, a fhágfadh go bhfuiltear i mbaol na bochtaineachta - cás a d'éirigh ní ba mheasa de bharr chailleadh na bpost sa phaindéim. Tá cúrsaí níos measa do leanaí Romacha.²⁴⁷

²⁴³ Táscaire Eurostat [[hlth_dpe010](#)], bunaithe ar EU-SILC, a chumhdaíonn daoine in aois 16 agus níos sine. Bunaithe ar choincheap tháscaire srianta na gníomhaíochta domhanda, meastar go bhfuil daoine faoi mhíchumas má tá roinnt srianta, nó srianta diana, gníomhaíocht acu.

²⁴⁴ An Coimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe 2021*, June 2021 [Forbairtí Fostaíochta agus Sóisialta san Eoraip 2021, mí an Mheithimh 2021]

²⁴⁵ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, *Policy Brief: A Disability-Inclusive Response to COVID-19* [Achoimre ar Bheartas: Freagairt, a Chuimsíonn Míchumais, ar COVID-19], Bealtaine 2020

²⁴⁶ Arna thaispeáint ag táscairí Eurostat [[ilc_peps06](#)], [[ilc_li33](#)] agus [[ilc_iw16](#)], AROPE, AROP agus AROP ag a bhfuil post.

²⁴⁷ Féach na mionsonraí agus na tagairtí i gcreat straitéiseach an Aontais do na Romaigh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, SWD(2020) 530 final.

Lean bochtaineacht fuinnimh air ag laghdú ar fud an Aontais, ach tá cúrsaí criticiúil do dhaoine atá faoi thairseach na bochtaineachta. Shroich sciar na ndaoine nach raibh in ann a dtithe a théamh go leordhóthanach 8.2 % in 2020.²⁴⁸ Shroich an sciar seo 20.1 % in 2020 do dhaoine ag a bhfuil ioncam faoi thairseach na bochtaineachta, i gcomparáid ghéar le 5.8 % de dhaoine thar an tairseach. Is fadhb í an inacmhainneacht, go háirithe i roinnt Ballstát i nDeisceart agus Oirthear na hEorpa, go háirithe an Bhulgáir, an Liotuáin, an Chipir, an Phortaingéil agus an Ghréig. Baineann praghsanna fuinnimh níos ísle le baol bochtaineachta fuinnimh méadaithe. An 13 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le *Tackling rising energy prices*²⁴⁹ [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde], lenar cuireadh bosca uirlisí i láthair chun dul i ngleic le tionchar láithreach na méaduithe (reatha) ar phraghsanna tobanna, agus athléimneacht a neartú in aghaidh suaite amach anseo. Mar a fógraíodh sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, agus d’fhonn aistriú chóir i dtreo aeráidneodrachta a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh Moladh ón gComhairle faoi dheireadh 2021 chun tuilleadh treoraíochta a sholáthar do na Ballstáit maidir leis an mbealach dul i ngleic le gnéithe sóisialta agus saothair an aistrithe ghlais.²⁵⁰ Ní mór faireachán a dhéanamh go cúramach ar phraghsanna fuinnimh atá ag athrú agus na tionchair dáileacháin, agus tá gá le córais chúitimh a chur i bhfeidhm amach anseo.

²⁴⁸ De réir an táscaire Eurostat [[ilc_mdes01](#)]. Nóta: tugtar briseadh sa tsraith le fios do mheán an Aontais agus don Bheilg, don Ghearmáin, d’Éirinn agus do Lucsamburg in 2020 chomh maith.

²⁴⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Tackling rising energy prices: a toolbox for action and support* [Dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde: sraith straitéisí i gcomhair gníomhaíochta agus tacaíochta], COM/2021/660 final


²⁵⁰ Fógraíodh an togra i dTeachtaireacht Chapeau ‘Oiriúnach do 55’ (COM/2021/550 final) agus in aithris 18 den togra chun Ciste Aeráide Sóisialta a bhunú (COM/2021/568 final)

Bhí neamh-ionannas ioncaim cobhsaí nó ag laghdú fiú i bhformhór na mBallstát roimh ghéarchéim COVID-19. Tugann sonraí suirbhé le fios go raibh sciar ioncaim an 20 % ab airde den dáileadh ioncaim, ar an meán, cúig oiread níos mó ná sciar an 20 % ab ísle in 2019 san Aontas (bliain tagartha ioncaim an táscaire) – féach Fíor 2.4.5. Chonacthas na laghduithe ba mhó sa neamh-ionannas ioncaim roimh an bpaindéim sa Rómáin, i Lucsamburg, sa tSlóvaic, sa Pholainn, sa Liotuáin, sa Chipir agus sa Laitvia. Tugadh méaduithe láidre sa neamh-ionannas foriomlán faoi deara i Málta, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin (baineann an ceann deireanach le briseadh sa tsraith d’ainneoin sin). Tá an Ghearmáin, an Bhulgáir, an Laitvia agus an Liotuáin i ‘gcásanna criticiúla’ toisc gur chláraigh siad leibhéil arda agus méaduithe, nó laghduithe sách beag, sa neamh-ionannas. Is mór iad na éagothromaíochtaí réigiúnacha i measc na réigiún Eorpach agus, mar atá i gcás na rátaí AROPE, féadfaidh siad bheith leathan laistigh de Bhallstát amháin – féach Fíor 4 in Iarscríbhinn 3. Mar a pléadh i gCaibidil 1, léiríonn meastacháin shealadacha Eurostat go raibh cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) cobhsaí²⁵¹ san Aontas ina iomláine in 2020, cé go meastar gur laghdaigh ioncam fostaíochta (margaidh) faoi 10 % do na chéad chúigilí ioncaim agus faoi 2 % don chúigiú cúigil ioncaim. Bhí páirt mhór ag an tacaíocht phoiblí a cuireadh i bhfeidhm, lena n-áirítear obair ghearr-ama agus scéimeanna coinneála post eile (féach Caibidil 2.1.1), chomh maith le feidhmiú na gcobhsaitheoirí uathoibríocha leis na córais chánach agus sochair, chun an toradh seo a bhaint amach. Treisíodh na sásraí seo in go leor cásanna chun iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 a laghdú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil an tionchar, i dtéarmaí ioncam indiúscartha, nach mór mar an gcéanna ar fud dháileadh an ioncaim fhoriomláin, lena bhfuil méadú measta ar ioncaim indiúscartha faoi 2 % don chéad chúigil agus thart ar athrú ar bith don chúigiú cúigil.

²⁵¹ Chonacthas nach raibh an t-athrú measta suntasach, ó thaobh staidrimh de, i bhformhór na mBallstát.

Fíor 2.4.5: Laghdaigh neamh-ionannas ioncaim nó bhí sé fós cobhsaí i bhformhór na mBallstát a bhuí leis an tacaíocht phoiblí ollmhór agus feidhmiú na gcobhsaitheoirí uathoibríocha

Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20), leibhéal 2020 agus athruithe ón mbliain roimhe (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)




Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh IT, agus is sealadach iad le haghaidh FR, LV, NL, PL agus SK. Tá briseadh ann sa tsraith le haghaidh BE, DK, DE, IE agus LU. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí ar an táscaire chuig EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) atá difriúil leis an gceann roimhe sin. Níl na sonraí ó bhlianta difriúla inchomparáide a thuilleadh dá thoradh sin. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat, [\[tessi180\]](#).

Tá cruth na neamh-chomhionannas ioncam thar an dáileadh ioncaim an-éagsúil ar fud Bhallstáit an Aontais. Spreag méaduithe ag ceann íochtair an dáileacháin ioncaim, ar an meán, méaduithe i neamh-chomhionannais le deich mbliana anuas (féach an Ciste um Aistriú Cóir 2021). Bíonn neamh-ionannais ioncaim níos airde ag ceann íochtair agus ceann uachtair an dáileacháin ioncaim de ghnáth i mBallstáit ina bhfuil neamh-ionannas ioncaim níos airde ar an iomlán (S80/S20) ná meán an Aontais, mar a thugtar le fios sna cóimheasa idir cúigilí ioncaim faoi seach (S50/S20 agus S80/S50) – féach Fíor 2.4.6. Tá sé seo níos soiléire ag an gceann íochtair (S50/S20), áfach, mar atá i gcás na Rómáine, na Laitvia, na Gearmáine, na hIodáile agus na Spáinne. Spreagann neamh-chomhionannas níos airde ag an gceann íochtar neamh-ionannas foriomlán i dtíortha faoi mheán an Aontais chomh maith, amhail an Chróit, an Eastóin, an tSlóvaic agus an tSualainn. I mBallstáit eile (an Bhulgáir, an Chipir, Éire, an Liotuáin, Málta agus an Phortaingéil), eascraíonn an neamh-ionannas foriomlán as neamh-chomhionannas níos airde S80/S50 níos mó.

Fíor 2.4.6. Tá cruth na neamh-chombhionannas ioncaim thar an dáileadh ioncaim an-éagsúil ar fud na mBallstát

Cóimheasa idir cúigilí S80/S20, S80/S50 agus S50/S20 (2020)



Nóta: Níl sonraí ar fáil le haghaidh IT i gcomhair 2020. Úsáidtear luachanna 2019.

Foinse: Eurostat [\[tessi180\]](#), [\[ilc_di11d\]](#), [\[ilc_di11e\]](#)

I ngeall ar an bpaindéim COVID-19, léiríonn luath-mheastacháin ar chaiteachais cosanta sóisialta in 2020 le haghaidh 20 mBallstát²⁵² leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh agus méaduithe móra, i gcomparáid le 2019. Ar an iomlán, mhéadaigh caiteachas ar chosaint shóisialta faoi EUR 237 billiún (thart ar +8 %) thar 2019. Cuimsíonn na méaduithe ar fud na mBallstát ó níos lú ná 5 % sa tSualainn, sa Danmhairg agus sa Chróit go breis agus 20 % in Éirinn agus i Málta. Spreag níos mó caiteachais ar shochair dhífhostaíochta, lena n-áirítear sochair arna n-íocadh faoi scéimeanna oibre gearr-ama (EUR +101 billiún, nó +75 %) na méaduithe thar 2019-20. Chonacthas méaduithe freisin ar chaiteachas a bhain le heisiamh sóisialta (+14 %), tithíocht (+7 %), sochair a bhain le teaghlaigh/leanaí (+6 %), breoiteacht/cúram sláinte (+6 %), agus sochair seanaoise (+3 %). I dtéarmaí coibhneasta, i measc na 20 mBallstát a thuairiscigh, chonacthas méaduithe ar chaiteachas ar shochair dhífhostaíochta²⁵³ ní ba mhó ná 100 % san Ostair, sa tSeicia, sa Phortaingéil, in Éirinn, san Eastóin agus i Málta. Mhéadaigh caiteachas ar bhreoiteacht/chúram sláinte faoi bhreis agus 10 % sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa tSeicia, sa Danmhairg, in Éirinn, sa Chipir, sa Laitvia, san Ungáir, i Málta agus sa Phortaingéil. Mhéadaigh caiteachas ar chosaint shóisialta go láidir mar sciar de OTI, ó 27.6 % in 2019 go 31.1 % in 2020 (+3.5 ccc), mar thoradh i bpáirt freisin ar an titim i leibhéal foriomlán OTI in 2020.


²⁵² Foinse: Eurostat, [Luath-mheastacháin - Cosaint shóisialta - Eurostat. \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat/tgm/table.do?tab=table&init=1&language=en&plugin=1) ag cumhdach BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, IE, FR, HR, IT, LV, LT, HU, MT, AT, PL, PT, SI agus SE B'ionann na 20 mBallstát seo agus timpeall 79 % de OTI AE-27 in 2019 (agus 82 % de chaiteachas ar chosaint shóisialta).

²⁵³ Lena n-áirítear cúiteamh as socruithe oibre gearr-ama.

Bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú bochtaineachta cobhsaí in AE-27 ó bhí 2015 ann ach tá éagsúlacht le feiceáil i measc na mBallstát. Laghdaigh aistrithe sóisialta (seachas pinsin) an ráta i mbaol na bochtaineachta faoi thart ar thrían (32.7 %) in 2020 (ag tagairt d'ioncaim 2019). Bhí éagsúlachtaí suntasacha ar fud na mBallstát, áfach, idir thart ar 16 % sa Rómáin agus níos mó ná 50 % sa Danmhairg, san Fhionlainn, agus in Éirinn. In 2020 (ag tagairt d'ioncaim 2019), bhí luachanna níos airde agus méaduithe i gcúig Bhallstát: an Fhrainc agus an Danmhairg (na gníomhaithe ab fhearr), chomh maith leis an mBeilg, an Ungáir agus Lucsamburg (a bhfuil briseadh sa tsraith, áfach). Bhí éifeacht an laghdaithe bochtaineachta faoi bhonn an mheáin thar an tréimhse chéanna agus bhí sé cobhsaí, a bheag nó a mhór, sa Rómáin, sa Spáinn agus an Laitvia, ach laghdaigh sé go substaintiúil sa Bhulgáir, i Málta agus sa Chróit, ag fágáil go bhfuil na sé cinn acu i 'gcás criticiúil'. Léiríonn an táscaire claonadh i leith na héagsúlachta thar na Ballstáit. Tá na héagsúlachtaí mór thar réigiúin san Aontas, ach taifeadadh luachanna an-íseal i réigiúin i ndeisceart na hIodáile, i bhformhór na réigiún sa Rómáin agus i réigiúin áirithe sa Ghréig agus sa Chróit – féach Fíor 9 in Iarscríbhinn 3.

Fíor 2.4.7: Tá tionchar laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe sóisialta éagsúil ar fud na mBallstát

Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, leibhéal 2020 agus athruithe ón mbliain roimhe (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh IT, agus is sealadach iad le haghaidh FR, LV, agus PL. Tá briseadh ann sa tsraith le haghaidh BE, DK, DE, IE agus LU. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí ar an táscaire chuig EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) atá difriúil leis an gceann roimhe sin. Ós rud é gur briseadh sna hamshraitheanna atá mar thoradh ar an athrú sin, d’fhoilsigh Eurostat luach measta 2019 AROP don Ghearmáin, atá incomparáide leis an gceann do 2020 ar a bhfuil an anailís reatha ag brath.

Foinse: Eurostat, [[tespm050](#)].

Tá éagsúlacht nach beag i dtéarmaí chumhdach na cosanta sóisialta, imeasc oibrithe neamhchaighdeánacha go háirithe. Ar an meán, tá sciar na ndaoine in aois oibre (16-64) atá i mbaol bochtaineachta agus a fhaigheann cosaint shóisialta (ar leibhéal duine aonair²⁵⁴) níos airde i measc fostaithe ag a bhfuil conradh sealadach (41 %) ná mar atá i measc iad siúd a bhfuil conradh buan acu (26 %). Ach is mór idir na Ballstáit: faoi 25 % atá an cumhdach sa Chróit, sa Pholainn, sa Phortaingéil, i Málta, san Ungáir, sa tSlóvaic agus sa Ghréig – tuairiscíonn roinnt de na tíortha seo (amhail an Pholainn, an Phortaingéil agus an Chróit) leibhéal ard conarthaí sealadacha freisin. Tá sé íseal freisin i measc daoine féinfhostaithe (12.9 %) i gcomparáid le fostaithe (31 %), a léiríonn rochtain níos ísle ar chosaint shóisialta do dhaoine féinfhostaithe. Ar deireadh, cé go bhfuair leath (52 %) de na daoine neamhfhostaithe sochair shóisialta san Aontas, bhí an sciar seo faoi 15 % sa Chróit, sa Ghréig, sa Rómáin, sa Pholainn, sa tSlóvaic agus sa Bhulgáir. I gcodarsnacht leis an méadú suntasach le déanaí ar líon na bhfaighteoirí sochar dífhostaíochta²⁵⁵, níor thaifead formhór na mBallstát méaduithe ar fhaighteoirí sochair chúnamh shóisialta. I mórán Ballstát (an Bheilg, an tSeicia, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Phortaingéil agus an tSlóivéin), áfach, mhéadaigh líon fhaighteoirí na sochar seo go suntasach ag pointe éigin thar 2020.²⁵⁶

²⁵⁴ De réir an táscaire ar rochtain éifeachtach formhuinithe i gcomhthéacs an chreata faireacháin ar rochtain ar chosaint shóisialta (ráta faighte sochair don daonra atá i mbaol na bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta).

²⁵⁵ Féach caibidil 2.3.1 ar fháil sochar dhífhostaíochta.

²⁵⁶ Féach Tábla 7, arna chur le chéile ó bhailiúchán sonraí CCS in [*Athbhreithniú Bliantúil CCS ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta agus forbairtí ar bheartais na cosanta sóisialta, 2021*](#).

Bosca Cholún 5: **Rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach**

Ghlac an Chomhairle Moladh ar rochtain ar chosaint shóisialta le haghaidh oibrithe agus daoine féinfhostaithe in 2019²⁵⁷, chun Prionsabal 12 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (ar chosaint shóisialta) a chur chun feidhme agus chun córais do chosaint shóisialta a chur in oiriúint

do mhargaidh saothair a athraíonn go tapa. Gheall Ballstáit chun na nithe a leanas a áirithiú: 1) rochtain ar chosaint shóisialta; 2) cumhdach éifeachtach do gach oibrí agus gach duine féinfhostaithe gan beann ar chineál an chaidrimh fostaíochta²⁵⁸; 3) leibhéal sásúil cosanta (dea-chaighdeán maireachtála, athsholáthar iomchuí ioncaim); agus 4) trédhearcacht na ndálaí agus na rialacha chomh maith le simpliú riaracháin.

Iarradh ar Bhallstáit plean a chur isteach a leagann amach na bearta comhfhreagracha atá le glacadh ar an leibhéal náisiúnta faoin 15 Bealtaine 2021. Bhí a bpleananna náisiúnta curtha isteach ag 25 Bhallstát faoi lár mhí Dheireadh Fómhair 2021.²⁵⁹

²⁵⁷ [Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle an 8 Samhain 2019.](#)

²⁵⁸ Is é sin le rá go seachnófaí cásanna ina gcuirfeadh na rialacha bac ar dhaoine aonair sochair a fhabhrú nó rochtain a fháil orthu agus a chinntiú go gcosnaítear agus go gnuasaítear teidlíochtaí agus/nó go bhfuil siad inaistrithe.

²⁵⁹ Tá pleananna le cur isteach ag Lucsamburg agus an tSlóivéin go fóill. Tá na pleananna le fáil [ar líne.](#)

Cuimsíonn formhór na bpleananna náisiúnta bearta a théann i ngleic le ceann amháin, ar a laghad, de cheithre réimse an Mholta, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha iontu idir raon, raon feidhme²⁶⁰ agus uainiú.²⁶¹ Cé go gcuimsíonn 21 phlean (as 25) bearta chun rochtain ar chosaint shóisialta a fheabhsú, níl sé mar aidhm acu go ginearálta na bearnaí ar fad a shainaithnítear sa chreat faireacháin²⁶² a chumhdach ná na Moltaí Tírshonracha arna n-eisiúint i dtimthriall an tSeimeastair Eorpaigh, 2020²⁶³. Baineann formhór na mbeart (arna gcur chun feidhme nó arna mbeartú) le cumhdach foirmiúil oibrithe neamhchaighdeánacha nó daoine féinfhostaithe (in 15 Bhallstát) agus oiriúnacht a fheabhsú (in 13 Bhallstát), agus béim ar phinsin agus sochair dhífhostaíochta agus bhreuiteachta. Samhlaítear níos lú beart maidir le rochtain éifeachtach, cosaint agus inaistritheacht teidlíochtaí agus trédhearcacht agus simpliú.

Thuairiscigh nach mór gach plean maidir le bearta beartais a rinneadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19. I measc na mbeart seo tá maolú na rialacha, síneadh ama a chur leis an bhfad agus/nó méadú i méideanna na sochar (m.sh. sochair dhífhostaíochta agus bhreuiteachta). Anuas air sin, tugadh tacaíocht shonrach do roinnt grúpaí (oibrithe ag a bhfuil conarthaí neamhchinnte, daoine féinfhostaithe) nó earnálacha/gairmeacha beatha (earnáil an chultúir, oibrithe cúraim sláinte, oibrithe tí, srl.).²⁶⁴ Ar an iomlán, chabhraigh na bearta eisceachtúla le cosaint shóisialta a leathnú chun grúpaí nár cumhdaíodh roimhe seo nó nár cumhdaíodh ach go páirteach a chumhdach. Feictear go bhfuil formhór na mbeart a rinneadh in 2020 agus go luath in 2021 sealadach, áfach, rud a chiallaíonn gur lú seans go mbeidh siad ina ngné bhuán de chórais chosanta sóisialta.²⁶⁵ Seo an fáth gur mhol an Plean Gníomhaíochta, a chuireann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme, do Bhallstáit rochtain ar chosaint shóisialta a leathnú a thuilleadh, ag úsáid bearta eisceachtúla COVID-19 mar fhoinsé inspioráide le haghaidh athchóirithe struchtúracha chun cosaint na ndaoine neamhfhostaithe, na n-oibrithe neamhchaighdeánacha agus na ndaoine féinfhostaithe a fheabhsú.

²⁶⁰ Tuarann naoi bplean príomhbheart beartais (nó reachtach) amháin (DK, ES, DE, EL, HR, IE, LT, FI, LV), agus cuimsíonn naoi bplean idir 3 agus 6 bheart chomh maith (CY, CZ, EE, FR, IT, MT, NL, PT agus RO). Chuir an Bheilg breis agus 30 beart síos i bpacáiste cuimsitheach, ag dul i ngleic ar ghnéithe éagsúla an Mholta.

²⁶¹ Déanann 14 Bhallstát tagairt do na bearta a rinneadh ó glacadh an Moladh (i Samhain 2019), fad is a chuimsítear bearta beartaithe don todhchaí in 17 bplean náisiúnta.

²⁶² Monitoring framework on Access to social protection for workers and the self-employed [Creat faireacháin ar Rochtain ar chosaint shóisialta le haghaidh oibrithe agus daoine féinfhostaithe], ar fáil [ar líne](#).

²⁶³ Eisíodh moladh tírshonrach do 16 Bhallstát (BG, CY, EE, ES, HU, HR, IT, LT, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SI agus SK) in 2020 ar chosaint shóisialta, agus fócas soiléir ar rochtain a fheabhsú le haghaidh oibrithe neamhchaighdeánacha agus daoine féinfhostaithe (CY, EE, ES, IT, LT, NL, PL, PT agus SI) iontu go minic. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 i leith, áirítear ar na PTAnna a glacadh le haghaidh 17 mBallstát bearta a bhaineann le cosaint shóisialta, a raibh moltaí tírshonracha ag 14 acu in 2019 nó 2020. Cumhdaíonn formhór na PTAnna seo na moltaí tírshonracha gaolmhara ach is beag ceann acu a théann i ngleic leo ina n-iomláine.

²⁶⁴ Féach roinn 2.4.2 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2021.

²⁶⁵ Féach freisin [ESPN \(2021\)](#).

Baineann bearta náisiúnta le déanaí chun dul i ngleic le bearnaí i gcumhdach foirmiúil le daoine féinfhostaithe agus daoine a bhfuil obair neamhchaighdeánach acu den chuid is mó. Rinne an Fhrainc leathnú na sochar breoiteachta do gach duine féinfhostaithe buan, lena n-áirítear *professions libérales* (i gcomhthéacs an dlí um chosaint shóisialta a glacadh ag deireadh 2020). Mhol rialtas **na hÉireann pá breoiteachta reachtúil nua chun cosaint le haghaidh fostaithe nach raibh i dteideal saoire breoiteachta ina gconarthaí fostaíochta a áirithiú. Tá sé beartaithe **ag an mBeilg** cumhdach foirmiúil a fheabhsú le haghaidh catagóirí faoi leith (ealaíontóirí, oibrithe ardáin, cúramóirí neamhfhoirmiúla, oibrithe gnéis) agus chun meastóireacht a dhéanamh ar na ‘cearta idirlinne’, mar a dtugtar orthu, a sholáthraíonn tacaíocht ioncaim do dhaoine féinfhostaithe, agus na cearta sin a oiriúnú. Tá sé beartaithe **ag an Rómáin** síneadh ama a chur le saoire atharthachta agus rochtain fhoirmiúil ar gach craobh cosanta sóisialta a áirithiú le haghaidh oibrithe séasúracha agus laethúla chomh maith le hoibrithe ardáin. Tá sé beartaithe **ag an tSeicia** go gcuirfi feabhas ar rochtain ar bhreoiteacht agus rioscaí gaolmhara (lena n-áirítear saoire mháithreachais) le haghaidh oibrithe neamhchaighdeánacha. Tá sé beartaithe **ag an gCipir** cumhdach iomlán a áirithiú le cosaint shóisialta le haghaidh daoine féinfhostaithe, i.e. leathnú chumhdach na sochar dífhostaíochta agus scéimeanna a bhaineann le timpistí ag an obair agus galair cheirde. Chuir **an Pholainn** tús le hathchóiriú lena síntear árachas éigeantach go háirithe trí bhithin scéimeanna pinsin do chonarthaí dlí shibhialta agus chuir sí tús le clárú éigeantach na gconarthaí ar leith lena áirithiú nach féidir mí-úsáid a bhaint as an geineál sin conartha. Ar deireadh, tá sé beartaithe **ag an nGréig** rochtain ar shochair dhífhostaíochta a leathnú chuig daoine féinfhostaithe.**

Maidir le leordhóthanacht, téann roinnt bearta náisiúnta atá sna pleananna i ngleic le cás na bpinsean, go háirithe do dhaoine féinfhostaithe. Mar shampla, chinn **an Laitvia** ríomhanna na ranníocaíochtaí le haghaidh daoine féinfhostaithe a oiriúnú, go háirithe chun tacú le leordhóthanacht na bpinsean a bheidh ann amach anseo agus tá sé beartaithe **ag an mBeilg** athluacháil a dhéanamh ar phinsin reachtúla na ndaoine féinfhostaithe, agus **ag an Spáinn** gníomhú ar an dá réimse sin. Rinne **an Ostair, an Ghearmáin**²⁶⁶ agus an Eastóin bearta chun leordhóthanacht na bpinsean a fheabhsú, go háirithe dóibh siúd a bhfuil teidlíochtaí ísle acu agus chuir **an tSeicia** leasú pinsean síos chun cothroime chóras na bpinsean a fheabhsú (agus aird á tabhairt ar bhearnaí inscne freisin).

²⁶⁶ Thug an Ghearmáin isteach sochar forlíontach pinsin arna ríomh ina aonar do ranníocóirí fadtéarmacha le hárachas pinsin Reachtúil ar bhonn íseal-tuillimh (Grundrente).


Mheath leordhóthanacht scéimeanna íosioncaim i ngach Ballstát, nach mór, in 2019. Is féidir faireachán²⁶⁷ a dhéanamh ar leordhóthanacht na sochair íosioncaim ach comparáid a dhéanamh idir ioncam na dtairbhíthe agus tairseach náisiúnta na bochtaineachta agus ioncam saothraithe ar phá íseal. Tugann na tagairtí seo eolas maidir le tionchar maolaithe na bochtaineachta ioncaim, chomh maith le gné ghníomhachtúcháin agus éifeachtaí féideartha dídhreasachta na scéimeanna.

Don bhliain ioncaim is deireanaí atá ar fáil (2019), mhaolaigh leordhóthanacht na scéimeanna íosioncaim ar an iomlán san Aontas, ag léiriú an chaoi a raibh ioncam na dtairbhíthe íosioncaim ag titim chun deiridh ar fhorbairtí ioncaim foriomlána roimh ghéarchéim COVID-19. Bhí an maolú seo ní ba shubstantiúla i roinnt tíortha, agus comparáid á déanamh le hioncam saothraithe ar phá íseal (Málta -5.8 ccc, an Chróit -3.2 ccc, an Rómáin -2.9 ccc) nó leis an tairseach bochtaineachta (an Fhrainc -6.3 ccc, an Ghréig -6 ccc). Ar an taobh eile, mhéadaigh leordhóthanacht go suntasach san Iodáil tar éis leasú 2019 agus, ar bhonn níos lú, sa Liotuáin (13.6 ccc) agus sa tSlóivéin (15.2 ccc). Tá leordhóthanacht an íosioncaim gar don tairseach bochtaineachta i roinnt tíortha (an Ísiltír, Éire agus an Iodáil), fad is a d'fhan aon trian faoin tairseach bochtaineachta sa Rómáin, sa Bhulgáir, san Ungáir, sa tSeicia agus sa tSlóvaic – féach Fíor 2.4.8.

²⁶⁷ De réir na modheolaíochta a socraíodh sa [chreat tagarmharcála](#) ar íosioncam, féach na Tuarascálacha Comhpháirteacha ar Fhostaíocht, 2019, 2020 agus 2021.

Fíor 2.4.8: Tá leordhóthanacht na tacaíochta íosioncaim an-éagsúil ar fud na mBallstát

Glanioncam faighteoirí ioncaim íosta mar chéatadán den tairseach i mbaol na bochtaineachta (leata thar 3 bliana) agus d'ioncam fostaí ar phá íseal (bliain ioncaim 2019)



Nóta: Baineann an chart le daoine singile gan leanaí. D'fhéadfaí cineálacha eile sochar (e.g. sochair tithíochta) seachas ioncam íosta a áireamh le glanioncam faighteora ioncaim íosta freisin. Saothraíonn an fostaí ar phá íseal 50 % den mheánphá agus oibríonn sé go lánaimseartha.

Foinse: Ríomh Ard-Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna ó mhicreashonraí EU-SILC.

Lean an ráta ró-ualaigh²⁶⁸ maidir le costas tithíochta air ag laghdú beagán roimh


an ngéarchéim. In 2019 (an bhliain ioncaim a dtagraíonn táscaire 2020 dó), bhí thart ar aon deichiú de dhaonra an Aontais ina chónaí i dteaghlaigh a chaith breis agus 40 % dá ioncam indiúscartha (coibhéisithe) ar thithíocht. Bhí an ráta ab airde le fáil sa Ghréig (32.6 %), agus an Ghearmáin, an Bhulgáir agus an Danmhairg ina dhiaidh sin (thart ar, nó níos mó ná, 15 %) agus bhí an ráta ab ísle sa tSlóvaic, sa Chipir, sa Liotuáin agus i Málta (níos lú ná 3 %) – féach Fíor 2.4.9. Tá na dearbhuimhreacha agus ord na dtíortha sách chosúil idir daoine faoi 30 agus an chuid eile den daonra. Laistigh den daonra a bhí i mbaol na bochtaineachta, bhí an ráta ró-ualaigh maidir le costas tithíochta i bhfad níos airde (37.8 % in 2020), agus bhí go leor éagothromaíochtaí idir Ballstáit. Bhí 82.5 % den daonra sa Ghréig a bhí i mbaol na bochtaineachta ró-ualaithe ag costais tithíochta, agus bhí thart ar dhá thrían ró-ualaithe sa Danmhairg agus sa Ghearmáin. Bhí an sciar thart ar 10 % nó ní ba lú sa Liotuáin, i Málta, sa Chipir agus sa tSlóvaic. Déanann fadhbanna maidir le hinacmhainneacht tithíochta níos mó difir do thionóntaí, sa mhargadh cíosa príobháideach nó sa mhargadh a bhfuil an praghas íslithe (25.2 %) ná úinéirí ag a bhfuil morgáiste (6.2 %) de ghnáth.²⁶⁹

²⁶⁸ Leis an táscaire, déantar sciar an daonra a chónaíonn i dteaghlaigh inarb ionann na costais tithíochta fhoriomlána agus níos mó ná 40 % d'ioncam diúscartha (iad araon glan ó lamháltais tithíochta). De réir na tuairisce a thugtar in [Methodological Guidelines and Description of EU-SILC variables](#) [Treoirilínte agus Tuairisc Mhodheolaíoch ar athróga Staidreamh an Aontais Eorpaigh maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála] (leagan mhí Aibreáin 2020) áirítear sochair cíosa agus sochair a fhaigheann úinéirí lonnaitheacha, ach seachas sochair cánach agus aistrithe caipitil, le lamháltais (ní áirítear ach lamháltais a mbaineann tástáil acmhainne leo). Leis an doiciméad, sainmhínítear costais tithíochta mar chostais mhíosúla agus costais arna n-íoc iarbhír, a bhaineann le ceart an teaghlaigh a bheith ina chónaí sa chóiríocht. Tá árachas struchtúrach (le haghaidh tionóntaí: má íoctar é), seirbhísí agus muirir (baint camrais, baint bruscair, etc. san áireamh iontu; sainordaitheach le haghaidh úinéirí, le haghaidh tionóntaí: má íoctar iad), cothabháil agus deisiúcháin thráthrialta, cánacha (le haghaidh an tionónta: ar an teaghais, más infheidhme) agus costas na bhfóntas (uisce, leictreachas, gás agus téamh). Le haghaidh úinéirí a bhfuil morgáiste á íoc acu, tá íocaíochtaí úis mhorgáiste (aon fhaoiseamh cánach a asbhaintear, seachas sochair tithíochta nach n-asbhaintear) san áireamh. Le haghaidh tionóntaí ar phraghas an mhargaidh nó ar phraghas laghdaithe, tá íocaíocht cíosa san áireamh. Le haghaidh tionóntaí atá saor ó chíos, níor cheart sochair tithíochta a asbhaint ón gcostas tithíochta foriomlán.

²⁶⁹ Táscaire Eurostat [[ilc_lvho07c](#)].

Fíor 2.4.9: Laghdaigh an ráta ró-ualach maidir le costas tithíochta ar an meán roimh an ngéarchéim, ach bhí difríochtaí substaintiúla idir Ballstáit

Sciar na ndaoine ina gcónaí i dteaghlaigh ag a bhfuil ró-ualach maidir le costas tithíochta (%), leibhéil 2020 agus athruithe ón mbliain roimhe (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh FR ná IT, agus is sealadach iad le haghaidh LV agus PL. Tá briseadh ann sa tsraith le haghaidh BE, DK, DE, IE agus LU. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí ar an táscaire chuig EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) atá difriúil leis an gceann roimhe sin. Níl na sonraí ó bhlianta difriúla inchomparáide a thuilleadh dá thoradh sin. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat, [tespm140].

Bhí níos mó deacrachtaí tithíochta ag teaghlaigh ina raibh leanaí agus teaghlaigh aontuismitheora roimh an ngéarchéim. Bhí 6.5 % de theaghlaigh aontuismitheora ina raibh leambh spleách faoi dhiandíothacht tithíochta in 2019, i gcodarsnacht le 4 don daonra foriomlán.²⁷⁰ Taifeadadh rátaí níos airde sa Ghréig, sa Spáinn, sa Rómáin, sa tSualainn agus sa Danmhairg. Tugann sonraí suirbhé arna mbailiú ag Eurofound²⁷¹ in 2019 le fios go raibh éiginnteacht tithíochta níos airde do theaghlaigh ina raibh leanaí ná teaghlaigh nach raibh leanaí iontu (6.6 % vs 4.1 %). Chomh maith leis sin, bhí daoine gan dídean níos neamhchosanta ar fhadhbanna sláinte agus rinne briseadh sa soláthar seirbhíse níos mó difir dóibh le linn tréimhsí dianghlasála. Ar an iomlán, shoiléirigh géarchéim COVID-19 na dúshlán tithíochta a bhí ann le fada agus na neamh-chomhionannais i gcoinníollacha tionóntachta agus tithíochta, lena n-áirítear dóibh siúd a bhí eisiata ón tithíocht roimhe.²⁷²

²⁷⁰ Táscaire Eurostat [[ilc_mdho06](#)].

²⁷¹ Féach [Eurofound \(2021\), Education, healthcare and housing: How access changed for children and families in 2020, COVID-19 series](#), [Oideachas, cúram sláinte agus tithíocht: an chaoi ar athraigh rochtain le haghaidh leanaí agus teaghlaigh in 2020, sraith COVID-19], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.


²⁷² Féach mar shampla réamhanailis ag ECFE maidir leis an mbealach a bhféadfadh paidéim COVID-19 difear a dhéanamh d'inacmhainneacht tithíochta amach anseo: [Building for a better tomorrow: Policies to make housing more affordable](#) [Tógáil do thodhchaí níos fearr: Beartais chun tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne], Coimrí Beartais Fostaíochta, Saothair agus Gnóthaí Sóisialta, ECFE, Páras

D’fhan baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i measc daoine aosta (65+) cobhsaí ar an iomlán, a bhuíochas freisin d’éifeachtacht na gcóras pinsean. In 2020, ba é 20.3 % an ráta AROPE i measc daoine atá 65 bliana d’aois nó os a chionn san Aontas, agus bearna leanúnach inscne ann (23 % i gcás na mban i gcomparáid le 16.9 % i gcás na bhfear). Ag an am céanna, léiríonn an dá chomhpháirt den AROPE²⁷³ seanaoise treochtaí freasúracha, agus tá difríochtaí suntasacha fós ann i measc na mBallstát. Bhí an ráta baol bochtaineachta (AROP) ina measc siúd atá 65 bliana d’aois agus os a chionn ag 17.3 % in 2020 san AE, níos airde ná an ráta i measc daoine idir 18-64 bliain d’aois (16.3 %). Is cúlú é seo ó na deich mbliana roimhe sin, nuair a bhí ioncam oibre brúite ag an ngéarchéim fad a bhí a luach coinnithe ag pinsin. I sé Bhallstát, tá níos mó ná duine as gach ceathrar aosta i mbaol na bochtaineachta – féach an painéal is airde i bhFíor 2.4.10. Idir an dá linn, tá géardhíothacht ábhair agus díothacht shóisialta (SMSD) i measc daoine scothaosta ag dul i laghad i gcónaí agus tá sé níos ísle ná i measc daoine in aois oibre ar leibhéal AE (5.8 % vs 6.8 % in 2020). I roinnt Ballstát, áfach, is é a mhalairt atá fíor; In dhá thír, tá níos mó ná duine as gach ceathrar aosta faoi lé SMSD – féach ar an bpainéal bun i bhFíor 2.4.10.

²⁷³ Níl ach dhá chomhpháirt (bochtaineacht ioncaim agus diandíth ábhartha agus díothacht shóisialta) ag an táscaire maidir leis an ráta baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta don daonra atá 65+ bliana d’aois, ós rud é nach bhfuil déine íseal oibre infheidhme maidir le daonra níos sine.

Fíor 2.4.10: I bhformhór na mBallstát anois, cé gur minic gur lú a neamhchosaint ar ghéardhíth ábhartha agus ar dhíth sóisialta, is lú an chosaint ar an mbochtaineacht a bhíonn acu siúd is sine ná 65 bliana ná acu siúd atá in aois oibre

Rátaí riosca bochtaineachta (an chéad phainéal) agus Diandíth Ábhartha agus Díothacht Shóisialta (painéal botom) de réir aoisghrúpa (% , 2020)



Nóta: Ar chlé, tá barra 18-64 sa bhreis ar an 65+; Ar dheis, tá barra 65+ sa bhreis ar 18-64. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí maidir le táscaire AROPE chuig an EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) ar difriúil ón gceann roimhe seo é. Ós rud é gur briseadh sna hamshraitheanna atá mar thoradh ar an athrú sin, d’fhoilsigh Eurostat luach measta 2019 AROPE don Ghearmáin, atá inchomparáide leis an gceann do 2020 ar a bhfuil an anailís reatha ag brath.

Foinse: Eurostat [[ilc_li02](#)] agus [[ilc_mdsl11](#)]. An Iodáil: Sonraí ó 2019.

Is ionann pinsin agus breis agus leath d'ioncam gairme deiridh, ar an meán. B'ionann an pinsean meánach dóibh siúd in aois 65-74 agus 57 % d'ioncam oibre iad siúd in aois 50-59 in 2019 san AE-27.²⁷⁴ Tá an cóimheas seo ag ardú ó bhí 2010, nuair a bhí sé ag 53 %. Tá an cóimheas athsholáthair comhiomlán i bhfad níos airde ná 70 % i roinnt tíortha, go háirithe in Lucsamburg, sa Ghréig, san Iodáil, sa Phortaingéil agus sa Spáinn. Dá dheasca sin, tá na tíortha seo i measc na dtíortha ina bhfuil bochtaineacht seanaoise níos ísle ná bochtaineacht na ndaoine in aois oibre.²⁷⁵ Ar an lámh eile, tá an cóimheas faoi 50 % in 14 thír agus tá sé faoi 40 % i dtrí cinn acu (Éire, an Chróit agus an Bhulgáir). Tá an cóimheas níos ísle i measc na mban i bhformhór na dtíortha seo, ach i gcodarsnacht leis sin, taifeadtar cóimheasa athsholáthair i bhfad níos airde i measc na mban in 11 Bhallstát, an tSeicia, an Eastóin, an Danmhairg agus an tSlóvaic go háirithe.

D'aisiompáigh tionchar COVID-19 an treocht a bhí ann agus ionchas saoil ag feabhsú san Aontas. Tar éis thús na paindéime, meastar gur thit an táscaire 'ionchas saoil tráth breithe', athróg ionadach mhaith le haghaidh tionchar sláinte, i bhformhór mór Bhallstáit an Aontais – féach Fíor 2.4.11.²⁷⁶ Léiríonn an maolú seo athrú mór ar an treocht a bhí ann le deich mbliana anuas maidir le hionchas saoil a bhí ag ardú. Taifeadadh na laghduithe ba mhó ó 2019 sa Spáinn (1.6 bliain) agus sa Bhulgáir (1.5 bliain), agus an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin ina dhiaidh sin (a bhí ar fad thart ar 1.4 bliain). Féadfar go ndearna caillteanais in ionchas saoil difear i bhfad ní ba ghéire do dhaoine faoi mhíbhuntáiste ná daoine eile. Mar shampla, bhí ionchas saoil na Romach 10 mbliana níos ísle ná an daonra ginearálta ar an meán, roimh an ngéarchéim.²⁷⁷

²⁷⁴ Féach [Pension Adequacy Report 2021](#) [Tuarascáil Leordhóthanacht na bPinsean, 2021], leathanach 40.


²⁷⁵ Mar a léiríonn táscaire Eurostat [[ilc_pnp3](#)]. Is é an sainmhíniú ar an táscaire seo, an cóimheas idir meán-ollphinsean an duine aonair san aoisghrúpa 65-74 agus meán-olltuilleamh an duine san aoisghrúpa 50-59, gan leasanna sóisialta eile san áireamh.

²⁷⁶ Is *táscaire tréimhse* na básmhaireachta é ionchas saoil, a léiríonn tréimhse mheánach shaoil i ndaonra faoi réir rátaí básmhaireachta na tréimhse roghnaithe ama, atá íogair maidir le hathruithe diúltacha agus dearfacha laistigh de bhliain. Is féidir measúnú malartach a bhunú ar an táscaire básmhaireachta breise, mar a dhéantar ar leathanach 33-34 de [Employment and social developments in Europe 2021](#) [Forbairtí fostaíochta agus sóisialta san Eoraip 2021].

²⁷⁷ Féach Vincze et. al. (2019) [Prevalence of Chronic Diseases and Activity-Limiting Disability among Roma and Non-Roma People: A Cross-Sectional, Census-Based Investigation](#). *International Journal of Environmental Research and Public Health*, 16(19), lch. 3620.

Fíor 2.4.11: D'aisiompáigh paidéim COVID-19 na méaduithe a bhí ann le déanaí in ionchas saoil

Ionchas saoil tráth breithe (bliain), Ballstáit arna gcur in ord de réir laghdú in ionchas saoil i gcomparáid le 2019



Nóta: Is sealadach iad na sonraí le haghaidh 2020 do gach Ballstát agus níl siad le fáil le haghaidh IE. Ríomhtar meán AE-27 gan IE.

Foinse: Táscaire Eurostat [[demo_mlexpec](#)]

D'ainneoin na paidéime, bhí an gá le cúram leighis nár riaradh, arna fhéintuairisciú, fós cobhsaí, a bheag nó a mhór, i bhformhór na mBallstát in 2020, ach tá cúrsaí an-éagsúil eatarthu (féach Fíor 2.4.12²⁷⁸). Bhí na méaduithe ba mhó le fáil sa Pholainn, sa Fhrainc, sa Laitvia agus san Fhionlainn (faoi 8.5 ccc, 1.4 ccc, 1 ccc agus 0.7 ccc faoi seach), agus bhí ráta sách ard de 12.7 % sa Pholainn de ghá nár comhlíonadh, rud a fhág go raibh sé i ‘gcás criticiúil’.²⁷⁹

I gcodarsnacht leis sin, bhí laghduithe móra le feiceáil san Eastóin agus sa Ghréig (faoi 2.5 ccc agus 1.7 ccc faoi seach), ach bhí na leibhéil le haghaidh 2020 fós ard (13 % agus 6.4 %). I ngrúpa tíortha nach bhfuil diomaibhseach (Málta, an Ostair, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Chipir, an Spáinn agus an Ungáir) bhí an sciar daoine a thuairiscigh gá le cúram leighis nár riaradh fós an-íseal (faoi bhonn 1 %) in ainneoin na paidéime agus bhí laghduithe suntasacha sa Chipir agus san Ungáir a chuaigh leis an ngrúpa seo in 2020. Is mó seans go mbeadh daoine a mhaireann le hioncam íseal, i measc daoine eile,²⁸⁰ bheith leochaileach de bharr gá le cúram leighis nach riartar, ach tá leithead an bhearna leis an daonra foriomlán éagsúil ar fud na mBallstát²⁸¹. Bíonn éagsúlachtaí réigiúnacha i ngá le cúram leighis nach riaradh, arna fhéintuairisciú, le feiceáil idir Ballstáit den chuid is mó ach chonacthas roinnt éagsúlacht shuntasach laistigh den Ghréig, den Rómáin, den tSualainn agus den Ungáir – féach Fíor 10 in Iarscríbhinn 3.

²⁷⁸ Is sealadach iad na sonraí le haghaidh 10 dtír, nó tá briseadh sa tsraith acu, nó tá siad in easnamh. Féach an nóta leis an bhFíor.


²⁷⁹ Thug suirbhé Eurofound [Living, working and COVID-19](#), a chlúdaigh an tréimhse chéanna, a bheag nó a mhór, le fios gur thuairiscigh 18 % de fhreagróirí ar fud an Aontais gá le cúram leighis nár riaradh le linn na paidéime.

²⁸⁰ Daoine a bhí ina gcónaí in institiúidí, daoine faoi mhíchumas, Romaigh agus daoine den Lucht Siúil, dídeanaithe agus inimircigh, nó daoine gan dídean (FRA, [Fundamental rights report 2021](#)) [Tuarascáil maidir le cearta bunúsacha].

²⁸¹ Féach táscairí Eurostat [\[hlth_silc_29\]](#) and [\[hlth_silc_31\]](#) le haghaidh miondealuithe ar ‘ghá le cúram leighis nár riaradh’ arna fhéintuairisciú.

Fíor 2.4.12: Taifeadadh éagsúlacht mhór sa ghá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú ar fud na mBallstát le linn phaindéim COVID-19

Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, leibhéil 2020 agus athruithe ón mbliain roimhe (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh IT, agus is sealadach iad le haghaidh FR, LV, agus PL. Tá briseadh ann sa tsraith le haghaidh BE, DE, IE agus LU. Ó 2020 ar aghaidh, tarchuireann an Ghearmáin sonraí ar an táscaire chuig EU-SILC ó shuirbhé (an ‘Mikrozensus’) atá difriúil leis an gceann roimhe sin. Níl na sonraí ó bhlianta difriúla inchomparáide a thuilleadh dá thoradh sin.

Foinse: Eurostat, [\[tespm_110\]](#).

2.4.2 Freagairt bheartais

Thug Ballstáit roinnt beart tacaíochta ioncaim sealadach agus buan isteach in 2020 agus 2021, i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19. Leag an dá bhliain seo béim ar na bearnaí i gcórais chosanta sóisialta a dhéanann difear do dhaoine i gcásanna leochaileacha go háirithe (amhail teaghlaigh ar ioncam íseal gan ioncam a bhaineann leis an obair nó daoine ag a bhfuil poist fhorbhásacha). Ghlac rialtais bearta éigeandála agus bearta buana, ag tabhairt scéimeanna nua isteach nó ag oiriúnú cinn a bhí ann cheana, agus ag cinntiú leordhóthanacht ní b'fhearr agus chumhdach sochar do chách, lena n-áirítear sochair na rogha deiridh.

Tugadh na bearta tacaíochta éigeandála ioncaim isteach nó cuireadh in oiriúint iad ag brath ar na riachtanais arna spreagadh ag géarchéim COVID-19. Mar shampla, bhí síneadh ama trí mhí á chur **ag an nGréig** leis an teidlíocht ar an íosioncam ráthaithe agus na sochair tithíochta le linn na paindéime chun an gá le bheith i láthair go pearsanta chun iarratais nua a chur isteach a sheachaint. D'athnuaigh an rialtas **san Iodáil** *Reddito di Emergenza* go dtí Meán Fómhair 2021, beart a tugadh isteach i mí Bealtaine 2020 mar bheart sealadach d'ioncam éigeandála le haghaidh teaghlaigh gan rochtain ar scéim an íosioncaim. Bhí daoine **sa tSlóvaic**, nach raibh ioncam ná liúntais acu i ndiaidh dóibh post a bhí acu roimh an 12 Márta 2020 a chailleadh de bharr na paindéime, incháilithe d'fhóirdheontas 'SOS' míosúil, a bhí i bhfeidhm go dtí an 1 Iúil 2021. Leithdháil an rialtas **san Ísiltír** airgead breise sealadach ar bhardasachtaí chun cúnamh sóisialta breise a sholáthar ó Eanáir 2021 do dhaoine a chaill ioncam de bharr na géarchéime chun íoc as costais tithíochta amhail cíos nó íocaíochtaí morgáiste, muirir sheirbhíse fónais (leictreachas, uisce, gás), cánacha bardasacha (TONK). Mhéadaigh an rialtas sa **Bheilg** íosioncaim shealadacha le EUR 50 in aghaidh na míosa (go dtí deireadh mhí na Nollag 2021).

Seachas bearta éigeandála, glacadh athruithe buana ar scéimeanna a bhí ann cheana, chun athléimneacht shóisialta a neartú ar bhonn ní ba bhuaine, i gcomhréir le prionsabail an Cholúin 12 (ar chosaint shóisialta) agus 14 (ar íosioncam). Tá maoiniú substaintiúil breise AE curtha ar fáil ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta don aidhm seo. Tacóidh an tSaoráid le cláir phiólótacha ar chonairí éifeachtacha lánpháirtithe le haghaidh thairbhíthe na scéime náisiúnta íosioncaim a tugadh isteach le déanaí **sa Spáinn**. Ina theannta sin, leis an dlí maidir le hIoncam Beatha Íosta (MVI) tugadh isteach athruithe chun feabhas a chur ar an ráta glactha, mar shampla ioncam na bliana reatha (seachas an bhliain roimhe sin) a chur san áireamh arna iarraidh sin don iarratasóir. Ina theannta sin, cuireann sé ar chumas eintitis tríú earnáil roinnt ceanglas a bhaineann le cónaitheacht, comhdhéanamh teaghlaigh agus leochaileacht iarratasóirí ar MVI a dheimhniú. Ar cheann de gharspriocanna PTA **na Laitvia** tá uasdátú ar leasú an íosioncaim le haghaidh 2022-24, lena mbaineann modheolaíocht aontaithe bunaithe ar fhianaise le haghaidh ríomh an íosioncaim ghinearálta agus innéacsú bliantúil atá ailínithe le forbairtí an ioncaim fhoriomláin. Tá sé beartaithe ag **an Rómáin** go ndéanfar leasú ar an íosioncam atá faoi réir cánach faoi dheireadh 2022, lena n-áirítear an leordhóthanacht a mhéadú, díriú agus cumhdach na sochar agus dreasachtaí le haghaidh fostaíochta. Mhéadaigh roinnt Ballstát leibhéal na sochar, dóibh siúd i gcásanna leochaileacha go háirithe, agus a gcuid scéimeanna íosioncaim á dtabhairt cothrom le dáta. Ó mhí Iúil 2021, tá **an Liotuáin** ag soláthar sochar breise do dhaoine singile atá níos sine ná 65 agus iad siúd atá faoi mhíchumas, nach bhfuil i dteideal pinsean marthanóirí. Mhéadaigh **Málta** uasrátaí an chúnamh fhorlíontaigh do lánúineacha ar ioncam íseal agus do dhaoine singile. Leathnaíodh forlíonadh leis an gcúnamh seo, a tugadh isteach in 2020 do dhaoine níos sine ná 65 bliana agus dóibh siúd atá i mbaol na bochtaineachta, do gach duine san aoisghrúpa seo in 2021, gan beann ar an riosca bochtaineachta. Thug Málta sochair éigeandála isteach freisin do na nithe seo a leanas: (1) tuismitheoirí nach bhfuil in ann teile-obair a dhéanamh fad nach raibh a gcuid leanaí ag freastal ar scoil, (2) daoine faoi mhíchumas, (3) daoine soghonta agus (4) daoine a chaill a bpost. Thug Fiontraíocht Mhálta an forlíonadh pá isteach freisin chun cabhrú le fostóirí ionaid oibre a gcuid fostaithe a chaomhnú.

Thug Ballstáit bearta sealadacha isteach chun tacú le teaghlaigh le linn éigeandáil COVID-19 chomh maith. Bunaíodh ciste EUR 500 milliún **san Iodáil** chun idirghabhálacha dlúthpháirtíochta bia a mhaoiniú agus chun tacú le teaghlaigh leochaileacha ina gcuid íocaíochtaí cíosa agus billí fónais. D'fhéadfadh tuismitheoirí leanaí a seoladh abhaile ón scoil mar gheall ar an bpaindéim **sa tSeicia**, saoire chúraim íoctha a éileamh idir Deireadh Fómhair 2020 agus Meitheamh 2021. Íocadh liúntas aonuaire de EUR 500 le gach leanbh **sa Laitvia**. Fuair teaghlaigh leochaileacha i réigiún na Bruiséile **sa Bheilg** sochar aonuaire de EUR 100 in aghaidh an linbh le haghaidh na scoilbhliana 2020-21, agus bhí méadú sealadach ar shochair linbh do theaghlaigh leochaileacha i bhFlóndras. Sholáthair **an Bhulgáir** liúntas dírithe míosúil do thuismitheoirí ar ioncam íseal, a raibh leanbh acu suas le 14 bliana, agus a raibh orthu fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt dá linbh i gcás inar dianghlasládh institiúidí oideachais, agus nach raibh siad in ann obair a dhéanamh ó chian nó saoire íoctha a ghlacadh. B'ionann an liúntas agus 100-150 % den íospá (i gcás linbh amháin agus breis agus dhá leanbh, faoi seach, do bhreis agus 10 lá dúnta).

D'éirigh na méideanna, na modhanna ríofa agus tréimhsí incháilitheachta le haghaidh sochar tuismitheoireachta, linbh agus teaghlaigh ní ba fhlaithiúla i roinnt Ballstát. Rinneadh athbhreithniú ar bhoinn ríofa na sochar teaghlaigh, máithreachais, atharthachta agus tuismitheoireachta **san Eastóin agus sa Liotuáin** ionas gurbh fhéidir le tuismitheoirí méideanna a léirigh a gcuid ioncam réamhphaindéime (i.e., níb airde de ghnáth) a fháil. Fuair daoine **sa Laitvia**, a ndeachaigh a saoire thuismitheoireachta in éag le linn éigeandáil COVID-19 agus nach raibh in ann filleadh ar an obair, sochar míosúil de suas le EUR 700 go dtí Meitheamh 2021. I réigiún **na Bruiséile (an Bheilg)**, bhí daoine óga faoi bhonn 21 bhliain d'aois a bhí sa 'tréimhse lánpháirtíochta fostaíochta' incháilithe i leith sochair linbh, fiú mura chríochnaigh siad an meánoideachas. Tá méadú substaintiúil buan ar shochair teaghlaigh beartaithe le haghaidh 2022 **sa Laitvia**, rud a rachaidh chun tairbhe teaghlaigh mhóra den chuid is mó. Méadaíodh méid an tsochair linbh uilíoch chuig EUR 70 in aghaidh na míosa **sa Liotuáin**, agus méadaíodh an sochar breise (do linbh ag a bhfuil míchumas nó atá i dteaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste nó i dteaghlaigh mhóra) chuig EUR 111.20. Méadaíodh an liúntas le haghaidh cúraim naíonán ó 70 % go 100 % den olltuilleamh roimhe sin gan teorainn **san Ungáir** in Iúil 2021. Ós rud é nach bhfuil an liúntas faoi réir slándáil shóisialta ná asbhaint ranníocaíochta pinsin, tá sé níos airde ná an pá glan roimhe sin agus toisc nach bhfuil teorainn leis, téann sé chun tairbhe teaghlaigh atá níos saibhre. Tá sé beartaithe go n-ardófar liúntas linbh **sa Rómáin** faoi 20 % an 1 Eanáir 2022.

Sa Spáinn, tugadh isteach in 2022 comhlánú ar leanaí de theaghlaigh a thairbhíonn den Ioncam Beatha Íosta. Méadóidh sé méid an MVI le méid socraithe in aghaidh an linbh mhionaoisigh, ag brath ar an aois agus sínfear an cumhdach chuig teaghlaigh nach bhfuil incháilithe do MVI ach a bhfuil a n-ioncam faoi bhun trí huaire agus rachmais faoi bhun 1.5 oiread na dtairseach faoi seach do MVI. **Sa tSlóvaic**, thug an rialtas an ‘liúntas tuismitheora paidéime’ isteach chun ioncam a chur ar fáil do thuismitheoirí gan liúntas altranaís, nó le hioncam atá níos ísle ná méid an liúntais tuismitheora, ionas gur féidir leo soláthar leordhóthanach a dhéanamh do chúram an linbh le linn na géarchéime. Tá an méid comhionann leis an ngnáthliúntas tuismitheora. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2022, cuirfear íocaíocht an liúntais tuismitheora paidéime ar fionraí. I mí Dheireadh Fómhair 2021, íocadh liúntas sochair linbh aon-uaire, EUR 100 in aghaidh an linbh san iomlán, le teaghlaigh a raibh leanaí cleithiúnacha acu suas go dtí 18 bliana d’aois. Ó Aibreán 2021 i leith, cuireann an tSlóvaic liúntas toirchis nua ar fáil freisin ón 27ú seachtain toirchis agus an méid míosúil idir EUR 215.5 agus 333.9 in 2021.

Glacadh bearta beartais sonracha freisin a théann i ngleic le bochtaineacht leanaí agus a thacaíonn le cuimsiú sóisialta leanaí leochaileacha, i gcomhréir le prionsabal 11 den Chólún (Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí). Ó bhí mí Iúil 2021 ann, is féidir le tuismitheoirí leanaí, nach n-íocann an tuismitheoir eile ailiúnas dóibh, iarratas a dhéanamh ar ailiúnas ionadaíoch atá le híoc ag SPF, méid arna ordú ag an gcúirt (ach méid nach mó ná CZK 3 000, i.e., thart ar EUR 118 in aghaidh na míosa) **sa tSeicia**. Faigheann daltaí an dara rang **sa Liotuáin** béilí scoile saor in aisce do chách ó bhí Meán Fómhair 2021 ann. Nuachóiríonn bille sa **Fhrainc**, chun leas leanaí a chuirtear faoi chosaint an Stáit a chosaint, creat na dteaghlach altrama agus rialachas náisiúnta na cosanta leanaí.

In 2020-21, lean Ballstáit orthu ag déanamh beart chun tacú le daoine a ndearnadh an ghéarchéim difear dóibh agus nár chumhdaigh cosaint shóisialta go leordhóthanach iad, amhail, oibrithe neamhchaighdeánacha agus daoine féinfhostaithe, i gcomhréir le prionsabal 12 den Chólún (ar chosaint shóisialta) agus prionsabal 13 den Chólún (ar shochair dhífhostaíochta). Bhí formhór na mbeart seo sealadach²⁸², ach thug roinnt tíortha faoi níos mó athchóirithe struchtúracha chun cumhdach nó leordhóthanacht a gcórais um chosaint shóisialta a leathnú. Mar shampla, bhronn **an Fhionlainn** rochtain shealadach ar shochair dhífhostaíochta ar fhiontraithe féinfhostaithe agus saoroibrithe, agus d'éascaigh **an Ghearmáin, an Ostair** agus **an Spáinn** rochtain ar shochair dhífhostaíochta d'ealaíontóirí. Ghlac **an Ísiltír** roinnt pacáistí de thacaíocht shealadach ioncaim (TOZO), do dhaoine féinfhostaithe aonair den chuid is mó. Leathnaigh **an Bheilg** an 'ceart idirlinne' (lámháltas i gcás féimheachta) do dhaoine féinfhostaithe a raibh laghdú substaintiúil láimhdeachais rompu nó daoine ar cuireadh iallach orthu stop a chur lena gcuid gníomhaíochtaí. Thacaigh **an Spáinn** le daoine féinfhostaithe a ndearna an ghéarchéim difear dóibh le sochar eisceachtúil agus díolúintí ar íocaíocht ranníocaíochtaí. Thacaigh **an Liotuáin** le hioncam na ndaoine féinfhostaithe a ndearna an coraintín difear dá gcuid gníomhaíochtaí agus ar laghdaíodh a gcuid ioncaim faoi 30 % ar a laghad, agus sholáthar an Ghréig tacaíocht shonrach ioncaim do dhaoine féinfhostaithe in earnáil na talmhaíochta, na turasóireachta agus na hiascaireachta ar an gcósta.

D'éascaigh Ballstáit rochtain ar shochair bhreiteachta agus rinne siad roinnt beart chun rochtain a neartú ar chúram sláinte, i ndáil le COVID-19 go háirithe. Leathnaigh **an Liotuáin** liosta na ndaoine a bhí incháilithe le sochair bhreiteachta a bhain le COVID-19 a fháil. Ghlac **an Rómáin** catagóir nua saoire chun saoire lán bhreiteachta a sholáthar dóibh siúd ar ordaíodh dóibh coraintín a dhéanamh. Le linn ghéarchéim COVID-19, chruthaigh **an tSlóvaic** sochar breiteachta paidéime (le méid níos flaithiúla agus gan pá breiteachta ón bhfostóir i gcomparáid le 'gnáthshochair breiteachta') má tá duine fostaithe nó féinfhostaithe éagumasach chun oibre go sealadach de bharr beart coraintín nó leithlisithe (a dhíothú ón 1 Nollaig 2021).

²⁸² Féach [ESPN \(2021\)](#) *Social protection and inclusion policy responses to the COVID-19 crisis. An analysis of policies in 35 countries*. [Freagairtí beartais um chosaint shóisialta agus um chuimsiú sóisialta don ghéarchéim COVID-19. Anailís ar bheartais in 35 thír].

D'fheabhsaigh sé freisin rochtain ar shochar díobhála tionóisce d'fhostaithe atá aitheanta faoi éagumas sealadach chun oibre mar gheall ar ghalar COVID-19, a socraíodh sa nasc díreach le hobair shochrach. Thairis sin, rinne **an Eastóin** maoiniú sealadach ar íocaíochtaí sochar ón dara lá de bhreiteacht, mhaoinigh **an Laitvia** íocaíocht sochair bhreiteachta ar feadh tréimhse fadaithe i gcásanna a bhaineann le COVID-19 agus liúntas sealadach a tugadh isteach, agus mhéadaigh **an Bheilg** ar bhonn sealadach leibhéal na sochar d'fhostaithe agus d'fhéinfhostaithe araon. Rinne **an Eastóin** bearta chun rochtain ar chúram sláinte i ndáil le COVID-19 a éascú do dhaoine gan árachas. I gcodarsnacht leis sin, chuir **an Ungáir** deireadh leis an teidlíocht ar chúram sláinte saor in aisce dóibh siúd gan árachas, agus é mar aidhm obair neamhdhearbhaithe a laghdú go háirithe. Cisteoidh fostóirí poiblí sa **Fhrainc** 50 % den árachas comhlántach sláinte d'fhostaithe poiblí.

Ghlac Ballstáit bearta sealadacha agus buana chun incháilitheacht agus leordhóthanacht sochar agus seirbhísí a bhaineann le míchumas a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabal 17 den Chólún (ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas). Gheobhaidh máithreacha dífhostaithe nó singile, ag a bhfuil leanaí spleácha a bhfuil míchumas aitheanta acu, **san Iodáil** íocaíocht mhíosúil, suas le EUR 500 glan le haghaidh 2021, 2022 agus 2023. Leithdháil **an Laitvia** liúntas aonuaire de EUR 200 d'fhaighteoirí liúntas do chúram míchumais nó an liúntas do dhaoine atá faoi mhíchumas agus a dteastaíonn cúram uathu (seachas iad siúd a fhaigheann pinsin seanaoise, easláine nó marthanóirí). Thug **Málta** sochar buan nua de EUR 300 in aghaidh na bliana isteach do thuismitheoirí a mbíonn orthu an fhostaíocht a fhágáil chun aire a thabhairt do leanbh atá níos sine ná 16 agus atá i dteideal cúnamh méadaithe do mhíchumas dian. Tar éis athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat um Chúnamh Míchumais a tionscnaíodh in 2017 agus tar éis sochair nua agus cumhdach níos leithne a thabhairt isteach ina dhiaidh sin le blianta beaga anuas, chuir **Málta** síneadh freisin leis an ngrúpa daoine atá incháilithe don liúntas míchumais throm i gcás dálaí míchumais intleachtúil. Ó bhí Iúil 2021 ann, tá ceart tugtha ag **an Liotuáin** do dhaoine faoi mhíchumas cabhair a fháil ó chúntóir pearsanta. Má bhíonn ioncam an duine atá faoi mhíchumas níos ísle ná EUR 256, bíonn an cúnamh saor in aisce, agus má bhíonn sé níos airde, níor cheart go sáródh an méid a íoctar as an gcúntóir pearsanta 20 % d'ioncam an duine atá faoi mhíchumas.

Leathnaigh **an Phortaingéil** an sochar sóisialta do dhaoine ar eascair a gcuid míchumas as timpistí áirithe agus rinneadh foráil le haghaidh carntha le liúntas an chúramóra neamhfhoirmiúil nó an íocaíocht le hinstitiúid ina soláthraítear an cúram. Mhéadaigh **Lucsamburg** ioncam REVIS (*revenu d'inclusion sociale*) agus an sochar do dhaoine atá faoi mhíchumas dian (RPGH) faoi 2.8 % ón 1 Eanáir 2021. Tuarann PTA **na Rómáine** go bhfaighidh 8 455 duine institiúidithe atá faoi mhíchumas tacaíocht d'fhonn dí-institiúidiúcháin agus chur chun feidhme a 'gconair um mhaireachtáil neamhspleách'.

Tá inrochtaineacht ar sheirbhísí sóisialta, ó chian go háirithe, feabhsaithe i roinnt Ballstát mar fhreagairt ar theagmháil theoranta duine le duine le linn na paidéime, i gcomhréir le prionsabal 20 den Chólún (ar rochtain ar sheirbhísí atá fíor-riachtanach). Cuireadh stop le go leor seirbhísí nó feidhmeanna sonracha a theastaíonn teagmháil duine le duine, amhail comhairleoireacht nó cuairteanna tí, tar éis thús na paidéime. Tá aird tarraingthe ag an athrú seo ar an ngá le nuachóiriú a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta, agus níos mó úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha freisin. Samhlaítear le leasú leanúnach **sa Bhulgáir** go n-ullmhófar léarscáil náisiúnta de sheirbhísí sóisialta i gcomhar le bardasachtaí. Tacóidh tionscadal tiomnaithe CSE le bunú creat modheolaíoch, nuashonrú ar chaighdeán cháilíochta agus cáilíochtaí na foirne i nGníomhaireacht nua ag a mbeidh feidhm mhaoirseachta. Tá sé mar aidhm ag an leasú atá beartaithe ag **an Spáinn** i gcomhthéacs PTA punann íos-seirbhísí sóisialta comónta agus caighdeán ghaolmhara a shainiú ar fud na tíre. Bhí roinnt Ballstát ag díriú ar rochtain ar sheirbhísí sóisialta a fheabhsú. Chuir **an Liotuáin** ar chumas daoine iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí sóisialta do leictreonach. D'fhonn leanúnachas na seirbhísí a áirithiú, thug **an Phortaingéil** ranníocaíocht shealadach airgeadais ráthaithe isteach don earnáil shóisialta agus don earnáil dlúthpháirtíochta.

Lean go leor Ballstát orthu ag déanamh beart in 2021 chun tacú le tionacht tithíochta teaghlach, do ghrúpaí leochaileacha go háirithe, agus ghlac roinnt Ballstát eile bearta níos buaine chun inacmhainneacht tithíochta a fheabhsú san fhadtéarma, i gcomhréir le prionsabal 19 den Chólún (ar thithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean). Na bearta sealadach a ghlac rialtais go forleathan san Aontas ná díolúintí ar íocaíochtaí morgáiste nó cíosa (an Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an Spáinn, an Ungáir, Éire, agus Poblacht na Seice**) agus moratóirí ar dhíbirt (**an Bheilg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an Spáinn, an Ungáir, Éire agus Lucsamburg**).²⁸³ Thairis seo, ghlac **Éire** Bille um Thithíocht Inacmhainne ag tabhairt tosaíochta do sholáthar méadaithe tithíocht inacmhainne. Thug **an Liotuáin** scéim leordhóthanachta cúitimh um chíos tithíochta isteach chun méaduithe ar leibhéil chíosa a rialú. Ghlac **Málta** bearta chun tacú le ceannaitheoirí céaduaire agus chun an cháin is iníochta ar mhaoín arna deonú ag tuismitheoirí le deonú dá leanaí a laghdú, áit a bhfuil an mhaoín le húsáid mar a n-áit chónaithe. Tuarann **an Spáinn**, lena PTA, glacadh le hOrdú an Rí a shaineoidh an creat rialála le haghaidh chur chun feidhme an Chláir ar áitribh shóisialta ar cíos atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus a chomhlíonann critéir a bhaineann le héifeachtacht ó thaobh fuinnimh de. Rinne **Lucsamburg** leasú ar an gComhaontú Tithíochta atá ann cheana chun cumas na hearnála poiblí a neartú chun cur leis an stoc de thithíocht phoiblí atá inacmhainne agus inbhuanaithe, go háirithe i gcás tithíochta ar cíos. Thabharfadh an leasú, atá á phlé faoi láthair, an tacaíocht agus dreasachtaí do bhordasachtaí pleananna úsáide talún a fhorbairt i gcomhar leis an rialtas láir. Thug **an tSlóivéin** leasuithe ar an Acht Tithíochta náisiúnta isteach chun cur chuige éifeachtach cothrom a chur chun cinn maidir le soláthar tithíochta, lena n-áirítear an fhéidearthacht chun an stoc tithíochta foilmhe atá ann a ghníomhachtú chun é a úsáid mar thithíocht phoiblí ar cíos. D'fhógair an Plean Gníomhaíochta ar Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta seoladh tionscnamh tithíochta inacmhainne. Cuirfidh sé seo tús píolótach le hathchóiriú 100 ceantar, agus cruthú ardán Eorpach le haghaidh comhar feabhsaithe sa chomhrac in aghaidh na heaspa dídine.**

²⁸³ Féach [OECD \(2020\), Housing Amid COVID-19: Policy Responses and Challenges](#).

Thug roinnt Ballstát bearta dírithe isteach le déanaí, nó leathnaigh siad iad, chun tacú le rochtain ar fhuinneamh, mar sheirbhís riachtanach, dóibh siúd is leochailí, i gcomhréir le prionsabal 20 den Chólún (ar rochtain ar sheirbhísí riachtanacha). D’achtaigh **an Spáinn, mar shampla, bearta chun tacú le rochtain ar fhuinneamh do dhaoine ar ioncam íseal, i gcomhréir freisin lena Straitéis i gcoinne Bochtaineacht Fuinnimh 2019-24, agus mhéadaigh **an Laitvia** tacaíocht do chustaiméir cosanta na seirbhíse trádála leictreachais amhail teaghlaigh ar ioncam íseal, daoine faoi mhíchumas agus teaghlaigh a bhfuil triúr leanaí agus níos mó acu. Cuirfidh **an Chipir**, i measc tíortha eile, bearta éifeachtúlachta fuinnimh chun feidhme faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus é mar aidhm shonrach bochtaineacht fuinnimh a laghdú. Tá pacáiste cuimsitheach beart curtha síos ag an gCoimisiún, mar chuid den Chomhaontú Glas, bearta a chuideoidh le bochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus caighdeán na tithíochta a mhéadú, do theaghlaigh ar ioncam measartha nó ioncam íseal, go háirithe.²⁸⁴ Chuir tionscnaimh le déanaí, amhail pacáiste ‘Oiriúnach do 55’ nó an Moladh maidir le Bochtaineacht Fuinnimh²⁸⁵, béim ar an ngá le coigeartú struchtúrach mar sin.**

Tá leasuithe déanta ag go leor Ballstát chun athléimneacht agus inrochtaineacht ar chórais sláinte a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabal 16 den Chólún (rochtain ar chúram sláinte). Cuimsíodh réimse leathan beart sa réimse seo sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a formhuiníodh go dtí seo. Is saincheist chriticiúil é dul i ngleic le ganntanas i lucht saothair an chúraim sláinte de bharr phaindéim COVID-19 agus tá leasuithe cuimsitheacha déanta ag Ballstáit chun dul i ngleic leis sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar shampla, mhol **an Spáinn, Éire, an Liotuáin, Málta** agus **Lucsamburg** bearta cuimsitheacha chun dul i ngleic le ganntanas gairmithe leighis, chun mealltacht na ngairmeacha leighis a mhéadú agus coinníollacha oibre a fheabhsú. Tá **an Phortaingéil** ag déanamh oibre chun scileanna an lucht saothair sláinte a fheabhsú, ag neartú obair foirne ildisciplíneach agus ag leathnú líon na ngairmithe sláinte laistigh dá cúram príomhúil.

²⁸⁴ Is iad seo go háirithe: Tionscnamh *Renovation Wave* ([COM\(2020\) 662 final an 17 Meán Fómhair 2020](#)), Moladh ón gCoimisiún maidir le Bochtaineacht Fuinnimh ([Moladh \(AE\) 2020/1563 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020](#)), athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ([Treoir 2012/27/AE an 25 Deireadh Fómhair 2012](#)) agus treoir agus treoraíocht le haghaidh gníomhaíocht áitiúil ag [Faireachlann an Aontais um Bochtaineacht Fuinnimh](#).

²⁸⁵ Tá an Moladh maille le faisnéis faoi na príomhthionscnaimh ghaolmhara, amhail an [Ciste Aeráide Sóisialta](#) agus an [Teachtaireacht maidir le dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde: sraith straitéisí i gcomhair gníomhaíochta agus tacaíochta](#), le fáil ar líne.

Áirítear le Plean Téarnaimh agus Athléimneachta **na hIodáile** oiliúint d'fhostaithe na seirbhíse Sláinte Náisiúnta. Slóg an ghéarchéim iarrachtaí chun smaoineamh a dhéanamh ar bhealaí eile cúram sláinte a chistiú chun tearcmhaoiniú struchtúrach a láimhseáil, chomh maith le hinbhuanaitheacht an bhoinn ioncaim san fhadtéarma. D'fhógair **Lucsamburg agus an Liotuáin** leasuithe chun dul i ngleic leis an dúshlán seo.

Lean Ballstáit orthu lena gcuid iarrachtaí chun córais sláinte ní ba láidre a fhorbairt, agus soláthar seirbhíse a bhí in oiriúint do riachtanais an daonra, i gcomhréir le prionsabal 16 den Chólún (rochtain ar chúram sláinte). Ceann de na réimsí tosaíochta ná ról an chúraim príomhúil a mhéadú agus é ina chéad phointe teagmhála d'othair, ag maolú ualach phaindéim COVID-19 ar ospidéal nó brúnna níos fadtéarmaí a bhaineann le haosú an daonra. Chuige sin, mhol **an Liotuáin** go neartófaí leigheas teaghlaigh, agus mhol **Lucsamburg** go bhfeabhsófaí comhtháthú cúram príomhúil le hospidéal. Mhol **an Phortaingéil** athchóiriú cuimsitheach chun lárionaid cúram príomhúil a athrú ó bhonn ionas go mbeidís ina ghníomhairí ní ba réamhghníomhaí le punann leathnaithe de sheirbhísí pobalbhunaithe, chomh maith le leasuithe gaolmhara sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Chuathas i ngleic le scroigeanna maidir le rochtain ar chúram ospidéal chomh maith agus dhírigh leasuithe ar athruithe ar an earnáil ospidéal a bhí riachtanach chun an suaitheadh a fhreagairt. Mhol **an Liotuáin** athchóiriú, a bhfuil sé mar aidhm aige cnuasach ospidéal le haghaidh galair thógálacha a chur i bhfeidhm, agus lárionaid do chúram éigeandála. Chomh maith leis sin, thug roinnt Ballstát bearta isteach chun cumhdach cúraim sláinte a fheabhsú, ag feabhsú rochtain ar sheirbhísí áirithe. Dhírigh **an Spáinn**, mar shampla, ar chúram fiaclóireachta, cúram luathóige, agus leigheas géanómaíoch, agus dhírigh **an Phortaingéil** ar chúram meabhairshláinte. Gabhfaidh pacáiste cuimsitheach leasuithe le hiarrachtaí den sórt sin **sa Phortaingéil** chun infhaighteacht seirbhísí cúraim mheabhairshláinte a mhéadú in áiteanna pobalbhunaithe. Luathaigh COVID-19 claochlú digiteach córas sláinte freisin. Tá **Lucsamburg** ag déanamh oibre chun a réiteach teilileighis a leathnú d'othair ag a bhfuil fadhbanna sláinte ainsealach in 2022 mar chuid dá Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta. Mhol **an Spáinn** creat nua le haghaidh r-shláinte, lena n-áirítear nascacht níos fearr agus bunú 'Loch Sonraí' sláinte, ag cur sonraí ó gach réigiún agus córais faisnéise éagsúla le chéile. Mhol **an Liotuáin** go leathnófaí an bonneagar do r-shláinte agus a rolladh amach. Chun brú ar oifigí dochtúirí ginearálta agus ranna éigeandála in ospidéal a mhaolú, rollaigh **an Iodáil** aonaid nua speisialta amach le haghaidh leanúnachas an chúraim agus thug sé isteach próifíl an 'altra teaghlaigh agus phobail', cineál nua altra i gcleachtais a dearadh chun cúram lonnaithe sa teach a neartú. Athchóireoidh **an Iodáil** ospidéal chomh maith.

Lean roinnt Ballstát ar aghaidh ag athchóiriú a gcóras pinsin chun a leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach a fheabhsú, agus idirghabháil á déanamh maidir le fad an tsaoil oibre agus an aois scoir go háirithe, i gcomhréir le prionsabal 15 den Chólún (ar ioncam seanaoise agus pinsin). Tá sé beartaithe **ag an mBeilg** cistí an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid do níos mó leasuithe ar phinsin chun tacú le saolta oibre níos faide agus inbhuanaitheacht mhéadaithe. Tá clár athchóirithe socraithe ag an rialtas **sa Spáinn** agus é mar aidhm aige innéacsú pinsean a athbhunú agus glacadh na bpinsean forlíontach a mhéadú, fad is atá bearta chun inbhuanaitheacht fhioscach a chaomhnú, lena n-áirítear dreasachtaí a thabhairt isteach chun luathscor a laghdú, beartaithe. Leanann an díospóireacht ar aghaidh **sa Rómáin** maidir le pinsin speisialta gan íoc (toisc gur comhcheanglaíodh go leor acu sa scéim ghinearálta le deich mbliana anuas), a chlúdaíonn an t-arm agus na póilíní den chuid is mó, mar gheall ar an gcostas iomarcach.²⁸⁶ Chomh maith leis sin, cuimsíonn an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta **sa Rómáin**²⁸⁷ **agus sa tSlóvaic**²⁸⁸ athchóiriú ar chóras na bpinsean poiblí, le creat reachtach nua, a bhfuil sé mar aidhm aige inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú i gcomhthéacs aosú an daonra, agus neamhionannas a cheartú. Sa **Danmhairg**, ceadaíonn foráil nua ó Lúnasa 2020 scor luath dóibh siúd atá ar an margadh saothair le 44 bliana d’aois ar a laghad, chun dul ar scor 3 bliana roimh an aois scoir reachtúil (66.5 bliain d’aois faoi láthair). Ar an gcaoi chéanna, tá daoine ar an margadh saothair ar feadh 42 agus 43 bliana d’aois faoi 61 in ann dul ar scor 1 agus 2 bliain go luath, faoi seach.²⁸⁹ D’fhoilsigh ‘coimisiún na bpinsean’²⁹⁰ **sa Ghearmáin** tuarascáil i Márta 2020, ag tabhairt moltaí maidir le coigeartuithe ar an gcóras reatha chun dul i ngleic le dúshlán leordhóthanachta agus inbhuanaitheacht fhioscach. Ghlac **an Bhulgáir** céimeanna chun na pinsin a mhéadú agus modhanna nua ríofa á dtabhairt isteach agus é mar aidhm acu nach mbeadh aon phinsinéir faoin líne bhochtaineachta.

²⁸⁶ ESPN Flash report on Romania [Gearrthuarascáil ESPN ar an Rómáin], Márta 2020.

²⁸⁷ ESPN Flash report on Romania [Gearrthuarascáil ESPN ar an Rómáin], Iúil 2020.

²⁸⁸ [SWD\(2021\) 161 final](#).

²⁸⁹ ESPN Flash report on Denmark [Gearrthuarascáil ESPN ar an Danmhairg], Eanáir 2021.

²⁹⁰ Rentenkommission ‘Verlässlicher Generationenvertrag’.

Ghlac roinnt tíortha céimeanna eile chun colúin chistithe a gcóras pinsin a athchóiriú.

Ceadaíonn athchóiriú, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2020 **san Eastóin**, do bhaill den scéim pinsin, arna cistiú go reachtúil, an t-airgead taisce a aistarraingt as an scéim, rud a d'fhéadfadh leordhóthanacht a laghdú amach anseo. Mhol an rialtas **sa Pholainn** go leachtófaí na 'cistí pinsin oscailte sainordaitheacha' i lár 2021 agus go mbeidh ar roinnt ball rogha a dhéanamh idir aistrithe chuig cuntais phríobháideacha nó cuntas pinsin measta an stáit; dhéanfaidh sé seo difear do bhreis agus 15 mhilliún duine. Idir an dá linn, céimníodh na Pleananna Caipitil Fostaithe gairme isteach (Márta 2021) **sa Pholainn** chomh maith, ag cumhdach 3 mhilliún fostaí.²⁹¹ Rinneadh tuilleadh athchóirithe ar an scéim pinsin ghairme i lár 2020 **san Ísiltír**, nuair a cuireadh 'ionchas pinsin' in ionad choincheap na 'teidlíochta pinsin', ag imeacht ón bprionsabal sainmhínithe sochair a thuilleadh.²⁹²

Bosca Cholún 6: Cúram fadtéarmach i mBallstáit an Aontais

Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú mór ar an éileamh ar chúram fadtéarmach mar gheall ar an daonra atá ag dul in aois, toisc go méadaíonn leochaileacht agus an gá le haghaidh cúram fadtéarmach ag scothaoiseanna; tá sé fíor-riachtanach go n-áiritheofar infhaighteacht agus inacmhainneacht seirbhísí cúram fadtéarmach, i gcomhréir le prionsabal 18 (cúram fadtéarmach) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Meastar go n-ardóidh líon na ndaoine a bhféadfadh cúram fadtéarmach bheith ag teastáil uathu san AE-27 ó 30.8 milliún in 2019 go 33.7 milliún in 2030 agus suas go 38.1 milliún in 2050. Tá sé tábhachtach rochtain ar chúram fadtéarmach a neartú, dá réir sin, chun cothroime sóisialta agus comhionannas inscne²⁹³ a áirithiú, agus soláthraíonn sé deis freisin chun poist a chruthú. Tá infheistíocht i gcúram baile ar ardchaighdeán agus seirbhísí cúram fadtéarmach pobalbhunaithe tábhachtach chun rogha mhalartach inrochtana a sholáthar ar chúram cónaitheach do chách.

²⁹¹ ESPN Flash report on Poland [Gearrthuarascáil ESPN ar an bPolainn], Iúil 2021.

²⁹² Féach Ed Westerhout, Eduard Ponds, Peter Zwaneveld (2021), [Completing Dutch pension reform](#) [Athchóiriú pinsin na hÍsiltíre a chur i gcrích], Cáipéis Chomhthéacsúil CPB.


²⁹³ Tá tionchar an-diúltach ag oibleagáidí cúraim ar mhná sa mhargadh saothair. Déantar anailís air seo i roinn 2.2.1.

Tá líon na ndaoine scothaosta a dteastaíonn cúram uatha an-éagsúil ar fud na mBallstát agus

baineann gné na hinscne go dlúth leis. Ar an meán, bhí cúram fadtéarmach de dhíth ar 26.6 % de dhaoine a bhí 65 bliana d'aois nó os a chionn a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh phríobháideacha in 2019 san AE-27.

Tuairiscíodh idir 11.6 % agus 56.5 %, i Lucsamburg agus sa Rómáin faoi seach, maidir le riachtanais féintuairiscithe um chúram fadtéarmach²⁹⁴ i measc daoine scothaosta ina gcónaí i dteaghlaigh phríobháideach (féach Fíor 1). I measc an aoisghrúpa 65+, is minice ó mhná a theastaíonn cúram fadtéarmach, sciar de 32.1 % i gcomparáid le 19.2 % d'fhir san aoisghrúpa céanna san AE-27 in 2019. Feictear seo toisc go bhfuil aois mheánach na mban níos airde laistigh den aoisghrúpa céanna, ach chomh maith leis sin, bíonn sláinte mhaith ag mná níos sine ar feadh níos lú blianta.²⁹⁵ Bhí cúram ag teastáil ó idir 62.7 % de mhná scothaosta agus 47.4 % d'fhir scothaosta sa Rómáin, agus idir 13.2 % de mhná scothaosta agus 9.6 % d'fhir scothaosta i Lucsamburg.

Sciar de na daoine in aois 65 nó os a chionn a chónaigh i dteaghlaigh phríobháideacha agus ag a raibh leibhéal tromchúiseach deacrachta maidir le cúram pearsanta nó gníomhaíochtaí tí nó an dá rud in 2019



Nóta: Arna ríomh mar 100 % lúide sciar na ndaoine nach raibh aon deacracht thromchúiseach acu.

Foinse: [An Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte](#) sruth 3, 2019, táscaire Eurostat [[hlth_ehis_tadle](#)].

²⁹⁴ Agus deacrachtaí tromchúiseacha féintuairiscithe le gníomhaíochtaí an tsaoil laethúil agus/nó gníomhaíochtaí rithábachtacha an tsaoil laethúil á nglacadh mar chomhfhogasú (ionadach) don ghá le haghaidh cúram fadtéarmach, i gcomhréir leis an sainmhíniú a úsáideann an Coiste um Chosaint Shóisialta.

²⁹⁵ In 2019, b'ionann an meán-ionchas saoil tráth breithe san AE-27 agus 84 bliana do mhná, breis agus 5 bliana ní ba mhó ná cás na bhfear (féach táscaire Eurostat [[demo_mlexpec](#)]), ach b'ionann líon na mblianta um shláinte mhaith agus 65.1 agus 64.2 do mhná agus d'fhir, faoi seach – difríocht i bhfad ní ba lú (féach táscaire Eurostat [[hlth_hlye](#)]).

Is minc nach mbíonn ach rochtain teoranta ag teaghlaigh a mbíonn cúram fadtéarmach de dhíth orthu ar sheirbhísí foirmiúla cúraim baile toisc nach bhfuil siad inacmhainne dóibh nó díreach nach bhfuil fáil orthu. In 2019, thuairiscigh 46.5 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu i gcúram pearsanta nó gníomhaíochtaí tí san Aontas go raibh riachtanas ar chuidiú acu nár sásaíodh i ngníomhaíochtaí den sórt sin. Bhí an easpa cuidithe sin i bhfad ní ba shuntasáí dóibh sin sa chúigil ioncaim ab ísle (51.2 %) i gcomparáid leo siúd sa chúigil ioncaim ab airde (39.9 %). Is féidir leis an easpa rochtana ar chúram foirmiúil riachtanais chúraim gan sásamh nó ualach a chur ar chúramóirí neamhfhoirmiúla, na daoine a sholáthraíonn an sciar is mó cúraim. Is mná iad formhór na gcúramóirí fadtéarmacha san Aontas, 59 %.²⁹⁶

Tá cumhdach na cosanta sóisialta le haghaidh cúram fadtéarmach teoranta agus braitheann sé ar mheascán de shochair chomhchineáil agus airgid atá éagsúil ar fud na mBallstát. Tá tacaíocht phoiblí chomhchineáil do chúram fadtéarmach ar fáil do 11 %, nó níos lú, de dhaoine in aois 65 nó os a chionn in 17 dtír. Tá cumhdach na sochar airgid éagsúil, idir 0 agus 37.2 %, agus téann siad in áit sochar comhchineáil nó cuireann siad leo.²⁹⁷ Ar an meán, san Aontas, cé go bhfuil cúram ag teastáil ó 26.6 % den daonra 65+, fuair 9.4 % acu cúram baile nó cúram institiúideach agus fuair 8.8 % acu sochair airgid in 2019. Go ginearálta, tá éagsúlacht mhór i leordhóthanacht na cosanta sóisialta maidir le riachtanais chúraim fhadtéarmacha ar fud na mBallstát, agus is féidir le híocaíochtaí neamh-in-aisíochta an-ard a bheith roimh dhaoine i ngátar ar chúram foirmiúil fadtéarmach, fiú tar éis dóibh sochair shóisialta a fháil.²⁹⁸

²⁹⁶ Bunaithe ar fhianaise a cuireadh le chéile ón Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha (2016) agus an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (2013-2015). Féach táscairí Eurostat [[hlth_ehis_tadlh](#)], [[hlth_ehis_tadlhi](#)] agus Ecorys (2021) *Study on exploring the incidence and costs of informal long-term care in the EU* [Staidéar ar iniúchadh a dhéanamh ar mhinicíocht agus costais cúram fadtéarmach neamhfhoirmiúil san Aontas Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

²⁹⁷ Sciar de na daoine 65+ a fuair sochair chomhchineáil nó airgid do chúram fadtéarmach in 2019 (%). *DG ECFIN computations based on data used for European Commission and EPC* [Ríomhanna DG ECFIN bunaithe ar shonraí a úsáideadh don Choimisiún Eorpach agus CISP] (2021), *Ageing Report* [Tuarascáil ar Aosú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

²⁹⁸ Bunaithe ar anailís ECFE ar 19 ndlínse chomh maith le riachtanais ísle, measartha agus tromchúiseacha. Féach roinn 2.3.2 agus Bosca 2 den [Tuarascáil um chúram fadtéarmach, 2021](#).

Tá roinnt Ballstát ag cur athchóirithe um chúram fadtéarmach chun feidhme fad is a dhírigh Ballstáit eile ar chás na gcúramóirí neamhfhoirmiúla a fheabhsú. Tá cúram fadtéarmach á bhunú **ag an bhFrainc agus ag an tSlóivéin** mar chraobh nua den chosaint shóisialta. Tá sé beartaithe ag **an tSlóivéin**, lena Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, Acht um Chúram Fadtéarmach a ghlacadh agus modh faireacháin náisiúnta a ghlacadh le haghaidh táscairí cáilíochta do sholáthróirí cúram fadtéarmach in institiúidí. Mar chuid dá Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá sé beartaithe ag **an tSeicia** teacht i bhfeidhm an dlí ar chúram fadtéarmach. Tá sé beartaithe ag Plean Téarnaimh agus Athléimneachta **na Laitvia** áiteanna nua a chruthú le haghaidh sholáthar na seirbhísí cúram fadtéarmach gar don teaghlach le haghaidh 852 duine in aois scoir. Ghlac **an Spáinn** plean cuimsitheach le haghaidh cúram fadtéarmach agus cistiú méadaithe chun liostaí feithimh a laghdú, coinníollacha oibre a fheabhsú agus feabhsuithe ar sheirbhísí agus sochair a thabhairt isteach chun cúram sásúil a dhearbhu. Chun feidhmiú na seirbhísí sóisialta cúram fadtéarmach a athbhunú, ghlac **an Phortaingéil** clár ina bhfuil córas dreasachtaí atá dírithe ar chostais bhreise mar gheall ar phaindéim COVID-19 a mhaolú. Cumhdaíonn sé na costais a bhaineann le trealamh cosanta aonair a fháil d'oibrithe agus d'úsáideoirí, trealamh sláintíochta, conarthaí díghalrúcháin, na costais a bhaineann le hoibrithe a oiliúint agus atheagrú ionaid oibre. Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, d'achtaigh **an Ghearmáin** rialacháin lena gceadaítear solúbthacht níos fearr do chúramóirí neamhfhoirmiúla chun a n-uaireanta oibre a laghdú ar mhaithe le cúram neamhfhoirmiúil. Mhéadaigh roinnt Ballstát, amhail **an Spáinn** agus **an tSlóvaic**, an liúntas cúraim chun tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla, fad is a leathnaigh **Málta** a critéir incháilitheachta chuig daoine ar scor, fad is nach é an céile an duine dá dtugtar cúram.

IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn 1. Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, leibhéil

	Comhdheiseanna													
	Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)			Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair		Ráta NEET an aosa óig (% den daonra idir 15-29 mbliana d'aois)			An bhearna fostaíochta idir na hinscní (ccc)			Cóimheas idir cúigilí ioncaim (\$80/\$20)		
Bliain	2018	2019	2020	2017	2019	2018	2019	2020	2018	2019	2020	2018	2019	2020
AE27	10.5	10.2	9.9	55.0	56.0	13.1	12.6	13.7	11.5	11.4	11.0	5.0 e	5.0 e	5.2 be
LE19	11.0	10.6	10.2	:	:	13.2	12.7	13.9	11.0	10.8	10.1	5.1	5.0	5.4 be
AEnu	9.0	8.8	8.6	56.8	55.9	12.0	11.6	12.7	10.5	10.4	10.0	4.9	4.8	4.7
LEnu	8.9	8.7	8.5	59.7	57.9	11.7	11.3	12.5	10.2	9.9	9.3	4.8	4.7	4.7
BE	8.6	8.4	8.1	61.0	61.0	12.0	11.8	12.0	8.4	8.0	8.2	3.8	3.6 b	3.6 b
BG	12.7	13.9	12.8	29.0	29.0	18.1	16.7	18.1	8.6	9.0	9.2	7.7	8.1	8.0
CZ	6.2	6.7	7.6	60.0	62.0 b	9.5	9.8	11.0	15.2	15.0	15.3	3.3	3.3	3.3
DK	10.4	9.9	9.3	71.0	70.0	9.6	9.6	10.2	7.0	7.2	7.0	4.1	4.1	4.0 b
DE	10.3	10.3	10.1 bp	68.0	70.0	7.9	7.6	8.6 bp	8.1	8.0	6.2 bp	5.1	4.9	6.5 b
EE	11.3	9.8	7.5	60.0	62.0	11.7	9.8	11.2	7.8	7.7	6.0	5.1	5.1	5.0
IE	5.0	5.1	5.0	48.0	53.0	11.6	11.4	14.2	12.2	12.4	12.1	4.2	4.0	4.1 b
EL	4.7	4.1	3.8	46.0	51.0	19.5	17.7	18.7	21.6	20.7	19.4	5.5	5.1	5.2
ES	17.9	17.3	16.0	55.0	57.0	15.3	14.9	17.3	12.1	11.9	11.4	6.0	5.9	5.8
FR	8.7	8.2	8.0	57.0	57.0	13.6	13.0	14.0	6.4	5.9	5.7	4.2	4.3	4.5 p
HR	3.3	3.0 u	2.2 u	41.0	53.0	15.6	14.2	14.6	10.2	10.5	11.2	5.0	4.8	4.6
IT	14.5	13.5	13.1	: u	42.0 b	23.4	22.2	23.3	19.8	19.6	19.9	6.1	6.0	:
CY	7.8	9.2	11.5	50.0	45.0	14.9	14.1	15.3	10.4	11.6	12.0	4.3	4.6	4.3
LV	8.3	8.7	7.2	48.0	43.0 b	11.6	10.3	11.9	4.3	3.7	3.8	6.8	6.5	6.3 p
LT	4.6	4.0	5.6	55.0	56.0	9.3	10.9	13.0	2.3	1.6	1.7	7.1	6.4	6.1
LU	6.3	7.2	8.2	85.0	65.0 b	7.5	6.5	7.7	8.0	9.1	7.1	5.2	5.3	5.0 b
HU	12.5	11.8	12.1	50.0	49.0	12.9	13.2	14.7	10.7	11.0	11.2	4.4	4.2	4.3
MT	14.0	13.9	12.6	57.0	56.0	7.3	7.9	9.5	21.9	20.7	17.8	4.3	4.2	4.7
NL	7.3	7.5 b	7.0	79.0	79.0	5.7	5.7	5.7	10.1	9.3	8.9	4.1	3.9	4.2
AT	7.3	7.8	8.1	67.0	66.0	8.4	8.3	9.5	9.0	8.8	8.4	4.0	4.2	4.1
PL	4.8 b	5.2	5.4	46.0	44.0	12.1 b	12.0	12.9	14.4	15.4	15.7	4.3	4.4	4.1 p
PT	11.8	10.6	8.9	50.0	52.0	9.6	9.2	11.0	6.6	6.9	5.7	5.2	5.2	5.0
RO	16.4	15.3	15.6	29.0	31.0	17.0	16.8	16.6	18.3	19.0	19.3	7.2	7.1	6.6
SI	4.2	4.6	4.1	54.0	55.0	8.8	8.8	9.2	7.3	6.8	6.2	3.4	3.4	3.3
SK	8.6	8.3	7.6	59.0	54.0	14.6	14.5	15.2	13.7	13.0	12.6	3.0	3.3	3.0
FI	8.3	7.3	8.2	76.0	76.0	10.1	9.5	10.3	3.7	2.7	2.9	3.7	3.7	3.7
SE	7.5 b	6.5	7.7	77.0	72.0 u	6.9 b	6.3	7.2	4.2 b	4.7	4.9	4.1	4.3	4.1

Nóta: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 1 (ar lean). Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, leibhéal

	Dálai córa oibre											
	Ráta fostaíochta (% den daonra 20-64 bliana d'aois)			Ráta difhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)			Ráta difhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)			Fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita (2008=100)		
Bliain	2018	2019	2020	2018	2019	2020	2018	2019	2020	2018	2019	2020
AE27	72.4	73.2	72.4	7.3	6.7	7.1	3.1	2.6	2.4	105.6	107.7	107.3
LE19	72.0	72.7	71.7	8.2	7.6	7.9	3.6	3.1	2.8	102.9	104.5	103.9
AEnu	73.7	74.6	73.8	6.7	6.1	6.9	2.7	2.3	2.2	109.9	113.4	112.1
LEnu	73.4	74.3	73.3	7.5	6.8	7.6	3.2	2.7	2.6	105.5	108.6	108.0
BE	69.7	70.5	70.0	6.0	5.4	5.6	2.9	2.3	2.3	100.8	102.9	103.6
BG	72.1	74.7	73.1	5.3	4.3	5.2	2.9	2.3	2.2	:	:	:
CZ	79.9	80.3	79.7	2.2	2.0	2.6	0.7	0.6	0.6	117.5	121.3	124.1
DK	77.5	78.3	77.8	5.1	5.0	5.6	1.0	0.8	0.9	115.0	117.4	116.9
DE	79.9	80.6	80.0 bp	3.4	3.1	3.8 bp	1.4	1.2	1.1 bp	111.9	112.9	113.2
EE	79.5	80.2	78.8	5.4	4.4	6.8	1.3	0.9	1.2	121.1	129.4	
IE	74.1	75.1	73.4	5.8	5.0	5.7	2.1	1.6	1.3	101.5	103.7	110.3
EL	59.0	60.8	58.3	19.7	17.9	17.6	12.5	11.3	10.5	72.1	75.0	73.7
ES	67.0	68.0	65.7	15.3	14.1	15.5	6.4	5.3	5.0	96.2	99.2	93.8
FR	72.0	72.3	72.1	9.0	8.4	8.0	2.5	2.3	1.9	104.3	106.5	106.5
HR	65.2	66.7	66.9	8.5	6.6	7.5	3.4	2.4	2.1	106.0	110.6	110.7
IT	63.0	63.5	62.6	10.6	10.0	9.2	6.2	5.6	4.7	93.8	94.1	92.0
CY	73.9	75.7	74.9	8.4	7.1	7.6	2.7	2.1	2.1	93.0	98.3	94.9
LV	76.8	77.3	76.9	7.4	6.3	8.1	3.1	2.4	2.2	114.3	117.7	120.5
LT	77.8	78.2	76.7	6.2	6.3	8.5	2.0	1.9	2.5	124.5	133.3	143.4
LU	72.1	72.8	72.1	5.6	5.6	6.8	1.4	1.3	1.7	105.2	106.8	110.2
HU	76.7	77.6	77.5	3.6	3.3	4.1	1.4	1.1	1.1	127.0	133.2	131.9
MT	75.5	76.8	77.3	3.7	3.6	4.4	1.8	0.9	1.1	124.1	127.8	125.5
NL	79.2	80.1	80.0	3.8	3.4	3.8	1.4	1.0	0.9	104.5	105.7	106.9
AT	76.2	76.8	74.8	5.2	4.8	6.0	1.7	1.4	1.7	98.2	99.3	97.1
PL	72.2	73.0	73.6	3.9	3.3	3.2	1.0	0.7	0.6	133.3	140.3	145.3
PT	74.7	75.5	74.2	7.2	6.7	7.0	3.2	2.8	2.3	104.0	107.8	106.2
RO	69.9	70.9	70.8	4.2	3.9	5.0	1.8	1.7	1.5	136.8	142.6	:
SI	75.4	76.4	75.6	5.1	4.5	5.0	2.2	1.9	1.9	106.6	110.6	114.7
SK	72.4	73.4	72.5	6.5	5.8	6.7	4.0	3.4	3.2	121.1	123.6	123.3
FI	76.3	77.2	76.5	7.4	6.7	7.8	1.6	1.2	1.2	106.6	108.8	108.5
SE	82.4 b	82.1	80.8	6.4 b	6.8	8.3	1.1 b	0.9	1.1	118.2	119.6	116.7

Nóta: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro. Déantar fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita a thomhas le ‘hioncam neamhchoigeartaithe’ (i.e. gan aistriúthe sóisialta comhchineáil a chur san áireamh) agus gan ceartú le haghaidh caighdeáin cumhachta ceannaigh.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 1 (ar lean). Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, leibhéil

	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta											
	An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta			An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanai (0-17 mbliana d'aois)			Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta			An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas		
Bliain	2018	2019	2020	2018	2019	2020	2018	2019	2020	2018	2019	2020
AE27	21.7 e	21.9 be	21.9 e	24.0 e	23.4 be	24.2 e	32.8 e	29.5 be	32.7 be	23.5	24.4	24.5 e
LE19	21.4	21.8 be	22.0 e	23.8	23.5 be	24.7 e	31.7	28.7 be	32.7 e	22.1	23.4	23.4 e
AEnu	21.6	21.1	20.6	23.2	22.3	21.9	34.2	34.1	35.5	25.5	25.6	26.0
LEnu	21.2	20.7	20.2	22.8	22.0	21.6	33.7	34.4	35.9	23.6	24.5	24.8
BE	20.5	20.0 b	20.4 b	23.5	23.0 b	22.2 b	35.2	41.7 b	44.9 b	32.0	33.1	36.3 b
BG	33.2	33.2	33.6	34.4	36.1	36.2	25.4	23.7	20.4	38.0	34.8	33.0
CZ	11.8	12.1	11.5	13.0	13.0	12.9	38.5	39.2	40.6	28.4	26.3	25.6
DK	17.5	17.3	16.8	15.4	13.9	13.5	47.3	47.3	52.4 b	18.2	16.6	18.1
DE	18.5	21.4 be	22.5	17.5	18.6 be	25.1	33.3	18.5 be	31.5 b	29.5	26.5	32.4 b
EE	23.6	23.7	22.8	17.0	19.7	17.4	26.8	28.2	31.7	18.3	21.2	20.6
IE	20.8	20.6	21.0 b	24.8	23.8	25.0 b	51.8	57.7	55.7 b	40.0	44.0	39.9
EL	30.3	29.0	27.5	34.1	31.2	31.5	20.3	22.8	25.0	29.8	29.0	28.2
ES	27.3	26.2	27.0	30.6	31.3	31.8	22.9	23.1	23.4	26.5	30.1	21.6
FR	18.0	18.9	18.9 p	24.0	24.2	22.6 p	44.4	42.1	46.9 p	15.7	18.9	22.8 p
HR	22.1	20.8	20.5	22.2	19.1	18.4	24.9	24.7	23.1	32.7	33.5	32.9
IT	25.7	24.6	:	29.6	27.1	:	21.6	20.2	:	14.9	16.9	:
CY	19.1	18.6	17.6	20.5	20.3	19.0	36.4	35.2	34.7	23.5	22.0	23.5
LV	28.5	26.7	25.1 p	23.8	18.8	19.8 p	19.1	23.4	23.4 p	19.3	19.0	16.7 p
LT	28.5	25.5	24.5	28.8	25.8	23.1	22.9	31.6	29.4	30.7	26.0	22.7
LU	20.1	20.1	19.9 b	23.4	25.4	24.2 b	40.4	34.0	39.4 b	18.3	20.1	22.1 b
HU	20.6	20.0	19.4	26.6	24.1	21.7	48.8	38.5	44.1	28.5	28.6	31.2
MT	19.2	20.8	19.9	23.3	23.9	22.6	30.6	26.3	21.0	31.2	28.1	29.4
NL	16.5	16.5	16.0	15.1	15.4	15.8	39.0	38.3	36.8	22.4	26.5	25.4
AT	16.8	16.5	16.7	21.6	20.1	21.9	43.3	49.2	41.1	20.1	21.9	20.5
PL	18.2	17.9	17.0 p	16.9	16.3	16.1 p	40.3	36.9	36.7 p	33.5	33.4	31.3 p
PT	21.6	21.1	20.0	22.4	21.9	21.9	23.8	24.2	26.0	18.3	19.2	18.2
RO	38.9	36.3	35.8	45.3	40.0	41.5	16.1	15.3	15.8	30.4	29.2	30.4
SI	15.4	13.7	14.3	13.1	11.6	12.1	43.2	45.5	44.6	17.3	18.5	21.7
SK	15.2	14.9	13.8	23.3	21.3	18.4	31.1	38.0	40.0	23.1	23.1	23.6
FI	16.6	15.4	15.9	15.9	13.8	14.5	53.7	54.0	51.4	17.8	20.6	19.9
SE	17.7	18.4	17.7	20.5	23.0	20.2	43.3	40.8	42.7	30.1	24.9	28.9

Nóta: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 1 (ar lean). Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, leibhéil

	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta (ar lean)								
	Ró-ualach costais tithíochta			Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil			Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú		
Bliain	2018	2019	2020	2018	2019	2020	2018	2019	2020
AE27	9.6 e	9.4 e	9.9 be	34.7 e	35.3 e	:	1.8 e	1.7 e	:
LE19	9.8	9.8	10.8 be	39.2	41.0	:	1.4	1.3	:
AEnu	8.6	8.3	8.0	33.2	35.0	31.6	2.7	2.5	2.7
LEnu	8.0	8.0	8.0	36.9	39.1	35.0	3.0	2.6	2.6
BE	8.9	8.4 b	7.8 b	54.4	55.5 b	54.6 b	1.8	1.8 b	1.5 b
BG	17.9	16.0	14.4	16.2	19.7	15.0	1.9	1.4	1.4
CZ	7.8	6.9	6.5	9.0	6.3	4.8	0.3	0.5	0.4
DK	14.7	15.6	14.1 b	63.2	66.0	67.7	1.3	1.8	1.7
DE	14.2	13.9	19.9 b	29.8	31.3	16.4 b	0.2	0.3	0.1 b
EE	4.0	4.4	12.4	28.3	31.8	26.7	16.4	15.5	13.0
IE	3.4	4.2	3.4 b	37.7	40.8	23.2 b	2.0	2.0	2.1 b
EL	39.5	36.2	32.6	40.9	32.4	20.5	8.8	8.1	6.4
ES	8.9	8.5	8.2	50.5	57.4	45.5	0.2	0.2	0.4
FR	4.7	5.5	:	50.0	50.8	57.2 p	1.2	1.2	2.6 p
HR	5.1	4.7	4.2	17.8	15.7	20.4	1.4	1.4	1.5
IT	8.2	8.7	:	25.7	26.3	:	2.4	1.8	:
CY	2.0	2.3	1.9	31.4	31.1	20.7	1.4	1.0	0.4
LV	6.7	5.4	4.8 p	27.4	28.3	26.3 p	6.2	4.3	5.3 p
LT	5.6	4.8	2.7	20.8	26.6	16.2	2.2	1.4	1.7
LU	9.3	10.1	8.5 b	60.5	60.0	63.2 b	0.3	0.2	0.1 b
HU	9.6	4.2	5.2	16.5	16.9	10.5	0.8	1.0	0.7
MT	1.7	2.6	2.8	32.1	38.3	29.7	0.2	0.0 n	0.0 n
NL	9.4	9.9	8.3	56.8	64.8	67.6	0.2	0.2	0.2
AT	6.8	7.0	6.3	20.0	22.7	21.1	0.1	0.3	0.1
PL	6.2	6.0	4.9 p	10.9	10.2	11.2 p	4.2	4.2	12.7 p
PT	5.7	5.7	4.1	50.2	52.9	53.0	2.1	1.7	1.6
RO	10.3	8.6	7.1	13.2	14.1	6.8	4.9	4.9	4.7
SI	4.9	4.1	4.4	46.3	46.9	44.3	3.3	2.9	2.7
SK	4.1	5.7	3.2	1.4	6.6	4.8	2.6	2.7	3.2
FI	4.3	4.0	4.1	37.2	38.2	39.6	4.7	4.7	5.4
SE	8.3	9.4	8.3	49.4	53.1	54.1	1.5	1.4	1.5

Nóta: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 2. Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, athruithe agus fad ón Aontas

Bliain	Comhdheiseanna														
	Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)			Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair			Ráta NEET an aosa óig (% den daonra idir 15-29 mbliana d'aois)			An bhearna fostaíochta idir na hinscní (ccc)			Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)		
	2020			2019			2020			2020			2020		
	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas
AE27	-0.3	1.3	-0.1	1.0	0.1	1.4	1.1	1.0	0.0	-0.4	1.0	0.0	0.3	0.5	0.3
LE19	-0.4	1.6	-0.2				1.2	1.2	0.1	-0.7	0.1	-0.3	0.4	0.6	0.4
AEnu	-0.2	0.0	0.0	-0.4	0.0	0.0	1.1	0.0	0.0	-0.4	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
LEnu	-0.3	-0.2	-0.1	-0.9	2.0	-0.6	1.2	-0.2	0.1	-0.7	-0.7	-0.3	0.0	-0.1	0.1
BE	-0.3	-0.5	-0.1	0.0	5.1	0.4	0.2	-0.7	-0.9	0.2	-1.8	0.6	0.0	-1.1	0.1
BG	-1.1	4.2	-0.9	0.0	-26.9	0.4	1.4	5.4	0.3	0.2	-0.8	0.6	-0.1	3.3	-0.1
CZ	0.9	-1.0	1.1	2.0	6.1	2.4	1.2	-1.7	0.1	0.3	5.3	0.7	0.0	-1.4	0.0
DK	-0.6	0.7	-0.4	-1.0	14.1	-0.6	0.6	-2.5	-0.5	-0.2	-3.0	0.2	-0.1	-0.7	-0.1
DE	-0.2	1.5	0.0	2.0	14.1	2.4	1.0	-4.1	-0.1	-1.8	-3.8	-1.4	1.6	1.7	1.6
EE	-2.3	-1.1	-2.1	2.0	6.1	2.4	1.4	-1.5	0.3	-1.7	-4.0	-1.3	-0.1	0.3	0.0
IE	-0.1	-3.6	0.1	5.0	-2.9	5.4	2.8	1.5	1.7	-0.3	2.1	0.1	0.1	-0.6	0.1
EL	-0.3	-4.8	-0.1	5.0	-4.9	5.4	1.0	6.0	-0.1	-1.3	9.4	-0.9	0.0	0.4	0.1
ES	-1.3	7.4	-1.1	2.0	1.1	2.4	2.4	4.6	1.3	-0.5	1.4	-0.1	-0.2	1.0	-0.2
FR	-0.2	-0.6	0.0	0.0	1.1	0.4	1.0	1.3	-0.1	-0.2	-4.3	0.2	0.2	-0.3	0.2
HR	-0.8	-6.4	-0.6	12.0	-2.9	12.4	0.4	1.9	-0.7	0.7	1.2	1.1	-0.2	-0.1	-0.1
IT	-0.4	4.5	-0.2		-13.9		1.1	10.6	0.0	0.3	9.9	0.7	:	:	:
CY	2.3	2.9	2.5	-5.0	-10.9	-4.6	1.2	2.6	0.1	0.4	2.0	0.8	-0.3	-0.4	-0.3
LV	-1.5	-1.4	-1.3	-5.0	-12.9	-4.6	1.6	-0.8	0.5	0.1	-6.2	0.5	-0.3	1.5	-0.3
LT	1.6	-3.0	1.8	1.0	0.1	1.4	2.1	0.3	1.0	0.1	-8.3	0.5	-0.3	1.4	-0.3
LU	1.0	-0.4	1.2	-20.0	9.1	-19.6	1.2	-5.0	0.1	-2.0	-2.9	-1.6	-0.4	0.2	-0.3
HU	0.3	3.5	0.5	-1.0	-6.9	-0.6	1.5	2.0	0.4	0.2	1.2	0.6	0.1	-0.4	0.1
MT	-1.3	4.0	-1.1	-1.0	0.1	-0.6	1.6	-3.2	0.5	-2.9	7.8	-2.5	0.5	-0.1	0.5
NL	-0.5	-1.6	-0.3	0.0	23.1	0.4	0.0	-7.0	-1.1	-0.4	-1.1	0.0	0.2	-0.6	0.2
AT	0.3	-0.5	0.5	-1.0	10.1	-0.6	1.2	-3.2	0.1	-0.4	-1.6	0.0	-0.1	-0.6	0.0
PL	0.2	-3.2	0.4	-2.0	-11.9	-1.6	0.9	0.2	-0.2	0.3	5.7	0.7	-0.3	-0.7	-0.3
PT	-1.7	0.3	-1.5	2.0	-3.9	2.4	1.8	-1.7	0.7	-1.2	-4.3	-0.8	-0.2	0.2	-0.2
RO	0.3	7.0	0.5	2.0	-24.9	2.4	-0.2	3.9	-1.3	0.3	9.3	0.7	-0.5	1.9	-0.4
SI	-0.5	-4.5	-0.3	1.0	-0.9	1.4	0.4	-3.5	-0.7	-0.6	-3.8	-0.2	-0.1	-1.4	-0.1
SK	-0.7	-1.0	-0.5	-5.0	-1.9	-4.6	0.7	2.5	-0.4	-0.4	2.6	0.0	-0.3	-1.7	-0.3
FI	0.9	-0.4	1.1	0.0	20.1	0.4	0.8	-2.4	-0.3	0.2	-7.1	0.6	0.0	-1.0	0.1
SE	1.2	-0.9	1.4	-5.0	16.1	-4.6	0.9	-5.5	-0.2	0.2	-5.1	0.6	-0.2	-0.6	-0.2

Nóta: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro. Ríomhtar an fad ó mheán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe. Ríomhtar an t-athrú do leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair i ndáil le 2017 (níl fáil ar shonraí do 2018).

Bratacha – b: briseadh san amshraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 2 (ar lean). Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, athruithe agus fad ón Aontas

Bliain	Dálai córa oibre											
	Ráta fostaíochta (% den daonra 20-64 bliana d'aois)			Ráta dífhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)			Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)			Fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita (2008=100)		
	2020			2020			2020			2020		
	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go dtí Y-Y don Aontas
AE27	-0.8	-1.4	0.0	0.4	0.2	-0.4	-0.2	0.2	-0.1	-0.3	-4.8	-0.7
LE19	-1.0	-2.1	-0.2	0.3	1.0	-0.5	-0.3	0.6	-0.2	-0.6	-8.2	-1.0
AEnu	-0.8	0.0	0.0	0.8	0.0	0.0	-0.1	0.0	0.0	0.3	0.0	0.0
LEnu	-1.0	-0.5	-0.2	0.8	0.7	0.0	-0.1	0.4	0.0	0.4	-4.1	0.0
BE	-0.5	-3.8	0.3	0.2	-1.3	-0.6	0.0	0.1	0.1	0.6	-8.5	0.3
BG	-1.6	-0.7	-0.8	0.9	-1.7	0.1	-0.1	0.0	0.0	0.0		-0.3
CZ	-0.6	5.9	0.2	0.6	-4.3	-0.2	0.0	-1.6	0.1	2.2	12.0	1.9
DK	-0.5	4.0	0.3	0.6	-1.3	-0.2	0.1	-1.3	0.2	-0.4	4.8	-0.7
DE	-0.6	6.2	0.2	0.7	-3.1	-0.1	-0.1	-1.1	0.0	0.3	1.1	-0.1
EE	-1.4	5.0	-0.6	2.4	-0.1	1.6	0.3	-1.0	0.4	0.0		-0.3
IE	-1.7	-0.4	-0.9	0.7	-1.2	-0.1	-0.3	-0.9	-0.2	6.3	-1.8	6.0
EL	-2.5	-15.5	-1.7	-0.3	10.7	-1.1	-0.8	8.3	-0.7	-1.7	-38.4	-2.0
ES	-2.3	-8.1	-1.5	1.4	8.6	0.6	-0.3	2.8	-0.2	-5.4	-18.3	-5.7
FR	-0.2	-1.7	0.6	-0.4	1.1	-1.2	-0.4	-0.3	-0.3	0.0	-5.5	-0.3
HR	0.2	-6.9	1.0	0.9	0.6	0.1	-0.3	-0.1	-0.2	0.1	-1.4	-0.2
IT	-0.9	-11.2	-0.1	-0.8	2.3	-1.6	-0.9	2.5	-0.8	-2.2	-20.1	-2.5
CY	-0.8	1.1	0.0	0.5	0.7	-0.3	0.0	-0.1	0.1	-3.4	-17.2	-3.8
LV	-0.4	3.1	0.4	1.8	1.2	1.0	-0.2	0.0	-0.1	2.4	8.4	2.1
LT	-1.5	2.9	-0.7	2.2	1.6	1.4	0.6	0.3	0.7	7.6	31.3	7.3
LU	-0.7	-1.7	0.1	1.2	-0.1	0.4	0.4	-0.5	0.5	3.2	-1.9	2.9
HU	-0.1	3.7	0.7	0.8	-2.8	0.0	0.0	-1.1	0.1	-1.0	19.8	-1.3
MT	0.5	3.5	1.3	0.8	-2.5	0.0	0.2	-1.1	0.3	-1.8	13.4	-2.1
NL	-0.1	6.2	0.7	0.4	-3.1	-0.4	-0.1	-1.3	0.0	1.2	-5.2	0.8
AT	-2.0	1.0	-1.2	1.2	-0.9	0.4	0.3	-0.5	0.4	-2.2	-15.0	-2.5
PL	0.6	-0.2	1.4	-0.1	-3.7	-0.9	-0.1	-1.6	0.0	3.6	33.2	3.2
PT	-1.3	0.4	-0.5	0.3	0.1	-0.5	-0.5	0.1	-0.4	-1.5	-5.9	-1.8
RO	-0.1	-3.0	0.7	1.1	-1.9	0.3	-0.2	-0.7	-0.1	0.0		-0.3
SI	-0.8	1.8	0.0	0.5	-1.9	-0.3	0.0	-0.3	0.1	3.7	2.6	3.4
SK	-0.9	-1.3	-0.1	0.9	-0.2	0.1	-0.2	1.0	-0.1	-0.2	11.2	-0.5
FI	-0.7	2.7	0.1	1.1	0.9	0.3	0.0	-1.0	0.1	-0.2	-3.5	-0.6
SE	-1.3	7.0	-0.5	1.5	1.4	0.7	0.2	-1.1	0.3	-2.4	4.6	-2.7

Nóta: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro. Ríomhtar an fad ó mheán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe. Déantar fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita a thomhas le 'hioncam neamhchoigeartaithe' (i.e. gan aistriú sóisialta comhchineáil a chur san áireamh) agus gan ceartú le haghaidh caighdeán cumhachta ceannaigh.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (lín beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat, ECFE.

Iarscríbhinn 2 (ar lean). Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, athruithe agus fad ón Aontas

Bliain	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta											
	An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta			An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanaí (0-17 mbliana d'aois)			Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta			An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas		
	2020			2020			2020			2020		
	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go Y-Y don Aontas
AE27	0.0	1.3	0.4	0.8	2.3	1.0	3.2	-2.8	2.3	0.1	-1.5	0.0
LE19	0.2	1.4	0.6	1.2	2.8	1.4	4.0	-2.8	3.1	0.0	-2.6	-0.1
AEnu	-0.4	0.0	0.0	-0.2	0.0	0.0	0.9	0.0	0.0	0.1	0.0	0.0
LEnu	-0.3	-0.4	0.0	-0.1	-0.3	0.2	0.7	0.4	-0.1	-0.1	-1.3	-0.2
BE	0.4	-0.2	0.8	-0.8	0.3	-0.6	3.2	9.4	2.3	3.2	10.3	3.1
BG	0.4	13.0	0.8	0.1	14.3	0.3	-3.3	-15.1	-4.1	-1.8	7.0	-1.9
CZ	-0.6	-9.1	-0.2	-0.1	-9.0	0.1	1.5	5.1	0.6	-0.7	-0.4	-0.8
DK	-0.5	-3.8	-0.1	-0.4	-8.4	-0.2	5.1	16.9	4.2	1.5	-7.9	1.4
DE	1.1	1.9	1.5	6.5	3.2	6.7	13.0	-4.0	12.1	5.9	6.4	5.8
EE	-0.9	2.2	-0.5	-2.3	-4.5	-2.1	3.5	-3.8	2.7	-0.6	-5.4	-0.7
IE	0.4	0.4	0.8	1.2	3.1	1.4	-2.0	20.2	-2.9	-4.1	13.9	-4.2
EL	-1.5	6.9	-1.1	0.3	9.6	0.5	2.2	-10.5	1.3	-0.8	2.2	-0.9
ES	0.8	6.4	1.2	0.5	9.9	0.7	0.3	-12.1	-0.6	-8.5	-4.4	-8.6
FR	0.0	-1.7	0.4	-1.6	0.7	-1.4	4.8	11.4	3.9	3.9	-3.2	3.8
HR	-0.3	-0.1	0.1	-0.7	-3.5	-0.5	-1.6	-12.4	-2.5	-0.6	6.9	-0.7
IT	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:
CY	-1.0	-3.0	-0.6	-1.3	-2.9	-1.1	-0.5	-0.8	-1.4	1.5	-2.5	1.4
LV	-1.6	4.5	-1.2	1.0	-2.1	1.2	0.0	-12.1	-0.9	-2.3	-9.3	-2.4
LT	-1.0	3.9	-0.6	-2.7	1.2	-2.5	-2.2	-6.1	-3.0	-3.3	-3.3	-3.4
LU	-0.2	-0.7	0.2	-1.2	2.3	-1.0	5.4	3.9	4.5	2.0	-3.9	1.9
HU	-0.6	-1.2	-0.2	-2.4	-0.2	-2.2	5.6	8.6	4.7	2.6	5.2	2.5
MT	-0.9	-0.7	-0.5	-1.3	0.7	-1.1	-5.3	-14.5	-6.1	1.3	3.4	1.2
NL	-0.5	-4.6	-0.1	0.4	-6.1	0.6	-1.5	1.3	-2.4	-1.1	-0.6	-1.2
AT	0.2	-3.9	0.6	1.8	0.0	2.0	-8.1	5.6	-9.0	-1.4	-5.5	-1.5
PL	-0.9	-3.6	-0.5	-0.2	-5.8	0.0	-0.1	1.3	-1.0	-2.1	5.3	-2.2
PT	-1.1	-0.6	-0.7	0.0	0.0	0.2	1.8	-9.5	0.9	-1.0	-7.8	-1.1
RO	-0.5	15.2	-0.1	1.5	19.6	1.7	0.5	-19.7	-0.3	1.2	4.4	1.1
SI	0.6	-6.3	1.0	0.5	-9.8	0.7	-0.8	9.1	-1.7	3.2	-4.3	3.1
SK	-1.1	-6.8	-0.7	-2.9	-3.5	-2.7	2.0	4.5	1.1	0.5	-2.4	0.4
FI	0.5	-4.7	0.9	0.7	-7.4	0.9	-2.6	15.9	-3.5	-0.7	-6.1	-0.8
SE	-0.7	-2.9	-0.3	-2.8	-1.7	-2.6	1.9	7.2	1.0	4.0	2.9	3.9

Nóta: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro. Ríomhtar an fad ó mheán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 2 (ar lean). Táscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta, athruithe agus fad ón Aontas

Bliain	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta (ar lean)								
	Ró-ualach costais tithíochta			Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil			Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú		
	2020			2020			2020		
	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad ó mheán an Aontais	Y-Y do BS go Y-Y don Aontas
AE27	0.5	1.9	0.8	:	:	:	:	:	:
LE19	1.0	2.8	1.3						
AEnu	-0.3	0.0	0.0	-3.7	0.0	0.0	0.2	0.0	0.0
LEnu	-0.1	0.0	0.2	-4.8	3.5	-1.0	-0.1	-0.1	-0.3
BE	-0.6	-0.2	-0.3	-0.9	23.0	2.8	-0.3	-1.2	-0.5
BG	-1.6	6.4	-1.3	-4.7	-16.6	-1.0	0.0	-1.3	-0.2
CZ	-0.4	-1.5	-0.1	-1.5	-26.8	2.2	-0.1	-2.3	-0.3
DK	-1.5	6.1	-1.2	1.7	36.1	5.4	-0.1	-1.0	-0.3
DE	6.0	11.9	6.3	-14.9	-15.2	-11.2	-0.2	-2.6	-0.4
EE	8.0	4.4	8.3	-5.1	-4.9	-1.4	-2.5	10.3	-2.7
IE	-0.8	-4.6	-0.5	-17.6	-8.4	-13.9	0.1	-0.6	-0.1
EL	-3.6	24.6	-3.3	-11.9	-11.1	-8.2	-1.7	3.7	-1.9
ES	-0.3	0.2	0.0	-11.9	13.9	-8.2	0.2	-2.3	0.0
FR	:	:	:	6.4	25.6	10.1	1.4	-0.1	1.2
HR	-0.5	-3.8	-0.2	4.7	-11.2	8.4	0.1	-1.2	-0.1
IT	:	:	:	:	:	:	:	:	:
CY	-0.4	-6.1	-0.1	-10.4	-10.9	-6.7	-0.6	-2.3	-0.8
LV	-0.6	-3.2	-0.3	-2.0	-5.3	1.7	1.0	2.6	0.8
LT	-2.1	-5.3	-1.8	-10.4	-15.4	-6.7	0.3	-1.0	0.1
LU	-1.6	0.5	-1.3	3.2	31.6	6.9	-0.1	-2.6	-0.3
HU	1.0	-2.8	1.3	-6.4	-21.1	-2.7	-0.3	-2.0	-0.5
MT	0.2	-5.2	0.5	-8.6	-1.9	-4.9	0.0	-2.7	-0.2
NL	-1.6	0.3	-1.3	2.8	36.0	6.5	0.0	-2.5	-0.2
AT	-0.7	-1.7	-0.4	-1.6	-10.5	2.1	-0.2	-2.6	-0.4
PL	-1.1	-3.1	-0.8	1.0	-20.4	4.7	8.5	10.0	8.3
PT	-1.6	-3.9	-1.3	0.1	21.4	3.8	-0.1	-1.1	-0.3
RO	-1.5	-0.9	-1.2	-7.3	-24.8	-3.6	-0.2	2.0	-0.4
SI	0.3	-3.6	0.6	-2.6	12.7	1.1	-0.2	0.0	-0.4
SK	-2.5	-4.8	-2.2	-1.8	-26.8	1.9	0.5	0.5	0.3
FI	0.1	-3.9	0.4	1.4	8.0	5.1	0.7	2.7	0.5
SE	-1.1	0.3	-0.8	1.0	22.5	4.7	0.1	-1.2	-0.1

Nótaí: Tagraíonn AEnu agus AEnu do na meáin neamhualaithe don Aontas agus don limistéar euro. Riomhtar an fad ó mheán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe.


Bratacha – b: briseadh san amsraith; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí); n: gan a bheith difriúil go suntasach ó nialas ó thaobh staidrimh de.

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 3. Miondealú réigiúnach de tháscairí ceannlíne an scórchláir shóisialta²⁹⁹

Fíor 1: Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, 2020

(%, sciar de na daoine idir 18-24 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 9.9 %)




Nóta: Ní léirítear aonaid riaracháin áirithe ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Ghearmáin, don Fhrainc, don Pholainn, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg, d'Éirinn, don Ghréig, don Iodáil, don Ostair, don tSlóvaic agus don tSualainn. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Bhulgáir (Severen tsentralen, Severoiztochen, Severozapaden agus Yugozapaden); An Chróit (Jadranska Hrvatska); An tSeicia (Praha); An Ungáir (Búdaipeist agus Nyugat-Dunántúl); An Liotuáin (Sostinės regionas); An Ísiltír (Zeeland); An Rómáin (București-Ilfov agus Vest); An Spáinn (Cantabria, Ciudad de Ceuta, Ciudad de Melilla, La Rioja agus Principado de Asturias) agus an tSlóivéin (Vzhodna Slovenija agus Zahodna Slovenija). Briseadh san amshraith don Ghearmáin. Sonraí sealadacha don Ghearmáin.

Foinse: Eurostat, táscaire [edat_lfse_16]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

²⁹⁹ Nóta: Miondealuithe ar an leibhéal réigiúnach (NUTS 2). Mura bhfuil an miondealú réigiúnach (NUTS 2) ar fáil, cuirtear NUTS 1 nó an leibhéal náisiúnta i láthair sna léarscáileanna.

Fíor 2: Daoine óga nach bhfuil fostaithe ná in oideachas ná faoi oiliúint (NEET), 2020

(%, sciar de na daoine idir 15-29 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 13.7 %)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Ghearmáin agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Fhrainc agus don Ostair. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Fhrainc (Corse); An Ísiltír (Zeeland); An Pholainn (Opolskie); An Spáinn (Ciudad de Ceuta agus Ciudad de Melilla) agus an tSualainn (Mellersta Norrland agus Övre Norrland). Briseadh san amsraith don Ghearmáin. Sonraí sealadacha don Ghearmáin.

Foinse: Eurostat, táscaire [edat_lfse_22]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 3: An bhearna fostaíochta idir na hinscní, 2020

(difríocht i bpointí céatadáin, ráta fostaíochta fireann lúide ráta fostaíochta baineann, bunaithe ar dhaoine 20-64 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 11.0 ccc)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Fhrainc (Corse agus Mayotte). Briseadh san amshraith don Ghearmáin. Sonraí sealadacha don Ghearmáin.

Foinse: Eurostat, táscaire [tepsr_lm220]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 4: Neamhionannas ioncaim arna thomhas mar chóimheas idir cúigilí - S80/S20, 2020

(innéacs, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 5.2)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Baineadh úsáid as sonraí ó 2019 (de bharr sonraí a bheith ar iarraidh ar gach leibhéal in 2020) don Iodáil. Sonraí náisiúnta don tSeicia, don Ghearmáin, don Eastóin, don Spáinn, don Fhrainc, don Chipir, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg agus don Ísiltír. Briseadh san amshraith don Bheilg, don Danmhairg, don Ghearmáin, d'Éirinn agus do Lucsamburg. Sonraí sealadacha don Fhrainc, don Laitvia, agus don Pholainn.

Foinse: Eurostat, táscaire [ilc_di11_r]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 5: Ráta fostaíochta, 2020

(%, sciar de na daoine idir 20-64 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 72.5 %)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Fhrainc (Corse agus Mayotte). Briseadh san amshraith don Ghearmáin. Sonraí sealadacha don Ghearmáin.

Foinse: Eurostat, táscaire [lfst_r_lfe2emprr]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 6: Ráta dífhostaíochta, 2020

(%, sciar de na daoine idir 15-74 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 7.1 %)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Ghearmáin agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Pholainn. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Fhrainc (Corse agus Mayotte). Briseadh san amshraith don Ghearmáin. Sonraí sealadacha don Ghearmáin.

Foinse: Eurostat, táscaire [lfst_r_lfu3rt]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 7: Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (12 mhí nó níos mó), 2020

(%, sciar de na daoine idir 15-74 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 2.4 %)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Ghearmáin, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg, don Iodáil, don Ungáir, don Ísiltír, don Ostair, don Pholainn agus don tSualainn. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Bhulgáir (Yugoiztochen); An Chróit (Jadranska Hrvatska); An tSeicia (Jihozápad, Praha, Severovýchod, Střední Morava agus Střední Čechy); An Danmhairg (Nordjylland agus Sjælland); An Fhrainc (Corse, Franche-Comté, Limousin agus Mayotte); Éire (Tuaisceart agus Iarthar); An Pholainn (Makroregion centralny, Makroregion południowo-zachodni, Makroregion południowy, Makroregion północno-zachodni, Makroregion północny agus Makroregion województwo mazowieckie); An Spáinn (La Rioja) agus an Rómáin (București-Ilfov, Nord-Vest agus Vest). Briseadh san amshraith don Ghearmáin. Sonraí sealadacha don Ghearmáin.

Foinse: Eurostat, táscaire [lfst_r_lfu2ltu]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 8: Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, 2020

(%, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 21.9 %)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Baineadh úsáid as sonraí ó 2019 (de bharr sonraí a bheith ar iarraidh ar gach leibhéal in 2020) don Iodáil. Sonraí náisiúnta don Ghearmáin, don Eastóin, don Fhrainc, don Chipir, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg. Briseadh san amsraith don Bheilg, don Danmhairg, don Ghearmáin, d'Éirinn agus do Lucsamburg. Sonraí sealadacha don Fhrainc, don Laitvia, agus don Pholainn.

Foinse: Eurostat, táscaire [ilc_peps11n]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 9: Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, 2020

(%, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 32.7 %)




Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Baineadh úsáid as sonraí ó 2019 (de bharr sonraí a bheith ar iarraidh ar gach leibhéal in 2020) don Iodáil. Sonraí náisiúnta don tSeicia, don Ghearmáin, don Eastóin, don Spáinn, don Fhrainc, don Chipir, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg agus don Ísiltír. Briseadh san amshraith don Bheilg, don Danmhairg, don Ghearmáin, d'Éirinn agus do Lucsamburg. Sonraí sealadacha don Fhrainc, don Laitvia, agus don Pholainn.

Foinse: Eurostat, táscaire [tespm050_r]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Fíor 10: Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, 2020

(%, riachtanais nár comhlíonadh ‘ar chúiseanna airgeadais’, ‘liosta feithimh’ nó ‘achar rófhada le taisteal’ arna bhféintuairisciú, réigiúin NUTS 2; Meán an Aontais: gan bheith ar fáil)



Nóta: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riaracháin ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don tSeicia, don Eastóin, don Ghearmáin, don Spáinn, don Fhrainc, don Chipir, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg agus don Iodáil.

Foinse: Eurostat, táscaire [hlth_silc_08_r]. © EuroGeographics do na línte teorann riaracháin.

Iarscríbhinn 4. Nóta modheolaíochta ar threochtaí agus leibhéal ar an scórchlár a shainaithint

I lár-2015, chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht Ballstát ar scórchlár na bpríomhtháscairí fostaíochta agus sóisialta. Mar chuid den chomhaontú, bhí sé d'aidhm ag an modheolaíocht tomhas ar sheasamh coibhneasta gach Ballstáit laistigh de dháileadh luachanna na dtáscairí (scóir) don Aontas a sholáthar do gach táscaire. Cuirtear an mhodheolaíocht i bhfeidhm maidir le leibhéal bhliana (leibhéal) agus maidir le hathruithe 1 bhliain amháin (athruithe), agus mar sin tugtar deis measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar fheidhmíocht Ballstát.

In 2017, chinn an Coimisiún, i gcomhaontú leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta, an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm maidir le táscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta atá ag gabháil le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Chun seasamh coibhneasta na mBallstát a thaifeadadh, le haghaidh gach táscaire, aistrítear leibhéal agus athruithe go dtí scóir chaighdeánacha (ar a dtugtar scóir z freisin) chun an mhéadracht chéanna a chur i bhfeidhm maidir leis na táscairí uile. Baintear sin amach trí amh-luachanna na leibhéil agus na n-athruithe araon a chaighdeánú de réir na foirmle:

$$\text{Scóir-Z do na Ballstáit}_x = \frac{[\text{Ballstát}_x \text{ táscaire} - \text{meán} (\text{Táscaire Ballstáit})]}{\text{diallas caighdeánach} (\text{Táscaire Ballstáit})},$$

áit arb é Ballstát_x táscaire luach an táscaire do Bhallstát X.

Leis an gcur chuige sin, is féidir an t-amhluach táscaire a chur in iúl i gcás gach Ballstáit i dtéarmaí mhéid na ndiallas caighdeánach atá ina dhiallas ón meán (neamhualaithe). Déantar measúnú agus aicmiú ar gach Ballstát ar bhonn na scór z a thagann as sin in aghaidh thacar tairseach réamhshainithe, a shocraítear mar iolraithe diallas caighdeánach.

An tsaincheist is tábhachtaí sa chur chuige sin ná na tairseacha a shocrú. Ós rud é nach féidir toimhde paraiméadrach a dhéanamh go sábháilte faoi dháileadh na n-amhluachanna breathnaithe³⁰⁰, is cur chuige coitianta a ghlactar, agus ‘slat tomhais’ a úsáid chun na tairseacha a roghnú. De réir na hanailíse ar na táscairí ceannlíne a úsáidtear sa scórchlár ina léiríonn luachanna ísle feidhmíocht mhaith, comhaontaíodh go mbreathnófaí:

1. B’fheidhmíocht an-mhaith a bhí in aon scór faoi bhun -1
2. B’fheidhmíocht mhaith a bhí in aon scór idir -1 agus -0.5
3. B’fheidhmíocht neodrach a bhí in aon scór idir -0.5 agus 0.5
4. Ba dhrochfheidhmíocht a bhí in aon scór idir 0.5 agus 1
5. B’fhíor-dhrochfheidhmíocht a bhí in aon scór os cionn 1³⁰¹

Tábla 1: luachanna tairsí scóir-z

Leibhéal	luachanna tairsí scóir-z				
	-1.0	- 0.5	0	0.5	1.0
	(níos ísle ná)	(níos ísle ná)	(idir)	(Níos airde ná)	(Níos airde ná)
	Measúnú				
	An-íseal	Íseal	Ar an meán	Ard	An-ard
Athruithe	I bhfad níos ísle ná an meán	Níos ísle ná an meán	Ar an meán	Níos airde ná an meán	I bhfad níos airde ná an meán

³⁰⁰ Rinneadh tástálacha dáilte normalachta agus T-chruthacha agus ba é an toradh a bhí orthu sin gur diúltaíodh don hipitéis go raibh cosúlacht idir na dáiltí sin.

³⁰¹ I gcás normalachta, comhfhreagraíonn scoithphointí roghnaithe, a bheag nó a mhór, le 15 %, 30 %, 50 %, 70 % agus 85 % den dáileadh carnach.

Ach an mheastóireacht ar leibhéil agus athruithe a chur le chéile, is féidir feidhmíocht fhoriomlán tíre a aicmiú de réir gach táscaire laistigh de cheann amháin de na seacht gcatagóir a leanas.

Léirítear an dathchódú sna figiúirí faoi seach i gcorp na tuarascála. Ós rud é go dtagann athruithe ar aicmiú Ballstáit in imeacht ama, is fíor-riachtanach é cuimhneamh ar a chineál coibhneasta.

Féadfaidh catagóir níos ísle ná mar a bhí ann i mbliain roimhe a bheith ann fiú i gcás go dtagann feabhas ar an táscaire ach gur tháinig feabhas níos mó ar an gcuid eile: in olcas a chuaigh an seasamh coibhneasta.

Sna táblaí thíos, tugtar an t-aicmiú bunaithe ar scóir-z do na táscairí sin a meastar luach íseal mar fheidhmíocht mhaith ina leith (e.g. ráta dífhostaíochta, AROPE, etc).

Na gníomhaithe is fearr	scór níos lú ná -1.0 i leibhéil agus níos lú ná 1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil i bhfad níos fearr ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag feabhsú nó gan a bheith ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Níos fearr ná an meán	a fhaigheann scór idir -1.0 agus -0.5 i leibhéil agus níos lú ná 1 in athruithe nó a fhaigheann scór idir -0.5 agus 0.5 i leibhéil agus níos lú ná -1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos fearr ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag feabhsú nó gan a bheith ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu	a fhaigheann scór níos lú ná -0.5 i leibhéil agus níos mó ná 1.0 in athruithe, agus a léiríonn athrú níos airde ná nialas ³⁰²	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos fearr nó i bhfad níos fearr ná meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Ar an meán / neodrach	a fhaigheann scór idir -0.5 agus 0.5 i leibhéil agus idir -1.0 agus 1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil ar an meán acu agus a bhfuil a staid gan a bheith ag feabhsú nó ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Lag ach ag feabhsú	a fhaigheann scór níos mó ná 0.5 i leibhéil agus níos lú ná -1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos measa nó i bhfad níos measa ná meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag feabhsú i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais

³⁰² Cuireann an staid deiridh sin cosc ar ‘ag dul in olcas’ a lua le Ballstát a léiríonn leibhéal ‘íseal’ nó ‘an-íseal’ i gcás ina léiríonn siad athrú atá ‘i bhfad níos airde ná an meán’, ach atá fós ag feabhsú.

Le breathnú orthu	a fhaigheann scór idir 0.5 agus 1.0 i leibhéil agus níos mó ná -1.0 in athruithe <u>nó</u> a fhaigheann scór idir -0.5 agus 0.5 i leibhéil agus níos mó ná 1.0 in athruithe (<i>agus</i> a léiríonn athrú níos airde ná nialas ³⁰³)	Dhá chás dhifriúla atá sa chatagóir seo: i) Ballstáit a bhfuil leibhéil níos measa ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag dul in olcas nó gan a bheith ag feabhsú sách tapa; ii) Ballstáit a bhfuil leibhéil i gcomhréir le meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Cásanna criticiúla	a fhaigheann scór níos mó ná 1.0 i leibhéil agus níos mó ná -1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil i bhfad níos measa ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag dul in olcas nó gan a bheith ag feabhsú sách tapa

Leibhéal	Athrú				
	I bhfad níos ísle ná an meán	Níos ísle ná an meán	Ar an meán	Níos airde ná an meán	I bhfad níos airde ná an meán
An-íseal					
Íseal					
Ar an meán					
Ard					
An-ard					

Sna táblaí thíos, tugtar an t-aicmiú bunaithe ar scóir-z do na táscairí sin a meastar luach ard mar fheidhmíocht mhaith ina leith (e.g. ráta fostaíochta, rannpháirtíocht i gcúram leanaí, etc).

Na gníomhaithe is fearr	a fhaigheann scór níos mó ná 1.0 i leibhéil agus níos mó ná -1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil i bhfad níos fearr ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag feabhsú nó gan a bheith ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Níos fearr ná an meán	a fhaigheann scór idir 1.0 agus 0.5 i leibhéil agus níos mó ná -1.0 in athruithe nó a fhaigheann scór idir -0.5 agus 0.5 i leibhéil agus níos mó ná 1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos fearr ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag feabhsú nó gan a bheith ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais

³⁰³ Cuireann an staid deiridh sin cosc ar ‘le breathnú orthu’ a lua le Ballstát a léiríonn leibhéal ‘ar an meán’ i gcás ina léiríonn siad athrú atá ‘i bhfad níos airde ná an meán’, ach atá fós ag feabhsú.

Go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu	a fhaigheann scór níos mó ná 0.5 i leibhéil agus níos lú ná -1.0 in athruithe, agus a léiríonn athrú níos ísle ná nialas ³⁰⁴	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos fearr nó i bhfad níos fearr ná meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Ar an meán / neodrach	a fhaigheann scór idir -0.5 agus 0.5 i leibhéil agus idir -1.0 agus 1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil ar an meán acu agus a bhfuil a staid gan a bheith ag feabhsú nó ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Lag ach ag feabhsú	a fhaigheann scór níos lú ná -0.5 i leibhéil agus níos mó ná 1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos measa nó i bhfad níos measa ná meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag feabhsú i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Le breathnú orthu	a fhaigheann scór idir -0.5 agus -1.0 i leibhéil agus níos lú ná 1.0 in athruithe <u>nó</u> a fhaigheann scór idir -0.5 agus 0.5 i leibhéil (agus níos lú ná -1.0 in athruithe (agus a léiríonn athrú níos ísle ná nialas ³⁰⁵))	Dhá chás dhifriúla atá sa chatagóir seo: i) Ballstáit a bhfuil leibhéil níos measa ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag dul in olcas nó gan a bheith ag feabhsú sách tapa; ii) Ballstáit a bhfuil leibhéil i gcomhréir le meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Cásanna criticiúla	a fhaigheann scór níos lú ná 1.0 i leibhéil agus níos lú ná 1.0 in athruithe	Ballstáit a bhfuil leibhéil i bhfad níos measa ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag dul in olcas nó gan a bheith ag feabhsú sách tapa

Leibhéal	Athrú				
	I bhfad níos airde ná an meán	Níos airde ná an meán	Ar an meán	Níos ísle ná an meán	I bhfad níos ísle ná an meán
An-ard					
Ard					
Ar an meán					
Íseal					
An-íseal					


³⁰⁴ Cuireann an staid deiridh sin cosc ar ‘ag dul in olcas’ a lua le Ballstát a léiríonn leibhéal ‘ard’ nó ‘an-ard’ i gcás ina léiríonn siad athrú atá ‘i bhfad níos ísle ná an meán’, ach atá fós ag feabhsú.

³⁰⁵ Cuireann an staid deiridh sin cosc ar ‘le breathnú orthu’ a lua le Ballstát a léiríonn leibhéal ‘ar an meán’ i gcás ina léiríonn siad athrú atá ‘i bhfad níos ísle ná an meán’, ach atá fós ag feabhsú.

Tábla achoimre scoithphointí


		An-íseal	Íseal	Ar an meán	Ard	An-ard
Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 5.3 %	níos lú ná 7.0 %	idir 7.0 % agus 10.3 %	níos mó ná 10.3 %	níos mó ná 12.0 %
	Athruithe	níos lú ná -1.2 ccc	níos lú ná -0.7	idir -0.7 ccc agus 0.3 ccc	níos mó ná 0.3 ccc	níos mó ná 0.9 ccc
Daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra 16-74 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 43.8 %	níos lú ná 49.9 %	idir 49.9 % agus 62.0 %	níos mó ná 62.0 %	níos mó ná 68.0 %
	Athruithe	níos lú ná -5.7 ccc	níos lú ná -3.0 ccc	idir -3.0 ccc agus 2.6 ccc	níos mó ná 2.6 ccc	níos mó ná 4.9 ccc
An t-aos óg NEET (% den daonra idir 15-29 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 8.8 %	níos lú ná 10.7 %	idir 10.7 % agus 14.7 %	níos mó ná 14.7 %	níos mó ná 16.6 %
	Athruithe	níos lú ná 0.4 ccc	níos lú ná 0.8 ccc	idir 0.8 ccc agus 1.5 ccc	níos mó ná 1.5 ccc	níos mó ná 1.8 ccc
An bhearna fostaíochta idir na hinscní (ccc)	Leibhéil	níos lú ná 4.9 ccc	níos lú ná 7.4 ccc	idir 7.4 ccc agus 12.5 ccc	níos mó ná 12.5 ccc	níos mó ná 15.1 ccc
	Athruithe	níos lú ná -1.2 ccc	níos lú ná -0.8	idir -0.8 ccc agus 0.0 ccc	níos mó ná 0.0 ccc	níos mó ná 0.5 ccc
Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)	Leibhéil	níos lú ná 3.6	níos lú ná 4.2	idir 4.2 agus 5.3	níos mó ná 5.3	níos mó ná 5.9
	Athruithe	níos lú ná -0.4	níos lú ná -0.2	idir -0.2 agus 0.2	níos mó ná 0.2	níos mó ná 0.4
Ráta fostaíochta (% den daonra 20-64 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 68.5 %	níos lú ná 71.1 %	idir 71.1 % agus 76.5 %	níos mó ná 76.5 %	níos mó ná 79.1 %
	Athruithe	níos lú ná -1.6 ccc	níos lú ná -1.2	idir -1.2 ccc agus -0.4 ccc	níos mó ná -0.4 ccc	níos mó ná 0.0 ccc
Ráta difhostaíochta (% den daonra gníomhach 15-74 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 3.6 %	níos lú ná 5.2 %	idir 5.2 % agus 8.5 %	níos mó ná 8.5 %	níos mó ná 10.1 %
	Athruithe	níos lú ná 0.1 ccc	níos lú ná 0.4 ccc	idir 0.4 ccc agus 1.1 ccc	níos mó ná 1.1 ccc	níos mó ná 1.5 ccc
Ráta difhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 0.2 %	níos lú ná 1.2 %	idir 1.2 % agus 3.2 %	níos mó ná 3.2 %	níos mó ná 4.1 %
	Athruithe	níos lú ná -0.4 ccc	níos lú ná -0.3	idir -0.3 ccc agus 0.1 ccc	níos mó ná 0.1 ccc	níos mó ná 0.2 ccc
Fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita (2008 = 100)	Leibhéil	níos lú ná 96.3	níos lú ná 104.2	idir 104.2 agus 120.0	níos mó ná 120.0	níos mó ná 127.8
	Athruithe	níos lú ná 0.0 ccc	níos lú ná 0.0 ccc	idir 0.0 ccc agus 0.0 ccc	níos mó ná 0.0 ccc	níos mó ná 0.0 ccc
An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (% den daonra iomlán)	Leibhéil	níos lú ná 15.0 %	níos lú ná 17.8 %	idir 17.8 % agus 23.4 %	níos mó ná 23.4 %	níos mó ná 26.2 %
	Athruithe	níos lú ná -1.1 ccc	níos lú ná -0.7	idir -0.7 ccc agus 0.0 ccc	níos mó ná 0.0 ccc	níos mó ná 0.3 ccc
An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanaí (% den daonra iomlán níos lú ná 18 mbliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 15.0 %	níos lú ná 18.4 %	idir 18.4 % agus 25.4 %	níos mó ná 25.4 %	níos mó ná 28.8 %
	Athruithe	níos lú ná -2.1 ccc	níos lú ná -1.2	idir -1.2 ccc agus 0.7 ccc	níos mó ná 0.7 ccc	níos mó ná 2.2 ccc
Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (%)	Leibhéil	níos lú ná 24.7 %	níos lú ná 30.1 %	idir 30.1 % agus 40.9 %	níos mó ná 40.9 %	níos mó ná 44.8 %
	Athruithe	níos lú ná -3.2 ccc	níos lú ná -1.1	idir -1.1 ccc agus 2.9 ccc	níos mó ná 2.9 ccc	níos mó ná 3.7 ccc
Bearna sa ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas (ccc)	Leibhéil	níos lú ná 20.1 ccc	níos lú ná 23.0	idir 23.0 ccc agus 29.0 ccc	níos mó ná 29.0 ccc	níos mó ná 32.0 ccc
	Athruithe	níos lú ná -2.9 ccc	níos lú ná -1.4	idir -1.4 ccc agus 1.5 ccc	níos mó ná 1.5 ccc	níos mó ná 3.0 ccc
An ráta ró-ualaiigh maidir le costas tithíochta (%)	Leibhéil	níos lú ná 1.5 %	níos lú ná 4.7 %	idir 4.7 % agus 11.3 %	níos mó ná 11.3 %	níos mó ná 14.6 %
	Athruithe	níos lú ná -2.7 ccc	níos lú ná -1.5	idir -1.5 ccc agus 0.8 ccc	níos mó ná 0.8 ccc	níos mó ná 2.0 ccc
Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (%)	Leibhéil	níos lú ná 11.6 %	níos lú ná 21.6 %	idir 21.6 % agus 41.6 %	níos mó ná 41.6 %	níos mó ná 51.6 %
	Athruithe	níos lú ná -9.9 ccc	níos lú ná -6.8	idir -6.8 ccc agus -0.7 ccc	níos mó ná -0.7 ccc	níos mó ná 2.4 ccc
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (%)	Leibhéil	níos lú ná -0.7 %	níos lú ná 1.0 %	idir 1.0 % agus 4.4 %	níos mó ná 4.4 %	níos mó ná 6.2 %
	Athruithe	níos lú ná -1.6 ccc	níos lú ná -0.7	idir -0.7 ccc agus 1.1 ccc	níos mó ná 1.1 ccc	níos mó ná 2.0 ccc

Iarscríbhinn 5: Forbhreathnú achomair ar na ‘treochtaí fostaíochta le breathnú orthu’ agus an méid Ballstát atá ag dul in olcas nó ag feabhsú mar a shainaithin an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2021.




Nóta: Athruithe 2018-2019, seachas 2017-2018 maidir le ráta na daoine atá i mbaol bochtaineachta, gaiste dífhostaíochta agus an bhearna phá idir na hinscní.

Iarscríbhinn 6: Forbhreathnú achomair ar na ‘treochtaí sóisialta le breathnú orthu’ agus an méid Ballstát atá ag dul in olcas nó ag feabhsú le linn 2018-2019 mar a shainaithin nuashonrú mhí an Mheithimh 2021 de chuid an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta



Nóta: Maidir le táscairí a bhunaítear ar EU-SILC, tagraíonn na hathruithe do 2018-2019 (cé go dtagraíonn na athruithe do 2017-2018 iarbhrí maidir le táscairí déine ioncaim agus obair teaghlaigh de ghnáth). Bhí briseadh ollmhór sa tsraith EU-SILC do BE in 2019, agus mar sin ní áirítear athruithe bunaithe ar EU-SILC don Bhallstát sin. Maidir le táscairí bunaithe ar an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (ráta daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, cóimheas dífhostaíochta an aosa óig, NEET (15-24), luathscor (55-64)), tagraíonn na hathruithe don tréimhse 2019-2020.* Is comhpháirteanna den táscaire Ráta Riosca na Bochtaineachta nó Ráta an Eisiaimh Shóisialta (AROPE) iad an ráta riosca na bochtaineachta (AROP), an ráta géardhióthachta ábhartha (SMD) agus sciar an daonra i dteaghlaigh nach bhfuil nach mór aon duine fóstaithe iontu.

Iarscríbhinn 7: Innéacs de fhreagairtí beartais de réir phrionsabail an Choluín



Prionsabal 1: Oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil

Dreasachtaí maidir le foghlaim aosach.....	55, 94
Printíseachtaí	95
Scileanna digiteacha (lena n-áirítear cianfhoghlaim)	91, 92
Rochtain chomhionann/cuimsitheacht san oideachas agus san oiliúint.....	91, 95
Scileanna glasa	93
Cuimsiú na ndaltaí faoi mhíchumas	91
Bunoideachas agus meánoideachas	91
Na Romaigh.....	91, 100
Oideachas treasach	95
Gairmoideachas agus gairmoiliúint.....	92, 93

Prionsabal 2 Comhionannas inscne

Cúram leanaí.....	90, 96, 98, 138
Dreasachtaí chun tacú le fostú na mban	56

Prionsabal 3 Comhdheiseanna

Lánpháirtiú imirceach agus dídeanaithe i margadh an tsaothair.....	99, 100
Bearta spriocdhírthe eile chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta	57
Na Romaigh.....	91, 100

Prionsabal 4 Tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht

Dreasachtaí fostaíochta maidir leis an aistriú glas.....	56
Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach	56
Oibrithe scothaosta	96
Seirbhísí fostaíochta poiblí	128
Dreasachtaí fostaíochta a bhaineann le réigiúin shonracha	56
Dreasachtaí fostaíochta a bhaineann le hearnálacha sonracha.....	56
Féinfhostaíocht, fiontraíocht agus gnólachtaí nuathionscanta.....	57
Fóirdheontais fostaíochta neamh-spriocdhírthe.....	54, 60
An tAos Óg agus NEET	56, 60, 96

Prionsabal 5 Fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe

Reachtaíocht maidir le holl-dífhostú	54, 126
Saorghluaiseacht oibrithe	131
Cigireachtaí saothair agus an troid in aghaidh obair neamhdhearbhaithe	127
Conarthaí gníomhaireachtaí sealadacha, páirtaimseartha agus téarma seasta a rialú	126, 127
Scéimeanna oibre gearr-ama	55

Prionsabail 6 Pá

Cánacha ioncaim phearsanta	61
Ranníocaíochtaí slándála sóisialta	61
Pá íosta reachtúil.....	60

Prionsabal 7 Faisnéis faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe

Reachtaíocht maidir le holl-dífhostú	126
Reachtaíocht maidir le dífhostú daoine aonair	126

Prionsabal 8 Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe

Rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i bPleananna Téarnamh agus Athléimneachta nó Cláir Náisiúnta um Athchóiriú a ullmhú.....	131
---	-----

Prionsabal 9 Cothromaíocht oibre agus saoil	
Cúram leanaí.....	96
Socruithe saoire teaghlaigh.....	96, 97
Socruithe solúbtha oibre.....	97, 125
Prionsabal 10 Timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte agus dea-oiriúnaithe agus cosaint sonraí	
Sláinte agus sábháilteacht ag an obair.....	126
Prionsabal 11 Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí	
Rochtain ar sheirbhísí sóisialta.....	153
Oideachas agus cúram na luath-óige.....	90, 98
Sochair a bhaineann le teaghlaigh.....	153
Prionsabal 12 Cosaint Shóisialta	
Sochair a bhaineann le teaghlaigh.....	152
Tacaíocht ioncaim d'oibrithe féinfhostaithe.....	55, 153
Daoine féinfhostaithe agus daoine in obair neamhchaighdeánach.....	145
Sochair bhreuiteachta.....	154
Prionsabal 13 Sochair dhífhostaíochta	
Sochair dhífhostaíochta.....	130
Prionsabal 14 Ioncam íosta	
Ioncam íosta agus sochair chúnaimh shóisialta eile.....	152
Prionsabal 15 Ioncam seanaoise agus Pinsin	
Pinsin.....	145, 157
Prionsabal 16 Cúram Sláinte	
Cúram sláinte.....	154, 156
Prionsabal 17 Cuimsiú na ndaoine faoi mhíchumas	
Cúramóirí daoine faoi mhíchumas.....	99
Sochair mhíchumais.....	98, 154
Dreasachtaí chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas.....	56, 98
Cuimsiú na ndaltaí faoi mhíchumas.....	91
Prionsabal 18 Cúram fadtéarmach	
Cúram fadtéarmach.....	159
Prionsabal 19 Tithíocht agus cabhair do dhaoine gan dídean	
Tithíocht.....	155
Prionsabal 20 Rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha	
Rochtain ar sheirbhísí riachtanacha.....	155
Rochtain ar sheirbhísí sóisialta.....	154